**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0217/2023**

26.6.2023

# TUARASCÁIL

maidir le paindéim COVID-19: ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí don todhchaí
(2022/2076(INI))

An Coiste Speisialta um Paindéim COVID-19: ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí don todhchaí

Rapóirtéir: Dolors Montserrat

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...............................................................................................109

IARSCRÍBHINN I: Liosta de na heintitis nó na daoine óna bhfuair an Rapóirtéir ionchur ..114

IARSCRÍBHINN II CRUINNITHE CHOISTE SPEISIALTA COVI, SEIRBHÍSÍ & MISIN ..........................................................................................................................................115

SEASAMH MIONLAIGH ............................................................................................129

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH..................................130

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......131

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le paindéim COVID-19: ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí don todhchaí (2022/2076(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do chinneadh uaithi an 10 Márta 2022 maidir le coiste speisialta um paindéim COVID-19 a chur ar bun: ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí don todhchaí, agus lena sainítear na freagrachtaí, líon comhaltaí agus téarma oifige an choiste sin[1], arna nglacadh faoi Riail 207 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint d'Airteagail 3, 4, 9, 12, 16, 26, 36, 45, 52, 67, 114, 122, 151, 153, 168, 169, 173, 179, 180, 181, 187, 191, 202, 207, 216, 217, 218 agus 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 2, 11, 12, 16, 21, 31, 32 agus 35 di,

– ag féachaint do bhunreacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), arna leasú go deireanach ag an 51ú Comhthionól Domhanda Sláinte,

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe, prionsabail 16 (cúram sláinte) agus 18 (cúram fadtéarmach) de,

– ag féachaint don choimre beartais chomhpháirteach ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus ó EDS an 28 Meán Fómhair 2022 dar teideal *Mental health at work* [Meabhairshláinte ag an Obair] agus do thuarascáil EDS an 14 Meán Fómhair 2022 dar teideal *Health and care workforce in Europe: time to act* [Lucht saothair sláinte agus cúraim san Eoraip: tá sé in am gníomhú],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2021 maidir leis na ceachtanna luatha ó phaindéim COVID-19 a fhoghlaim (COM(2021)0380),

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 23 Samhain 2021 maidir le hullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a fheabhsú,

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Feabhra 2022 maidir leis an Eoraip a neartú sa chomhrac in aghaidh na hailse – i dtreo straitéis chuimsitheach chomhordaithe[2] agus obair an Choiste Speisialta um Shárú na hAilse (BECA),

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 7 Nollaig 2021 maidir le hAontas Sláinte na hEorpa a neartú[3],

[1] IO C 347, 9.9.2022, lch. 234.
[2] IO C 342, 6.9.2022, lch. 109.
[3] IO C 512 I, 20.12.2021, lch. 2.

– ag féachaint do Chinneadh ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte[4],

– ag féachaint don tuarascáil ar thoradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa an 9 Bealtaine 2022,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 dar teideal *Introducing HERA, the European Health Emergency preparedness and Response Authority, the next step towards completing the European Health Union* [HERA a thabhairt isteach, an tÚdarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte, an chéad chéim eile chun Aontas Sláinte na hEorpa a thabhairt chun críche] (COM(2021)0576),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2022 dar teideal *Conference on the Future of Europe – Putting Vision into Concrete Action* [Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Gníomhaíocht Nithiúil a dhéanamh de réir na Físe] (COM(2022)0404),

– ag féachaint do thuarascáil speisialta 13/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) an 13 Meitheamh 2022 dar teideal *Free movement in the EU during the COVID-19 pandemic – Limited scrutiny of internal border controls, and uncoordinated actions by Member States* [Saorghluaiseacht in AE le linn phaindéim COVID-19 – Grinnscrúdú teoranta ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, agus gníomhaíochtaí neamhchomhordaithe ag na Ballstáit],

– ag féachaint do thuarascáil speisialta 18/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 1 Meán Fómhair 2022 dar teideal *EU institutions and COVID-19 – Responded rapidly, challenges still ahead to make the best of the crisis-led innovation and flexibility* [Institiúidí AE agus COVID-19 – A thug freagairt mhear, dúshláin atá romhainn fós chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an nuálaíocht agus an tsolúbthacht arb ann di de dheasca na géarchéime],

– ag féachaint do thuarascáil speisialta 19/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2022 dar teideal *EU COVID-19 vaccine procurement – Sufficient doses secured after initial challenges, but performance of the process not sufficiently assessed* [Soláthar vacsaíní COVID-19 AE – Dáileoga leordhóthanacha faighte tar éis dúshláin tosaigh, ach níl measúnú leordhóthanach déanta ar fheidhmíocht an phróisis],

– ag féachaint do thuarascáil speisialta 01/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 11 Eanáir 2023 dar teideal *Tools facilitating travel within the EU during the COVID-19 pandemic* [Uirlisí lena n-éascaítear taisteal laistigh den Aontas le linn phaindéim COVID-19],

– ag féachaint do thuarascáil speisialta 02/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 2 Feabhra 2023 dar teideal *Adapting cohesion policy rules to respond to COVID-19: Funds used more flexibly, but reflection needed on cohesion policy as a crisis response tool* [Rialacha an bheartais chomhtháthaithe a oiriúnú chun freagairt do COVID-19: Cistí a úsáidtear ar bhealach níos solúbtha, ach gur gá machnamh a dhéanamh ar an

[4] IO C 393 I, 29.9.2021, lch. 3.

mbeartas comhtháthaithe mar uirlis freagartha ar ghéarchéimeanna],

– ag féachaint do thuarascáil speisialta 21/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 8 Meán Fómhair 2022 dar teideal *The Commission's assessment of national recovery and resilience plans – Overall appropriate but implementation risks remain* [Measúnú an Choimisiúin ar phleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta – Ar an iomlán iomchuí ach tá rioscaí cur chun feidhme fós ann],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 dar teideal *COVID-19 – Sustaining EU Preparedness and Response: Looking ahead* (COM(2022)0190) [COVID-19 – Ullmhacht agus Freagairt AE a Chothú: Ag breathnú chun cinn],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2022 dar teideal *EU response to COVID-19: preparing for autumn and winter 2023* (COM(2022)0452) [Freagairt an Aontais ar COVID-19: ag ullmhú d'fhómhar agus do gheimhreadh 2023],

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 18 Samhain 2022 dar teideal *State of Vaccine Confidence in the European Union* [Staid na Muiníne as Vacsaíní san Aontas Eorpach],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint, a fhíorú agus a ghlacadh, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19[5],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2282 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE[6],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le ról treisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna i gcás táirgí íocshláinte agus feistí leighis[7],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2372 ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2022 maidir le creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais[8],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2371/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann don tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE[9],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear

---

[5] IO L 211, 15.6.2021, lch. 1.
[6] IO L 458, 22.12.2021, lch. 1.
[7] IO L 20, 31.1.2022, lch. 1.
[8] IO L 314, 6.12.2022, lch. 64.
[9] IO L 314, 6.12.2022, lch. 26.

lárionad Eorpach um ghalair a chosc agus a rialú[10],

- ag féachaint do Threoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle[11],

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Meán Fómhair 2022 lena mbunaítear ionstraim éigeandála don Mhargadh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle (COM(2022)0459),

– ag féachaint do Threoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal lánáirithe agus socruithe taistil nasctha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle[12],

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91[13],

– ag féachaint do Mholadh (AE) 2020/648 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2020 maidir le dearbháin a thairgtear do phaisinéirí agus do thaistealaithe mar mhalairt ar aisíocaíocht ar sheirbhísí taistil agus iompair láneagraithe a cuireadh ar ceal i gcomhthéacs phaindéim COVID-19[14],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2020 dar teideal *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [Straitéis Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus Cliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí] (COM(2020)0789),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Samhain 2020 dar teideal *New Consumer Agenda – Strengthening consumer resilience for sustainable recovery* [Clár Oibre Nua do Thomhaltóirí – Athléimneacht na dtomhaltóirí a neartú ar mhaithe le téarnamh inbhuanaithe] (COM(2020)0696),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2022 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (COM(2022)0457),

– ag féachaint do Mholadh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena

[10] IO L 314, 6.12.2022, lch. 1.
[11] IO L 333, 27.12.2022, lch. 164.
[12] IO L 326, 11.12.2015, lch. 1.
[13] IO L 46, 17.2.2004, lch. 1.
[14] IO L 151, 14.5.2020, lch. 10.

mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[15],

– ag féachaint don tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil a thionóil an Coimisinéir um an nGeilleagar, Paolo Gentiloni, maidir le dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta iar-COVID an 1 Márta 2022 dar teideal *A New Era for Europe – How the European Union Can Make the Most of its Pandemic Recovery, Pursue Sustainable Growth, and Promote Global Stability* [Ré Nua don Eoraip – Conas is féidir leis an Aontas Eorpach Lántairbhe a Bhaint as a Théarnamh Paindéimeach, Fás Inbhuanaithe a Shaothrú, agus Cobhsaíocht Dhomhanda a Chur Chun Cinn],

– ag féachaint do thuarascáil ón EIS an 31 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal *Monitor on the world of work. Tenth edition – Multiple crises threaten the global labour market recovery* [Faireachán ar shaol na hoibre. An deichiú heagrán — Géarchéimeanna iomadúla ag bagairt ar théarnamh mhargadh an tsaothair ar fud an domhain],

– ag féachaint do thuarascáil EIS an 11 Lúnasa 2022 dar teideal *Global Employment Trends for Youth 2022: Investing in transforming futures for young people* [Treochtaí Fostaíochta Domhanda don Óige 2022: Infheistiú i dtodhchaí daoine óga a athrú ó bhonn],

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 8 Márta 2022 le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (COM(2022)0105),

– ag féachaint don chúigiú Sprioc Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe (SDG) maidir le comhionannas inscne a bhaint amach agus na mná agus na cailíní uile a chumhachtú,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh (COM(2021)0142),

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac (‘Coinbhinsiún Iostanbúl’),

– ag féachaint don cheathrú SDG de chuid na Náisiún Aontaithe chun oideachas ardcháilíochta atá cuimsitheach agus cothrom a áirithiú agus chun deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do chách a chur chun cinn,

– ag féachaint do thuarascáil UNICEF ó mhí na Nollag 2013 dar teideal *Children’s Rights in Impact Assessments: A guide for integrating children’s rights into impact assessments and taking action for children* [Cearta Leanaí i Measúnuithe Tionchair: Treoir maidir le cearta an linbh a chomhtháthú i measúnuithe tionchair agus gníomhaíocht a dhéanamh do leanaí],

– ag féachaint do thuarascáil ón Líonra Eorpach Saineolaithe maidir le hEacnamaíocht an Oideachais ó 2022 dar teideal *Learning deficits due to the COVID-19 analysis – A literature review* [Easnaimh foghlama mar gheall ar anailís COVID-19 – Athbhreithniú

[15] IO L 223, 22.6.2021, lch. 14.

litríochta (2020-2022)],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Samhain 2021 maidir le plean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun tacú le téarnamh agus athléimneacht AE[16],

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 1 Nollaig 2021 maidir leis an Tairseach Dhomhanda (JOIN(2021)0030),

– ag féachaint do theachtaireacht ó AE chuig Comhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) an 4 Meitheamh 2021 maidir le freagairtí práinneacha beartais trádála ar ghéarchéim COVID-19,

– ag féachaint do thuarascáil ó EDS agus ón bhFaireachlann Eorpach um Chórais Sláinte agus Beartais Sláinte an 10 Meán Fómhair 2021 dar teideal *Drawing light from the pandemic: A new strategy for health and sustainable development – A review of the evidence* [Ag foghlaim ón bpaindéim: straitéis nua maidir le sláinte agus forbairt inbhuanaithe – Athbhreithniú ar an bhfianaise],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Samhain 2022 dar teideal *EU Global Health Strategy – Better Health for All in a Changing World* [Straitéis Sláinte Domhanda AE – Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan atá ag Athrú (COM(2022)0675)],

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Meitheamh 2020 maidir le cistiú breise le haghaidh taighde bithleighis maidir le hEinceifealaimiailíteas Miailgeach (ME/CFS)[17],

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac[18],

– ag féachaint don rún uaithi an 19 Meitheamh 2020 maidir leis an staid i limistéar Schengen tar éis ráig COVID-19[19],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Meitheamh 2020 maidir le cosaint Eorpach d’oibrithe trasteorann agus séasúracha i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19[20],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Iúil 2020 maidir le straitéis sláinte poiblí an Aontais i ndiaidh COVID-19[21],

– ag féachaint don rún uaithi an 17 Meán Fómhair 2020 dar teideal *COVID-19: EU coordination of health assessments and risk classification, and the consequences for Schengen and the single market* [COVID-19: comhordú AE ar mheasúnuithe sláinte

[16] IO C 205, 20.5.2022, lch. 26.
[17] IO C 362, 8.9.2021, p. 2.
[18] IO C 316, 6.8.2021, lch. 2.
[19] IO C 362, 8.9.2021, lch. 77.
[20] IO C 362, 8.9.2021, lch. 82.
[21] IO C 371, 15.9.2021, lch. 102.

agus aicmiú riosca, agus na hiarmhairtí do Schengen agus don mhargadh aonair[22],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Samhain 2020 maidir le tionchar bhearta COVID-19 ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha[23],

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Deireadh Fómhair 2021 maidir le trédhearcacht AE i bhforbairt, ceannach agus dáileadh vacsaíní COVID-19[24],

– ag féachaint do rún uaithi an 5 Iúil 2022 i dtreo comhghníomhaíocht Eorpach maidir le cúram[25],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Meán Fómhair 2022 maidir leis an tionchar a bhí ag dúnadh gníomhaíochtaí oideachais, cultúrtha, óige agus spóirt ar leanaí agus ar dhaoine óga in AE i ngeall ar COVID-19[26],

– ag féachaint do theachtaireacht an 7 Meán Fómhair 2022 ón gCoimisiun maidir leis an straitéis cúraim Eorpach (COM(2022)0440),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2020 dar teideal *Tourism and transport in 2020 and beyond* [Turasóireacht agus iompar in 2020 agus ina dhiaidh sin (COM(2020)0550)],

– ag féachaint 'd'Innéacs Comhionannais Inscne 2021' ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne an 28 Deireadh Fómhair 2021,

– ag féachaint do thuarascáil ón bhFhoras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) an 20 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal *Recovery from COVID-19: The changing structure of employment in the EU* [Téarnamh ó COVID-19: Struchtúr athraitheach na fostaíochta san Aontas Eorpach],

– ag féachaint don staidéar ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 12 Eanáir 2021 dar teideal *The response of civil society organisations to face the COVID-19 pandemic and the consequent restrictive measures adopted in Europe* [Freagairt eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 agus ar na bearta sriantacha a glacadh dá bharr san Eoraip],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2021 maidir le gnéithe agus impleachtaí trádála COVID-19[27],

– ag féachaint don dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le tosaíochtaí reachtacha AE do 2023 agus 2024[28],

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 le haghaidh rialachán ó

[22] IO C 385, 22.9.2021, lch. 159.
[23] IO C 415, 13.10.2021, lch. 36.
[24] IO C 184, 5.5.2022, lch. 99.
[25] IO C 47, 7.2.2023, lch. 30.
[26] IO C 125, 5.4.2023, lch. 44.
[27] IO C 99, 1.3.2022, lch. 10.
[28] IO C 491, 23.12.2022, lch. 1.

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (COM(2023)0160),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2023 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 agus Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 (COM(2023)0193),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2023 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh (COM(2023)0209),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Spás Eorpach Sonraí Sláinte (COM(2022)0197),

– ag féachaint do chonclúidí agus do mholtaí an staidéir a ullmhaíodh dá Phainéal um Thodhchaí na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta (STOA) i mí na Nollag 2021 dar teideal *European pharmaceutical research and development – Could public infrastructure overcome market failures?* [Taighde agus forbairt chógaisíochta na hEorpa – An bhféadfadh bonneagar poiblí teipeanna margaidh a shárú?],

– ag féachaint do chonclúidí agus do mholtaí an staidéir a ullmhaíodh do STOA i mí Dheireadh Fómhair 2022 dar teideal *Fostering coherence in EU health research – Strengthening EU research for better health* [Comhleanúnachas a chothú i dtaighde sláinte AE – Taighde AE a neartú ar mhaithe le sláinte níos fearr],

– ag féachaint don staidéar a rinne a hArd-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha (DG IPOL) i mí na Samhna 2022 dar teideal *Impact of COVID-19 measures on democracy and fundamental rights – Best practices and lessons learned in the Member States and third countries* [Tionchar bhearta COVID-19 ar an daonlathas agus ar chearta bunúsacha – Dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh sna Ballstáit agus i dtríú tíortha],

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Meán Fómhair 2020 maidir leis an nganntanas táirgí íocshláinte – conas aghaidh a thabhairt ar fhadhb atá ag teacht chun cinn[29],

– ag féachaint do staidéar AS IPOL ó mhí Eanáir 2023 dar teideal *The effect of communication and disinformation during the COVID-19 pandemic* [Tionchar na cumarsáide agus na bréagaisnéise le linn phaindéim COVID-19],

– ag féachaint do cheardlann AS IPOL an 8 Márta 2023 dar teideal *EU crisis*

[29] IO C 385, 22.9.2021, lch. 83.

*preparedness and response* [Ullmhacht agus freagairt AE i gcomhair géarchéimeanna],

– ag féachaint do cheardlann AS IPOL an 9 Márta 2023 maidir le 'COVID fadmharthanach',

– ag féachaint do na hachainíocha a fuair an Coiste um Achainíocha maidir le paindéim COVID-19 agus don obair a rinneadh le linn phaindéim COVID-19 ar shaincheisteanna gaolmhara,

– ag féachaint do staidéar AS IPOL ó mhí Feabhra 2023 dar teideal *the Social and Economic Consequences of COVID-19* [Iarmhairtí Sóisialta agus Eacnamaíocha COVID-19],

– ag féachaint do staidéar ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS) ó mhí Aibreáin 2022 dar teideal *Future Shocks 2022 – Addressing the risk and building capabilities for Europe in a contested word* [Suaití amach anseo 2022 – Aghaidh a thabhairt ar an riosca agus ar acmhainneachtaí a fhorbairt don Eoraip i ndomhan conspóideach],

– ag féachaint do staidéar EPRS ó mhí Eanáir 2023 dar teideal *Parliamentary oversight of governments' response to the COVID-19 pandemic: Literature Review* [Maoirsiú parlaiminteach ar fhreagairt rialtas ar phaindéim COVID-19: Athbhreithniú Litríochta],

– ag féachaint do staidéar EPRS ó mhí Feabhra 2023 dar teideal *The European public health response to the COVID-19 pandemic: Lessons for future cross-border health threats* [Freagairt sláinte poiblí na hEorpa ar phaindéim COVID-19: Ceachtanna maidir le bagairtí sláinte trasteorann amach anseo],

– ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ó mhí Mheán Fómhair 2021 dar teideal *Vulnerabilities of the global supply chains of medicines – Structured Dialogue on the security of medicines supply* [Leochaileachtaí slabhraí soláthair domhanda cógas – Idirphlé Struchtúrtha maidir le slándáil an tsoláthair cógas],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Meitheamh 2021 maidir le dul i ngleic le dúshlán domhanda COVID-19: éifeachtaí an tarscaoilte ar Chomhaontú WTO TRIPS maidir le vacsaíní COVID-19, cóireáil, treallamh agus méadú ar tháirgeadh agus acmhainneacht mhonaraíochta i dtíortha i mbéal forbartha[30],

– ag féachaint do staidéar ar bheartas sláinte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) an 17 Eanáir 2023 dar teideal *The COVID-19 Pandemic and the Future of Telemedicine* [Paindéim COVID-19 agus Todhchaí an Teilileighis],

– ag féachaint do rún ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an 7 Iúil 2022 maidir le 'Rochtain ar chógais, vacsaíní agus táirgí sláinte eile i gcomhthéacs an chirt atá ag gach duine an caighdeán sláinte coirp agus meabhairshláinte is airde is féidir a theachtadh',

– ag féachaint do Thuarascáil ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an

[30] IO C 67, 8.2.2022, lch. 64.

Duine an 3 Eanáir 2023 dar teideal *Ensuring equitable, affordable, timely and universal access for all countries to vaccines in response to the coronavirus disease (COVID-19) pandemic* [Rochtain chothrom, inacmhainne, thráthúil agus uilíoch a áirithiú do gach tír ar vacsaíní mar fhreagairt ar phaindéim ghalar an choróinvíris (COVID-19)],

– ag féachaint do Phrionsabail Siracusa 1984 maidir le Forálacha Teorannaithe agus Maolaithe sa Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla,

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol[31],

– ag féachaint do mhionanailís AS IPOL ó mhí na Nollag 2020 dar teideal *The link between biodiversity loss and the increasing spread of zoonotic diseases* [An nasc idir cailliúint na bithéagsúlachta agus leathadh méadaitheach na ngalar zónóiseach],

– ag féachaint do thuarascáil EDS an 29 Meitheamh 2022 dar teideal *A health perspective on the role of the environment in One Health* [Peirspictíocht sláinte maidir le ról an chomhshaoil i gcás na hAon Sláinte Amháin],

– ag féachaint d’fheasacháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha dar teideal *Coronavirus pandemic in the EU – Fundamental Rights Implications* [Paindéim an choróinvíris in AE – Impleachtaí um Chearta Bunúsacha], go háirithe feasachán 1 an 8 Aibreán 2020, feasachán 2 an 28 Bealtaine 2020 ina ndírítear ar aipeanna rianaithe teagmhála, feasachán 3 an 30 Meitheamh 2020 le béim ar dhaoine scothaosta, feasachán 4 an 30 Iúil 2020, feasachán 5 an 29 Meán Fómhair 2020 maidir leis an tionchar ar Romaigh agus ar Thaistealaithe, feasachán 6 an 30 Samhain 2020 agus feasachán 7 an 16 Meitheamh 2021 maidir le leathadh amach vacsaíní agus comhionannas rochtana san Aontas,

– ag féachaint do Thuarascálacha 2021 agus 2022 ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha,

– ag féachaint do thorthaí an Ombudsman Eorpaigh i gcás 1316/2021/MIG[32] agus i gcásanna comhpháirteacha 85/2021/MIG agus 86/2021/MIG[33],

– ag féachaint do shíneadh 3 mhí a chur le téarma oifige an choiste, mar a fógraíodh sa suí iomlánach an 18 Eanáir 2023,

– ag féachaint do Rialacha 54 agus 207 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste Speisialta um phaindéim COVID-19: ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí don todhchaí (A9-0217/2023),

***Réamhrá agus forbhreathnú***

1. á aithint go raibh paindéim COVID-19 ina siocair le bás na milliún duine agus go raibh tionchar cothrománach aici ar gach leibhéil agus gach gné den tsochaí, agus damáiste

[31] IO C 67, 8.2.2022, lch. 25.
[32] https://www.ombudsman.europa.eu/en/decision/ga/158295.
[33] https://www.ombudsman.europa.eu/en/decision/ga/141706.

ollmhór déanta aici san Eoraip agus ar fud an domhain;

2. á chur i bhfios go láidir nach raibh AE, mar aon leis an gcuid eile den domhan, ullmhaithe go leordhóthanach chun dul i ngleic le géarchéim den scála sin ná lena tonnta turrainge, a bhfuil difear déanta aici do shochaithe agus do gheilleagair ar fud an domhain, lena n-áirítear seirbhísí oideachais leanúnacha a sholáthar i gcás gaibhniúcháin;

3. á chur i bhfáth gurb é tionchar phaindéim COVID-19 ba chúis leis an ngéarchéim shocheacnamaíoch is dúshlánaí a bhí ag an Eoraip ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le freagairt chomhordaithe chun tacú le gnólachtaí, daoine féinfhostaithe, oibrithe, daoine lasmuigh den margadh/lucht saothair agus go háirithe daoine leochaileacha agus bochta;

4. á aithint go ndearna go leor gairmithe cúraim sláinte, oibrithe riachtanacha agus saorálaithe a saol agus a sláinte a íobairt chun muintir na hEorpa a chosaint le linn na paindéime;

5. ag aithint agus á chur in iúl gur mór aici na hiarrachtaí comhchoiteanna agus an saineolas a léirigh gairmithe cúraim sláinte agus taighdeoirí, a bhí cinntitheach chun paindéim COVID-19 a shárú;

6. á mheas, in ainneoin easnaimh agus bearnaí i gcur chun cinn na sláinte, i ngalair a chosc, in ullmhacht agus i bhfreagairt ina leith, gur fhorbair an tAontas freagairt choiteann ar an bpaindéim agus go ndearna sé gníomhaíochtaí chun a áirithiú go ndéanfaí punann éagsúil vacsaíní a fhorbairt agus a dháileadh go cothrom ar fud mhór-roinn na hEorpa agus ar fud an domhain;

7. ag tabhairt dá haire gur léiríodh go soiléir le paindéim COVID-19 go raibh gá le struchtúir rialachais éifeachtacha a chruthú agus beartais Eorpacha a fhorbairt le haghaidh bearta coisctheacha réamhtheachtacha chun an riosca a bhaineann le teacht chun cinn pataigine a laghdú; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, go bhfuil athruithe antrapaigineacha ar an gcomhshaol ag déanamh éascú ar luathú leathadh pataiginí ainmhithe chuig na pobail dhaonna;

8. á chur in iúl gurb oth léi nár léirigh roinnt Ballstát, in ionad cur chuige Eorpach a ghlacadh i leith bearta agus cur chuige sláinte, dóthain dlúthpháirtíochta leis na tíortha sin a ndearna an víreas difear dóibh ar dtús agus nach raibh aon chur chuige Eorpach comhordaithe láithreach ann i leith bearta agus cur chuige sláinte;

9. á thabhairt chun suntais iompar sármhaith shaoránaigh an Aontais sa chomhrac i gcoinne na paindéime agus ag cur béim ar an bhfíoras go raibh comhar na saoránach leis na húdaráis phoiblí, trína dtiomantas do na bearta deacra a glacadh agus do na dianghlasálacha a d’eascair as an bpaindéim, fíor-riachtanach chun leathadh COVID-19 a theorannú; á aithint, gan an comhar sin, go mbeadh iarmhairtí na paindéime i bhfad níos measa;

10. á thabhairt chun suntais gur bloic thógála bhunúsacha den tionscadal Eorpach iad na ceithre shaoirse; á chur in iúl gur saoth léi, dá bhrí sin, an easpa comhair agus comhordaithe tosaigh i measc na mBallstát maidir le saorghluaiseacht earraí

bunriachtanacha, lena n-áirítear trealamh cosanta pearsanta (TCP) agus trealamh leighis, chomh maith le teipeanna seachadta ar fud an mhargaidh aonair le linn mhíonna tosaigh phaindéim COVID-19;

11. á aithint gur dhá thoisc ábhartha iad stíleanna maireachtála mífholláine agus truailliú an chomhshaoil i gceannairc na ngalar ainsealach; á thabhairt chun suntais go raibh iarmhairtí COVID-19 níos déine ag othair a bhfuil riochtaí ainsealacha orthu cheana;

12. ag tabhairt dá haire gur cheart breathnú ar phaindéim COVID-19 mar dheis chun dlús a chur le claochluithe don aistriú digiteach agus don aistriú glas, lena n-áirítear glacadh suntasach teicneolaíochtaí sláinte digiteacha, agus go bhfónann sí mar mheabhrúchán neamhbhalbh chun tosaíocht a thabhairt d'athléimneacht agus do cháilíocht ár gcóras cúraim sláinte poiblí chun aird níos mó a thabhairt ar an tsláinte fhisiciúil agus ar an meabhairshláinte araon ar fud an Aontais; á chur i bhfáth gur rannchuidigh an digitiú le feidhmiú na gceart bunúsach a áirithiú le linn phaindéim COVID-19 agus gur cuireadh ar a gcumas do ghníomhaíochtaí sláinte agus oideachais áirithe leanúint ar aghaidh, lena n-áirítear deimhniú digiteach COVID, lenar cumasaíodh an tsaoirse gluaiseachta;

13. á thabhairt chun suntais gur ghéaraigh an phaindéim ar na saincheisteanna struchtúracha atá ann cheana maidir le heagrú chórais sláinte agus cúraim phoiblí na mBallstát, go háirithe cistiú neamhleor don earnáil ar fud an Aontais, leochaileacht na seirbhísí cúraim phríomhúil, easpa cláir monatóireachta faireachais agus tuairiscithe iomchuí, ganntanais lucht saothair, saincheisteanna rialachais agus ganntanais táirgí íocshláinte agus trealaimh leighis, as ar eascair 'traochadh'[34] i measc oibrithe cúraim sláinte freisin;

14. á chur i bhfios go láidir gur mhéadaigh an phaindéim freisin éagothroimaíochtaí domhanda i dtáirgeadh, soláthar agus rochtain ar tháirgí leighis tarrthála agus ar theicneolaíochtaí sláinte;

15. á dhearbhú a thábhachtaí atá faireachas, faireachán, cosc, ullmhacht, trédhearcacht agus athléimneacht i bhfianaise ráigeanna agus éigeandálaí sláinte, go háirithe ó thaobh córais cúraim sláinte, soláthairtí agus seirbhísí cúraim sláinte de, chun neamhspleáchas straitéiseach oscailte agus éagsúlú domhanda na forbartha, an táirgthe, an dáilte agus an tsoláthair a mhéadú i bpríomhréimsí amhail cógais leighis chriticiúla agus bhunriachtanacha; á chur i bhfios go láidir gur gá tacú le hacmhainneachtaí táirgeachta áitiúla a chruthú agus na hacmhainneachtaí atá ann cheana a fhorbairt agus a neartú;

16. á thabhairt chun suntais gur gá feabhas a chur ar an athléimneacht fhoriomlán le linn géarchéimeanna sláinte trí dhreasachtaí a chruthú chun infheistíocht a dhéanamh agus línte táirgeachta a fhorbairt san Aontas le haghaidh cógais, vacsaíní agus trealamh leighis eile, chomh maith le hamhábhair agus comhábhair ghníomhacha chógaisíochta (APInna);

17. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an tionchar diúltach atá ag géarchéim COVID-19 ar mhargadh saothair na hEorpa, faoi chaillteanais post nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, go háirithe in earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta, agus faoin méadú gaolmhar ar an mbochtaineacht agus ar na héagsúlachtaí sna caighdeáin mhaireachtála,

[34] Staid ina mbítear tnáite ar bhonn mothúchánach, fisiceach agus meabhrach i ngeall ar strus atá iomarcach agus fadálach.

lena ndéanfar difear go háirithe do dhaoine óga, do mhná agus d'oibrithe i bpoist ar bheagán oiliúna, sa gheilleagar neamhfhoirmiúil agus san fhostaíocht fhorbhásach;

18. á thabhairt chun suntais, in 2020, nach raibh an domhan ullamh chun déileáil le tionchar phaindéim COVID-19 agus go raibh ar an Eoraip aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim shocheacnamaíoch ba dhúshlánaí a bhí aici ón Dara Cogadh Domhanda i leith;

19. á chur i bhfios go láidir tionchar na paindéime ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar; á mheabhrú gur bhain tionchar eacnamaíoch na paindéime, *inter alia*, le hiompar paisinéirí agus earraí agus infhaighteacht táirgí bunúsacha, amhail earraí bia, agus amhábhair éagsúla, a bhfuil dúnadh seirbhísí mar thoradh ar a n-easnamh;

20. á chur i bhfáth go bhfuil gá le freagairt chomhordaithe chun tacú le hoibrithe, teaghlaigh, daoine féinfhostaithe, gnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), daoine bochta agus grúpaí leochaileacha, agus bearta ábhartha á n-úsáid do gach grúpa; á mheabhrú go raibh tionchar ag an ngéarchéim ar chodanna éagsúla den tsochaí ar bhealaí éagsúla, rud a mhéadaigh éagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha; á mheabhrú, dá bhrí sin, gur cheart tús áite a thabhairt do thacaíocht do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus dóibh siúd is mó atá thíos leis an ngéarchéim;

21. á chur i bhfáth, cé gur ar acmhainneacht ospidéil a chaomhnú agus air sin amháin a bhíothas dírithe, d'fhulaing tithe cúraim de bharr easpa trealamh cosanta, easpa ábhair, easpa foirne agus easpa saineolais chun an phaindéim a chomhrac, lenar fágadh go raibh rátaí básmhaireachta iomarcacha ann i measc daoine scothaosta;

22. á aithint gur deimhníodh leis an bpaindéim go bhfuil ról ríthábhachtach ag an ngeilleagar sóisialta agus ag eintitis an gheilleagair shóisialta maidir le tacú lenár gcórais eacnamaíocha ar an iomlán, chomh maith le ról ríthábhachtach na n-acmhainneachtaí ullmhachta agus freagartha sláinte, go háirithe a mhéid a bhaineann le teagmháil a dhéanamh le daoine óga, daoine scothaosta agus pobail leochaileacha agus cúnamh a thabhairt dóibh;

23. Ag tabhairt dá haire gur oth léi go bhfuil tionchar díréireach ag paindéim COVID-19 ar dhea-bhail mheabhrach na ndaoine sin a bhfuil éiginnteacht airgeadais ag bagairt orthu, agus iarmhairtí diúltacha ar leith acu do mhná agus do bhaill de phobail leochaileacha, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha, an pobal LGBTQIA+, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine óga;

24. á chur i bhfáth go ndearna paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí difear ar bhealach éagsúil do mhná agus d'fhir agus gur tugadh chun suntais na neamhionannais agus na heasnaimh atá ann cheana maidir le comhionannas inscne agus cearta na mban;

25. á aithint gur chuir paindéim COVID-19 isteach ar an oideachas domhanda ar bhealach nach bhfacthas a leithéid riamh cheana mar gheall ar dhúnadh forleathan scoileanna, luathfhágáil scoile agus caillteanas foghlama gan fasach, a bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha oideachais agus sóisialta ag gach ceann acu, lena n-áirítear maidir le meabhairshláinte agus cothú leanaí agus daoine óga, rud a chuireann leis ar an riosca go méadófar foréigean agus mí-úsáidí; á thabhairt chun suntais, de réir EDS, gur spreag paindéim COVID-19 méadú 25 % ar leitheadúlacht na buartha agus an dúlagair ar fud

an domhain;

26. á thabhairt chun suntais go bhfuil méadú tagtha ar neamhionannais idir tíortha agus laistigh de thíortha de bharr na paindéime, gur thit ionchas saoil san Eoraip go sealadach tar éis ráig phaindéim COVID-19 agus gur cuireadh brú ar chórais cúraim sláinte agus leasa shóisialta ar fud an Aontais;

27. á thabhairt faoi deara go ndearna an éigeandáil leighis difear do dhálaí slándála agus cobhsaíochta agus do chaidrimh shóisialta, gur athraigh bealaí oibre agus oideachais, gur imríodh tionchar ar grúpaí sochaíocha éagsúla agus tháinig méadú ar neamhionannais dhomhanda;

28. ag cur béim ar a thábhachtaí atá ceachtanna a fhoghlaim agus a bheith ullmhaithe níos fearr do ghéarchéimeanna sláinte agus do ghéarchéimeanna eile amach anseo agus á chur i bhfáth nach mór ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú agus beartais, reachtaíocht, cistiú agus gníomhaíochtaí uile an Aontais á ndearadh, á sainiú agus á gcur chun feidhme; á chur i bhfáth go bhfuil measúnú á dhéanamh againn fós ar éifeachtaí COVID-19 ar shláinte agus ar chórais sláinte agus ar sheirbhísí sláinte, go háirithe maidir le COVID fadmharthanach;

29. á mheabhrú go bhfuil 65 mhilliún duine ar fud an domhain agus, de réir EDS, 17 milliún duine ar a laghad san Eoraip ag fulaingt de dheasca ainiarmhairt phaiteolaíoch iar-ghéarmhíochaine de bharr SARS-CoV-2 (PASC), agus go bhfuil siondróm ionfhabhtaithe iar-ghéarmhíochaine den chineál céanna (PAIS) tugtha faoi deara freisin mar thoradh ar ghalair eile; á thabhairt chun suntais go bhfuil braislí siomptóim coitianta ag gach PAIS lena n-áirítear PASC, go háirithe gur féidir siondróm tuirse ainsealaí (ME/CFS) a bheith mar thoradh orthu, agus go dtarlaíonn na siomptóim chéanna i roinnt othar tar éis an vacsaínithe (Iar-Vac);

30. ag tabhairt dá haire go bhfuil othair ag fulaingt ó riochtaí córasacha maidir le mallachair ilorgáin a ndéantar mídhiagnóis orthu go minic mar riochtaí síceasómatacha agus gur príomhshiomptóm de ME/CFS í an easláinte iar-dianúsáide, ach gur tugadh faoi deara í freisin i roinnt othar PASC, agus gurb é sin an fáth gur gá an séadaireacht a urramú; á chur i bhfios go bhfuil diagnóisí agus cóireáil ag teastáil go práinneach ó othair, agus gurb é sin an fáth a bhfuil gá le cistiú spriocdhírithe taighde a dhéanamh ar thaighde aistritheach agus cliniciúil agus ar staidéir ríthábhachtacha ina dhiaidh sin; á mheabhrú go bhfulaingíonn mná i bhfad níos minice ó PASC agus go ndéantar difear do gach aoisghrúpa, lena n-áirítear leanaí agus déagóirí; á mheabhrú gur bagairt don gheilleagar é PAIS freisin, toisc go gcuireann tinneas fadmharthanach cosc ar dhaoine ó fhilleadh ar mhargadh an tsaothair agus go gcuireann sé leis an mbaol go mbeidh cruatan eacnamaíoch ann; á chur i bhfios, i bhfianaise paindéimí a bheidh ann amach anseo, go bhfuil gá le straitéis PAIS lena dtabharfar aghaidh go cuimsitheach ar bhagairt an ghalair ainsealach tar éis ionfhabhtú;

31. á thabhairt chun suntais gur beag an tuiscint atá ar ghalair uath-imdhíonacha i gcoitinne[35] agus go ndéantar neamhshuim de PAIS den chuid is mó chomh maith

[35] Bender, M. et al., 'The Terrible Toll of 76 Autoimmune Diseases', *Scientific American*, Iml. 325, Uimh 3, 2021, lgh. 31-33.

céanna[36]; ag tabhairt dá haire go bhfuil aghaidh á tabhairt ag an druga aptaiméire DNA BC 007 ar an uath-imdhíonacht agus gur éirigh leis COVID fadmharthanach a leigheas i staidéar beag a rinneadh ag Ospidéal Ollscoile Erlangen agus go bhfuil ardfhiníocht ag BC 007 le huath-antasubstaintí ceangailteacha gabhdóra cúpláilte próitéine G a bhfuil sé d'éifeacht acu neodrú a dhéanamh ar na huath-antasubstaintí sin[37]; á mheabhrú go bhfuil maoiniú do chéim II(b) de thriail chliniciúil in easnamh;

32. ag cur béim ar an bhfíoras gur fhág an taighde eolaíoch agus an nuálaíocht – i measc nithe eile – go rabhthas in ann vacsaíní COVID-19 a fhorbairt agus a leathadh amach in am fíorghairid, rud a d'fhág go rabhthas in ann na milliúin duine a shábháil ar fud an domhain;

33. á thabhairt faoi deara go bhfuil sé bunriachtanach don Aontas taighde réamh-mheastach a dhéanamh ar bhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, amhail rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha, ar gá ullmhúchán forleathan a dhéanamh ina leith;

34. á dhearbhú gur sáraíodh paindéim COVID-19 freisin a bhuíochas leis an nuálaíocht, leis an eolaíocht a chuir vacsaíní ar fáil agus leis an bhfaisnéis ollmhór chomhchoiteann a léirigh gairmithe sláinte ar fud an Aontais;

35. á chur i bhfáth go bhféadfadh beartas sláinte Eorpach aontaithe agus comhordaithe a bheith ina thoisc amháin chun rannchuidiú le dul i ngleic le scaipeadh na faisnéise bréagaí maidir leis an tsláinte;

36. á chur i bhfáth, in éagmais beartas sláinte Eorpach aontaithe agus comhordaithe, gur fágadh an iomarca spáis ar oscailt don iliomad gníomhaithe neamheolaíocha a chothaigh faisnéis chontúirteach, bhréagach do na meáin;

37. á chur i bhfáth nach féidir leis an Eoraip bagairtí sláinte amach anseo a shárú ach amháin má sheasann na Ballstáit le chéile i ndlúthpháirtíocht, freagracht a ghlacadh agus úsáid a bhaint as na hionstraimí margaidh aonair atá ar fáil chun ullmhacht agus bainistiú paindéime a chomhordú ar bhealach níos fearr, agus an breisluach is gá a sholáthar do rialtais an Aontais agus dá saoránaigh;

38. á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, go bhfuil gá le cleachtais níos fearr ón Aontas maidir le trédhearcacht agus cuntasacht dhaonlathach i ndáil le frithbhearta géarchéime chun tacaíocht agus muinín na saoránach a neartú;

39. á mheabhrú gur bagairtí trasnáisiúnta den chuid is mó a bheidh sna bagairtí don tsláinte phoiblí amach anseo agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le hanailís a dhéanamh ar roinnt na n-inniúlachtaí ábhartha faoi na Conarthaí atá i bhfeidhm, mar aon le hathchóirithe a d'fhéadfadh a bheith ann chun saoránaigh agus sochaithe an Aontais a chosaint ar bhealach níos fearr;

[36] Choutka, J. et al., 'Unexplained post-acute infection syndromes', *Nature Medicine*, Iml. 28, 2022, lgh. 911-923. Root, T., 'Can long Covid research unlock other great medical mysteries of our time?', *The Guardian*, 2022.
[37] Hohberger, B. et al. 'Case Report: Neutralization of Autoantibodies Targeting G-Protein-Coupled Receptors Improves Capillary Impairment and Fatigue Symptoms After COVID-19 Infection', *Frontiers in Medicine*, Iml. 8, 2021.

40. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus ar chumarsáid chomhsheasmhach, oiriúnaithe agus chomhordaithe agus aird á tabhairt ar na leibhéil éagsúla litearthachta sláinte atá ag saoránaigh agus ag gnólachtaí ó na geallsealbhóirí uile lena mbaineann, lena n-áirítear institiúidí AE, údaráis phoiblí na mBallstát, an pobal eolaíochta, an earnáil phríobháideach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, amhail ionadaithe eagraíochtaí gairmiúla sláinte agus othar; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le huirlisí éagsúla cumarsáide lena gcuirtear san áireamh na leibhéil éagsúla litearthachta sláinte atá ag saoránaigh agus gnólachtaí;

41. á aithint gur leagadh síos le COVID-19 na bealaí inar féidir leis an tsamhail margadh-thiomáinte maidir le forbairt agus táirgeadh drugaí oibriú i gcoinne dáileadh cothrom agus inacmhainne táirgí leighis éigeandála; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, an easpa réamhchoinníollacha a bhaineann le hinfheistíochtaí poiblí i vacsaíní COVID-19, chomh maith le forbairt cógas a d'fhéadfadh torthaí poiblí níos fearr ar infheistíochtaí poiblí a éascú;

42. á iarraidh ar an Aontas leanúint ar aghaidh ar an mbealach i dtreo Aontas Sláinte Eorpach a bhunú lena dtabharfar fíor-bhreisluach do rialachas sláinte na mBallstát, go háirithe i réimsí nach féidir leis na Ballstáit a chumhdach astu féin, agus inniúlachtaí na mBallstát sa réimse sin á n-urramú ag an am céanna, i gcomhréir leis na moltaí maidir leis an tsláinte a chuir na saoránaigh ar aghaidh sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa; á chur i bhfáth nach mór d'Aontas Sláinte na hEorpa a bheidh ann amach anseo an tAontas agus na Ballstáit a ullmhú chun géarchéimeanna sláinte a bheidh ann sa todhchaí a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos fearr agus chun athléimneacht chórais sláinte na hEorpa a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, gur gá meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar ullmhacht an Aontais maidir le bagairtí trasteorann;

43. á chur i bhfios go láidir nach mór cosaint sláinte agus beatha daoine a bheith ina thosaíocht in aon chinneadh maidir le beartas poiblí; á aithint go raibh sé i gceist le formhór na ngníomhaíochtaí a rinneadh le linn na paindéime an ceart chun sláinte agus chun beatha a choimirciú, ach go raibh tionchar diúltach ag roinnt gníomhaíochtaí mar sin féin ar chearta bunúsacha eile;

44. á thabhairt chun suntais gur cearta atá faoi chosaint bhunreachtúil iad cearta bunúsacha i gcónaí, fiú faoi dhálaí éigeandála; á thabhairt chun suntais, toisc go raibh an ghéarchéim gan fasach agus go raibh sí bagrach don bheatha, go raibh ar rialtais gníomhaíocht ghasta a dhéanamh gan mórán ullmhúcháin;

45. á iarraidh go mbeadh an tsochaí shibhialta rannpháirteach i dtacaíocht a thabhairt d'údaráis phoiblí le linn géarchéime, i gcás inarb iomchuí, go háirithe comhlachais agus líonraí a dhéanann speisialtóireacht i gcearta bunúsacha chun ceapadh beartais a oiriúnú ar bhealach níos fearr chun cearta daoine a urramú;

46. ag tabhairt dá haire gur baineadh an bonn ó róil reachtóireachta agus ghrinnscrúdaithe na bparlaimintí náisiúnta i roinnt Ballstát, lena n-áirítear trí chumhachtaí reachtacha a tharmligean chuig an bhfeidhmeannas agus trí nósanna imeachta reachtacha éigeandála agus meara a chur chun feidhme, agus nach mór na cinntí sin a athbhreithniú go hiomchuí chun a áirithiú go gcloíonn siad le caighdeáin dhaonlathacha;

47. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Aontais i dtaobh dlús a chur le réitigh maidir le rochtain dhomhanda ar vacsaíní agus ar chógais le linn na paindéime trí thionscnaimh chomhoibríocha amhail an Luasaire um Rochtain ar Uirlisí COVID-19 agus COVAX, ach á aithint gur gá don Aontas a bheith cheannaire domhanda i bhfad níos fearr chun a áirithiú go mbeidh ról lárnach aige maidir le bagairtí sláinte amach anseo a chosc, ullmhú ina leith agus freagairt dóibh;

48. ag cur béim ar an ngá atá le níos mó éagsúlacht dhomhanda i dtáirgeadh agus i soláthar táirgí sláinte agus i bhfrithbhearta paindéime a bheith ann chun an ganntanas soláthair agus an éagothromaíocht dhomhanda maidir le rochtain ar na táirgí sin a chosc agus a mhaolú;

49. á chur in iúl gur geal léi uaillmhian an Aontais chun cabhrú le ceannasacht sláinte a chothú san Afraic agus tacú le monarú vacsaíní san Afraic agus i Meiriceá Laidineach; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na huaillmhianta sin a chomhlíonadh trí aistriú teicneolaíoch iomlán chuig táirgeoirí áitiúla a áirithiú agus trí shásraí agus cistiú a bhunú dá n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais;

50. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, cé gurbh é ab aidhm do COVAX 2 bhilliún dáileog a sholáthar agus a sheachadadh in 2021, gur seachadadh níos lú ná 1 bhilliún dáileog faoi dheireadh na bliana sin, agus gur dáileoga deonaithe breis agus 40 % díobh;

51. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nár seachadadh ach 150 milliún tástáil COVID-19 ar an Luasaire um Rochtain ar Uirlisí COVID-19 idir 2020 agus 2022, nó 3 % den 4.8 billiún tástáil a bhí ag teastáil chun a sprioc 100 tástáil in aghaidh an 100 000 duine in aghaidh an lae a bhaint amach;

## *1. Sláinte*

*a)* Aontas Sláinte na hEorpa a fhorbairt chun bagairtí sláinte trasteorann a chosc, ullmhú ina gcomhair agus chun freagairt ina leith

i) Cosc, ullmhacht agus freagairt an Aontais do bhagairtí sláinte trasteorann

52. á chreidiúint nach mór cur chun cinn na sláinte agus cosc, ullmhacht agus freagairt do bhagairtí sláinte poiblí trasteorann atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a bheith ina mbunús d'Aontas Sláinte na hEorpa, d'fhonn athléimneacht, cáilíocht agus rochtain chomhionann ar chórais cúraim sláinte san Aontas a threisiú do chách, agus do thíortha ísealioncaim agus meánioncaim lasmuigh den Aontas agus de thíortha sa Domhan Theas, agus chun bheith ullmhaithe níos fearr i gcás paindéim nua nó géarchéim sláinte eile ar mórscála;

53. á mheabhrú nach mór tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí leormhaithe a chur ar fáil i gcórais agus seirbhísí sláinte poiblí ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear beartais náisiúnta imdhíonta a mhaoiniú ar bhealach inbhuanaithe, agus rochtain chomhionann ar na seirbhísí sin a áirithiú, feabhas a chur ar chomhtháthú agus ar chomhordú na ndúshlán comhroinnte i gcúram sláinte, agus scéimeanna comhpháirteacha soláthair vacsaíní agus cóireála a bhunú chun a áirithiú go ndáilfear go cothrom iad chun na cuspóirí sin a bhaint amach;

54. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé ar cheann de na príomh-heipitéisí a dtacaíonn an pobal eolaíochta leo maidir le tionscnamh phaindéim COVID-19 gur tháinig an víreas chun cinn mar iarmhairt zónóiseach; á aithint gurb é an bealach aonair is éifeachtaí agus is costéifeachtaí chun paindéimí de bhunadh zónóiseach a chosc ná iarmhairtí pataigine don duine, don fhiadhúlra agus d'ainmhithe eile ar an gcéad dul síos a sheachaint, i gcás inar féidir; á mholadh, dá bhrí sin, go ndéanfaí cur chuige na hAon Sláinte Amháin a chur chun feidhme trí bheartais phoiblí, reachtaíocht phoiblí agus taighde poiblí, le rannpháirtíocht earnálacha éagsúla[38];

55. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil formhór na mBallstát tar éis laghdú a dhéanamh ar an gcaiteachas ar shláinte phoiblí le blianta beaga anuas; á chur i bhfios go láidir go raibh na ciorruithe airgeadais sin ríthábhachtach maidir le mainneachtain na n-údarás sláinte poiblí COVID-19 a bhrath sna céimeanna níos luaithe, rud a d'fhág nach raibh siad in ann aghaidh a thabhairt ar an bpaindéim ina dhiaidh sin le huirlisí agus acmhainní iomchuí nuair is gá;

56. á iarraidh ar na Ballstáit níos mó infheistíochta a dhéanamh i gcúram sláinte príomhúil agus i gcomhtháthú gnéithe sochshláinte, lena n-áirítear trí leas iomlán a bhaint as clár EU4Health, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na dúshláin a bhaineann leis an gciste sin, chun acmhainneacht agus solúbthacht a mhéadú i seirbhísí cúraim sláinte phoiblí;

57. á iarraidh go ndéanfaí eagrú seirbhísí cúraim sláinte a bharrfheabhsú chun brú iomarcach ar ospidéil nó ar sheirbhísí éigeandála a chosc, go háirithe le linn géarchéime;

58. ag tathant ar na Ballstáit plean bainistithe géarchéime sláinte poiblí a fhorbairt agus á mholadh go mbainfí úsáid as ionstraimí airgeadais, amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) nó an Ciste Comhtháthaithe, agus infheistíocht a dhéanamh i gcur chuige coisctheach i leith na sláinte, an lucht saothair cúraim sláinte agus an oideachais;

59. á mheabhrú a dheacra a bhí sé rochtain a fháil ar thástálacha diagnóiseacha – amhail tástálacha maidir le frithghníomhú slabhrúil polaiméaráise (PCR) – le linn na gcéad ráigeanna den phaindéim, rud a chuir cosc ar fhíorú go raibh an t-ionfhabhtú ann, lenar cuireadh iallach ar dhaoine síneadh a chur le tréimhsí leithlisithe tar éis dóibh teagmháil a dhéanamh le daoine a raibh a dtástáil dearfach nó le daoine a léirigh siomptóim dhearfacha;

60. á iarraidh go ndéanfaí bearta, amhail úsáid teicneolaíochtaí tástála agus scagtha úrscothacha le haghaidh diagnóisiú luath, a mheas, ós rud é go méadódh siad an t-eolas ábhartha in earnálacha éagsúla de chórais cúraim sláinte;

61. á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh líonra Eorpach de shaotharlanna tagartha chun tacú le saotharlanna tagartha náisiúnta, chun dea-chleachtais a chur chun cinn agus chun ailíniú deonach na mBallstát maidir le diagnóisic, modhanna tástála agus faireachas,

[38] Sachs, J. D. et al., 'The *Lancet* Commission on lessons for the future from the COVID-19 pandemic', *The Lancet*, Iml. 400, 2022, lgh. 1224-80.

fógra agus tuairisciú ar ghalair a spreagadh;

62. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle moltaí a mholadh maidir le scéimeanna agus cláir náisiúnta scagtha atá inrochtana do gach othar;

63. á thabhairt chun suntais gur gá níos mó acmhainní a chur ar fáil do ghairmithe cúraim phríomhúil agus á iarraidh ar na Ballstáit na scéimeanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun feidhme mar a cheanglaítear le reachtaíocht ábhartha AE chun a áirithiú go leanfaidh a gcuid scileanna de bheith ábhartha agus go mbeidh siad in ann freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna sláinte poiblí; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit cúram príomhúil a mhaoiniú go leordhóthanach agus é a chur ar fáil do chách;

64. á chur in iúl gur geal léi gur bhunaigh an Coimisiún acmhainní comhairle eolaíche go luath, amhail an t-ardán um chomhairle eolaíoch le haghaidh COVID-19, i gcomhar le saineolaithe ó na Ballstáit, a chabhraigh chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas ar bhealach comhordaithe; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhairle eolaíoch ildisciplíneach le haghaidh dea-cheapadh beartas;

65. á mheabhrú go luaitear i Rialachán (AE) 2022/2371 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte gur cheart do na Ballstáit nuashonrú a sholáthar don Choimisiún maidir leis an staid is déanaí i ndáil le cosc, ullmhacht agus pleanáil freagartha agus cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta; á iarraidh ar na Ballstáit tástálacha struis a dhéanamh go práinneach ar a gcórais cúraim sláinte chun laigí a shainaithint agus chun a fhíorú go bhfuil siad ullamh do ráig eile de COVID-19 i gcás ina dtarlódh a leithéid, chomh maith le haon ghéarchéim sláinte amach anseo;

66. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais leas a bhaint as saineolas eolaíoch i gcásanna géarchéime agus níos faide i gcéin ar bhealach comhordaithe agus ildisciplíneach, trí bhealaí agus struchtúir atá bunaithe nó curtha ar fáil go dlíthiúil, ag brath ar chineál na bagartha a shainaithnítear, nó ar an mbeart atá le hullmhú, agus gur cheart an measúnú comhfhreagrach arna ullmhú ag saineolaithe a fhorbairt trí úsáid a bhaint as próiseas atá go hiomlán trédhearcach agus bunaithe ar phrionsabail na barr feabhais, an neamhspleáchais, na neamhchlaontachta agus na trédhearcachta;

67. ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart go mbeadh aon leasanna airgeadais nó leasanna eile ag saineolaithe a ndeachthas i gcomhairle leo sa chomhthéacs sin a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas, agus gur cheart dóibh dearbhú a dhéanamh maidir lena leasanna airgeadais agus leasanna eile, lena nuashonrófar é go bliantúil agus aon uair is gá i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear ar leibhéal an Bhallstáit nó ar leibhéal an Aontais; á mheas gur cheart do shaineolaithe aon fhíorais a nochtadh a dtagann siad ar an eolas fúthu le linn dóibh a bheith rannpháirteach sna nósanna imeachta sin a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeadh coinbhleacht leasa i gceist leo nó go n-eascródh coinbhleacht leasa astu;

68. á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar píolótach a dhéanamh maidir le hinfheistíochtaí poiblí a ghiaráil i dtaighde agus forbairt sláinte san Aontas, chun rochtain níos fearr ar tháirgí leighis inacmhainne a áirithiú, agus chun éiceachóras taighde dinimiciúil dea-mhaoinithe a chruthú;

## II) Ról an Rialacháin maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), agus an an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA)

69. á aithint gur glacadh Rialachán (AE) 2022/2371 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, Rialachán (AE) 2022/123 maidir le sainordú leathnaithe EMA, Rialachán (AE) 2022/2370 lena dtreisítear sainordú ECDC[39] agus cruthú HERA mar shamplaí d'ionstraimí tábhachtacha de chuid an Aontais a chuirfidh ar a chumas don Aontais a bheith níos athléimní agus níos éifeachtaí, agus muid ag bogadh i dtreo cur chuige aon sláinte amháin atá níos inbhuanaithe chun aon éigeandáil sláinte amach anseo a chosc, a ullmhú agus a bhainistiú;

70. á iarraidh go mbeadh comhordú níos fearr ann idir EMA, HERA, ECDC agus na húdaráis inniúla náisiúnta, i gcomhar leis an tionscal, chun go bhféadfar an mhonaraíocht a mhéadú le linn éigeandálaí sláinte;

71. á mholadh go ndéanfaí breithniú ar an gcomhordú idir na Ballstáit agus gníomhaireachtaí nó comhlachtaí ábhartha an Aontais, bonneagair thaighde agus EDS, i gcomhréir le rialacháin idirnáisiúnta sláinte; á iarraidh go dtabharfaí cumas feabhsaithe don Aontas chun straitéisí aonchineálacha maidir leis na hábhair sin a chomhordú agus a fhorbairt trí leas iomlán a bhaint as na hinniúlachtaí reatha dá bhforáiltear sna Conarthaí agus chun féachaint ar athchóirithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar mhaithe leis na saoránaigh;

72. ag aithint chruthú HERA mar chomhlacht a bhfuil géarghá leis chun ullmhacht an Aontais i gcás éigeandálaí sláinte a fheabhsú, trí infhaighteacht frithbheart leighis agus rochtain chomhionann orthu a áirithiú agus trí rannchuidiú le héigeandálaí sláinte a chosc, ullmhú dóibh, iad a bhrath agus freagairt dóibh go mear; á chur i bhfios go láidir, mar sin féin, chun a shainordú a chomhlíonadh agus a chuspóirí a bhaint amach, gur cheart do HERA a bheith ina ghníomhaireacht neamhspleách de chuid AE le cistiú leordhóthanach; á mheas, dá ndéanfaí HERA a uasghrádú chuig gníomhaireacht neamhspleách, go méadódh sé leibhéal na trédhearcachta agus an ghrinnscrúdaithe dhaonlathaigh;

73. á chreidiúint go bhféadfadh HERA cabhrú le rochtain mhear, chomhionann agus inbhuanaithe ar tháirgí leighis a réamh-mheas, a dhreasú agus a fhorbairt le linn géarchéimeanna agus ina ndiaidh; ag cur béim ar an bhfíoras go n-éilíonn bagairtí sláinte trasteorann freagairt idirnáisiúnta agus gur cheart, dá bhrí sin, na huirlisí dlíthiúla agus airgeadais is gá a bheith ag HERA, mar aon le stiúrthóireachtaí eile de chuid an Choimisiúin, chun aistriú teicneolaíoch a áirithiú, lena n-áirítear chuig táirgeoirí i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim;

74. á chur in iúl gur oth léi go mór úsáid Airteagal 122 CFAE chun HERA a bhunú, agus go ndearnadh Parlaimint na hEorpa a eisiamh ó chruthú na coda tábhachtaí sin d'Aontas

[39] Rialachán (AE) 2022/2370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear lárionad Eorpach um ghalair a chosc agus a rialú (IO L 314, 6.12.2022, lch. 1).

Sláinte na hEorpa;

75. á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh cumhachtaí grinnscrúdaithe ag Parlaimint na hEorpa ar HERA agus gur cheart go mbeadh sé de chumas aici faireachán a dhéanamh ar HERA, lena rannchuideofaí, dá bhrí sin, le cuntasacht agus trédhearcacht; á mholadh go n-iarrfaí ar Parlaimint na hEorpa a bheith mar bhreathnóir ar an mbord géarchéime sláinte atá le bunú faoi Rialachán (AE) 2022/2372 ón gComhairle;

76. á mheabhrú nach mór don Choimisiún, faoin 31 Nollaig 2024, meastóireacht a dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2022/2371 ag HERA maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, chomh maith le measúnú ar an ngá atá le HERA a bhunú mar eintiteas ar leith;

77. á chur i bhfios go bhfuil sí ag tnúth le bunú meabhráin tuisceana i measc na hArd-Stiúrthóireachta um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, HERA agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, a luaithe a bheidh HERA ina ghníomhaireacht lánfheidhme;

78. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé acmhainneachtaí breise monaraíochta vacsaíní agus cógas a choinneáil ar fáil san Eoraip agus á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh thionscadal FAB AE, líonra d'acmhainneachtaí táirgeachta 'atá i gcónaí réidh le dul' le haghaidh monarú vacsaíní agus cógas leighis, ar féidir é a ghníomhachtú i gcás géarchéimeanna sláinte agus ganntanais cógas bunriachtanacha amach anseo, mar fhreagairt ar an ngá atá ann go neartódh an tAontas a ghníomhaíochtaí táirgthe réamhtheachtacha agus iartheachtacha tionsclaíocha maidir le táirgeadh éagsúlaithe vacsaíní agus teicneolaíochta vacsaíní do APInna, cógais, vacsaíní, táirgí leighis agus réitigh theiripeacha eile i ngach céim den phróiseas;

79. á chur i bhfáth gur iarr Parlaimint na hEorpa, ina rún maidir leis an nganntanas cógas leighis[40], ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht gnóthas cógaisíochta neamhbhrabúis Eorpach amháin nó níos mó a chruthú a d'fheidhmeodh ar mhaithe le leas an phobail chun táirgí íocshláinte a mhonarú in éagmais táirgeadh tionsclaíoch atá ann cheana chun cinnteacht an tsoláthair a ráthú agus chun ganntanais cógas leighis a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc i gcás éigeandála;

80. á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, ról lárnach a bheith aige sa chomhar idir na gníomhaithe ábhartha uile, maidir le riachtanais leighis a shainaithint agus tosaíochtaí taighde a leagan síos; á chreidiúint go bhfuil na comhpháirtíochtaí sin ríthábhachtach maidir le dlús a chur le freagairtí ar phaindéimí agus ar bhagairtí sláinte, agus acmhainneacht shlán á coinneáil ag an am céanna; á chur i bhfios go láidir gur cheart comhpháirtíochtaí leis an earnáil phríobháideach a stiúradh agus a ailíniú le leas an phobail agus gur cheart sochair phoiblí a áirithiú a tacaíocht phoiblí don taighde agus don fhorbairt (T &D);

81. ag tabhairt dá haire go ndearna an t-éileamh práinneach gan fasach ar chógais agus ar fhrithbhearta leighis le linn phaindéim COVID-19 acmhainní EMA agus na n-údarás

[40] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Meán Fómhair 2020 dar teideal 'Ganntanas cógas – conas aghaidh a thabhairt ar fhadhb atá ag teacht chun cinn'.

inniúil náisiúnta a thriail agus gur ghá dul i muinín bearta *ad hoc*;

82. ag aithint an róil ríthábhachtaigh atá ag EMA maidir le bearta a chur chun feidhme chun próisis rialála sholúbtha agus mheara a chumasú, agus sábháilteacht agus éifeachtúlacht vacsaíní agus táirgí leighis á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith lena cuid oibre faireachais cógais, a seachadadh mear ar chomhairle eolaíche, athbhreithniú rollach agus údarú margaíochta coinníollach; á thabhairt chun suntais an acmhainneacht agus an breisluach a cuireadh ar fáil leis an gcur chuige sin le linn na paindéime, lena n-áirítear an t-athbhreithniú rollach;

83. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint an bhféadfaí cur chuige comhchosúil a chur i bhfeidhm thar chásanna paindéime agus comhchuibhiú níos fearr a dhéanamh ar nósanna imeachta rialála, lena n-áirítear amanna formheasa brostaithe agus costais laghdaithe, agus sábháilteacht othar á háirithiú ag an am céanna; ag cur béim ar an bhfíoras go mbeidh ar na táirgí leighis sin dul trí údarú margaíochta iomlán ar deireadh chun coimircí sábháilteachta agus éifeachtúlachta a choinneáil;

84. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht cinntí EMA maidir le formheas vacsaíní agus táirgí leighis a dhéanamh infheidhme go díreach sna Ballstáit, i gcás géarchéime;

85. á mheas gur réamhriachtanas é go mbeadh foireann mhaith ag na gníomhaireachtaí rialála uile chun luas agus solúbthacht a cheadú agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit níos mó infheistíochta a dhéanamh in acmhainní EMA agus i ngníomhaireachtaí náisiúnta leighis chun a n-acmhainneacht a mhéadú;

86. á mholadh, le linn a ghníomhaíochtaí, go ndéanfadh HERA sásraí láidre rannpháirtíochta geallsealbhóirí a chur chun feidhme, cosúil leis na sásraí sin arna mbunú ag EMA, chun a áirithiú go ndéanfaí grinnscrúdú maith ar phleananna teagmhasacha paindéime amach anseo agus go seachnófaí tionchair gan choinne ar dhálaí galar eile nuair is féidir;

87. á iarraidh go mbeadh comhordú Eorpach níos fearr ann maidir le réamhaisnéis agus faireachas eipidéimeolaíoch tráthúil faoi stiúir ECDC, i gcomhar le EMA, HERA agus na Ballstáit, agus go ndéanfaí staidéir ar úsáid cógas atá ann cheana maidir le galair nua, lena bhfeabhsófaí acmhainneacht ullmhachta fhoriomlán an Aontais;

88. ag tabhairt dá haire gur mór aici, faoi shainordú nua EMA, go ndearna a Tascfhórsa Éigeandála gníomhaíochtaí a tascfhórsa maidir le paindéim COVID-19 a ghlacadh ar láimh agus go bhfuil sé anois ina chomhlacht buan de EMA, lena bhfeabhsaítear idirghníomhaíochtaí leis an gCoimisiún, le forbróirí táirgí íocshláinte agus feistí leighis agus le hacadóirí, chomh maith le comhordú le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais;

89. ag tabhairt dá haire go bhfuil údarú margaidh coinníollach deonaithe ag an gCoimisiún do vacsaíní le haghaidh COVID-19, tar éis dó moladh EMA a fháil agus tar éis dó dul i gcomhairle le Ballstáit an Aontais, ar an mbonn gur mhó i bhfad tairbhí na vacsaíní ná na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, agus le coimircí agus rialuithe éigeantacha, dochta iar-fhormheasa; á mheabhrú gur rannchuidigh infhaighteacht mhear ar vacsaíní ar an margadh, arna chomhlánú leis an úsáid a bhaintear as údarú

margaíochta coinníollach, le laghdú suntasach ar bhásanna agus ar ospidéaluithe san Aontas, chomh maith le cosaint fhoriomlán ar na héifeachtaí is déine de COVID-19;

90. á chur i bhfios go láidir gur uirlis iomchuí é údarú margaíochta coinníollach chun dlús a chur le húdarú vacsaíní in éigeandáil sláinte poiblí amhail paindéim COVID-19; á mheabhrú gur cheart údarú coinníollach a theorannú ó thaobh ama de agus gur cheart do chuideachtaí iarratas a dhéanamh ar údaruithe rialta;

91. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar EMA agus ar na húdaráis inniúla leas a bhaint as na hiarrachtaí pragmatacha uile a rinneadh le linn ghéarchéim COVID-19, go háirithe maidir le solúbthacht rialála, d'fhonn dul i ngleic go héifeachtach le ganntanas cógas, lena n-áirítear i gcásanna éigeandála; ag tacú le húsáid an nós imeachta sin le haghaidh táirgí íocshláinte a bhfuil mórleas teiripeach ag baint leo le linn géarchéime agus ina dhiaidh sin, i gcás inarb iomchuí;

92. ag tabhairt dá haire nár bhraith na Ballstáit agus institiúidí an Aontais ar bhonn tráthúil a thromchúisí agus a bhí paindéim COVID-19 a bhí ag teacht chun cinn, agus go raibh an mhoill ar chumarsáid agus an fhreagairt mhall ina siocair le leathadh an ghalair agus lena riocht mar phaindéim;

93. á mheas gur thoradh é sin, *inter alia*, ar easpa comhroinnt sonraí ag údaráis na Síne, ar easpa comhroinnt sonraí thráthúil ag na Ballstáit agus ar easpa cistiúcháin agus acmhainní leormhaithe le haghaidh faireachas sláinte poiblí, ullmhacht phaindéimeach agus eipidéimeolaíochta;

94. á iarraidh go mbeadh tuilleadh soiléireachta ann maidir le dáileadh na bhfreagrachtaí idir ECDC agus HERA maidir le faireachas paindéime chun inniúlachtaí forluiteacha a sheachaint;

95. ag tacú le sainordú leathnaithe ECDC, ós rud é go soláthraíonn sé níos mó acmhainní agus réimsí inniúlachta breise chun faireachán níos fearr ar ghalair san Aontas a chumasú, chun cosc, ullmhacht agus freagairt na hEorpa a fheabhsú agus chun faireachán a dhéanamh ar thionchar galar teagmhálach ar mhórghalair neamhtheagmhálacha;

III) STRAITÉISÍ AN AONTAIS MAIDIR LE VACSAÍNÍ AGUS TEIRIPE

96. á athdhearbhú gur éirigh go maith le straitéis vacsaínithe an Aontais agus gurb é príomhsprioc agus gnóthú na vacsaíní SARS-CoV-2 atá ann faoi láthair galar, bás agus galracht thromchúiseach a sheachaint; á aithint go bhfuil vacsaíní arna n-údarú ag EMA éifeachtach i ndáil leis sin, mar a léirítear le próiseas vacsaínithe COVID-19; á chur i bhfios go láidir go bhfuil beatha thart ar 250 000 duine sábháilte[41] agus cásanna COVID fadmharthanach seachanta ag vacsaíní tráthúla san Aontas;

97. á mheabhrú a thábhachtaí atá litearthacht sláinte agus oideachas sláinte chun bagairtí sláinte a chosc, chun ullmhú dóibh agus chun freagairt dóibh agus go gcuireann sé le tuiscint níos fearr an phobail ar na frithbhearta le haghaidh bagairtí éagsúla agus

[41] ECFE/AE, 'Sracfhéachaint ar an tSláinte: Eoraip 2022: Staid na Sláinte i dTimthriall an Aontais Eorpaigh', Foilsitheoireacht ECFE, Páras, 2022, lch 14.

measúnú riosca a dhéanamh orthu; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh feachtais oideachais sláinte atá bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí cabhrú le feabhas a chur ar iompar an phobail ina leith sin, agus gur cheart daoine atá eisiata agus riachtanais daoine faoi mhíchumas foghlama a chur san áireamh;

98. á mheas go raibh an luas ag ar fhorbair taighdeoirí cosaint éifeachtach vacsaíní gan fasach agus gur léirigh an tAontas ceannaireacht sa fhreagairt dhomhanda ar phaindéim COVID-19;

99. ag cur béim ar an bhfíoras gurb ionann forbairt agus imlonnú punann éagsúil vacsaíní COVID-19 atá comhdhéanta d'il-ardáin chun aghaidh a thabhairt ar athraitheacha éagsúla víreas agus torthaí othar níos fearr agus athrú suntasach ar an bpaindéim, rud a d'fhág gur féidir an rogha is fearr a dhéanamh do gach othar agus muinín an phobail as vacsaíniú a mhéadú, agus gur thacaigh sé leis an ról tábhachtach atá ag taighde agus forbairt vacsaíní arna ndreasú ag fóirdheontais phoiblí;

100. á chur i bhfios go láidir gur toradh í an fhreagairt mhear ar na deicheanna de bhlianta d'infheistíochtaí poiblí i dtaighde ar ghalair thógálacha, amhail VEID agus eitinn, agus ar thorthaí na n-infheistíochtaí sin agus ar an gcumas an táirgeadh a mhéadú; á mholadh go gcuirfí coinníollacha níos fearr le cistiú poiblí don todhchaí, maidir le caighdeáin trédhearcachta maidir le húsáid cistí poiblí, aistrithe feasa gnó agus inacmhainneacht;

101. á chur i bhfáth gur cheart go n-áiritheofaí leis an athbhreithniú ar reachtaíocht chógaisíochta an Aontais go mbeidh an Eoraip ina ceann scríbe tarraingteach i gcónaí le haghaidh infheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht agus gur cheart go gcruthófaí timpeallacht ghnó ina n-oibríonn tionscal na cógaisíochta ar mhaithe le leas na n-othar agus na saoránach; á athdhearbhú go gcreideann sí go bhféadfaí feabhas a chur ar an éifeachtúlacht sin cheana féin dá mbeadh an tAontas ag brath níos lú ar tháirgí bunriachtanacha cógaisíochta agus leighis áirithe;

102. ag aithint an róil lárnaigh atá ag tástáil maidir le leathadh an víris a shrianadh; á athdhearbhú gur gá trealamh agus imoibrithe a stoc-charn le haghaidh tástálacha agus maipíní; á chreidiúint go bhfuil sé tábhachtach infheistíocht a dhéanamh i dteicnící nuálacha chun SARS-CoV2 agus víris eile a bhrath;

103. á chur in iúl gur geal léi straitéis an Aontais maidir le teiripí COVID-19; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil teiripeacha comhlántach le vacsaíní agus go dtéann siad go háirithe chun tairbhe do chosaint daoine atá lagaithe maidir le himdhíonacht agus do ghrúpaí eile atá faoi réir éifeachtúlacht vacsaíní níos ísle;

104. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leanúint d'fhaireachán agus de mheasúnú a dhéanamh ar vacsaíní COVID-19 ag EMA agus ag na Ballstáit, lena n-áirítear fo-iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann a rianú; ag spreagadh bealaí éasca a chruthú chun fo-éifeachtaí a thuairisciú agus faisnéis maidir le torthaí faireacháin a fhoilsiú go rialta;

105. á chur i bhfáth nach féidir leis an Eoraip dul trí phaindéimí amach anseo ach amháin má sheasann teaghlach na hEorpa le chéile i ndlúthpháirtíocht agus i bhfreagracht, agus go mbaineann sí leas iomlán as a cumais chun an breisluach is gá a chomhordú agus a chur ar fáil do rialtais an Aontais agus dá saoránaigh, trí chomhar níos fearr leis na réigiúin is forimeallaí (ORanna) agus le tíortha agus críocha thar lear (OCTanna) a bhíonn

neamhchosanta go minic ar ghalair agus zónóisí sonracha, ar dócha go gcuirfidh a gcuid eolais taighde chun cinn;

106. á chur i bhfáth go bhfuil gá le forléargas cuimsitheach ar fhorbairt COVID-19 in áiteanna éagsúla ar fud an domhain, amhail ORanna, chun na difríochtaí a bhaineann le haeráid thrópaiceach a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos fearr; á aithint a thábhachtaí atá sé machnamh a dhéanamh ar thaithí agus ar eolas ó ORanna ó thaobh galair thógálacha agus zónóise de; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le líonra saineolaithe sna ORanna agus sna OCTanna chun réamhaíocht agus eolas leighis níos fearr a fháil i ngach timpeallacht;

107. á chur i bhfáth go ndearna gaibhniú i ndiaidh a chéile difear níos mó do na réigiúin is forimeallaí, go háirithe mar gheall ar a n-iargúltacht gheografach agus a spleáchas mór ar sheachadadh riachtanas bunúsach; á chur in iúl freisin go raibh tionchar an-diúltach ag dúnadh calafort agus ag teorainneacha ar lasta ar na críocha sin go léir, rud a d'fhág go raibh méadú an-suntasach ar an gcostas maireachtála; á mholadh go dtabharfaí isteach seirbhís íosta amach anseo chun soláthar amhábhar agus earraí tomhaltais riachtanacha do na críocha sin a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 349 CFAE;

108. á áitiú go bhfuil gá le comhar feabhsaithe le saineolaithe ó na ORanna agus ó OCTanna maidir le bainistiú agus cóireáil galar trópaiceach, amhail dengue, chikungunya agus zika, rud a chruthaíonn damáiste comhthaobhachta de bhreis ar COVID-19;

109. á thabhairt dá haire go bhfuil straitéis vacsaínithe, ní hamháin i gcás COVID-19, fós ina hinniúlacht náisiúnta, agus á iarraidh go mbeadh ról comhordúcháin níos láidre ag an Aontas chun amlíne, raon feidhme agus torthaí riarachán vacsaíní sna Ballstáit uile a chomhchuibhiú; á aithint gur príomhcholún é vacsaíniú de chórais sláinte athléimneacha, de dhea-bhail na sochaí agus de gheilleagar sláintiúil;

110. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar ghalair theagmhálacha mar bhagairt trasteorann ar an tsláinte phoiblí, lena n-éilítear cuspóirí comhchoiteanna agus íoschaighdeáin d'fheachtais vacsaínithe, chun na difríochtaí móra i gcumhdach vacsaínithe idir na Ballstáit agus laistigh díobh a shárú agus chun an drogall i ndáil le vacsaíniú a laghdú;

111. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go n-aistrítear rioscaí airgeadais a bhaineann le dliteanas i leith éifeachtaí díobhálacha tromchúiseacha vacsaíní COVID-19 chuig na Ballstáit agus go bhfuil baol ann go mbeidh sé sin ina chleachtas caighdeánach; ag cur béim ar an bhfíoras, i gcás paindéimí agus vacsaíní a sholáthraítear go poiblí, gur cheart cloí leis na rialacha caighdeánacha maidir le dliteanas i leith cógas; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar HERA a áirithiú go bhfanfaidh dliteanas i leith táirgí ar mhonaróirí;

112. á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar sceidil chomhchoiteanna vacsaínithe Eorpacha d'ionfhabhtuithe in-tarchurtha, más gá; ag moladh maoiniú inbhuanaithe do bheartais náisiúnta imdhíonta chun rochtain chothrom ar sheirbhísí vacsaínithe a áirithiú; á aithint gur gá gníomhaíochtaí beartais a fhorbairt chun pobail imdhíonachta a chosaint;

113. á aithint gur ábhar imní é an laghdú ar mhuinín vacsaíní i roinnt mhaith tíortha

Eorpacha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Bhallstáit AE aghaidh a thabhairt ar dhrogall i leith vacsaíní agus dul i ngleic le mífhaisnéis trí fhaisnéis agus oideachas poiblí a chur chun cinn trí phlean cumarsáide soiléir, trédhearcach, lena ngiaráiltear teicneolaíochtaí digiteacha;

114. á chur in iúl gurb oth léi nár chuir an tAontas feachtas láidir múscailte feasachta maidir leis na tairbhí a bhaineann le vacsaíniú in éineacht le cur chun feidhme an fheachtais vacsaínithe; á iarraidh ar an Aontas mífhaisnéis agus cur isteach eachtrach ar straitéis vacsaíní AE a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí;

115. á chur i bhfios go láidir go bhfuil vacsaíní COVID-19 tar éis na milliúin bás[42] agus galar cliniciúil tromchúiseach a chosc; á iarraidh ar AE agus a Bhallstáit a bheith trédhearcach lena gcuid eolais maidir le frithghníomhartha díobhálacha; á chreidiúint go gcothódh trédhearcacht, cothroime agus dlúthpháirtíocht iomlán muinín i vacsaíniú;

IV) ATHLÉIMNEACHT, INROCHTAINEACHT AGUS INBHUANAITHEACHT NA GCÓRAS SLÁINTE NÁISIÚNTA

116. ag tabhairt dá haire, ag tús na paindéime, nach raibh go leor córas sláinte agus seirbhísí sláinte de chuid na mBallstát ullamh chun déileáil le méid na géarchéime sin; á chur i bhfios go raibh ciorruithe buiséid ar chórais cúraim sláinte phoiblí, go háirithe trealamh, pearsanra agus saoráidí, ar cheann de na príomhchúiseanna nach raibh na Ballstáit ullmhaithe go leormhaith i gcomhair phaindéim COVID-19; á thabhairt chun suntais gur gá athléimneacht agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn i gcórais sláinte náisiúnta trí infheistíocht a dhéanamh sa tsláinte phoiblí;

117. á chur i bhfios go láidir, cé go raibh tionchar na paindéime éagsúil i ngach Ballstát, go raibh constaicí coiteanna rompu, *inter alia*, maidir le comhordú náisiúnta, comhar le saineolaithe, cistiú taighde, malartuithe sonraí agus comhar agus dlúthpháirtíocht laistigh de na Ballstáit; á thabhairt chun suntais, thairis sin, go raibh méadú tobann ar an éileamh ar sheirbhísí cúraim sláinte, ganntanais leapacha in aonaid dianchúraim (ICUanna), ganntanas foirne, easpa pleananna ullmhachta, struchtúir rialachais doiléire, stoic straitéiseacha neamhleora de threalamh cosanta pearsanta, pleananna neamhleora um ionfhabhtú a chosc agus a rialú i suíomhanna cúraim sláinte, anacair ghinearálta agus seirbhísí cúraim sláinte iomchuí á soláthar do shaoránaigh agus deacrachtaí cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an bpobal i gceist leis na dúshláin choiteanna; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh sé mar thosaíocht pleananna faireachais, faireacháin agus ullmhachta a bhunú agus a nuashonrú agus struchtúir rialachais shoiléire a chinneadh le haghaidh cásanna éigeandála ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hospidéil agus ionaid cúraim sláinte athléimneacha ar féidir iad a thiontú go tapa agus go héifeachtúil chuig saoráidí chun cabhrú le linn éigeandálaí eipidéimeacha, agus cur isteach ar sheirbhísí cúraim sláinte rialta á seachaint ag an am céanna; á thabhairt chun suntais an ról atá ag an ngéarchéim mhéadaitheach ganntanas lucht saothair sláinte, lena n-áirítear ‘imirce daoine oilte’, sa chomhthéacs sin agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil an treocht sin ag baint an bhoinn ó chumas Ballstát áirithe seirbhísí cúraim sláinte poiblí leormhaithe a sholáthar; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, dá bhrí sin, gníomhaíocht

[42] Sachs, J. D. et al., ‘The *Lancet* Commission on lessons for the future from the COVID-19 pandemic’, *The Lancet*, Iml. 400, 2022, lgh. 1224-80.

nithiúil a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim seo sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma;

118. á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a rinne cuideachtaí príobháideacha chun an easpa trealamh cosanta pearsanta, trealamh leighis agus alcóil atá riachtanach do tháirgí sláinteachais a áirithiú agus chun dlús a chur lena dtáirgeadh; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé liosta tosaíochta a fhorbairt ina sonrófar an trealamh agus na soláthairtí riachtanacha atá le stóráil, a thábhachtaí atá sé cúram leordhóthanach othar a áirithiú agus rioscaí ionfhabhtaithe do phearsanra cúraim sláinte a íoslaghdú;

119. á thabhairt chun suntais an ról luachmhar atá ag cógaslanna pobail agus ag aithint obair urghnách agus iarrachtaí urghnácha cógaiseoirí le linn chéad mhíonna na paindéime, ós rud é go raibh siad ar na línte tosaigh chun tacaíocht a chur ar fáil do shaoránaigh i ndálaí an-deacair agus, go minic, gan rochtain ar threalamh cosanta; á iarraidh go dtabharfaí níos mó aitheantais do chógaslanna i gceantair thuaithe mar sheirbhísí bunriachtanacha, ós rud é go gcuireann siad ar chumas na limistéar sin a bpobail a choinneáil agus infhaighteacht cógas a áirithiú; á mholadh go bhféadfadh cógaiseoirí ról níos gníomhaí a imirt i bhfaireachas eipidéimeolaíochta chun rannchuidiú le faireachán a dhéanamh ar theacht chun cinn galar teagmhálach (CDanna) agus galar neamhtheagmhálach (NCDanna); ag tathant ar an gCoimisiún earnáil na cógaslainne a áireamh i dtionscnaimh sláinte poiblí AE, agus ar na Ballstáit iad a áireamh ina gcláir sláinte, cúraim agus taighde, mar gur léir gur earnáil lárnach í agus aghaidh á tabhairt ar an bpaindéim, toisc gur thairg sé tástáil othar, vacsaíniú agus comhairle céadtheagmhála;

### v) Éifeachtacht sonraí a bhailiú agus a chomhroinnt, sláinte dhigiteach a fhorbairt agus córais sláinte a dhigitiú (lena n-áirítear trédhearcacht sonraí cliniciúla), Spás Sonraí Sláinte an Aontais

120. ag tabhairt dá haire nach raibh seirbhísí faireachais oiriúnach don fheidhm agus gur nochtadh dóibh gur gá córais thiomnaithe a bhunú do phataigin nua SARS-CoV-2; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, sainordú leathnaithe ECDC, ar cheart dó faireachán ar ghalair in AE a fheabhsú;

121. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte, ós rud é nach raibh sásra éifeachtach ag an Aontas chun sonraí a bhailiú agus a mhalartú, chomh maith le tuairisciú eipidéimeolaíoch, le linn na paindéime; ag tabhairt dá haire go bhfuil SARS-CoV-2 fós ina bhagairt shuntasach don tsláinte phoiblí agus á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le faireachas leanúnach agus bailiú agus malartuithe sonraí, lena n-áirítear trí chórais rabhaidh a bhunú do phaindéimí atá ar na bacáin i mBallstáit AE;

122. á chreidiúint gur gá don Aontas tuilleadh simplithe rialála a dhéanamh i gcás inarb iomchuí, comhordú agus dlús a chur le trialacha cliniciúla ar leibhéal an Aontais agus digitiú na gcóras sláinte, agus clásail sábháilteachta agus éifeachtúlachta á n-urramú go hiomlán, agus i gcomhréir le leas an phobail agus le torthaí;

123. ag cur béim ar a phráinní atá sé dlús a chur le digitiú na gcóras cúraim sláinte san Aontas agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha uile sa phróiseas a áirithiú, go

háirithe rannpháirtíocht na n-othar agus na ngairmithe cúraim sláinte; á aithint nach mór don chlaochlú digiteach sin a léiriú sa chleachtas cliniciúil agus nach mór samhail cur chun feidhme ón mbun aníos a áireamh ann, le rannpháirtíocht na ngairmithe cúraim sláinte ar fud an Aontais;

124. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sonraí staidrimh i dtaighde leighis, agus béim ar leith á leagan ar an ngá atá le sonraí imdhealaithe de réir inscne, le córais faisnéise idir-inoibritheacha agus le comhlíonadh an chreata Eorpaigh um chosaint sonraí; ag aithint go bhfuil acmhainneacht ag sonraí ó thrialacha cliniciúla a chomhroinnt chun córais sláinte poiblí agus cúraim sláinte a athrú ó bhonn, fad a dhéantar príobháideachas a choimirciú, agus cearta saoránach agus gairmithe cúraim sláinte a chosaint; ag thabhairt chun suntais, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá córais faisnéise idir-inoibritheacha; á thabhairt chun suntais go bhfuil an Spás Eorpach um Shonraí Sláinte mar phríomhthionscnamh sa réimse sin;

125. á iarraidh go mbeadh comhar ann maidir le bonneagar a fhorbairt le haghaidh trialacha cliniciúla ilionaid agus comhordú feabhsaithe ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear torthaí a thuairisciú agus sonraí a chur ar fáil do chomhthaighdeoirí, i gcomhréir le reachtaíocht AE; ag meabhrú Rún 72.8 ón gComhthionól Domhanda Sláinte[43], ina n-iarrtar go ndéanfaí scaipeadh feabhsaithe ar chostais ó thrialacha cliniciúla agus rochtain níos fearr ar na costais sin; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, an ról tábhachtach atá ag trialacha cliniciúla comparáideacha maidir le torthaí sláinte a bharrfheabhsú trí chomparáid a dhéanamh idir idirghabhálacha formheasta; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar EMA céimeanna a ghlacadh ina leith sin araon;

126. á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an reachtaíocht chógaisíochta, an fhaisnéis leictreonach faoi tháirgí (Epi) a fhorbairt tuilleadh agus próisis rialála dhigitithe agus éifeachtúla a chur chun cinn i gcás inarb iomchuí, mar cheann de na huirlisí chun ganntanais cógas leighis a mhaolú i gcás ina dtarlaíonn siad, agus ag an am céanna a áirithiú go mbeidh bileog faisnéise pháipéir ar fáil do gach táirge; ag tathant ar an gCoimisiún oibriú le EMA agus le líonra rialála AE, lena n-áirítear an tionscal agus na geallsealbhóirí ábhartha uile, chun úsáid ePI do na cógais uile san Aontas a fhorbairt agus a chur chun feidhme i dteangacha uile na mBallstát ina gcuirtear na cógais sin ar an margadh;

127. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé córais náisiúnta cúraim sláinte a ullmhú le haghaidh úsáid fhéideartha na hintleachta saorga (IS) agus na teicneolaíochta faisnéise a chuirtear ar fáil sa réimse sin; ag tacú, más gá, le creataí rialála agus reachtaíochta an Aontais atá ann cheana, lena n-áirírtear reachtaíocht bhog a oiriúnú, chun go mbeidh córais cúraim sláinte náisiúnta agus pobal na heolaíochta in ann leas a bhaint as an intleacht shaorga (IS) i réimsí an chleachtais chliniciúil, na cóireála, an taighde bithleighis, na sláinte poiblí agus an riaracháin sláinte, agus sábháilteacht agus cóireáil chuí othar a fhaigheann cúram sláinte trí mheán IS á áirithiú ag an am céanna agus é á chinntiú go ndéantar creat cosanta sonraí an Aontais, cearta bunúsacha an othair agus dlithe neamh-idirdhealaithe a urramú;

128. ag tabhairt dá haire gur thug eagraíochtaí cúraim sláinte aghaidh ar níos mó bagairtí

[43] Rún 72.8 ón gComhthionól Domhanda Sláinte a glacadh an 28 Bealtaine 2019 maidir le feabhas a chur ar thrédhearcacht na margaí le haghaidh cógas, vacsaíní agus táirgí sláinte eile,

cibearshlándála le linn phaindéim COVID-19; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar institiúidí agus gníomhaireachtaí AE bearta a thabhairt isteach lena gcuirfear feabhas ar shlándáil líonraí digiteacha chun institiúidí sláinte agus othair a chosaint ar chibear-ionsaithe agus chun cosaint sonraí sláinte agus cumas na n-institiúidí oibriú i gcónaí mar is gnáth a áirithiú, go háirithe le linn éigeandálaí sláinte poiblí, agus creat cosanta sonraí AE á urramú ag an am céanna;

129. á athdhearbhú gur gá feabhas a chur ar shlándáil an bhonneagair chriticiúil, amhail eangacha cumhachta agus córais airgeadais, agus a bhfeidhmiú a ráthú, fad a dhéantar iad a chosaint i gcoinne aon chás éigeandála, amhail cibirionsaithe; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá bearta chun feasacht ar rioscaí cibearshlándála a mhéadú agus chun oiliúint a chur ar fáil do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí maidir le conas iad féin a chosaint, ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag na cibirionsaithe sin ar othair agus ar sheirbhísí oispidéil agus ar chórais ospidéil freisin;

VI) TEANNDÁILEOG A THABHAIRT DO LUCHT SAOTHAIR CÚRAIM SLÁINTE AGUS SÓISIALTA SAN AONTAS CHUN BHEITH ULLAMH DON CHÉAD GHÉARCHÉIM EILE

130. á chur in iúl gur cúis bhuartha di nár tugadh tús áite d'infheistíocht i gcúram sláinte poiblí sna Ballstáit uile, rud a fhágann go mbeidh ganntanais foirne, iarmhairtí foriomlána diúltacha sa réimse sin agus leibhéil ísle athléimneachta dá bharr i gcórais sláinte i bhfianaise éigeandálaí nua a d'fhéadfadh a bheith ann agus an trasdul déimeagrafach;

131. á iarraidh ar AE ról níos láidre a ghlacadh maidir le córais sláinte poiblí na mBallstát a threorú, a chomhordú agus a stiúradh; ag tabhairt dá haire gur féidir leis an úsáid a bhaineann pearsanra cúraim sláinte as teicneolaíochtaí leighis nua borradh a chur faoin éifeachtúlacht; á iarraidh go dtabharfaí aird ar an nganntanas gairmithe leighis agus á iarraidh go ndéanfaí infheistíochtaí i seirbhísí cúraim sláinte, lena n-áirítear pearsanra, chun deireadh a chur le húsáid chórasach na gconarthaí gearrthéarmacha, chun scileanna gairmithe cúraim sláinte a fheabhsú agus chun tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar dhálaí oibre, go háirithe i gceantair thuaithe agus iargúlta agus i réigiúin thearcfhorbartha; á iarraidh ar na Ballstáit, chun na críche sin, leas iomlán a bhaint as creat reachtach agus cistiú AE atá ann cheana chun soghluaisteacht gairmithe cúraim sláinte san Aontas a chur chun cinn, le linn a ngairmeacha oideachais agus gairmiúla araon, lena n-áirítear trí Erasmus +;

132. ag spreagadh infheistíochtaí i bpearsanra sláinte agus cúraim, trí rochtain ar oideachas agus ar oiliúint a éascú, trí thacú leis na Ballstáit dálaí oibre oibrithe cúraim sláinte a fheabhsú agus cothromaíocht inscne a chur chun cinn sa réimse oibre sin chun an chéad ghlúin eile d'oibrithe sláinte agus cúraim shóisialta a mhealladh agus aghaidh a thabhairt ar an nganntanas gairmithe leighis agus cúraim sláinte, chomh maith le himirce daoine oilte laistigh den Aontas;

133. á iarraidh go ndéanfaí infheistíochtaí leormhaithe chun feabhas a chur ar líon na bpearsanra leighis agus ar a scileanna, ar an méid trealaimh leighis agus ar líon na n-ospidéal, agus ar theicneolaíochtaí nuálacha sláinte a d'fhéadfadh cur leis an bhfeabhsú sin; á chur i bhfáth gur gá modúil éigeantacha atá tiomnaithe do bhainistiú géarchéime ar an leibhéal Eorpach a áireamh i gcláir oiliúna gairmithe;

134. á chreidiúint gur cheart do na Ballstáit, mar chuid den Seimeastar Eorpach, na hinfheistíochtaí atá déanta acu ina luchtanna saothair sláinte agus ina gcórais cúraim sláinte phoiblí a thuairisciú faoi thionscadail atá nasctha le beartais sláinte AE agus arna gcistiú ag AE; á chreidiúint, thairis sin, gur cheart do na Ballstáit tuairisciú go rialta ar thionchair a n-infheistíochtaí ar infhaighteacht agus inrochtaineacht seirbhísí sláinte agus cúraim do chách, agus ar shoghluaisteacht oibrithe cúraim sláinte, chun straitéisí coinneála d'oibrithe cúraim sláinte san Eoraip a fhorbairt ar bhealach níos fearr;

135. á iarraidh go ndéanfaí staidéar ar leibhéal AE maidir leis an bpá, na coinníollacha agus na tosca ina mbíonn míchothromaíochtaí inscne d'oibrithe sláinte ar fud na hEorpa mar thoradh orthu chun bonn eolais a chur faoi mholtaí maidir leis an ábhar sin;

136. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé faireachán agus rianú a dhéanamh ar infhaighteacht lucht saothair sláinte san Eoraip ar leibhéal an Aontais agus ag moladh go ndéanfaí fiosrú ar dheiseanna chun athdháileadh trasteorann an lucht saothair a éascú agus a eagrú ar bhealach níos fearr i gcúinsí atá ábhartha go sonrach (e.g. limistéir teorann), amhail trí ionstraimí maidir le haitheantas gairmiúil frithpháirteach a ghiaráil; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag lianna, altraí agus gairmithe cúraim sláinte eile maidir le cóireáil a chur ar fáil agus á iarraidh go dtabharfaí aitheantas níos leithne dá dtaithí agus dá n-eolas;

137. á chur i bhfáth gur fhulaing go leor oibrithe cúraim sláinte agus cúraim shóisialta de dheasca COVID-19 agus COVID fadmharthanach agus, mar thoradh air sin, go raibh deacrachtaí acu filleadh go hiomlán ar an obair; ag aithint an anró agus an ualaigh a chuirtear ar ghairmithe leighis le linn na paindéime agus gur gá an cúnamh síceolaíoch agus gairmiúil is gá a thabhairt dóibh; á áitiú nach mór do na Ballstáit bearta láidre comhordaithe a dhéanamh chun sábháilteacht agus sláinte cheirde (idir fhisiceach agus mheabhrach) a chosaint, go háirithe le linn agus tar éis na géarchéime sláinte; ag aithint thionchar síceasóisialta na paindéime COVID-19 ar ghairmithe cúraim sláinte;

138. á chur i bhfios go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas maidir le hinfhaighteacht gairmithe cúraim sláinte i mBallstáit áirithe, go háirithe iad siúd a bhfuil leibhéil níos ísle maidir le OTI acu agus, dá bhrí sin, leibhéil níos ísle maidir le tarraingteacht; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim seo;

139. á athdhearbhú gur gá do AE ról níos láidre a ghlacadh maidir le feabhsú na sláinte poiblí a threorú agus a dhíriú, ós rud é gur cheart do na Ballstáit uile an tsláinte phoiblí agus cúram sóisialta a mheas mar thosaíocht d'infheistíochtaí seachas costas ar cheart é a íoslaghdú; ag cur béim ar an bhfíoras gur infheistíocht straitéiseach agus oibleagáid mhorálta dár sochaithe agus dár ngeilleagair í sláinte an phobail a fheabhsú agus á iarraidh, dá bhrí sin, ar AE agus ar na Ballstáit ról bunriachtanach an chúraim sláinte phoiblí a aithint;

140. á thabhairt chun suntais gur gá oibrithe cúraim sláinte a uas-sciliú agus a athsciliú le linn dá saol gairmiúil, mar a fhoráiltear dóibh i reachtaíocht ábhartha an Aontais, chun a bheith níos ullmhaithe do chásanna éigeandála agus géarchéime a d'fhéadfadh a bheith ann; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar ghníomhaireachtaí ábhartha AE gníomhaíochtaí oiliúna spriocdhírithe a eagrú d'oibrithe cúraim sláinte i ndlúthchomhar

le heagraíochtaí sláinte gairmiúla agus le heagraíochtaí othar, lena n-áirítear maidir le hoiliúint idirdhisciplíneach Aon Sláinte Amháin; ag cur béim ar a thábhachtaí atá oiliúint chomhpháirteach trasteorann, comhroinnt dea-chleachtas agus taithí leis na córais sláinte poiblí chomharsanachta i réigiúin trasteorann;

141. á iarraidh go mbeadh comhar réigiúnach ann leis na Ballstáit chomharsanachta chun an easpa pearsanra leighis a shárú i gcás géarchéim mhór; á mholadh go ndéanfaí faireachán ar infhaighteacht lucht saothair sláinte ar fud na hEorpa ar leibhéal AE;

142. ag aithint an róil bhunúsaigh atá ag pearsanra na cosanta sibhialta, ag comhraiceoirí dóiteáin agus ag fórsaí forfheidhmithe dlí le linn gach céime den phaindéim, lena gcuirtear tacaíocht leighis, cúnamh scagthástála, cabhair lóistíochta, tacaíocht don straitéis vacsaínithe agus sábháilteacht ar fáil le linn na dtréimhsí coinneála;

143. á chur i bhfios go láidir gur tosca iad pá agus dálaí oibre gairmithe cúraim sláinte a chuireann faoi láthair le ganntanais foirne san Aontas; á iarraidh ar na Ballstáit Treoir (AE) 2022/2041 a chur chun feidhme, ina n-iarrtar go ndréachtófaí pleananna náisiúnta maidir le cumhdach cómhargála a fheabhsú in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta;

## VII) RÓL AN CHÚRAIM PHRÍOMHÚIL I GCÓRAIS AGUS I SEIRBHÍSÍ SLÁINTE ATHLÉIMNEACHA A THÓGÁIL

144. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cúram príomhúil agus ‘cúnamh ar leibhéal na gaire’ chun córais sláinte athléimneacha a thógáil lena n-éascaítear leanúnachas na seirbhísí le linn éigeandálaí agus lena rannchuidítear le plódú ospidéil agus cliseadh a sheachaint trí sholáthar seirbhísí áitiúla bunriachtanacha a chothú; á thabhairt chun suntais an ról ríthábhachtach atá ag cúram príomhúil agus ag cúram críochach maidir le faireachán agus faireachas a dhéanamh ar ghalair theagmhálacha agus ar bhagairtí sláinte trasteorann, lena n-áirithítear go mbeidh seirbhísí ar fáil do chách, lena n-áirítear i gceantair iargúlta agus thuaithe, agus gur féidir leo siúd is mó a bhfuil gá acu leis an gcúram pobalbhunaithe níos fearr a bhaint amach; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart acmhainneacht luathbhraite a mhéadú, arna éascú trí infheistíochtaí sonracha, a bheith ag gabháil le feabhas a chur ar chúram príomhúil;

145. á chur in iúl gur geal léi an straitéis Eorpach um chúram, lena gcuirtear béim ar ról an chúraim shóisialta agus lena n-iarrtar cur chuige níos comhtháite idir na hearnálacha cúraim shóisialta agus sláinte;

146. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit athmhachnamh a dhéanamh ar ról an chúraim phríomhúil, ag díriú ar a acmhainneacht chun baint a bheith aige le hothair ar bhonn laethúil, chun cosc a fheabhsú agus acmhainneacht phobail níos mó a chur chun cinn chun freagairt do bhagairtí sláinte, i ndlúthchomhar le córais cúraim sláinte;

147. ag cur béim ar a thábhachtaí atá cúram príomhúil maidir le vacsaíní COVID-19 a sholáthar ar bhonn leanúnach agus maidir le rochtain ar ghnáthvacsaíniú a mhéadú; á iarraidh go ndéanfaí an cúram príomhúil a atreisiú go práinneach leis na hacmhainní daonna agus teicneolaíocha is gá, ionas gur féidir leis éascú a dhéanamh ar an eipidéimeolaíocht agus ar an obair faireachais a bhaineann le COVID-19; ag spreagadh úsáid modhanna nuálacha, amhail teilileigheas i seirbhísí cúraim sláinte, chun cur le

cúram príomhúil agus chun rochtain ar chúram agus ar chóireáil a éascú; ag tacú le córas cúraim sláinte príomhúil a thógáil ar féidir leis dul i dteagmháil le speisialtóirí agus othair a threorú trína dtástálacha diagnóiseacha;

148. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil clúdach sláinte uilíoch bunriachtanach chun a áirithiú go bhfaighidh gach duine cúram sláinte tráthúil, éifeachtach agus inacmhainne, lena n-áirítear na pobail is leochailí agus na pobail imeallaithe; á chur i bhfios go láidir gur cheart pleananna uilíocha maidir le rochtain ar an tsláinte phoiblí a dhearadh agus a fhorbairt ar bhealach cuimsitheach, ina mbeidh rannpháirtíocht iomlán na sochaí sibhialta, na n-othar, na n-oibrithe sláinte, na bhfostóirí agus na gcomhpháirtithe sóisialta; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, go bhfuil éifeachtacht na gcóras sláinte ag brath ar pháirteachas agus rannpháirteachas an phobail, agus ar dhlisteanacht a mheastar a bheith ann;

149. á mheabhrú nach mór do chórais sláinte poiblí a bheith saor ó bhacainní airgeadais agus neamhairgeadais agus ó thosca eile a mbíonn neamhionannas agus idirdhealú mar thoradh orthu; á iarraidh go n-áiritheofaí rochtain bhuan ar chomhairliúcháin leighis, ar sheirbhísí altranais agus síceolaíocha, le teilileigheas agus le teil-chúnamh nó i spásanna sábháilte eipidéimeolaíochta in ospidéil;

150. á mholadh go ndéanfaí tuilleadh comhordaithe idir cláir oibre sláinte agus dhigiteacha AE chun cumarsáid agus idirnaisc níos fearr a chruthú idir cúram príomhúil agus cúram tánaisteach; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le comhordú agus prótacail theagmhasacha i measc cúram príomhúil, seirbhísí sóisialta ginearálta agus seirbhísí speisialaithe, amhail tithe altranais do dhaoine scothaosta; ag moladh seirbhísí meabhairshláinte pobail a fhorbairt i gcúram príomhúil;

151. á chur i bhfios go láidir, go bhfuil clúdach sláinte uilíoch bunriachtanach chun freagairt thráthúil, éifeachtach, inacmhainne agus leormhaith a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil riachtanais sláinte acu, lena n-áirítear na pobail is leochailí agus na pobail imeallaithe; á thabhairt chun suntais gur gá, le linn éigeandálaí sláinte, seirbhísí tosaíochta agus sásraí seachadta a oiriúnú, go háirithe gníomhaíochtaí for-rochtana agus scagthástálacha ina n-úsáidtear cumais tástála saotharlainne agus diagnóiseacha;

152. á thabhairt chun suntais na héagsúlachtaí i gcórais agus seirbhísí cúraim sláinte agus i rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte i measc na mBallstát agus i measc réigiún laistigh de na Ballstáit, go háirithe i gceantair iargúlta agus thuaithe, sna réigiúin is forimeallaí, in oileáin fhorimeallacha, i dtíortha agus i gcríocha thar lear agus fiú i gceantair uirbeacha áirithe; ag cur sonrú sna dúshláin maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim sláinte sna limistéir sin, rud a d'fhág gur tháinig 'fásaigh leighis' chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún íoschaighdeáin a mholadh do sheirbhísí agus do chearta cúraim sláinte ar fud na hEorpa agus á mholadh go n-úsáidfí an beartas comhtháthaithe chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na héagsúlachtaí sin agus chun cistí AE a fhorlíonadh chun neamhréireachtaí a laghdú;

153. á thabhairt dá haire go raibh éagsúlacht idir tacaíocht eacnamaíoch, freagairtí an rialtais agus innéacsanna déine ag brath ar thacaíocht ioncaim, bearta fioscacha agus bearta srianta gach Ballstáit; á thabhairt chun suntais go raibh tionchair shocheacnamaíocha éagsúla paindéime mar thoradh ar dhéimeagrafaic agus ar shainiúlachtaí cultúrtha

éagsúla, chomh maith leis an turasóireacht mar earnáil ghnó ghníomhach i dtíortha an deiscirt, in oileáin, i stáit oileánacha agus i réigiúin is forimeallaí eile;

154. á thabhairt dá haire gur léiríodh leis na ceachtanna a foghlaimíodh go raibh infheistíochtaí neamhleora ann ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát i gcórais faireachais eipidéimeolaíochta chuimsitheacha chomhtháite agus i mbainistiú sonraí bailíochtaithe, inchomparáide agus idir-inoibritheacha, as ar eascair drochphleanáil agus droch-ullmhacht;

155. á chur in iúl gurb oth léi nár thug na húdaráis phoiblí agus na hinstitiúidí príobháideacha a raibh baint acu leis an gclár oibre taighde tús áite d’infheistíochtaí T&F i bpataiginí a mheastar a bheith contúirteach don tsláinte phoiblí; á chur in iúl gurb oth léi, in ainneoin an choróinvíris a bheith aitheanta cheana féin mar phataiginí a d’fhéadfadh a bheith ina bpaindéimí roimh phaindéim COVID-19, go raibh iarrachtaí T&F teoranta go páirteach mar gheall ar easpa leasa tráchtála; á aithint, áfach, gur éascaíodh forbairt vacsaíní le hinfheistíochtaí a rinneadh roimhe seo in T&F;

156. á thabhairt chun suntais go bhfuil spleáchas agus tábhacht mhór ag baint le cistiú poiblí ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit chun frithbhearta agus vacsaíní leighis COVID-19 a fhorbairt, rud a bhí ríthábhachtach chun torthaí a bhaint amach i dtréimhse ghearr ama; á mheabhrú gur gá urraim a thabhairt do choinníollachtaí maidir le rialachas, trédhearcacht, infhaighteacht agus rochtain chomhionann nuair a bhíonn cistí poiblí i gceist;

157. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag cistiú poiblí i bhforbairt agus i dtáirgeadh vacsaíní COVID-19 agus go bhfuil gá le clásail lena n-áirithítear infhaighteacht agus inacmhainneacht táirgí deiridh;

### VIII) Ganntanais cógas leighis criticiúil agus feistí cosanta a chosc: faireachán a dhéanamh ar acmhainní monaraíochta thionscal sláinte an Aontais

158. á mheas gur leag COVID-19 béim ar fheiniméan reatha na nganntanas leighis in AE, lena n-áirítear éagsúlacht mhór táirgí, atá tar éis éirí níos minice le deich mbliana anuas; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh ganntanais a bheith ann freisin mar gheall ar fhadhbanna monaraíochta, saincheisteanna cáilíochta, méadú gan choinne ar éileamh, allmhairí/onnmhairí comhthreomhara agus a thuilleadh nach iad; ag tabhairt dá haire go ndéantar réimse mór táirgí a áireamh sna drugaí atá thíos leis na ganntanais sin (lena n-áirítear drugaí fríth-ailse, antaibheathaigh, vacsaíní, ainéistéitic agus drugaí do hipirtheannas, galar croí agus neamhoird an chórais néaróg), agus go bhfuil cúiseanna éagsúla leis na ganntanais sin;

159. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá don Aontas gaireacht chúlchistí RescEU a ráthú chun rochtain ar fhrithbhearta leighis a áirithiú do na réigiúin thuaithe, do na réigiúin iargúlta agus do na réigiúin is forimeallaí; á iarraidh go ndéanfaí comhordú níos fearr chun stoc-charnadh tráthúil agus soláthar comhpháirteach frithbheart leighis i gcásanna éigeandála trasteorann tromchúiseacha a chumasú i gcomhréir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, le stoc-charn rescEU agus le moltaí EDS;

160. á iarraidh go gcuirfí feabhas ar chomhordú chun cleachtais róstocála laistigh de na Ballstáit a sheachaint agus go mbunófaí cúlchiste éigeandála Eorpach de chógais

bhunriachtanacha leighis atá baol mór ganntanais ann; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag gníomhaíochtaí náisiúnta neamhchomhordaithe ar sholáthar cógais ó gach cearn den Aontas;

161. á chur in iúl gurb oth léi na ganntanais mharthanacha cógas agus trealaimh agus feistí leighis agus á mholadh don Choimisiún staidéar uile-Aontais a dhéanamh ar na cúiseanna atá le ganntanais drugaí, agus béim ar leith á leagan ar na fadhbanna a eascraíonn as ganntanais drugaí cineálacha; á mheas gur mar gheall ar shaincheisteanna stoc-charntha agus dáileacháin agus easpa soláthraithe éagsúlaithe ab ea ganntanais i dtionscail cúraim sláinte le linn na paindéime, in éineacht le toirmisc ar onnmhairiú; ag cur béim ar a thábhachtaí atá réamhaisnéis éilimh agus luathchumarsáid le monaróirí vacsaíní agus cógas chun ganntanais a chosc, chomh maith leis an ngá atá le luathchumarsáid maidir le roghnú tréithchineálacha;

162. á iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de bhunaíochtaí chógaisíochta neamhbhrabúsacha an Aontais a chruthú a bhíonn ag oibriú chun leas an phobail chun táirgí íocshláinte a mhonarú a bhfuil tábhacht sláinte agus straitéiseach leo le haghaidh cúram sláinte, in éagmais táirgeadh tionsclaíoch atá ann cheana, chun slándáil an tsoláthair a chomhlánú agus a ráthú agus chun aon ghanntanais cógas a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás éigeandála a chosc; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear bearta láidre chun ganntanais cógas leighis a chosc i reachtaíocht chógaisíochta AE;

163. á thabhairt chun suntais an togra ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa maidir le liosta de threalamh agus feistí leighis a bhfuil mórleas teiripeach ag baint leo a bhunú agus cúlchiste straitéiseach soláthairtí leighis, drugaí, vacsaíní agus feistí teiripe riospráide a choinneáil;

164. ag moladh reachtaíocht nua AE maidir le trealamh leighis, cóireálacha leighis agus cógais leighis chun idirthréimhsí iomchuí a chur ar fáil agus chun an soláthar is gá a ráthú chun freastal ar an éileamh, go háirithe le linn géarchéimeanna;

165. á chur i bhfios go láidir gur gá faireachas riosca Eorpach a bhunú le haghaidh ganntanais agus trédhearcacht mhéadaithe do stoic chógais leighis chun ganntanais a thuar ar bhealach níos fearr;

166. á chreidiúint go bhfuil gá le gealltanais fhadtéarmacha agus infheistíochtaí inbhuanaithe chun ullmhú do phaindéimí agus freagairtí ar phaindéimí agus bagairtí tromchúiseacha eile ar an tsláinte, lena n-áirítear forbairt leanúnach ar chúltaiscí frithbheart leighis, chun saoránaigh a chosaint agus ag spreagadh comhoibriú méadaithe le monaróirí Eorpacha amach anseo;

## IX) Uathriail straitéiseach oscailte sláinte an Aontais: infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta a neartú

167. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit a spleáchas ar chomhpháirtithe trádála tríú tír le haghaidh comhábhair ghníomhacha cógaisíochta agus príomhchógas leighis a laghdú agus gníomhú go cinntitheach chun ganntanais drugaí a chosc, aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí táirgthe agus slabhra soláthair maidir le táirgí leighis agus comhábhair ghníomhacha cógaisíochta a aimsiú agus úsáid fheabhsaithe a bhaint as soláthar

comhpháirteach;

168. spreagann sí comhroinnt sonraí níos fearr maidir le réamhaisnéisí soláthair agus éilimh idir geallsealbhóirí ábhartha, réamh-mheastacháin níos luaithe ar ghanntanais a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear tuairisciú caighdeánaithe rialta ón tionscal, agus trédhearcacht níos fearr sa slabhra táirgthe agus dáileacháin; á mheabhrú gur cheart go mbeadh an phraghsáil náisiúnta bunaithe ar thosca atá go hiomlán trédhearcach amhail na fíorchostais a bhaineann le T&F poiblí agus príobháideach agus breisluach teiripeach; ag tathant go nglacfaí cur chuige tionsclaíoch comhordaithe chun neamhspleáchas straitéiseach AE maidir leis an tsláinte a neartú;

169. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go gcruthófaí bonneagar T&F ar mhórscála, miseandírithe do shláinte poiblí an Aontais a bhíonn ag oibriú chun leas an phobail chun táirgí íocshláinte a mhonarú a bhfuil tábhacht sláinte agus straitéiseach leo le haghaidh cúram sláinte, in éagmais táirgeadh tionsclaíoch atá ann cheana, chun tacú leis an Aontas maidir le cliseadh margaidh a shárú, chun slándáil an tsoláthair a ráthú agus ganntanais cógas a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc, agus go rannchuidíonn siad le hullmhacht níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí sláinte nua agus cásanna éigeandála;

170. á thabhairt chun suntais go raibh ról lárnach ag cistiú poiblí i bhforbairt agus i dtáirgeadh vacsaíní COVID-19, agus gur de chineál poiblí iad formhór na gcistí T&F; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfí cistiú poiblí le haghaidh T&F bithleighis torthaí leordhóthanacha ar mhaithe le leas an phobail ar fáil agus go ráthófaí infhaighteacht agus inacmhainneacht táirgí deiridh sna Ballstáit uile; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé sásraí cistiúcháin éigeandála a leathnú chuig FBManna cógaisíochta agus rómhaorlathas a laghdú d'aireagóirí táirgí leighis, amhail feistí leighis, chun T&F agus táirgeadh na dtáirgí tarrthála a choinneáil san Eoraip;

*b) Rochtain ar fhrithbhearta leighis*

I) TÁIRGEADH, STÓRÁIL AGUS DÁILEADH VACSAÍNÍ, LENA N-ÁIRÍTEAR ATHLÉIMNEACHT AN TSLABHRA SOLÁTHAIR, UATHRIAIL STRAITÉISEACH OSCAILTE AN AONTAIS AGUS INFHAIGHTEACHT TÁIRGÍ CÓGAISÍOCHTA AGUS LEIGHIS CRITICIÚLA

171. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach dlús a chur le taighde agus forbairt freagairtí ar phataiginí a bhfuil acmhainneacht eipidéime agus paindéime acu agus acmhainneachtaí seicheamhaithe a mhéadú roimh eipidéimí agus paindéimí; ag aithint an eolais tosaigh theoranta faoi SARS-CoV-2 agus a sheicheamh géiniteach, a shaintréithe agus a iompraíocht eipidéimeolaíoch, amhail a mhodhanna ionfhabhtaithe agus tarchurtha agus a rátaí ionfhabhtaithe, tarchurtha agus sócháin, a éilíonn taighde roimh fhorbairt vacsaíní, a raibh tionchar ar acmhainneacht táirgthe an tionscail vacsaíní a fhorbairt agus a imscaradh;

172. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé FBManna a chumasú maidir le tairbhe a bhaint as socruithe cistiúcháin éigeandála chun táirgí leighis nuálacha a chur ar fáil, chomh maith leis an ngá atá ann FBManna a áireamh i mbearta lena dtacaítear le méadú taighde agus monaraíochta, agus an t-ualach riaracháin á chur san áireamh ag an am céanna;

173. á thabhairt dá haire gur éascaigh tíortha ardioncaim an margadh vacsaíní ag tús na paindéime, agus go ndearna siad formhór na saoráidí monaraíochta móra a óstáil, agus gur chuir mórchorparáidí cógaisíochta feabhas ar tháirgeadh agus soláthar domhanda uirlisí leighis tarrthála trí úinéireacht maoine intleachtúla (IP), teicneolaíochtaí agus sonraí;

174. á thabhairt dá haire gur chuir an phaindéim brú ar shlabhraí soláthair domhanda, lena n-áirítear an earnáil chógaisíochta, as a n-eascraíonn suaitheadh agus dothuarthacht i soláthar vacsaíní, i soláthairtí leighis, i dtrealamh leighis agus i bhfrithbheart eile;

175. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé beartais AE agus náisiúnta a thabhairt isteach lena ndírítear ar shlabhraí soláthair domhanda a neartú chun tacú le táirgeadh agus saorshreabhadh frithbheart leighis, lena n-áirítear vacsaíní, agus chun deireadh a chur le srianta ar onnmhairiú laistigh den mhargadh aonair;

176. á athdhearbhú go bhfuil ról lárnach ag ECDC maidir le sonraí faireachais agus faireacháin ar leibhéal AE a chomhiomlánú agus maidir le réamhaisnéis a éascú maidir leis an éileamh a bheidh ann amach anseo ar vacsaíní agus ar theiripí i gcoinne galair thógálacha;

177. á iarraidh go ndéanfaí measúnú ar leochaileachtaí sa slabhra luacha domhanda agus á iarraidh go bhforbrófaí pleananna chun ganntanas a chosc agus a bhainistiú sna Ballstáit uile; á iarraidh go gcuirfí feabhas leanúnach ar chórais luathrabhaidh agus ar chomhroinnt faisnéise idir tíortha maidir le ganntanais cógas, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon, agus á iarraidh ar an gCoimisiún bearta sealadacha a thabhairt isteach tráth géarchéime chun ganntanais a mhaolú agus chun cúrsaíocht cógas leighis a éascú i measc na mBallstát;

178. ag cur sonrú i leitheadúlacht na nganntanas cógas cineálach agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cógais chineálacha, bhithshamhlacha, bhreisluacha agus inacmhainne chun ganntanais cógas a chosc, rochtain chothrom d'othair a mhéadú go comhsheasmhach agus córais cúraim sláinte a dhéanamh inbhuanaithe in AE, áit a bhfuil an rochtain fós míchothrom;

179. á thabhairt chun suntais an deis atá ann le creat nua chun tacú le taighde, forbairt, táirgeacht agus úsáid drugaí le tásca formheasta nua; á iarraidh ar an gCoimisiún margú na gcógas gann sa mhargadh a chomhchuibhiú trí phacáistíocht, trí lipéadú agus trí bhileoga atá ilteangach agus digiteach, i gcás inar féidir, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh faisnéis ar fáil i bhformáid pháipéir;

180. á mheabhrú go bhfuil géarghá ann go bhforbródh an tsláinte dhomhanda agus slabhraí soláthair domhanda acmhainneachtaí táirgthe agus dáileacháin áitiúla san Aontas, i réigiúin iargúlta amhail sna Réigiúin is Forimeallaí agus sna Tíortha agus na Críocha thar lear, agus i dtíortha ísealioncaim agus i dtíortha meánioncaim, go háirithe ó thaobh taighde, teicneolaíocht, forbairt agus táirgeadh cógaisíochta de agus i gcomhréir le caighdeáin shóisialta agus dícheall cuí tionscail;

181. á iarraidh ar an gCoimisiún na straitéisí tionsclaíocha, maoine intleachtúla agus cógaisíochta a úsáid maidir le maoiniú poiblí i dtionscadail T&F a spreagadh chun go mbeifí ag cloí le prionsabal na heolaíochta oscailte agus chun an bhearna leanúnach i

dtaighde agus i dtáirgeadh cógas leighis a dhúnadh trí chomhpháirtíochtaí forbartha táirgí, trí aistrithe teicneolaíochta agus trí ionaid oscailte taighde agus táirgthe a chruthú;

182. ag tuiscint gur tharla iarmhairtí polaitiúla agus eacnamaíocha na freagartha ar phaindéim COVID-19 sular sáraíodh na córais sláinte, go háirithe mar gheall ar chliseadh na slabhraí soláthair domhanda;

183. á thabhairt dá haire, ar fud an domhain go bhfuil forbairt, táirgeadh agus seachadadh vacsaíní inbhuanaithe ag brath ar shlabhraí soláthair láidre agus trédhearcacha; á iarraidh ar EDT gníomhaíocht a dhéanamh chun sreabhadh rianúil na slabhraí soláthair agus seachadadh vacsaíní, cógas, trealaimh leighis agus táirgí leighis a áirithiú; ag aithint an róil ríthábhachtaigh a d'fhéadfadh a bheith ag an nuálaíocht theiripeach maidir le beatha daoine a shábháil trí acmhainneacht in Aonaid Dianchúraim a shaoradh agus trí thacú le hothair a bhfuil cónaí orthu le PASC;

184. á aithint gurb é an tAontas an t-onnmhaireoir vacsaíní is mó ar fud an domhain agus gur rannchuidigh sé leis na hiarrachtaí dlúthpháirtíochta domhanda le 500 milliún dáileog vacsaíní a dheonú, cé gur ar an drochuair a bhí dátaí éaga nár mhair i bhfad ag na dáileoga sin, rud a d'fhág go raibh sé deacair ar thíortha glacadóirí iad a úsáid in am agus gur ghá go leor díobh a chaitheamh amach; ag aithint sheasamh an Aontais mar cheannródaí sna hiarrachtaí sin;

II) COMHAONTUITHE SOLÁTHAIR CHOMHPHÁIRTIGH AGUS COMHAONTUITHE RÉAMHCHEANNAIGH (CAIBIDLÍOCHT, TRÉDHEARCACHT, DLITEANAIS AGUS FORFHEIDHMIÚ)

185. á chreidiúint go raibh gá ag AE le cur chuige comhchoiteann maidir le vacsaíní a sholáthar le linn phaindéim COVID-19; á aithint go raibh tairbhe ag baint leis an gcaibidlíocht maidir leis na comhaontuithe réamhcheannaigh tráth a raibh éiginnteacht ag baint le forbairt vacsaíní agus inar ullmhaíodh línte táirgeachta gan a fhios a bheith acu cén vacsaín a n-éireodh léi iarbhír nó an ndéanfaí na vacsaíní a fhormheas iarbhír; ag aithint a rathúla atá sé iomaíochas a chaomhnú i measc monaróirí agus teicneolaíochtaí vacsaíní; á thabhairt chun suntais, trí na comhaontuithe réamhcheannaigh, gur ghlac na húdaráis phoiblí formhór na rioscaí airgeadais a bhaineann le forbairt agus táirgeadh vacsaíní, rud a d'fhág gur féidir dlús a chur le hamanna forbartha;

186. á aithint, le linn phaindéim COVID-19, go raibh rath ar eisiachas na caibidlíochta agus ar an rannpháirtíocht luath ó na Ballstáit, agus gur éirigh leis an soláthar mar bhloc cumhacht ceannaigh níos mó a fháil;

187. á chreidiúint go mbainfidh AE tairbhe amach anseo freisin as soláthar comhpháirteach vacsaíní, cógas, soláthairtí cúraim sláinte agus trealaimh leighis, go háirithe le haghaidh cógais leighis costasacha agus nuálacha, go háirithe chun galair neamhchoitianta a chóireáil; á chreidiúint, thairis sin, go bhféadfadh comhaontuithe réamhcheannaigh a bheith tairbhiúil i gcás dúshláin urghnácha sláinte poiblí trasteorann;

188. á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh comhaontuithe soláthair chomhpháirtigh agus réamhcheannaigh iomaíocht fhriththáirgiúil i measc na mBallstát a chosc, cumhacht mhargála AE a uasmhéadú, níos mó solúbthachta a thabhairt don Aontas agus dá

Bhallstáit de réir a riachtanas agus a áirithiú go mbeidh táirgí leighis ar fáil do chónaitheoirí uile AE, beag beann ar a mBallstáit baile;

189. á chur i bhfáth gur gá rialáil níos fearr a dhéanamh ar chonarthaí den sórt sin chun míchothromaíochtaí i mbrabúis agus i suíomhanna margaidh a chosc, agus chun iomaíochas a chosaint agus a chur chun cinn i bpróisis soláthair agus réamhcheannaigh amach anseo;

190. á chur in iúl gurb oth léi gur ghlac roinnt Ballstát srianta onnmhairiúcháin ar threalamh leighis, rud a chuir bac ar fhreagairt uile-Aontais ar an bpaindéim ar dtús;

191. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit a áirithiú go leanfaidh monaróirí de bheith faoi dhliteanas, i gcomhréir le reachtaíocht AE maidir le dliteanas táirgí;

192. ag moladh go bhféachfaí ar chleachtais den sórt sin i réimsí amhail galair neamhchoitianta agus ailse trí gharspriocanna, cuspóirí agus gealltanais arna gcomhaontú ag na páirtithe uile lena mbaineann a leagan amach go soiléir;

193. á thabhairt chun suntais gur gá ardleibhéil trédhearcachta a áirithiú sna tionscnaimh sin agus ceachtanna arna bhfoghlaim ó sholáthar comhpháirteach táirgí a bhain le COVID-19 a chur i bhfeidhm;

194. á chur i bhfáth nach féidir baol a bheith ann leis an soláthar poiblí go mbeadh droch-thionchar aige ar shreafaí soláthair trí bhaol na n-easnamh in AE a mhéadú;

195. á chur in iúl gur geal léi an tagairt sa straitéis chógaisíochta don Eoraip gur féidir le gníomhaíochtaí i réimse an tsoláthair phoiblí iomaíocht a chothú agus rochtain ar chógais leighis a fheabhsú; ag tathant ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs Threoir 2014/24/AE[44], treoirlínte a mholadh go pras do na Ballstáit, go háirithe maidir leis an gcaoi is fearr le critéir na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch a chur chun feidhme, ag féachaint ar níos mó ná na critéir a bhaineann leis an bpraghas is ísle amháin; ag cur béim ar an bhfíoras gur gné bhunriachtanach í slándáil an tsoláthair agus nach mór í a úsáid mar chritéar cáilíochtúil i ndáil le conarthaí cógaisíochta poiblí a dhámhachtain agus glaonna ar thairiscintí chun cógais leighis a sholáthar; ag cur béim ar a thábhachtaí atá soláthar éagsúlaithe agus cleachtais soláthair inbhuanaithe le haghaidh cógas; á mholadh gur cheart infheistíochtaí i monarú comhábhar gníomhach agus táirgí íocshláinte críochnaithe in AE a choinneáil mar chritéar bunriachtanach, mar aon le líon agus suíomh na láithreán táirgthe, iontaofacht an tsoláthair, na brabúis a athinfheistiú in T&F agus caighdeáin shóisialta, chomhshaoil, eiticiúla agus cháilíochta a chur i bhfeidhm;

196. á chur in iúl gur oth léi an easpa trédhearcachta sna comhaontuithe soláthair chomhpháirtigh arna gcaibidliú ag an gCoimisiún le cuideachtaí cógaisíochta, a raibh bonn cirt páirteach leis trí urraim a thabhairt don cheart chun rúndachta; á chur i bhfáth go bhfuil trédhearcacht in obair institiúidí AE fíorthábhachtach, go háirithe faoi dhálaí ghéarchéim na paindéime nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo; á mheabhrú gur cheart comhaontuithe comhpháirteacha soláthair a dhéanamh ar bhealach trédhearcach,

[44] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

tráthúil agus éifeachtach, le céimeanna soiléire agus trédhearcacha don phróiseas, don raon feidhme, don tairiscint, do shonraíochtaí, do thráthlínte agus d'fhoirmiúlachtaí arna sainiú agus á iarraidh go nglacfaí beartas trédhearcach le haghaidh comhaontuithe réamhcheannaigh agus soláthar comhpháirteach;

197. ag tabhairt dá haire agus ag athdhearbhú thorthaí an Ombudsman Eorpaigh maidir le drochriarachán ón gCoimisiún agus moltaí maidir le trédhearcacht agus coimeád taifead cruinnithe, nósanna imeachta oibre modhnaithe, soláthar poiblí, comhairle eolaíoch agus gníomhaíochtaí brústocaireachta na n-institiúidí Eorpacha le linn na paindéime;

198. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go gcloífeadh nósanna imeachta soláthair comhpháirteacha le hardchaighdeáin trédhearcachta maidir le hinstitiúidí an Aontais, lena n-áirítear Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus saoránaigh an Aontais, i gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta dá dtagraítear in Airteagal 15 CFAE agus á chur i bhfáth gur cheart don Pharlaimint, chun trédhearcacht a bhaint amach, grinnscrúdú a dhéanamh ar chonarthaí arna dtabhairt i gcrích faoin nós imeachta soláthair chomhpháirtigh; á mheas gur cheart don Choimisiún faisnéis iomlán, thráthúil agus chruinn a sholáthar don Pharlaimint maidir le caibidlíochtaí leanúnacha agus rochtain a thabhairt ar dhoiciméid tairisceana, lena n-áirítear conarthaí atá tugtha i gcrích; ag spreagadh trédhearcacht maidir le faisnéis a nochtadh lena mbaineann sceideal seachadta frithbheart leighis, téarmaí dliteanas agus slánuithe, agus líon na suíomhanna monaraíochta, agus cosaint faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus leasanna slándála náisiúnta bunriachtanacha á gcur san áireamh ag an am céanna;

199. á mholadh gurb iad ionadaithe sainaitheanta AE agus a Bhallstáit, a mbeidh scileanna leormhaithe agus sainordú soiléir acu, a dhéanfaidh caibidlíocht chomhpháirteach le haghaidh soláthair;

200. ag spreagadh na mBallstát faisnéis a roinnt maidir le dátaí praghsála agus seachadta frithbheart leighis nuair nár úsáideadh nós imeachta soláthair chomhpháirtigh chun frithbhearta leighis a cheannach chun leibhéal méadaithe trédhearcachta a sholáthar agus, ar an gcaoi sin, a cheadú do na Ballstáit rochtain a fháil agus caibidlíocht a dhéanamh ar bhealaí níos cothroime;

*c) COVID, galair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha; aghaidh a thabhairt ar PASC mar chuid de straitéis AE PAIS*

201. á chur in iúl gur cúis bhuartha di ardleitheadúlacht PASC, agus ag tabhairt faoi deara go bhfuil taighde fós á dhéanamh ar na fachtóirí riosca chun PASC a fhorbairt, ar a shásraí paitifhiseolaíocha agus ar a thionchar fadtéarmach;

202. á chur i bhfios go láidir, cé go bhfuil taighde ar siúl, go dtugtar le tuiscint leis an taighde atá ar fáil go bhfuil pataiginéis chomhchosúil ag COVID fadmharthanach agus ag Siondróim Iar-Vacsaíne, ós rud é go bhfuil ról lárnach ag spícephróitéin an víris, agus go bhféadfadh ME/CFS a bheith mar thoradh orthu araon;

203. á mheabhrú go dtarlaíonn PAIS i bhfad níos minice anois tar éis ionfhabhtuithe COVID-19 i bhfoirm PASC, ach go bhfuil sé ar eolas freisin go mbeadh ionfhabhtuithe baictéaracha, víreasacha agus seadánacha eile mar thoradh orthu; á chur i bhfios go láidir an tairbhe a bhaineann le dearcadh níos leithne a ghlacadh maidir le taighde agus

cóireáil COVID fadmharthanach;

204. á thabhairt chun suntais go bhfuil cur chuige straitéiseach de dhíth ar AE chun aghaidh a thabhairt ar PASC, ag díriú ar thaighde, oiliúint agus feasacht ar chúram príomhúil a mhéadú;

205. á mheabhrú na torthaí eolaíocha a bhaineann le PASC agus an gá atá ann d'údaráis phoiblí tacú go nithiúil le daoine atá thíos leis agus cabhrú leo, agus acmhainní agus beartais leormhaithe á n-úsáid acu;

206. á mholadh go ndéanfaí taighde tiomanta spriocdhírithe fóinteach, taighde aistritheach uile-Aontais agus trialacha cliniciúla a fhorbairt, d'fhonn diagnóisí agus cóireálacha nithiúla (seachas staidéir bhreathnóireachta go príomha) a fhorbairt agus sonraí inchomparáide, taithí agus dea-chleachtais a mhalartú i measc na mBallstát; á mholadh comhordú feabhsaithe ar an leibhéal Eorpach le haghaidh taighde ar PASC;

207. á iarraidh go mbunófaí sainmhíniú coiteann, bithbhainc, lárionaid tagartha agus clárlanna, lena n-áirítear clár vacsaínithe ina mbeidh faireachas cógas feabhsaithe bunaithe ar dhualgais tuairiscithe chaighdeánaithe shoiléire AE, chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí PASC agus ar éifeachtaí díobhálacha tromchúiseacha vacsaínithe go leordhóthanach;

208. á iarraidh go n-aithneofaí PASC mar ghalar ceirde d'oibrithe cúraim sláinte agus cúraim shóisialta;

209. á iarraidh go mbeadh cistiú leordhóthanach ann do thaighde bunúsach, chomh maith le taighde aistritheach agus trialacha cliniciúla, amhail staidéir ríthábhachtacha ar shubstaintí a bhfuil gealladh fúthu, le rannpháirtíocht fhiúntach agus ardcháilíochta othar PASC chun tosaíochtaí taighde a ailíniú le riachtanais othar; ag moladh acmhainní leordhóthanacha chun cóireálacha leormhaithe a dhearadh agus a fhorbairt;

210. á iarraidh ar na Ballstáit tacaíocht a éascú, lena n-áirítear teilileigheas, seirbhís cúraim othar seachtrach atá bunaithe sa bhaile agus cuairteanna baile dochtúirí do theaghlaigh nó do dhaoine a bhfuil ualach dúbailte orthu maidir le hobair agus aire a thabhairt do leanbh, do dhéagóir nó do thuismitheoir, agus do dhaoine atá gafa sa teach nó atá gafa sa leapa a bhfuil dianriachtanais chúraim acu, amhail airíonna ginearálta a d'imigh in olcas tar éis dua fisiciúil;

211. ag aithint a thábhachtaí atá clinicí ildisciplíneacha othar seachtrach deimhnithe agus ionaid athshlánaithe d'othair PASC ar fud thíortha an Aontais lena gcuirtear riachtanais shonracha na n-othar PASC san áireamh, lena n-áirítear airíonna a d'imigh in olcas tar éis dua fisiciúil, i measc nithe eile, agus lena gcuirtear an fhianaise is déanaí i bhfeidhm; á mholadh go bhforbrófaí cláir oideachais spriocdhírithe san earnáil leighis agus feachtais feasachta poiblí ar mhórscála maidir le PASC a bheith ann mar ghalar tromchúiseach chun stiogma a laghdú; ag tabhairt dá haire go bhfulaingíonn mná i bhfad níos minice ó PASC agus go bhfuil an baol ann go háirithe go ndéanfar mídhiagnóis orthu mar thinneas síceasómatach, rud nach bhfuil ach a stiogmatú ach a bhféadfadh cóireáil dhíobhálach a bheith mar thoradh air freisin;

212. ag tathant ar AE agus ar a Bhallstáit aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist atá aitheanta le

fada maidir le mídhiagnóisiú na n-othar a bhfuil PASC, Siondróim Iar-Vacsaíne agus ME/CFS orthu mar othair shíceasómatacha;

213. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur chuir siomptóim éadroma le níos lú tástálacha diagnóiseacha agus, dá bhrí sin, cuireadh le líon níos lú cásanna de COVID-19 a bhrath i leanaí; á iarraidh go ndéanfaí clárlann leanaí agus déagóirí a bhfuil siomptóim COVID-19 orthu, mar aon le hobair leantach iomchuí chun éifeachtaí an ghalair a íoslaghdú;

214. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit nach féidir beag is fiú a dhéanamh d'ionfhabhtuithe PASC i leanaí, go háirithe an baol go bhforbrófar míchumas fadtéarmach, trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais speisialta oideachais agus forbartha agus trí struchtúir tacaíochta a fhorbairt amhail scolaíocht bhaile;

215. ag tathant ar AE agus ar a Bhallstáit iarmhairtí fadtéarmacha a mheas agus cinneadh á dhéanamh maidir le bearta nó deireadh a chur le srianta, go háirithe do na pobail is leochailí;

216. á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh taighde chun na bunchúiseanna, minicíocht agus roghanna cóireála is fearr do PASC a chinneadh, lena n-áirítear COVID fadmharthanach, géarshiondróm iar-COVID-19, Siondróim Iar-Vacsaíne agus PAIS eile agus na hiarmhairtí fadtéarmacha amhail ME/CFS a fhorbairt, agus taithí agus cuir chuige a mhalartú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar a n-éifeachtaí;

217. á iarraidh go mbunófaí líonra saineolaithe AE maidir leis na galair sin le córais faireachais chomhordaithe, lena n-áirítear sonraí arna n-imdhealú de réir foghrúpaí éagsúla ó gach Ballstát, lena n-áirítear sna Réigiúin is Forimeallaí agus sna Tíortha agus na Críocha thar lear, agus úsáid á baint as cásanna agus modheolaíochtaí atá sainithe go comhsheasmhach agus lena gcuimseofar tionchar na gcoinníollacha sin ar an tsláinte, ar an bhfostaíocht agus ar an ngeilleagar;

218. ag cur béim ar an ngá atá le cistiú breise agus glaonna tosaíochta ar thionscadail atá dírithe ar thaighde bithleighis maidir le PASC agus go dtabharfaí aitheantas níos fearr do PASC, lena n-áirítear taighde maidir le héifeachtaí díobhálacha vacsaínithe ar leibhéal na mBallstát;

219. á iarraidh ar an gCoimisiún cistiú ó Fhís Eorpach a úsáid le haghaidh taighde tiomnaithe spriocdhírithe PASC agus díriú ar chomhar leis an tionscal cógaisíochta agus leis an gComhpháirtíocht Eorpach um Ghalair Neamhchoitianta chun taighde maidir le COVID fadmharthanach a mhaoiniú;

220. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cúnamh agus tacaíocht leormhaith a chur ar fáil do dhaoine atá ag fulaingt ó PASC, lena n-áirítear othair a bhfuil Siondróim Iar-Vacsaíne orthu; á iarraidh ar na Ballstáit tacaíocht iomchuí a chur ar fáil dóibh siúd a ndearnadh difear dá saol laethúil nó dá gcumas oibre chun PASC mar sháinn na bochtaineachta a mhaolú;

221. ag aithint an gá atá le hoideachas agus le hoiliúint leighis fheabhsaithe do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a oibríonn le PASC agus le ME/CFS a chuimsiú laistigh den Líonra Tagartha Eorpach le haghaidh Galair Néareolaíocha Neamhchoitianta;

222. ag tathant ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar mhonaróirí a bheith trédhearcach maidir leis na fo-iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag vacsaíní, lena n-áirítear fo-iarmhairtí aitheanta arna sainaithint ag EMA, agus cumarsáid a dhéanamh ina leith sin, chomh maith le tairbhí agus éifeachtúlacht vacsaínithe, lena gcoisctear na milliúin bás agus dianghalar cliniciúil, ar bhealach comhsheasmhach, cuimsitheach agus comhordaithe, lena ráthaítear sábháilteacht othar, trína iarraidh ar EMA, i measc nithe eile, treoirlínte a fhoilsiú maidir le vacsaíní a spreagadh chun éifeachtaí díobhálacha a sheachaint;

223. á chur in iúl go bhfuil sí deimhin de gurb í trédhearcacht iomlán, aitheantas ar éifeachtaí díobhálacha agus dlúthpháirtíocht le hothair an bealach is fearr chun dul i ngleic leis an drogall roimh vacsaíní, leis an mífhaisnéis agus leis an mbréagaisnéis;

224. ag tabhairt dá haire céatadán ard na n-othar atá lagaithe maidir le himdhíonacht in Aonaid Dianchúraim le linn na paindéime agus á chur in iúl gur oth léi nár tugadh aird leordhóthanach ar iarmhairtí na paindéime orthu, ós rud é nár comhtháthaíodh bearta spriocdhírithe go córasach i bhfreagairt AE; á mheabhrú go raibh othair atá lagaithe maidir le himdhíonacht agus othair a bhfuil galair neamhtheagmhálacha orthu i measc na n-othar is mó a raibh tionchar le linn na paindéime, ós rud é go raibh siad i mbaol níos mó siomptóim thromchúiseacha a fhorbairt ó COVID-19, agus gur íoc siad go daor as ar deireadh ó thaobh básanna de;

225. á thabhairt chun suntais gur fhulaing othair a bhfuil galair theagmhálacha agus galair neamhtheagmhálacha acu iarmhairtí tromchúiseacha dá sláinte mar gheall ar mhoilleanna agus ar chur isteach ar thástálacha diagnóiseacha agus ar chóireálacha, go háirithe maidir le VEID, galair ghnéas-tarchurtha, eitinn, heipitíteas, ailse, galair chardashoithíocha, diaibéiteas agus galair neamhchoitianta; á chur i bhfáth gur tháinig laghdú ar sheansanna fadsaoil, aimhréidheanna sláinte agus meath breise ar cháilíocht na beatha d'othair mar thoradh ar rochtain mhoillithe ar chúram sláinte;

226. ag aithint go gcumhdaítear daoine aonair le hiarmhairtí na n-éigeandálaí sláinte; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit straitéisí agus gníomhaíochtaí a cheapadh go pras chun othair shoghabhálacha a chosaint le linn géarchéimeanna sláinte poiblí;

227. ag cur béim ar an bhfíoras go raibh éifeachtaí tubaisteacha ag paindéim COVID-19 ar othair ailse ar fud na hEorpa, ós rud é gur thuairiscigh tíortha gurb í an scagthástáil ailse an tseirbhís ba mhó ar cuireadh isteach orthu, le moilleanna ar sheirbhísí diagnóiseacha, cóireála, cúraim agus marthanais d'othair ailse, rud a chruthaíonn iarmhairtí fadtéarmacha agus tionchair fhadtéarmacha ar othair a bhfuil ailse mheiteastáiseach agus aibithe orthu, toisc go mbíonn diagnóisiú ailse ag céim níos déanaí mar thoradh ar dhiagnóisiú curtha siar, rud a fhágann go bhfuil cóireáil níos casta agus níos costasaí agus go laghdaítear dóchúlachtaí marthanais;

228. ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú ar scagthástáil agus diagnóisí ailse le linn na paindéime mar thoradh ar chur isteach ar sheirbhísí cúraim sláinte agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil toradh dosheachanta ar chur isteach ar scagthástáil ailse agus ar dhiagnóisí curtha siar go ndéantar ailse a dhiagnóisiú ag céim níos déanaí, rud a fhágann go bhfuil cóireáil níos casta agus níos costasaí agus go laghdaítear dóchúlachtaí

marthanais[45];

229. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur cuireadh isteach ar sheirbhísí do ghalair theagmhálacha agus do ghalair neamhtheagmhálacha mar gheall ar chealú cúraim roghnaigh, dúnadh na gclár scagtha, dianghlasálacha an rialtais nó an iompair phoiblí a chuireann bac ar rochtain ar shaoráidí sóisialta agus sláinte, easpa foirne agus easpa bhonneagar leighis;

230. ag aithint a thábhachtaí atá cáilíocht an aeir do shláinte an duine agus ag moladh go ndéanfaí caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a ailíniú le treoirlínte EDS;

231. á chur i bhfáth gur gá faireachán agus taighde a dhéanamh ar éifeachtaí a bheadh ag an suaitheadh ar sheirbhísí leighis do ghalair theagmhálacha agus do ghalair neamhtheagmhálacha agus dea-chleachtais shainaitheanta a bhailiú chun a áirithiú go leanfar de na seirbhísí sin le linn éigeandáil sláinte poiblí; á iarraidh go nglacfaí straitéis AE chun na tionchair a bhíonn ag bagairtí tromchúiseacha sláinte ar dhaoine a raibh tionchar ag galair theagmhálacha agus galair neamhtheagmhálacha agus dálaí eile orthu a réamh-mheas agus faireachán a dhéanamh orthu;

232. á mheabhrú, le linn phaindéim COVID-19, go raibh baol méadaithe ag mná atá in aois oibre go ndéanfaí COVID-19 a tholgadh, gur dóichí go ndéanfaí diagnóisiú ródhéanach orthu i gcás cásanna tromchúiseacha COVID-19 agus gur dhócha, dá bhrí sin, go bhfaigheadh siad bás;

233. á aithint gur tháinig méadú ar an rómheáchan agus ar an murtall i measc leanaí agus déagóirí le linn na paindéime agus go bhfuil baol méadaithe ann go mbeidh torthaí tromchúiseacha sláinte COVID-19 ann do dhaoine a bhfuil murtall orthu; á chur in iúl gurb oth léi nár thug na Ballstáit tosaíocht leordhóthanach do bheartais chun murtall agus comhghalrachtaí a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu;

234. á thabhairt faoi deara gur thug formhór na dtíortha a chuir seirbhísí galar neamhtheagmhálach san áireamh sna pleananna náisiúnta COVID-19 tús áite do sheirbhísí do na ceithre phríomhghalair neamhtheagmhálacha: seirbhísí galair cardashoithíghh, seirbhísí ailse, seirbhísí diaibéiteis agus seirbhísí galair riospráide ainsealaigh; á thabhairt chun suntais go bhfuil meabhairshláinte aitheanta mar réimse tosaíochta ag roinnt tíortha;

235. á thabhairt chun suntais go dtéann cógas comhtháiteach atá aitheanta go heolaíoch agus atá formheasta ag na húdaráis sláinte poiblí chun tairbhe d’othair i dtaca leis na héifeachtaí a ghabhann le galair éagsúla, ar nós ailse, agus lena gcóireáil; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé rochtain ar chúram leighis lánpháirtithe a choinneáil agus cur chuige atá dírithe ar an othar a fhorbairt agus pleananna éigeandála á sainiú chun freagairt d’éigeandálaí sláinte chun leanúnachas cúraim d’othair agus cáilíocht saoil níos fearr a áirithiú;236. á aithint gur chuir srianta agus dianghlasáil le borradh faoi shaincheisteanna meabhairshláinte a raibh tionchar díréireach acu ar mhná, ar dhaoine faoi mhíchumas, ar dhaoine óga, ar leanaí, ar dhaoine scothaosta, ar dhaoine aonair atá lagaithe maidir le himdhíonacht, ar a gcúramóirí, agus ar ghrúpaí eile daoine

[45] ECFE/AE, ‘Sracfhéachaint ar an tSláinte: Eoraip 2022: Staid na Sláinte i dTimthriall an Aontais Eorpaigh’, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, 2022.

a bhfuil scaradh sóisialta acu, agus á chur i bhfios go láidir gur cheart iad sin a bheith ina rogha dheiridh;

237. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na bearta a rinne na Ballstáit éagsúla chun ráig COVID-19 a shrianadh éagsúil óna chéile agus, dá bhrí sin, an difríocht idir na héifeachtaí ar leanaí a léiriú, agus é mar aidhm leis sin dea-chleachtais a fhorbairt chun an díobháil do leanaí a laghdú le linn paindéimí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo;

238. á chur in iúl gur geal léi gealltanas an Choimisiúin straitéis meabhairshláinte uilechuimsitheach a thíolacadh faoin dara ráithe de 2023, mar fhreagairt ar chonclúidí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa;

239. á thabhairt chun suntais go bhfuil an mheabhairshláinte aitheanta mar réimse tosaíochta agus ag tathant ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta nithiúil agus straitéis meabhairshláinte a fhorbairt, a théann níos faide ná a thionscnamh 'Níos Sláintiúla Le Chéile' agus lena dtugtar aghaidh ar iarmhairtí fadtéarmacha phaindéim COVID-19 ar an meabhairshláinte phoiblí;

240. á chur i bhfáth go bhfuil gá le straitéis mheabhairshláinte ar leibhéal an Aontais a d'fheidhmeodh mar chóras tacaíochta do na Ballstáit; á iarraidh ar rialtais na mBallstát tosaíocht a thabhairt don mheabhairshláinte;

241. á chur in iúl gur oth léi gur tharla céimeanna ar gcúl leis na gnáthfheachtais vacsaínithe agus gur nochtadh leis an bpaindéim leochaileacht na gcóras imdhíonta ar fud an domhain, rud is cúis imní dó faoi ráigeanna galar inchoiscthe trí vacsaíniú amach anseo;

242. ag aithint a thábhachtaí atá sé leanúint de chláir vacsaínithe náisiúnta agus iad a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir gur beart sláinte poiblí cost-éifeachtach é gnáthvacsaíniú;

243. á mheabhrú, cé gur saincheist sláinte seanbhunaithe leanúnach í paindéim COVID-19 nach éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní idirnáisiúnta í a thuilleadh, nach mór do AE agus dá Bhallstáit a bheith ar an airdeall i gcónaí maidir le rochtain chomhionann ar vacsaíní riachtanacha tarrthála a áirithiú ar an leibhéal domhanda; á aithint gur rannchuidigh an bhréagaisnéis le céimeanna ar gcúl leis an vacsaíniú agus á iarraidh go dtabharfadh institiúidí an Aontais, na Ballstáit, agus ardáin ar líne freagairt chomhordaithe maidir le cur i gcoinne na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise;

*d) Aon Sláinte Amháin*

244. á thabhairt chun suntais go bhfuil galair thógálacha zónóiseacha atá ag teacht chun cinn ag éirí níos coitianta, agus gur galair zónóiseacha iad 75 % de ghalair thógálacha an duine; á áitiú gur léir ó COVID-19 go bhfuil sláinte an duine, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus sláinte an chomhshaoil fite fuaite ina chéile agus gur gá aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach comhsheasmhach agus iomlánaíoch, ag cloí go hiomlán le cur chuige na hAon Sláinte Amháin;

245. á iarraidh ar AE an tAon Sláinte Amháin, mar atá sainithe ag EDS, a chomhtháthú ina bheartais sláinte poiblí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le hathruithe ó bhonn

ar fud na sochaí; á thabhairt chun suntais gur gá eolas sa réimse sin a leathnú tuilleadh agus taighde eolaíoch poiblí a chur chun cinn chun tuiscint níos fearr agus léiriú níos fearr a fháil ar na hidirthuilleamaíochtaí idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus sláinte an chomhshaoil trí chur chuige ilearnálach, trasdisciplíneach agus comhtháite a úsáid; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an bhagairt go bhfuil méadú ag teacht ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR) agus á thabhairt chun suntais go bhfuil AMR ar cheann de na príomhchúiseanna báis ar fud an domhain; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé gníomhú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal náisiúnta araon chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin le bearta nithiúla, lena n-áirítear bearta reachtacha agus rialála agus beartais sláinte poiblí;

246. á mheabhrú go n-áirítear ar bhunchúiseanna paindéimí na hathruithe comhshaoil domhanda céanna as a n-eascraíonn cailliúint na bithéagsúlachta agus géarchéim an athraithe aeráide agus gur féidir riosca na paindéime a ísliú go suntasach trí laghdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí daonna a spreagann cailliúint na bithéagsúlachta, truailliú agus téamh domhanda;

247. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar ECDC pleananna faireachais a thabhairt isteach maidir le bagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear bailiú sonraí comhordaithe agus córasach agus taighde oibríochtúil agus iompraíochta, agus measúnuithe riosca a chur i gcrích ar na cúiseanna, na próisis agus na conairí le haghaidh teacht chun cinn, leathadh agus marthanacht galar zónóiseach, agus éiceachórais slána, athléimneacha agus sláintiúla a thréithriú agus a n-éifeacht ar ghalair a chosc, lena n-áirítear faireachas fiadhúlra, sainaitheantas na pataigine agus chun tacú leis na Ballstáit maidir le cur chun feidhme;

248. á iarraidh ar an gCoimisiún anailísí eacnamaíocha a dhéanamh chun costais agus tairbhí na n-idirghabhálacha coisctheacha a chainníochtú chun freagairt don riosca ó ghalair zónóiseacha atá ag teacht chun cinn agus úsáid a bhaint as na torthaí chun tacú le maoiniú inbhuanaithe sna hidirghabhálacha sin, agus athbhreithniú cuimsitheach ar iarrachtaí ECDC agus HERA ar leibhéal an Aontais maidir leis na bagairtí H5N1 agus bolgaí moncaí atá ar siúl faoi láthair;

249. á chur i bhfios go láidir go gciallaíonn príomhshruthú na hAon Sláinte Amháin a bheith in ann bagairtí sláinte domhanda a chosc, a thuar, ullmhú dóibh, iad a bhrath agus freagairt dóibh ar an leibhéal domhanda, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus á mholadh go mbeidh cur chuige na hAon Sláinte Amháin ina threoirphrionsabal i ngach tionscnamh agus beart maidir leis an tsláinte phoiblí agus i gcláir ullmhachta paindéime, agus á chur i bhfáth go bhfuil gá le gníomhaíochtaí ullmhachta paindéime, lena n-áirítear rialú veicteora le haghaidh zónóise atá ag teacht chun cinn;

250. á thabhairt chun suntais gur mó costas na neamhghníomhaíochta ná an costas a bhaineann le straitéisí domhanda a chur chun feidhme chun paindéimí a chosc;

251. á iarraidh go mbunófaí tascfhórsa trasghníomhaireachta Eorpach ‘Aon Sláinte Amháin’ chun taighde trasdisciplíneach agus comhairle eolaíoch trasearnála a chur chun cinn;

252. ag tathant go líonfaí na bearnaí reatha san eolas eolaíoch chun an baol a bhaineann le galair zónóiseacha a laghdú trí thaighde ar an leibhéal Eorpach a chomhordú agus trí

chomhoibriú a éascú i measc réimsí eolaíochta;

253. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cosaint gnáthóige agus laghdú ar chomhéadain idir daoine agus an fiadhúlra chun leathadh galar zónóiseach a theorannú; á iarraidh ar an gCoimisiún beartais agus reachtaíocht Aon Sláinte Amháin a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar ghalair eindéimeacha zónóiseacha, trópaiceacha agus veicteoir-iompartha a ndéantar faillí orthu laistigh de Chonradh Paindéime EDS;

254. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le Conradh Paindéime EDS chun córais faisnéise eipidéime réamh-mheastacha chomhoibríocha a fhorbairt (ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda) chun comhéadain ardriosca agus teophointí iarmharta a shainaithint, lena n-ionchorpraítear sonraí ábhartha comhshaoil agus aeráide agus sonraí maidir le taiscumair agus speicis veicteoireacha a bhunú i limistéir gheografacha nua agus córas comhchuibhithe a chur ar bun ar fud an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar pharaiméadair sláinte poiblí lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar fhuíolluisce uirbeach le haghaidh éigeandálaí sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann;

255. á chur in iúl gur geal léi an Plean Comhpháirteach Gníomhaíochta 'Aon Sláinte Amháin' a sheol an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta, Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, EDS agus an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe agus á chur i bhfios go láidir an ról tábhachtach atá ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit maidir leis an gcur chuige 'an tsláinte a chuimsiú i ngach beartas' a chomhordú agus tacú leis; á mheas gur cheart go gcuimseodh cur chun feidhme an chur chuige 'Aon Sláinte Amháin' roinnt céimeanna bunriachtanacha, amhail leas a bhaint as taighde, agus oiliúint thrasdisciplíneach nuálach a chruthú do ghairmithe leighis agus do chinnteoirí;

256. á mheabhrú a thábhachtaí atá sláinte ainmhithe, go háirithe i ngníomhaíochtaí beostoic agus ainmhithe feirme agus gur féidir le drochdhálaí sláinte beostoic agus bearnaí i rialuithe sláintíochta an baol a bhaineann le galair zónóiseacha a ardú; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di teacht chun cinn agus leathadh galar zónóiseach atá ag éirí níos minice, ar galair iad atá níos measa mar gheall ar an athrú aeráide, díghrádú comhshaoil, athruithe ar úsáid talún, dífhoraoisiú, scriosadh na bithéagsúlachta agus gnáthóga nádúrtha agus brú orthu, trádáil neamhdhleathach in ainmhithe fiáine, agus patrúin neamh-inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais bia; á thabhairt chun suntais gur bealach é sláinte ainmhithe a fheabhsú chun sláinte an duine a fheabhsú agus á iarraidh go ndéanfaí faireachán, faireachas agus foláireamh i bhfeirmeoireacht ainmhithe agus i mbeostoc chun teagmhais zónóiseacha a chosc;

*e) Conclúidí agus moltaí*

I) CÓRAIS AGUS SEIRBHÍSÍ SLÁINTE

257. á mholadh don Aontas agus dá Bhallstáit chun pacáiste Aontas Sláinte na hEorpa a chur chun feidhme, clár oibre buan don tsláinte a fhorbairt agus féachaint ar chúram sláinte mar infheistíocht; á iarraidh go neartófaí seirbhísí sláinte bunúsacha, go háirithe cúram príomhúil, atá ar fáil do chách gan idirdhealú, agus sláinte, oideachas agus litearthacht a chur chun cinn chun staid sláinte an phobail i gcoitinne a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs phacáiste an aontais sláinte, bearta reachtacha agus rialála a thíolacadh chun seirbhísí cúraim sláinte bunúsacha íosta agus íoschaighdeáin do chúram

sláinte ardcháilíochta a shainaithint agus chun iad a áirithiú don uile dhuine san Aontas;

258. á iarraidh go mbeadh pacáiste tiomanta infheistíochta ann chun earnáil cúraim agus geilleagar cúraim an Aontais a chur chun cinn agus chun comhordú a áirithiú i measc na gclár agus na dtionscnamh éagsúil lenar féidir cur chun feidhme na straitéise éifeachtaí um chúram a áirithiú;

259. á chur i bhfáth go bhfuil gá le breis comhair Eorpaigh agus idirnáisiúnta chun an faireachas eipidéimeolaíoch a dhéanamh trí chur chun feidhme na bpleananna éigeantacha le haghaidh faireachais, faireacháin, foláirimh agus ullmhachta, i ndáil le bagairtí ar an tsláinte phoiblí, treochtaí sláinte poiblí atá ag teacht chun cinn, galair theagmhálacha agus imeachtaí zónóiseacha, agus idir-inoibritheacht sonraí sláinte ar fud na hEorpa, lena n-áirítear na Réigiúin is Forimeallaí agus na Tíortha agus na Críocha thar lear mar a cheanglaítear leis an rialachán maidir le bagairtí sláinte trasteorann;

260. á chur i bhfios go láidir chun na críche sin a thábhachtaí atá comhroinnt faisnéise idir na Ballstáit agus údaráis AE, idir-inoibritheacht córas faisnéise, uirlisí nua agus taighde chun taighde idirdhisciplíneach agus eolaíochtaí daonna agus sóisialta a neartú maidir le tionchar paindéimí agus bearta neamhchógaisíochta;

261. á iarraidh go gcoinneofaí gníomhaíochtaí bailithe sonraí agus faireachais COVID-19 chun aon bhagairt a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar an tsláinte phoiblí ó leathadh an ghalair a mhaolú agus chun ardán uile-Aontais maidir le faireachas agus seicheamhú géanómaíoch a bhunú go práinneach, agus go gcuirfí córais iomchuí foláirimh i bhfeidhm chun iad a chur ar fáil do chliniceoirí agus do thaighdeoirí;

262. á iarraidh go ndéanfaí infheistíocht chun cur leis an anailís atá ann cheana ar shonraí sláinte chun freagraí a fháil ar cheisteanna amhail feidhmiú na himdhíonachta nádúrtha, rátaí ionfhabhtaithe agus déine na bhfachtóirí togracha;

263. á iarraidh go gcuirfí feabhas ar threoir AE maidir le cásanna ina ndéantar seirbhísí cúraim sláinte a chur ar fionraí, a scálú siar nó a atreorú go sealadach, ionas go mbeifear in ann othair tosaíochta a shainaithint, go háirithe othair a bhfuil scrúdú fisiceach de dhíth orthu agus nach féidir leo tairbhe a bhaint as an teilileigheas;

264. á iarraidh go mbeadh acmhainneacht fheabhsaithe ann chun pearsanra cáilithe, trealamh agus ábhair sláintíochta a áirithiú, chomh maith le bonneagar leighis chun freagairt do riachtanais shonracha chóireála na n-othar sin;

265. á iarraidh go ndéanfaí seirbhísí riaracháin a dhigitiú tuilleadh in earnáil na sláinte agus, i gcás inarb iomchuí agus inarb indéanta, go n-úsáidfí seirbhísí cúraim sláinte ar líne, agus bearta iomchuí á ndéanamh ag an am céanna chun sonraí pearsanta a chosaint agus cibear-athléimneacht na gcóras sláinte náisiúnta agus a mbonneagar a áirithiú;

266. á iarraidh go n-úsáidfí seirbhísí cúraim sláinte ar líne chun an tsláinte a chur chun cinn, a chosc agus a chóireáil, agus leibhéal leordhóthanach scileanna digiteacha á áirithiú ag an am céanna do na hoibrithe, do na gairmithe agus do na cúramóirí lena mbaineann;

267. á iarraidh ar na Ballstáit oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil a chur ar fáil d’oibrithe cúraim sláinte, i gcomhréir le reachtaíocht AE atá ann cheana, lena n-áirítear

oiliúint maidir le faireachas paindéime agus bainistiú géarchéime, agus béim á leagan ar fholláine agus ar shábháilteacht oibrithe cúraim sláinte, agus a áirithiú go n-aithneofar a scileanna agus go bhfeabhsófar a ndálaí oibre, lena n-áirítear luach saothair leormhaith;

268. ag aithint go raibh tionchar ag an easpa cistiúcháin agus infheistíochta poiblí ar obair, ar shláinte fhisiciúil agus ar mheabhairshláinte oibrithe cúraim sláinte; ag cur béim ar a thábhachtaí atá bearta coisctheacha agus cosanta do shláinte fhisiciúil agus mheabhrach na n-oibrithe, chomh maith le bearta cosanta eile nuair is gá, lena n-áirítear vacsaíní; ag tathant ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar ghairmeacha cúraim sláinte, amhail altraí agus cúramóirí, agus ar an mbearna phá idir na hinscní i ngairmeacha cúraim sláinte, agus bearta a mholadh go pras i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, agus na bearta arna moladh ag Parlaimint na hEorpa ina rún an 5 Iúil 2022 i dtreo comhghníomhaíocht Eorpach ar chúram á gcur san áireamh[46];

269. á iarraidh ar an gCoimisiún treoir a mholadh maidir le rioscaí síceasóisialta ag an obair chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun dálaí oibre gairmithe sláinte agus cúraim a fheabhsú; á iarraidh, dá bhrí sin, ar na Ballstáit clár oibre beartais fadtéarmach, meántéarmach agus gearrthéarmach a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas oibrithe cúraim sláinte;

270. á chreidiúint nach mór tús áite a thabhairt don mheabhairshláinte i bpacáiste aontas sláinte AE agus á chreidiúint gur cheart an nasc idir an mheabhairshláinte agus an tsláinte choirp a aithint agus a léiriú sa phacáiste; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim mheabhairshláinte de dheasca phaindéim COVID-19, go háirithe i measc daoine óga agus leanaí agus á iarraidh go mbeadh straitéis sláinte chuimsitheach AE ann lena ndíreofar ar mheabhairshláinte na hóige agus lena gcomhtháthófar gníomhaíochtaí do na grúpaí sóisialta uile, go háirithe na grúpaí is leochailí; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na tionchair ar an tsláinte mheabhrach a chur san áireamh ina gcuid oibre ar ghéarchéimeanna sláinte agus ar phaindéim práinnfhreagartha agus ar ullmhacht;

271. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cúram sláinte meabhrach a chomhtháthú le cúram fisiciúil, cultúr agus ealaíon agus gníomhaíochtaí fóillíochta eile lena gcuirtear cúram éifeachtach, fianaisebhunaithe agus dírithe ar chearta an duine ar fáil, agus raon feidhme na seirbhísí atá ar fáil a leathnú chun rochtain níos fearr ar chóireáil a chumasú; ag tathant go ndéanfaí infheistíocht mhéadaithe i dtacaíocht agus i seirbhísí meabhairshláinte pobalbhunaithe, chomh maith le rochtain fheabhsaithe ar chúram sláinte meabhrach laistigh de na córais sláinte náisiúnta; ag aithint thionchar na n-ealaíon ar an tsláinte agus ar an bhfolláine, lena gcuimsítear an mheabhairshláinte, agus ról na n-ealaíon i bhfreagairtí paindéime san Aontas;

272. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na Ballstáit a gcórais sláinte a mhaoiniú go cuí, chun a n-athléimneacht láithreach agus fhadtéarmach a áirithiú trí infheistíocht a dhéanamh sa lucht saothair cúraim sláinte, trialacha cliniciúla, oideachas sláinte poiblí agus bonneagar sláinte criticiúil, uirlisí, struchtúir, próisis agus acmhainneacht saotharlainne, agus á iarraidh go soláthrófaí seirbhísí cúraim ardcháilíochta, inrochtana agus inacmhainne;

[46] IO C 47, 7.2.2023, lch. 30.

273. ag tathant ar an gCoimisiún plean éigeandála a chur chun feidhme chun faireachas cógas a neartú ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal na hEorpa chun tacú le mearchumais bailithe agus próiseála sonraí áitiúla, le hearcaíocht bhreise laistigh d'fhoirne náisiúnta, le próiseáil fheabhsaithe fógraí spontáineacha agus le cur chun feidhme faireachais cógas ghníomhaigh;

II) CONARTHAÍ AGUS CAIBIDLÍOCHT

274. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le hullmhacht níos fearr i nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh do chógais agus do tháirgí leighis, agus barrachais á seachaint ag an am céanna, i bhfianaise dhothuarthacht na bpaindéimí; á thabhairt chun suntais gur gá trédhearcacht a áirithiú fiú i gcásanna géarchéime nuair nach bhfuil mórán ama ann, chun maoirseacht dhaonlathach a ráthú agus muinín na saoránach as institiúidí poiblí, lena n-áirítear institiúidí AE, a fheabhsú;

275. ag aithint a thábhachtaí atá ról grinnscrúdaithe na Parlaiminte agus á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar thrédhearcacht sa chaibidlíocht ar chonarthaí soláthair chomhpháirtigh; á mholadh go bhfoghlaimeofaí ó thionscnaimh chomhpháirteacha soláthair chun moilleanna seachadta, praghsanna arda gan údar agus barrachas vacsaíní agus frithbhearta leighis a chosc agus chun a áirithiú go bhfanfaidh dliteanas táirgí go hiomlán leis na monaróirí; ag tathant go mbunófaí rialacha soiléire maidir le caibidlíochtaí a dhéanamh leis na cuideachtaí chun barrachas vacsaíní agus frithbhearta leighis a sheachaint agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá conarthaí soláthair vacsaíní amach anseo lena seachnófar monaplachtaí agus/nó olagaplachtaí, lena n-áiritheofar punann éagsúil de vacsaíní chun cosaint níos fearr a thabhairt do shaoránaigh na hEorpa;

276. ag tathant go gcuirfí feabhas ar nósanna imeachta comhchoiteanna agus comhpháirteacha soláthair i gcásanna éigeandála agus go mbeadh cur chuige níos comhordaithe ann, lena bhféadfaí conarthaí a oiriúnú;

277. á áitiú go mbeadh prionsabail maidir le praghsáil chothrom, trédhearcacht agus toradh cothrom ar infheistíocht phoiblí le haghaidh réamhcheannach, agus gur cheart conarthaí a oiriúnú do bhagairtí athraitheacha agus do riachtanais phoiblí; á éileamh go mbeadh liosta soiléir critéar ann maidir le soláthar comhpháirteach;

278. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go n-urramófar na rialacha atá ann cheana, mar a fhoráiltear dóibh i reachtaíocht an Aontais, chun táirgí ardcháilíochta a áirithiú, agus nach mbeidh aistriú dliteanais ó mhonaróirí chuig na Ballstáit ina chleachtas caighdeánach;

279. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go bhforáiltear leis an gComhaontú um Sholáthar Comhpháirteach do chlásal eisiachais faoi chuimsiú cheannach vacsaín COVID-19 agus, ar an gcaoi sin, go gcosnófaí an seasamh caibidlíochta agus go gcosnófaí slándáil an tsoláthair san Aontas agus á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaidh monaróirí a bhaineann tairbhe as cistiúcháin AE tuairisciú go rialta maidir leis an gcaoi a gcaitear na cistí sin;

III) INFHAIGHTEACHT AR FHRITHBHEARTA LEIGHIS

280. á mholadh go mbunódh an tAontas córais leordhóthanacha chun cistiú cuí i mbaol a chur ar fáil do mhonaróirí i gcás géarchéim sláinte poiblí, chun tacú le forbairt agus táirgeadh na bhfrithbheart leighis ábhartha, chun cabhrú le monaróirí táirgeadh a oiriúnú agus a mhéadú go tapa, chun suaitheadh agus ganntanais cógas, feistí leighis, teicneolaíochta agus seirbhísí sláinte a sheachaint, mar shampla trí tháillí áirithinte i gconarthaí soláthair chomhpháirtigh, a d'fhéadfadh a bheith ina gcabhair go háirithe do FBManna, agus gur cheart do shásraí den sórt sin a bheith trédhearcach agus ag brath ar fhormheas agus athbhreithniú ag comhlachtaí reachtacha;

281. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit straitéis stoc-charntha inbhuanaithe shoiléir a bhunú, agus é mar aidhm leis sin stoc-chairn leighis AE agus náisiúnta comhlántacha a fhorbairt le haghaidh ullmhacht agus freagairt paindéime, agus dramhaíl a sheachaint ag an am céanna;

282. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfí an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht ghinearálta chógaisíochta le tuiscint mhaith ar na bunchúiseanna atá le ganntanais cógas leighis; á thabhairt chun suntais gur gá slabhra soláthair éagsúlaithe agus plean maolaithe riosca a bheith ag tionscal cógaisíochta an Aontais chun dul i ngleic le haon leochaileachtaí agus rioscaí don slabhra soláthair, ar cheart, más féidir, iad a bheith lonnaithe laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus ceangal a chur ar chuideachtaí cógaisíochta leibhéil leordhóthanacha stoc sábháilteachta a bheith acu agus fógra luath a sholáthar maidir le ganntanais cógas, agus ceanglais trédhearcachta sa slabhra soláthair agus bearta coisicthe riosca mar thaca leo; á athdhearbhú gur gá slándáil an tsoláthair a fheabhsú trí fhógra níos luaithe a thabhairt faoi ghanntanais, trí oibleagáidí níos déine maidir le soláthar agus trédhearcacht, trí thrédhearcacht fheabhsaithe stoc agus trí fheabhas a chur ar chomhordú agus ar shásraí an Aontais chun ganntanais a bhainistiú agus a sheachaint;

283. ag tacú le neartú na n-acmhainneachtaí táirgeachta atá ann cheana sna Ballstáit, agus ag an am céanna an tionscal cógaisíochta a chur ar bun sa bhaile an athuair nuair is gá chun aghaidh a thabhairt ar spleáchais mhóra; ag cur béim ar an ngá atá le plean maolaithe riosca maidir le cógais leighis a shainmhínítear mar chógais chriticiúla;

284. á chreidiúint gur cheart go n-éascódh na Tionscadail ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) maidir leis an tsláinte forbairt teicneolaíochtaí agus próiseas táirgthe atá nuálach agus níos glaise le haghaidh monarú drugaí, teiripí géine agus ceall agus nuálaíocht i gcóireálacha straitéiseacha;

285. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú, sa bhreis ar vacsaíní COVID-19, go mbeidh táirgí teiripeacha éifeachtacha COVID-19 inrochtana do gach céim den dul chun cinn galar, chun téarnamh níos tapúla a cheadú agus chun básmhaireacht a laghdú;

IV) SLABHRAÍ SOLÁTHAIR

286. á mholadh gur cheart forálacha níos láidre a bhaineann le briseadh soláthair a chur chun cinn i gconarthaí amach anseo maidir le soláthar táirgí leighis; á iarraidh go ndéanfaí spleáchais ardriosca a bhrath agus acmhainneachtaí táirgeachta a bhunú do tháirgí gaolmhara san Aontas agus go bhforbrófaí acmhainneachtaí táirgeachta san Eoraip le haghaidh comhábhair ghníomhacha, támháin agus táirgí coimhdeacha bunriachtanacha;

287. á chreidiúint gur cheart do AE a spleáchas ar chomhpháirtithe trádála a laghdú agus gníomhú go cinntitheach chun ganntanais drugaí a chosc; á iarraidh ar EMA leochaileachtaí sa slabhra soláthair a bhaineann leis an gcóras Eorpach chun táirgí leighis agus comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a fhoinsiú ó lasmuigh den Eoraip a leagan amach;

288. á chreidiúint gur cheart do AE comhroinnt níos fearr sonraí ón tionscal a áirithiú, réamh-mheastacháin níos luaithe ar an áit a bhféadfadh ganntanais tarlú amach anseo agus trédhearcacht níos fearr i dtáirgeadh agus i ndáileadh táirgí íocshláinte i gcás ina gcuideodh sé sin chun infhaighteacht agus inrochtaineacht cógas leighis atá in n-ábhair leasa phoiblí tosaíochta a áirithiú;

289. á chur i bhfáth gur tugadh chun suntais leis an bpaindéim gur gá uathriail straitéiseach AE a mhéadú i slabhraí soláthair bunriachtanacha agus i mbonneagair agus seirbhísí criticiúla agus á chreidiúint gur cheart don Aontas sciar na bpríomhtháirgeadh leighis ina chríoch a mhéadú chun uathriail shlabhra soláthair na hEorpa a neartú, agus ag an am céanna oscailteacht i leith dinimic an tslabhra soláthair dhomhanda a choinneáil le linn gnáthchásanna sláinte agus cásanna éigeandála araon;

290. á iarraidh ar an gCoimisiún smaoineamh freisin ar thionscadail straitéiseacha san earnáil sláinte a chistiú trí Chiste an Aontais um Cheannasacht a d'fhéadfadh rannchuidiú le huathriail straitéiseach an Aontais maidir le táirgí leighis a bhaint amach;

291. á chreidiúint go bhfuil spreagadh agus tógáil ar éiceachóras tionsclaíoch Eorpach tarraingteach don earnáil chógaisíochta ar cheann de na príomhchoinníollacha chun leanúint d'athlonnú saoráidí táirgthe a chothú ar ais chuig AE agus gur féidir le hathlonnuithe den chineál sin cabhrú le córais cúraim sláinte AE a dhéanamh níos neamhspleáiche ó thríú tíortha agus níos athléimní i gcoinne bristeacha; á iarraidh ar an gCoimisiún idirphlé leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí ábhartha ar fad a chur chun cinn chun táirgí cógaisíochta atá 'Déanta san Eoraip' a chur chun cinn trí mhonaraíocht agus athléimneacht soláthair a neartú agus trí mheasúnú a dhéanamh ar chritéir bhreise don phraghsáil náisiúnta, gan aon chostas breise d'othair agus gan dochar d'inbhuanaitheacht an chórais sláinte, agus a áirithiú go n-áireofar ar na critéir sin ardchaighdeáin comhshaoil mhonaraíochta, bainistiú láidir ar shlabhraí soláthair agus infheistíocht inléirithe sa nuálaíocht agus sa taighde; ag cur béim ar a thábhachtaí atá an luathphleanáil chun ganntanais a sheachaint agus chun soláthar a leithdháileadh áit a mbíonn an t-éileamh othar; á chur i bhfios go láidir gur cheart aon chineál tacaíochta ó údaráis phoiblí a bheith coinníollach ar chlásail inrochtaineachta, inacmhainneachta, infhaighteachta, sábháilteachta agus trédhearcachta;

292. á mheabhrú nach mór d'aon chistiú poiblí a bheith coinníollach ar thrédhearcacht agus inrianaitheacht infheistíochtaí, oibleagáidí soláthair ar an margadh Eorpach agus inrochtaineacht, sábháilteacht agus inacmhainneacht na gcógas leighis arna dtáirgeadh;

293 ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé moilleanna riaracháin a laghdú idir iarratas ar údarú margaíochta a chur isteach agus a fhormheas ag EMA, agus nár cheart go gcuirfí na caighdeáin sábháilteachta, éifeachtúlachta agus cháilíochta i mbaol de bharr shimpliú na nósanna imeachta rialála;

294. á mholadh líonraí a fhorbairt ar féidir iad a shlógadh chun teicneolaíochtaí éagsúla a

tháirgeadh ar gearrfhógra (amhail FAB AE) agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an tslabhra soláthair agus ar bhacainní trádála a mbíonn tionchar acu ar an bpróiseas táirgthe, á athdhearbhú gur gá táirgeadh neamhbhrabúsach cógas leighis a éascú;

v) TAIGHDE AGUS FORBAIRT

295. ag spreagadh tuilleadh infheistíochta in T&F atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chuspóirí leasa phoiblí, trí acmhainní chlár réime an Aontais um thaighde agus um nuálaíocht agus chlár EU4Health a mhéadú, agus trí HERA a bhunú mar ghníomhaireacht de chuid an Aontais amach anseo lena dtacófar le taighde chun vacsaíní mar aon le cóireálacha nuálacha agus cóireálacha eile a chur ar fáil in aimsir géarchéime agus níos faide anonn; ag spreagadh taighde vacsaíní chun féachaint go córasach ar dhifríochtaí inscne i bhfreagairt agus éifeachtúlacht vacsaíní agus iad a chur san áireamh trí ionadaíocht na mban i dtrialacha cliniciúla a mhéadú;

296. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí críochnaithe atá níos inacmhainne agus níos inrochtana; á athdhearbhú gur gá trédhearcacht níos fearr in T&F bithleighis chun infheistíochtaí airgeadais dea-spriocdhírithe a bhunú go neamhspleách agus chun dúbailt a laghdú trína áirithiú go ndéantar sonraí agus torthaí trialacha cliniciúla a thuairisciú agus go bhfuil siad inrochtana;

297. á iarraidh ar an gCoimisiún tosaíocht a dhéanamh de shiondróim ionfhabhtaithe iar-ghéarmhíochaine (PAIS) agus straitéis AE maidir le PAIS a fhorbairt, a bheidh inchomparáide le plean sáraithe ailse na hEorpa agus le straitéis AE maidir le meabhairshláinte, agus aghaidh a thabhairt ar PAIS sa straitéis sláinte dhomhanda; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit a oiread iarrachta a dhéanamh chun teacht ar leigheas d'othair PAIS agus a ghlac siad chun vacsaíní a fhorbairt;

298. á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh taighde chun na bunchúiseanna, minicíocht agus roghanna cóireála is fearr le haghaidh PASC a chinneadh, lena n-áirítear COVID fadmharthanach, géarshiondróm iar-COVID-19, Siondróm Iar-Vacsaíne agus galair iarthógálacha eile agus taighde ar a n-iarmhairtí fadtéarmacha amhail go dtiocfadh ME/CFS, agus taithí agus cuir chuige a mhalartú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar a n-éifeachtaí; á iarraidh go mbunófaí líonra saineolaithe AE maidir leis na galair sin le clár comhordaithe córas faireachais, lena n-áirítear sonraí arna n-imdhealú de réir foghrúpaí éagsúla ó gach Ballstát, lena n-áirítear sna Réigiúin is Forimeallaí agus sna Tíortha agus na Críocha thar lear, agus sainmhínithe agus modheolaíochtaí comhsheasmhacha á n-úsáid, agus lena gcuimseofar tionchar na gcoinníollacha sin ar an tsláinte, ar an bhfostaíocht agus ar an ngeilleagar; ag cur béim ar an ngá atá le cistiú breise agus glaonna tosaíochta ar thionscadail atá dírithe ar thaighde bithleighis maidir le PASC agus go dtabharfaí aitheantas níos fearr do PASC ar leibhéal na mBallstát;

299. á iarraidh ar an gCoimisiún cistiú ó Fhís Eorpach a úsáid le haghaidh taighde tiomnaithe spriocdhírithe PASC, lena n-áirítear comhar leis an tionscal cógaisíochta, ar scála lenar féidir sraith uirlisí diagnóiseacha a fhorbairt, staidéir ríthábhachtacha a mhaoiniú agus drugaí a fhorbairt a thugann aghaidh ar na braislí siomptóim éagsúla agus leis an gComhpháirtíocht Eorpach um Ghalair Neamhchoitianta; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis an méid sin, go bhféadfadh galair thromchúiseacha a bheith mar thoradh, blianta ina dhiaidh sin, ar víris a bhfuil an chuma orthu nach bhfuil siad an-

tromchúiseach; á chur i bhfios go láidir gur fearr an cosc ná an leigheas agus, dá bhrí sin, á athdhearbhú gur gá taighde a spreagadh agus a mhaoiniú chun vacsaíní a chruthú a sholáthraíonn imdhíonacht steiriúil, rud a dhéanfadh ní hamháin an galar a chóireáil ach níos tábhachtaí fós, ionfhabhtuithe a chosc, lena seachnófaí aon fhadhbanna fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ann;

300. á mheabhrú do na Ballstáit a thábhachtaí atá sé cúnamh agus tacaíocht leormhaith a sholáthar do dhaoine atá ag fulaingt ó PASC, lena n-áirítear COVID fadmharthanach chun liúntais bhreoiteachta a leathnú, rochtain ar scéimeanna sochar sóisialta a éascú chomh maith le cúiteamh d'othair Siondróim Iar-Vacsaíne chun PASC a mhaolú mar sháinn na bochtaineachta, lena n-áirítear tacaíocht iomchuí dóibh siúd a ndéantar difear dóibh ina saol laethúil nó ina n-acmhainneacht oibre; ag aithint an gá atá le hoideachas agus le hoiliúint leighis fheabhsaithe do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a oibríonn le PASC agus le ME/CFS a chuimsiú laistigh den Líonra Tagartha Eorpach le haghaidh Galair Néareolaíocha Neamhchoitianta (ERNanna);

## VI) TRÉDHEARCACHT

301. á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an gcóras dreasachta, agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa, trédhearcacht praghsanna a mhéadú agus rúndacht ghnó á hurramú ag an am céanna agus á thabhairt chun suntais tosca na dteicneolaíochtaí sláinte agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch na gcóras sláinte poiblí;

302. á mheabhrú go bhfuil sé de cheart ag mhuintir uile na hEorpa an chóir is fearr is féidir a fháil, gan beann ar acmhainní airgeadais, inscne, aois, nó náisiúntacht agus á chur in iúl gur cúis imní di an éagothromaíocht mhór maidir le hinfhaighteacht agus rochtain ar theiripí éagsúla, agus go bhfuil an neamh-inacmhainneacht ina príomhchúis leis sin;

303. á iarraidh ar na Ballstáit an bhearna sláinte idir na hinscní a chur san áireamh ina n-ullmhacht agus athléimneacht i gcás paindéime amach anseo;

304. á chur i bhfios go láidir go háirithe gur gá rochtain ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe na mban a áirithiú agus á mheabhrú do na Ballstáit gur cuid bhunriachtanach dá n-oibleagáidí dlíthiúla é rochtain chomhionann ar chúram sláinte chun comhionannas inscne a chur chun cinn;

305. á áitiú gur gá rochtain chothrom ar chógais leighis atá sábháilte, éifeachtach agus inacmhainne a áirithiú laistigh de AE agus ag spreagadh na mBallstát smaoineamh ar chaibidlíocht chomhpháirteach i dtaobh praghsanna le cuideachtaí cógaisíochta;

306. ag tathant ar an gCoimisiún togra a thíolacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 89/105/CEE ón gComhairle maidir le trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsanna táirgí íocshláinte[47] chun grinnscrúdú éifeachtach a áirithiú chomh maith le trédhearcacht iomlán na nósanna imeachta a úsáidtear chun praghas na gcógas leighis

[47] Treoir 89/105/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 a bhaineann le trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsanna táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus a bhaineann lena gcur faoi raon feidhme córas árachais sláinte náisiúnta (IO L 40, 11.2.1989, lch. 8).

agus aisíocaíocht a gcostas a chinneadh, go háirithe cógais ailse, sna Ballstáit uile;

307. á chur in iúl gur oth léi an easpa trédhearcachta le linn céimeanna caibidlíochta áirithe de chonarthaí vacsaíní ag an gCoimisiún agus á chur i bhfios go láidir go neartaítear, le trédhearcacht sa phróiseas cinnteoireachta, glacadh le roghanna polaitiúla a dhéantar thar ceann na saoránach;

308. ag spreagadh go n-úsáidfí bealaí freagracha chun feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le cistiú, conarthaí agus soláthar vacsaíní poiblí, chomh maith le frithbhearta leighis, na fíorchostais a bhaineann le T&F, agus rochtain ar thorthaí trialacha cliniciúla agus sonraí gaolmhara tríd an gcóras faisnéise um thriail chliniciúil;

309. á iarraidh ar an gCoimisiún a dhualgas trédhearcachta a áirithiú trí fhaisnéis a bhaineann le dliteanas monaróirí, dátaí seachadta agus méideanna dáileoga do gach Ballstát, agus thairis sin praghas na ndáileog a dhíoltar, a phoibliú i gconarthaí soláthair;

310. á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de Pharlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas agus cothrom le dáta maidir le comhaontuithe ceannaigh agus rochtain a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa ar leaganacha neamhfholaithe na gcomhaontuithe ceannaigh uile gan a thuilleadh moille;

311. á iarraidh ar an gCoimisiún leagan neamhfholaithe na gcomhaontuithe ceannaigh don phobal i gcoitinne a fhoilsiú tar éis a ndátaí foirceanta faoi seach, lena n-áirítear gach faisnéis a bhfuil spéis ag an bpobal inti, nuair is féidir sin ó thaobh an dlí de;

312. ag tathant ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar mhonaróirí a bheith trédhearcach maidir leis na fo-éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag vacsaíní, lena n-áirítear fo-éifeachtaí aitheanta arna sainaithint ag EMA, agus cumarsáid a dhéanamh sa chomhthéacs sin, chomh maith le tairbhí agus éifeachtúlacht vacsaínithe, ar bhealach comhsheasmhach, cuimsitheach agus comhordaithe, lena ráthaítear sábháilteacht othar, chomh maith le drogall roimh an vacsaíniú, mífhaisnéis agus bréagaisnéis a sheachaint;

313. ag spreagadh na mBallstát iarrachtaí a dhéanamh chun sonraí maidir le fo-éifeachtaí a bhailiú ar bhealach tráthúil agus leormhaith, agus na sonraí sin a chur isteach sa bhunachar sonraí faireachais cógas; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá faireachas cógas, bearta maolaithe chun frithghníomhartha díobhálacha a chosc, dliteanas a chinneadh agus cúiteamh tapa a áirithiú i gcás díobhála ó mhonaróirí;

VII) INSTITIÚIDÍ AE

314. á iarraidh go ndéanfaí gníomhaireacht uathrialach AE de HERA, le sainordú láidir agus dea-shainithe ón gComhairle agus ón bParlaimint (lena n-áirítear ról taighde tionsclaíoch cuí, agus sainordú), lena n-áiritheofaí formhaoirseacht pharlaiminteach agus, dá bhrí sin, lena méadófaí trédhearcacht, le hacmhainní méadaithe agus buiséad chun a shainordú a chomhlíonadh, agus é á chomhordú le tionscnaimh sláinte eile de chuid AE, ag díriú a chuid gníomhaíochtaí ar an leas poiblí a choimirciú, lena n-áirítear trí choinníollacha rochtana agus roghanna dlíthiúla chun aistriú teicneolaíochta agus comhroinnt eolais a shainordú;

**2. *Cur chuige comhordaithe le hurraim don daonlathas agus do chearta bunúsacha***

*a. Muinín a chothú*

I) CUMARSÁID SLÁINTE NÍOS FEARR AGUS NÍOS ÉIFEACHTAÍ ÓN AONTAS, GO HÁIRITHE MAIDIR LE HEIPIDÉIMÍ NÓ GÉARCHÉIMEANNA SLÁINTE

315. á chur i bhfios go láidir go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar fheidhmiú na gceart bunúsach, go háirithe cearta grúpaí áirithe, amhail daoine scothaosta, leanaí, mná agus daoine óga, agus go raibh tionchar díobhálach ar leith aici ar ghrúpaí atá imeallaithe cheana féin, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, daoine faoi mhíchumas, imircigh, daoine a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar chiníochas, daoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus daoine LADTIA+; á chur i bhfáth go bhfuil muinín as údaráis phoiblí agus institiúidí poiblí agus as an eolaíocht a chuirtear i bhfeidhm i gcinnteoireacht institiúidí poiblí fíor-riachtanach chun freagairt éifeachtach a thabhairt ar phaindéimí agus nach féidir í a choinneáil gan trédhearcacht agus cumarsáid bunaithe ar fhianaise eolaíoch i gcomhréir leis na sonraí atá ar fáil ag an am, arna seachadadh ar bhealach trédhearcach agus intuigthe don phobal i gcoitinne; á aithint go ndearna scaipeadh faisnéise atá bréagach ó thaobh na heolaíochta nó na míochaine de i lár géarchéime sláinte dochar tromchúiseach do shláinte dhaonra an Aontais agus fiú go gcuirtear beatha na ndaoine atá ina gcónaí san Aontas i mbaol; á chur in iúl gur saoth léi úsáid na bréagnuachta agus na bréagaisnéise arna spreagadh go polaitiúil, agus na hiarrachtaí chun na hinstitiúidí poiblí a dhíchobhsú trí na modhanna sin le linn géarchéime; á thabhairt dá haire go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar fhormhaoirseacht dhaonlathach agus ar thrédhearcacht institiúidí poiblí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tionchar diúltach ag na forbairtí sin ní hamháin ar mhuinín na saoránach as institiúidí poiblí ach ar chomhtháthú sóisialta freisin; á chur i bhfios go láidir go méadaíonn muinín agus nochtadh comhsheasmhach doiciméad poiblí mar aon le cinntí eolaíochtbhunaithe a chur in iúl ar bhealach soiléir, éifeachtach agus intuigthe don phobal i gcoitinne toilteanas daoine moltaí sláinte dá ndeoin féin a leanúint agus muinín an phobail i gcoitinne;

316. á chur i bhfáth gur gá cinntí maidir leis na bearta a chuirtear i bhfeidhm chun dul i ngleic le paindéimí, go háirithe nuair a bhíonn srian ar shaoirsí i gceist leo, a bheith bunaithe ar chritéir eolaíocha agus ar chomhairle na n-údarás eolaíoch sa réimse trí phróisis chinnteoireachta fhoirmiúla, thrédhearcacha;

317. ag tabhairt dá haire iarrachtaí EMA chun faisnéis shoiléir, thrédhearcach, chruinn agus thráthúil a sholáthar maidir le húdarú agus maoirseacht vacsaíní agus teiripeacha COVID-19, le luas agus minicíocht nach bhfacthas a leithéid riamh cheana agus á aithint go bhfuil bearta curtha chun feidhme cheana féin ag an ngníomhaireacht chun trédhearcacht a ghníomhaíochtaí rialála maidir le vacsaíní agus cóireálacha COVID-19 a mhéadú; ag aithint gur gá don ghníomhaireacht leanúint d’fheabhas breise a chur ar thrédhearcacht, ar chumarsáid agus ar infhaighteacht faisnéise agus, dá bhrí sin, á iarraidh ar an ngníomhaireacht trédhearcacht agus infhaighteacht iomlán faisnéise maidir le vacsaíní agus a bpróisis údaraithe a áirithiú, d’fhonn muinín an phobail a chothú agus faisnéis iomlán a sholáthar faoi chistí poiblí agus faoina gcaiteachas; á aithint go raibh cumarsáid na gníomhaireachta ríthábhachtach chun saoránaigh a chur ar a suaimhneas, chun mífhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhrac le linn na paindéime agus á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé ardleibhéil trédhearcachta a áirithiú i bhfeidhmiú na

gníomhaireachta; ag aithint gur gá do ECDC, don Choimisiún agus do na Ballstáit feabhas a chur ar a straitéisí trédhearcachta agus cumarsáide in aimsir géarchéime;

318. á chur i bhfios go bhfuil difríochtaí ann idir cumas na mBallstát dul i ngleic leis an mbréagaisnéis; á thabhairt dá haire gur fachtóir amháin iad na difríochtaí sin a chuireann le héagothromaíochtaí ó thaobh drogall roimh an vacsaíniú de;

319. á aithint, in ainneoin na bréagaisnéise a scaipeadh laistigh den Aontas, gur chuir saoránaigh agus sochaí an Aontais i gcoitinne fáilte mhór roimh na vacsaíní i gcoinne COVID-19 agus á thabhairt chun suntais go raibh braistint mhór freagrachta na saoránach bunriachtanach chun go mbeidh dea-fheidhmiú agus rath ar an bhfeachtas vacsaínithe i roinnt mhaith Ballstát;

320. á mheas go bhfuil oideachas sláinte, i measc beartas eile, lena n-áirítear cumarsáid agus gaireacht do sholáthraithe cúraim sláinte agus do gheallsealbhóirí ábhartha eile, mar aon le fianaise eolaíoch agus torthaí a chur in iúl ar bhealach intuigthe, litearthacht sna meáin agus trédhearcacht nósanna imeachta poiblí, réitigh phobalbhunaithe agus for-rochtain ar phobail imeallaithe ar chuid de na príomhthosca chun drogall roimh an vacsaíniú a laghdú;

II) DUL I NGLEIC LEIS AN MÍFHAISNÉIS AGUS LEIS AN MBRÉAGAISNÉIS AGUS RÓL NA MEÁN SÓISIALTA

321. á thabhairt chun suntais gur dúshlán atá ag teacht chun cinn í an bhréagaisnéis a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aici ar phróisis dhaonlathacha agus ar dhíospóireachtaí sochaíocha a dhéanann difear do na réimsí beartais uile, chun an bonn a bhaint de mhuinín na saoránach as an daonlathas agus chun comhar agus dlúthpháirtíocht Eorpach a dhíspreagadh;

322. á aithint gur gá cosaint níos fearr a thabhairt don spás faisnéise Eorpach; ag tabhairt dá haire an fás tapa atá tagtha ar mhífhaisnéis agus ar bhréagaisnéis ar na meáin shóisialta agus ar eagraíochtaí traidisiúnta na meán le linn na paindéime agus á mholadh go láidir straitéisí a fhorbairt chun mífhaisnéis a chosc le linn géarchéimeanna;

323. á mheabhrú gurb é an bealach is fearr chun bréagaisnéis a chomhrac ná an ceart chun faisnéise agus an ceart chun tuairimí a nochtadh a chosaint agus a áirithiú, lena dtacaítear le hiolrachas na meán agus leis an iriseoireacht neamhspleách; á iarraidh ar na Ballstáit, sa chomhthéacs sin, trédhearcacht a áirithiú agus bearta á nglacadh acu i ngéarchéim agus faisnéis agus sonraí atá cuimsitheach, cothrom le dáta, beacht agus oibiachtúil a chur ar fáil dá saoránaigh maidir leis an staid agus na bearta a dhéantar chun í a rialú, chun bréagaisnéis a chomhrac arb é is aidhm di eolas eolaíoch faoi rioscaí sláinte a mhíchlú nó a shaobhadh;

324. á chur i bhfáth gur gá le faisnéis a bheith intuigthe, comhsheasmhach, bunús eolaíoch a bheith léi agus curtha ar bhealach tráthúil chun mífhaisnéis a sheachaint agus ar an gcaoi sin treoir a chur ar fáil don phobal, do na meáin agus do sholáthraithe cúraim sláinte agus comhlíonadh moltaí sláinte poiblí a áirithiú;

325. á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú ar an 'Cód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis' in 2022 agus ag tacú go láidir lena ghealltanais nua agus ag moladh tuarascáil luath ar

a thionchar;

326. á chur in iúl gur geal léi an gníomh Eorpach um shaoirse na meán atá beartaithe, atá ceaptha chun saoirse agus éagsúlacht na meán a chaomhnú i bhfianaise uirlisí frith-mhífhaisnéise; á chur in iúl gur geal léi obair seiceála fíricí iriseoirí chun cur i gcoinne na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise, agus cearta bunúsacha agus prionsabal shaoirse an phreasa á n-urramú go cuí; á iarraidh go mbeadh níos mó acmhainní ann chun oiliúint maidir le huirlisí frith-mhífhaisnéise a éascú agus á mholadh go mbeadh comhar níos láidre ann idir na meáin chun scaipeadh na bréagnuachta a sheachaint; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí in aimsir géarchéime chun a áirithiú gur féidir le hiriseoirí oibriú go sábháilte, agus na meáin nuachta a aithint mar sheirbhís bhunriachtanach;

327. á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh tascfhórsa buan maidir le mífhaisnéis (roinn StratCom na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí) chun faireachán a dhéanamh ar scála na mífhaisnéise san Aontas agus á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé beartaithe an plean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach chun straitéis choiteann Eorpach a bhunú chun dul i ngleic le mífhaisnéis chomh maith leis an bpacáiste um Chosaint an Daonlathais atá ar na bacáin;328. á thabhairt chun suntais gur féidir le feachtais bhréagaisnéise, mar aon le cibirionsaithe, a bheith mar chuid de straitéisí ‘cogaíochta hibrideacha’ ag cumhachtaí eachtracha agus gur cheart aghaidh a thabhairt orthu mar chuid de straitéis slándála níos leithne;

329. á chur in iúl gur geal léi úsáid an Chórais Mear-Rabhaidh atá ann cheana le linn ghéarchéim COVID-19, a ceapadh go sonrach chun feachtais eachtracha bhréagaisnéise a chomhrac; á thabhairt dá haire go bhfuil bosca uirlisí ar na bacáin arna bhunú go comhpháirteach ag an gCoimisiún agus ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, lena leagtar amach réitigh ghníomhaíochta maidir le forbairt athléimneachta, rialála agus freagartha; á iarraidh ar na Ballstáit úsáid níos forleithne a bhaint as an gCóras Mear-Rabhaidh agus as modhanna iomchuí eile chun an comhar le hinstitiúidí AE agus eatarthu féin a neartú, lena n-áirítear chun faisnéis atá ar fáil maidir le tásca sláinte na staide mar atá ar an láthair agus maidir lena dhul chun cinn, a chomhroinnt; ag cur béim ar an bhfíoras go raibh ról ríthábhachtach ag for-rochtain agus ag cumarsáid sa chomhrac i gcoinne na paindéime;

330. á chur in iúl gur geal léi bunú na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha (EDMO) lena dtacófar le pobal ildisciplíneach neamhspleách maidir le bréagaisnéis faoi COVID-19 le bonneagar teicneolaíochta a bhfuil uirlisí agus seirbhísí aige; á mholadh go gcabhródh EDMO le húdaráis phoiblí taighde a dhéanamh laistigh dá inniúlachtaí agus go mbunódh sé naisc iomchuí leis an gCóras Mear-Rabhaidh;

331. á mheabhrú ról na meán, go háirithe na meáin shóisialta maidir le hardán a chur ar fáil i scaipeadh mífhaisnéise agus bréagaisnéise a bhaineann le COVID-19 agus ceisteanna sláinte i gcoitinne; á chur i bhfios go láidir go bhfuil samhail ghnó go leor cuideachtaí meán sóisialta bunaithe ar clicmhealladh agus, dá bhrí sin, ar bhréagnuacht agus fuathchaint a ghéarú;

332. ag aithint an chomhair theoranta idir ardáin na meán sóisialta, mar gheall ar easpa soiléireachta ina dtuarascálacha agus á chur in iúl gur oth léi na difríochtaí idir straitéisí

vacsaínithe, comhairle agus teachtaireachtaí vacsaínithe na mBallstát, a mbíonn teachtaireachtaí contrártha do spriocghrúpaí sonracha mar thoradh orthu uaireanta, a bhféadfadh drogall roimh an vacsaíniú a bheith mar thoradh orthu;

333. á mheabhrú go bhfuil samhail ghnó na n-ardán ar líne fós bunaithe ar shonraí, agus go bhfuil cumas na n-ardán ar líne méideanna móra sonraí pearsanta a bhailiú ag brath ar an úsáid a bhaineann ardáin na meán sóisialta as algartaim; á mheas go bhfuil ról ag algartaim maidir le hinsintí bréagacha a mhéadú;

334. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar ardáin na meán sóisialta chun tuiscint a fháil ar threochtaí leanúnacha agus treochtaí atá ag teacht chun cinn sa bhréagaisnéis agus sa bhréagnuacht; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhar níos fearr agus níos láidre a éileamh ó na hardáin sin, chun a áirithiú go mbeidh an díospóireacht phoiblí bunaithe ar mhuinín, trédhearcacht agus faisnéis cheart;

335. á chur in iúl gur geal léi glacadh an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha[48] (DSA) agus an Ghnímh um Margaí Digiteacha[49] in 2022, arb é is aidhm dó spás digiteach níos sábháilte a chruthú ina gcosnaítear cearta bunúsacha úsáideoirí uile na seirbhísí digiteacha; ag aithint go bhfuil gá le níos mó trédhearcachta ó chuideachtaí meán sóisialta maidir leis an inneachar a chomhroinneann siad ar a n-ardáin, céard iad na fógraí atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a foilsíodh agus maidir leis na sonraí a stórálann siad lena n-úsáid amach anseo; á chur in iúl gur geal léi forálacha DSA lena gceanglaítear ar ardáin an-mhór ar líne agus ar innill chuardaigh an-mhór ar líne faisnéis a sholáthar maidir le halgartaim, chun rochtain orthu a cheadú, chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a n-oibríonn siad, chun measúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar phróisis dhaonlathacha agus toghcháin, agus chun bearta maolaithe riosca a dhéanamh;336. á mholadh go dtacófaí le gníomhaíocht spriocdhírithe maidir leis an gcuimsitheacht sa téarnamh iarphaindéimeach chun an spás daonlathach a chosaint agus chun go mbeidh sé ionadaíoch do gach guth sa tsochaí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin agus tacaíocht mhéadaithe don smaointeoireacht chriticiúil d'úsáideoirí na meán sóisialta ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne na bréagaisnéise agus na mífhaisnéise;

337. á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé go mbeadh Coiste Speisialta um an Trasnaíocht Eachtrach ar na Próisis Dhaonlathacha Uile san Aontas Eorpach, lena n-áirítear Bréagaisnéis (INGE) ag an bParlaimint, lena n-áirítear an bhréagaisnéis, agus um neartú an ionracais, na trédhearcachta agus na cuntasachta i bParlaimint na hEorpa;

III) AN TÁBHACHT A BHAINEANN LE RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL, LENA N-ÁIRÍTEAR ÉISTEACHT LE HÁBHAIR IMNÍ AN PHOBAIL AGUS AGHAIDH A THABHAIRT ORTHU

338. á mholadh, thairis sin, go n-áireofaí ionadaithe na n-údarás agus na bpobal áitiúil, réigiúnach agus críochach, lena n-áirítear oifigigh thofa, ionadaithe eagraíochtaí na

[48] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).
[49] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1).

sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta, sa phróiseas idirinstitiúideach, il-leibhéil chun muinín a chothú, seachadadh faisnéis ina bhfuil na fíricí ceart do gach ball den tsochaí, a chomhordú agus rannpháirtíocht ghníomhach an phobail a chothú le linn géarchéime; á mholadh go nglacfaí cur chuige duinelárnach ar bhonn prionsabail maidir le cláir oibre agus beartais um fhreagairt i dtaca le héigeandáil sláinte a fhorbairt; á mholadh go gcuirfeadh an Coimisiún torthaí na gcomhairliúchán poiblí san áireamh go hiomlán ina thograí reachtacha a bhaineann le bainistiú paindéime; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, an ról tábhachtach atá ag an bpobal eolaíochta, ag eagraíochtaí othar, ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha maidir le muinín an phobail a chothú agus a fheabhsú agus á mholadh go mbeadh rannpháirtíocht níos fearr leo;

339. ag aithint an ról lárnach atá ag na húdaráis áitiúla, go háirithe réigiúin agus bardais, le linn na paindéime, ós rud é go raibh siad ar an líne thosaigh agus iad ag cur cúram sláinte ar fáil agus ag áirithiú go ndearnadh frithbhearta na paindéime a chur chun feidhme i gceart;

*b) COVID-19 agus cearta bunúsacha*

340. á athdhearbhú a thábhachtaí atá próisis sheanbhunaithe ghrinnscrúdaithe, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus formhaoirseacht dhaonlathach bunaithe ar roinnt na gcumhachtaí idir cumhachtaí feidhmiúcháin, reachtacha agus breithiúnacha chun a áirithiú go dtabharfar na húdaráis náisiúnta chun cuntais as sáruithe ar shaoirse comhthionóil, ar shaoirse cainte, ar an gceart chun maoine príobháidí agus ar chearta othar, agus chun deimhneacht agus intuarthacht a áirithiú maidir le hathruithe ar rialacha do ghnólachtaí; á chur i bhfios go láidir gur gá aon srian ar chearta bunúsacha a bheith teoranta ó thaobh ama de agus a bheith comhréireach leis an ngá sealadach atá ann an daonra a chosaint; á mholadh nár cheart bearta éigeandála a bheith i bhfeidhm ach chomh fada agus is gá; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá sé clásail éagtha a chur i bhfeidhm maidir le bearta éigeandála i gcomhréir leis an dlí náisiúnta; á thabhairt dá haire gur ghlac na húdaráis náisiúnta bearta éigeandála go ginearálta le linn na paindéime chun an tsláinte phoiblí a chosaint; á chur in iúl gur oth léi an tionchar ar chearta an duine, go háirithe ar na daoine is leochailí agus is imeallaithe;

341. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, i gcásanna áirithe, go ndearna na Ballstáit a thug isteach staid éigeandála nó córas coibhéiseach an uirlis éigeandála sin a úsáid chun srian a chur le ceart chun saoirse tionóil na ndaoine den fhreasúra pholaitiúil, agus gur bhain siad úsáid as an uirlis éigeandála sin mar dheis chun reachtaíocht nó pleananna forbartha conspóideacha a rith;

I) DEIMHNIÚ COVID-19, AIPEANNA RIANAITHE AGUS A SLÁNDÁIL

342. á chur in iúl gur geal léi rath foriomlán Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais agus á mheabhrú a bhuntábhacht maidir leis an tsláinte phoiblí a chosaint; á mheabhrú go raibh an deimhniú bunriachtanach chun saorghluaiseacht agus sláine an mhargaidh aonair a ráthú a luaithe a d’fhág staid na sláinte poiblí gur féidir srianta agus teorainneacha a scaoileadh; á chur i bhfios go láidir a ábhartha atá sé mar shamhail don Aontas chun réitigh dhigiteacha sláinte uile-Aontais den chineál sin a chur in úsáid go rathúil más gá

sa todhchaí; á thabhairt dá haire, go raibh Deimhniú Digiteach COVID an Aontais, in éineacht le bunú cur chuige comhordaithe maidir le teorainn sheachtrach AE, ríthábhachtach chun saorghluaiseacht daoine a athbhunú;

343. á thabhairt dá haire go bhfuil creat láidir dlíthiúil um chosaint sonraí ag an Aontas chun daoine nádúrtha a chosaint agus a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil aige; á thabhairt chun suntais gur urramaíodh an creat reachtach sin le Deimhniú Digiteach COVID AE agus le haipeanna rianaithe bunaithe ar an bprótacal maidir le Rianú Gaireachta lena gCaomhnaítear Príobháideachas (DP-3T), agus saorghluaiseacht shaoránaigh an Aontais faoi na rialacha sláintíochta a cuireadh i bhfeidhm le linn na géarchéime á ceadú ag an am céanna; á chur i bhfios go láidir gur fhorbair innealtóirí príobháideachais Eorpacha an dá chóras agus gur úsáideadh ar fud an domhain iad; á mheabhrú gur chumasaigh Deimhniú Digiteach COVID an Aontais comhordú idir na Ballstáit trí rialacha comhchuibhithe a chur i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais, lena seachnaítear córais éagsúla idir na Ballstáit agus mí-eagar;

344. á chur in iúl gurb oth léi go raibh cur chuige éagsúil i measc na mBallstát agus glacadh beart náisiúnta maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais a úsáid a chuaigh thar an gcuspóir saorghluaiseacht daoine agus soghluaisteacht a athbhunú, rud a bhain an bonn den mhuinín an phobail as an uirlis; á aithint go raibh roinnt modhanna agus uirlisí rianaithe teagmhálaithe a tugadh isteach agus a úsáideadh ar an leibhéal náisiúnta éadaingean, gan éifeacht, nó a sháraíonn ar phríobháideachas; á iarraidh ar na Ballstáit foghlaim ó na botúin sin;

II) TIONCHAR AR CHEARTA GRÚPAÍ LEOCHAILEACHA AGUS IMEALLAITHE

345. á mheas gur gné imní í an deighilt dhigiteach d'ullmhacht agus d'athléimneacht AE, ós rud é go mbíonn tionchar ar leith ag grúpaí leochaileacha agus imeallaithe den daonra toisc go mbíonn níos lú deiseanna nasctha acu de ghnáth; á chur i bhfios go láidir, le linn géarchéime, gur mó i bhfad an difear a dhéantar do dhaoine agus do phobail imeallaithe, do mhionlaigh agus do dhaoine faoi mhíbhuntáiste ná don phobal i gcoitinne; á aithint go ndearna srianta ar na saoirsí bunúsacha, a bhfuil údar leo ar fhorais sláinte poiblí, difear díréireach do na grúpaí daonra sin, rud a chuir lena leithlisiú agus lena scoiteacht ón tsochaí i gcoitinne;

346. á aithint go raibh idirdhealú indíreach mar thoradh ar an easpa creataí dlíthiúla soiléire agus acmhainní leordhóthanacha, lena n-áirítear le linn triáise, as a n-eascraíonn cóir neamhionann nó tionchair dhiúltacha ar leith ar ghrúpaí áirithe, go háirithe daoine faoi mhíchumas; á thabhairt chun suntais, chun freastal go rathúil ar riachtanais na ndaoine is boichte agus is imeallaithe le linn paindéime, nach mór an fhreagairt sláinte i gcásanna éigeandála a bheith bunaithe ar phrionsabail an chothromais agus an chuimsithe;

347. á iarraidh go mbeadh rannpháirtíocht níos láidre ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, grúpaí sainleasa agus coistí eitice i gceapadh, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán na mbeart sláinte, chun cearta bunúsacha daoine leochaileacha agus imeallaithe i gcásanna éigeandála a choimirciú;

348. á iarraidh ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndearna bearta éigeandála sláinte difear díréireach do phobail mhionlaigh agus/nó imeallaithe;

349. á aithint go léirítear i dtaighde a rinneadh roimhe seo ar phaindéimí go bhfuil leitheadúlacht agus déine an fhoréigin inscnebhunaithe níos measa le linn géarchéimeanna; á thabhairt chun suntais, le linn na ndianghlasálacha a d'eascair as an bpaindéim, gur tháinig méadú suntasach ar fhoréigean inscne in aghaidh na mban agus na leanaí mar gur chothaigh na bearta sriantacha timpeallacht chumasúcháin go háirithe do mhí-úsáideoirí;

350. á thabhairt dá haire, gur thuairiscigh tíortha Eorpacha EDS méadú 60 % ar ghlaonna éigeandála ó mhná atá faoi réir foréigin ag a bpáirtí dlúthchaidrimh agus á thabhairt chun suntais sa chomhthéacs sin staid achrannach na mban a ndéantar leithcheal trasnach orthu; á thabhairt dá haire gur fhág rochtain theoranta ar sheirbhísí tacaíochta, amhail tearmainn do mhná agus beolínte do mhná in go leor cásanna, mná gan aon áit le dul agus cabhair a lorg; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur spreag an digitiú méadú inbhraite ar fhoréigean inscnebhunaithe ar líne toisc go bhféadfadh daoine aonair mí-úsáideacha a n-íospartaigh nó na daoine is leochailí a rianú trí uirlisí digiteacha a úsáid;

351. á chur i bhfáth gur measa leochaileacht an daonra scothaosta mar gheall ar a leochaileacht agus a prognóis níos boichte, mar gheall ar a meánaois níos mó agus a gcomhghalrachtaí rialta, rud a d'fhág castacht chliniciúil agus cur chuige neamh-aonfhoirmeach maidir le cúram do dhaoine scothaosta;

### *c) Formhaoirseacht dhaonlathach ar an bhfreagairt ar phaindéimí*

352. á chur in iúl gur oth léi go raibh ról an-teoranta ag an bParlaimint le linn na paindéime, ós rud é gur faoin mbrainse feidhmiúcháin den chuid is mó a fágadh cinntí; á mheabhrú gur gá do Pharlaimint na hEorpa agus do na parlaimintí náisiúnta a bpríomhfheidhmeanna bunreachtúla reachtaíochta a fheidhmiú, formhaoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhmeannas agus ionadaíocht na saoránach gan beann ar an bpráinn;

#### I) Formhaoirseacht dhaonlathach ar an bhfreagairt ar phaindéimí ar an leibhéal náisiúnta

353. ag tabhairt dá haire difríochtaí suntasacha sa mhéid formhaoirseachta parlaimintí ar bhearta éigeandála a bhaineann le COVID-19-idir na Ballstáit, cé go bhfuil feidhmeanna formhaoirseachta arna ndéanamh ag parlaimintí náisiúnta fós ina gceanglas bunriachtanach maidir leis an daonlathas parlaiminteach, go háirithe tráth a thugtar isteach staideanna éigeandála, ionas go n-aistreofar níos mó cumhachta i dtreo an fheidhmeannais, agus go n-éilítear le formhaoirseacht pharlaiminteach éifeachtúil creat dlíthiúil lena ráthaítear cearta Feisirí freasúra agus mionlaigh; á chur i bhfios go láidir gur cheart go ráthófaí leis an gcreat reachtach go dtabharfaí isteach clásal éagtha agus clásal meastóireachta san fhoraithne maidir le staid éigeandála, go n-urramódh parlaimintí gcomhpháirtíocht, más féidir, grinnscrúdú buiséadach, le hiniúchtaí neamhspleácha agus rannpháirtíocht na bparlaimintí i gcruthú coistí eolaíocha;

354. á aithint gur cheart bearta staide éigeandála leanúint de bheith de chineál sealadach agus nár cheart do rialtais fad a chur lena n-éifeacht thar thréimhse na géarchéime ar leith; á chur i bhfios go láidir, fiú i gcásanna éigeandála den sórt sin, nach mór an smacht reachta a ráthú i gcónaí;

355. á chur i bhfáth go raibh srian ar fhormhaoirseacht pharlaiminteach le linn na paindéime,

á thabhairt dá haire gur ghlac údaráis náisiúnta dianbhearta éigeandála le linn na paindéime chun an tsláinte phoiblí a chosaint;

356. á aithint nach raibh srianta agus ceartúcháin ná deighilt na gcumhachtaí i mBallstáit AE ráthaithe i gcónaí ná nach raibh forlámhas acu i gcónaí faoi na dlíthe éigeandála;

357. á thabhairt dá haire, go bhfuil comhlachtaí, údaráis agus nósanna imeachta bunaithe ag na Ballstáit chun comhairle eolaíoch a sholáthar maidir le beartais phoiblí a fhoirmliú agus maidir le bearta a ghlacadh, lena n-áirítear i gcásanna géarchéime; á mholadh, i ngéarchéimeanna amach anseo, amhail paindéimí, gur cheart ainmneacha chomhaltaí agus ghairmithe na ngrúpaí saineolaithe sin a chur ar aghaidh chuig na parlaimintí náisiúnta lena ngrinnscrúdú agus lena n-eolas i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus cleachtais náisiúnta;

358. á aithint go raibh ról tábhachtach ag na cúirteanna maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar reachtaíocht éigeandála faoi bhunreachtanna na mBallstát ábhartha; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di dúnadh iomlán na gcúirteanna i mBallstáit áirithe, rud a chuir cosc éifeachtach ar rochtain ar aon mhodh chun agóid a dhéanamh in aghaidh bearta sriantacha a tugadh isteach chun freagairt ar an bpaindéim nó ar ábhair eile, go háirithe iad siúd chun feidhmiú ceart neamh-inmhaolaithe agus absalóideach a chosaint dá bhforáiltear le hAirteagal 2 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus le hAirteagal 13 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR); á chur i bhfios go láidir gur gá neamhspleáchas na mbreithiúna agus an smachta reachta a ráthú le linn paindéimí;

359. á mheas, i ndiaidh na paindéime agus chogadh leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, go bhfuil sé ríthábhachtach trédhearcacht, cuntasacht a choimirciú mar phríomhphrionsabail atá leabaithe i luachanna daonlathacha na hEorpa agus gur gá pleananna córasacha seachas bearta ad hoc a cheapadh;

360. á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil na dúshláin atá ann cheana don daonlathas, do chearta bunúsacha, don chóras srianta agus ceartúchán agus don smacht reachta níos measa i roinnt Ballstát mar gheall ar an ngéarchéim; á chur in iúl gurb oth léi gur measadh go raibh roinnt de na hionstraimí a d'úsáid na Ballstáit chun bearta urghnácha a ghlacadh míbhunreachtúil; á chur in iúl gur cúis bhuartha di leathadh na dteoiricí comhcheilge, an antoisceachais pholaitiúil agus na fuathchainte le linn na paindéime i bhformhór na mBallstát agus á mheas gur bagairt é sin do dhaonlathais Eorpacha agus do luachanna Eorpacha; á chur i bhfáth gur gá d'údaráis phoiblí aird cheart a thabhairt ar an bhforbairt sin agus gur gá aghaidh a thabhairt uirthi go cothrománach;

II) FORMHAOIRSEACHT DHAONLATHACH AR AN BHFREAGAIRT AR PHAINDÉIMÍ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS

361. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh an lámh uachtarach ag an mbrainse feidhmiúcháin i gcinnteoireacht éigeandála le linn na paindéime, rud a bhain an bonn de shainchumais na Parlaiminte agus den chumas formhaoirseacht pholaitiúil a dhéanamh; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur gá athmheasúnú a dhéanamh ar na bearta atá i bhfeidhm chun sainchumais na Parlaiminte a choimirciú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle teorainn a chur le húsáid Airteagal 122 CFAE, agus rialú parlaiminteach a mhéadú, lena n-áirítear tionscnamh reachtach Pharlaimint na hEorpa i

ngníomhaíochtaí práinnfhreagartha, agus comhchinnteoireacht le haghaidh ionstraimí éagsúla chun dlisteanacht gníomhaíochtaí práinnfhreagartha a neartú;

362. á thabhairt dá haire, le linn phaindéim COVID-19, gur ghlac an Pharlaimint bearta urghnácha agus gur thug sí faoi ghníomhaíocht nuálach a chuir ar a cumas leanúint lena cuid gníomhaíochtaí, a dualgais a chomhlíonadh agus a sainchumais reachtacha, bhuiséadacha, ghrinnscrúdaithe agus formhaoirseachta a fheidhmiú faoi na Conarthaí, agus sláinte na bhFeisirí, na foirne agus daoine eile á gcosaint ag an am céanna le linn na paindéime; á thabhairt chun suntais cumas na Parlaiminte leanúint lena cuid seirbhísí ateangaireachta i 24 theanga oifigiúla AE, fiú le linn cianchruinnithe;

363. á iarraidh go ndéanfar tuilleadh comhordaithe i measc institiúidí an Aontais maidir le bearta urghnácha a ghlacadh agus á chur i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar dhúshláin digitithe chun a áirithiú gur féidir le hinstitiúidí an Aontais, an Pharlaimint go háirithe, a sainorduithe agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh trí bhíthin cruinnithe pearsanta, amhail suíonna iomlánacha agus caibidlíochtaí idirinstitiúideacha (cruinnithe tríthaobhacha); ag aithint, áfach, an luach a bhaineann le réitigh dhigiteacha agus chianda nuair a bhíonn gá leo i gcásanna éigeandála, go háirithe ar chúiseanna sláinte poiblí;

364. ag cur béim ar an bhfíoras go raibh moill ar phróiseáil iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid mar thoradh ar an bpaindéim agus ar na hathruithe ar nósanna imeachta oibre na n-institiúidí ina dhiaidh sin; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach do na hinstitiúidí sásraí a chur ar bun chun a áirithiú go gcoinneofar an leibhéal is airde trédhearcacht agus rochtain ar dhoiciméid, fiú i gcás géarchéime;

*d. COVID-19 agus srianta na mBallstát ar shaorghluaiseacht daoine*

365. á thabhairt chun suntais, mar fhreagairt ar ionfhabhtuithe COVID-19, gur athbhunaigh roinnt stát Schengen rialuithe ag teorainneacha inmheánacha nó gur dhún siad a dteorainneacha, gan critéir eipidéimeolaíocha, nó gur fhorchuir siad srianta ar chatagóirí áirithe taistealaithe, lena n-áirítear saoránaigh AE agus baill dá dteaghlaigh agus náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí ar a gcríoch nó ar chríoch Ballstáit eile, rud a bhaineann an bonn de phrionsabal na saorghluaiseachta agus de bhunbhrí chomhar Schengen; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur dúshlán iad na srianta agus na bearta taistil sin do shláine limistéar Schengen, gur bhain siad an bonn d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus go raibh tionchar diúltach acu ar an ngeilleagar;

366. á chur i bhfáth go raibh iarmhairtí suntasacha ag cur chuige neamh-chomhordaithe na mBallstát agus ag an éiginnteacht dhlíthiúil a bhaineann leis na srianta taistil arna bhforchur ag na Ballstáit ar thaistealaithe agus ar an tionscal turasóireachta araon;

367. á thabhairt dá haire, nár thug na Ballstáit fógra i gcónaí don Choimisiún faoi rialuithe nua teorann, nó nár thíolaic siad tuarascálacha éigeantacha *ex post* lena ndéantar measúnú, i measc pointí eile, ar éifeachtacht agus comhréireacht a rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, agus nuair a tíolacadh na tuarascálacha sin, gur minic nár chuir siad faisnéis leordhóthanach ar fáil maidir leis na saincheisteanna sin; á aithint go ndearna sé sin difear do chumas an Choimisiúin anailís láidir a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíon na bearta rialaithe teorann reachtaíocht Schengen; á athdhearbhú gur cheart aon rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a bheith comhréireach agus mar bheart na rogha deiridh agus tréimhse theoranta i gceist leo agus á chur i bhfios go láidir gur cheart don Choimisiún

grinnscrúdú cuí a fheidhmiú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha reachtaíocht Schengen agus chun bailiú sonraí faoi shrianta taistil a chuíchóiriú agus chun treoir níos inghníomhaithe a sholáthar maidir le cur chun feidhme rialuithe ag teorainneacha inmheánacha;

368. á thabhairt chun suntais gur fhoilsigh an Coimisiún, in 2020, treoirlínte maidir le bearta bainistithe teorainneacha chun an tsláinte a chosaint agus infhaighteacht earraí agus seirbhísí riachtanacha a áirithiú, chun go ráthóidh na Ballstáit feidhmiú leanúnach na slabhraí soláthair sa mhargadh aonair agus chun aon ghanntanais a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, mar aon le treoirlínte maidir le saorghluaiseacht oibrithe a fheidhmiú le linn ráig COVID-19 chun ligean d'oibrithe i ngairmeacha criticiúla, go háirithe, gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí bunriachtanacha a dhéanamh; á chur in iúl gur geal léi an ghníomhaíocht a rinneadh chun 'lánaí glasa' a shuiteáil chun oibriú an mhargaidh aonair agus saorghluaiseacht earraí a choimirciú, ach á iarraidh go n-ullmhófaí pleananna gníomhaíochta saincheaptha chun saorghluaiseacht oibrithe agus daoine trasteorann a choimirciú i ngéarchéimeanna amach anseo; á mheabhrú go raibh fadhbanna ann maidir le hoibriú na lánaí glasa ar roinnt bealaí mar gheall ar easpa seirbhísí agus soláthairtí íosta, a raibh tionchar diúltach acu ar thiománaithe agus ar oibrithe iompair;

369. ag tabhairt dá haire an togra ón gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2016/399 an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen)[50] lena dtugtar aghaidh, inter alia, ar chumas Bhallstáit Schengen freagairt ar bhealach aonfhoirmeach do mhórbhagairtí ar an tsláinte phoiblí; á thabhairt chun suntais gur gá cur chuige comhordaithe a leanúint i measc na mBallstát i gcásanna géarchéime sláinte, chun a áirithiú go n-athbhunófar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ag na Ballstáit mar rogha na dála deiridh ar fad agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus chun a ráthú go n-urramófar an ceart chun tearmainn agus prionsabal an non-refoulement le linn géarchéimeanna sláinte;

*e. Conclúidí*

370. á aithint, le linn na géarchéime, go raibh ar institiúidí Eorpacha agus náisiúnta aghaidh a thabhairt ar chásanna eisceachtúla inar ghá déileáil go práinneach le hábhair áirithe; á chur i bhfáth, áfach, gur cheart go leanfadh trédhearcacht agus cuntasacht de bheith ina dtosaíochtaí le linn géarchéimeanna, go háirithe, chun muinín na saoránach i bhfeidhmiú institiúidí poiblí a chothú agus a chothabháil; á chur i bhfáth go bhfuil gá le pleananna ullmhachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus nach mór iad sin a bheith bunaithe ar urraim do chearta bunúsacha agus don smacht reachta, chun sáruithe a sheachaint in aimsir géarchéime;

371. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcloífear leis na caighdeáin is airde ar mhaithe le leas an phobail a choimirciú; ag tathant ar an gCoimisiún, agus folaithe ar dhoiciméid oifigiúla á gcinneadh aige, liosta a dhéanamh den eisceacht shonrach faoi Airteagal 4 de Rialachán 1049/2001 atá á cur i bhfeidhm maidir le gach folú aonair, seachas maidir leis an doiciméad ina iomláine;

372. á mholadh do na Ballstáit litearthacht sna meáin agus litearthacht dhigiteach, oideachas

[50] IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

saoránachta, urraim do chearta bunúsacha, smaointeoireacht chriticiúil agus cur chun cinn rannpháirtíocht an phobail ar churaclaim scoile agus ollscoile a áireamh, i gcomhthráth leis na hiarrachtaí chun feasacht a mhúscailt i measc daoine fásta;

373. á chur i bhfáth a thábhachtaí agus a riachtanaí atá idirphlé feabhsaithe i measc gairmithe cúraim sláinte, na n-údarás poiblí lena mbaineann, grúpaí taighde agus an tionscail cógaisíochta le linn paindéimí, maidir le cumarsáid maidir le galair agus treoirlínte le haghaidh paindéimí agus géarchéimeanna sláinte amach anseo;

374. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit straitéis a fhorbairt tuilleadh chun cur i gcoinne éifeachtaí diúltacha a bhaineann le 'eipidéimí faisnéise' i ngéarchéimeanna amach anseo;

375. á mholadh do na hInstitiúidí Eorpacha agus do na Ballstáit treoirlínte a tharraingt suas maidir le conas dul i ngleic leis na ceisteanna eiticiúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn géarchéime sláinte nó géarchéime eile; á chreidiúint gur cheart go ndíreodh na treoirlínte sin go háirithe ar conas na grúpaí is leochailí a chosaint agus ar conas is féidir a áirithiú go ndéanfar a gcearta a choimirciú freisin i ngéarchéim; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach i bhforbairt na dtreoirlínte sin, lena n-áirítear eagraíochtaí míchumais, eagraíochtaí LADTIA+, eagraíochtaí chearta na mban, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine a ndéantar idirdhealú ciníoch ina gcoinne, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar imircigh, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin;

376. á iarraidh ar na Ballstáit deireadh a chur le cleachtais idirdhealaitheacha triáise, go háirithe iad siúd a úsáideann aois, riochtaí leighis atá ann cheana agus cáilíocht saoil mar chritéar uathúil, agus rochtain ar chúram sláinte do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú trí threoir agus oiliúint; á mholadh, i gcásanna nach mbeidh gairmithe cúraim sláinte in ann an leibhéal céanna cúraim a sholáthar do chách, ní mór do threoirlínte leighis a bheith neamh-idirdhealaitheach agus cloí leis an dlí idirnáisiúnta agus leis na treoirlínte eitice atá ann cheana maidir le cúram i gcás tubaistí agus éigeandálaí; á athdhearbhú, agus na treoirlínte sin á gcur ar fáil acu, nach mór do na húdaráis a dtiomantas do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a chur san áireamh, go háirithe Airteagal 11 — cásanna riosca agus éigeandálaí daonnúla; á chur i bhfios go láidir, go háirithe, gur gá tacú le daoine faoi mhíchumas a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar leithcheal trasnach;

377. á iarraidh ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar leibhéil mhéadaitheacha foréigin teaghlaigh le linn bearta sriantacha, trí fheasacht a mhúscailt, faisnéis a sholáthar i dtimpeallacht shábháilte, dídean a oscailt d'íospartaigh, trí réitigh fhíorúla nó dhigiteacha a fhorbairt, leanúint d'orduithe cosanta a eisiúint agus cásanna cúirte foréigin baile a láimhseáil le linn dianghlasálacha;

378. ag tathant ar an gCoimisiún treoirlínte a chur i dtoll a chéile maidir le cásanna éigeandála sláinte a bhaineann le cearta bunúsacha leanaí, daoine óga agus teaghlaigh, lena n-áirítear treoirlínte maidir le rochtain ar spásanna amuigh faoin aer a éascú i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche;

379. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta nithiúla a mholadh chun tacú le daoine agus pobail imeallaithe, mionlaigh agus daoine faoi mhíbhuntáiste agus iad a

chosaint le linn géarchéimeanna, ar an leibhéal socheacnamaíoch agus ó thaobh cuimsiú sóisialta agus cultúrtha araon;

380. á chur i bhfios go láidir na deacrachtaí a bhíonn ag daoine LADTIA+ maidir le rochtain a fháil ar chúram leighis le linn na paindéime, go háirithe daoine trasinscneacha, agus ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sásraí a fhorbairt chun dul i ngleic leis sin in aon ghéarchéim sláinte nó géarchéim eile a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo; á mheabhrú don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir leis an gcosaint shonrach a bhféadfadh gá a bheith ag teaghlaigh bogha ceatha léi i gcás éigeandála nó géarchéime, go háirithe i mBallstáit nach bhfuil a stádas dlíthiúil soiléir iontu;

381. á mheabhrú gur gá dlúthpháirtíocht fheabhsaithe i measc na mBallstát, go háirithe in aimsir géarchéime; á chur in iúl gur oth léi blocáil earraí bunriachtanacha, cógas leighis, feistí leighis agus trealaimh le linn na gcéimeanna is íogaire den ghéarchéim; á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh dlúthpháirtíochta a chur chun cinn amach anseo agus bearta iomchuí a mholadh chun smachtbhannaí a fhorchur ar na Ballstáit atá freagrach as tionscnaimh aontaobhacha den chineál sin;

382. á mheabhrú do na Ballstáit nach mór an rogha chun rialuithe teorann ag na teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach a chur i bhfeidhm mar rogha na dála deiridh ar fad i gcásanna eisceachtúla amhail baol tromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach agus nach mór prionsabal na comhréireachta a urramú;

383. á iarraidh ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar athbhreithniú *ex post* a dhéanamh ar an gcaoi ar ullmhaíodh córais dlí náisiúnta do na bearta a cheanglaítear leis an bpaindéim d'fhonn a n-ullmhacht agus a gcreat dlíthiúil a uasmhéadú do ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo;

384. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá do na Ballstáit formhaoirseacht dhaonlathach a áirithiú le linn géarchéimeanna agus cásanna éigeandála; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá srianta agus ceartúcháin agus an gá atá le trédhearcacht na cinnteoireachta poiblí a áirithiú chomh maith le ról a thabhairt do shaoránaigh agus iad a chur ar an eolas ar bhealach fáilteach agus intuigthe; á mheabhrú go bhfuil na tosca sin go léir ríthábhachtach chun muinín a chothú in institiúidí agus údaráis phoiblí agus go bhfuil muinín ar cheann de bhunchlocha sochaithe daonlathacha athléimneacha;

385. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit teacht ar réitigh reachtacha chuí amhail, mar shampla, creat Eorpach lena ngabhann critéir íosta, chun dínit agus cóir chuí daoine institiúidithe le linn paindéimí a ráthú;

386. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit sásraí a bhunú ar cheart iad a bheith ar fáil le linn cásanna géarchéime chun gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear gáinneáil, striapachas, teacht i dtír gnéasach agus éigniú; á mholadh go bhforbrófaí prótacal AE chun íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe a chosaint le linn géarchéime agus éigeandálaí agus chun é a aicmiú mar 'sheirbhís bhunriachtanach' sna Ballstáit;

## 3. *Tionchar Sóisialta agus Eacnamaíoch*

*a) Éifeachtaí bhearta COVID-19, lena n-áirítear dianghlasálacha, ar oibrithe, ar*

*ghnólachtaí agus ar thomhaltóirí*

387. á thabhairt dá haire go raibh suaitheadh na paindéime ar mhargaí saothair in 2020 géar, agus go raibh an téarnamh gasta go ginearálta ach go raibh sé éagothrom idir na Ballstáit; á thabhairt dá haire gur chuidigh idirghabhálacha beartais agus tacaíocht shuntasach phoiblí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais leis an téarnamh; á chur i bhfios go raibh na Ballstáit ag déileáil le dúshláin phaindéim COVID-19 trí bhearta éagsúla a úsáid, agus go raibh tionchar na paindéime ar fheidhmiú gnólachtaí agus ar mhargadh an tsaothair éagsúil dá bhrí sin; á chur i bhfios go láidir, ar an iomlán, cé gur tháinig fostaíocht AE ar ais go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim laistigh de dhá bhliain, i gcomparáid le beagnach ocht mbliana tar éis na géarchéime airgeadais domhanda, ní leor fós an fhreagairt ón Aontas agus ó na Ballstáit, tríd is tríd, chun filleadh ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, agus go bhfuil an staid in AE níos measa fós mar gheall ar an ngéarchéim ina dhiaidh sin;

388. á chur i bhfios go láidir tionchar socheacnamaíoch domhain, ginearálta agus forleathan na paindéime ar shochaithe na hEorpa, rud ba chúis le hanacair mhór agus dianbhrú ar oibrithe; á chur i bhfáth gur suaitheadh suntasach é an suaitheadh ar mhargadh an tsaothair, go háirithe do phoist ar phá íseal, d'oibrithe ar bheagán oiliúna agus do dhaoine agus do phobail atá imeallaithe go ginearálta, agus á chur in iúl gur oth léi go bhfuil na héagsúlachtaí eacnamaíocha atá ann cheana laistigh de AE níos measa de dheasca na paindéime;

389. á thabhairt dá haire gur poist ar phá íseal ab ea formhór na bpost a cailleadh le linn na paindéime agus i measc fostaithe a bhfuil conarthaí neamhthipiciúla acu, agus gur léiríodh i staidrimh go ndearnadh difear do níos mó ban [51] ná fir, ach go raibh an téarnamh san fhostaíocht le linn 2021 á spreagadh ag fás[52] i bpoist agus i ngairmeacha dea-íoctha; á chur i bhfios go láidir go raibh tionchar díréireach ag an bpaindéim ar chatagóirí áirithe oibrithe, lena n-áirítear oibrithe féinfhostaithe, iad siúd in earnálacha na hoibre baininscneacha, oibrithe ardáin, saoroibrithe, oibrithe conarthacha lena n-áirítear oibrithe ar fochonradh, oibrithe séasúracha agus sealadacha, oibrithe trasteorann agus iad siúd in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta chomh maith le turasóireacht, fáilteachas agus miondíol; ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar an bpaindéim, go bhfuil an bhearna ioncaim in AE tar éis leathnú agus éagothromaíochtaí socheacnamaíocha tar éis dul in olcas;

390. á chur i bhfáth go raibh tionchar mór ag an ngéarchéim ar dhaoine óga, rud a rinne difear dá n-ionchais fostaíochta agus a chuir isteach ar a n-oideachas;

391. á thabhairt dá haire gurb é is cúis leis an méadú ar dhífhostaíocht i measc na hóige ná ró-ionadaíocht daoine óga i bhfostaíocht fhorbhásach, amhail obair pháirtaimseartha, obair ar théarma seasta, nó obair ghníomhaireachta shealadach; á thabhairt chun suntais nach raibh rochtain ag go leor daoine óga ar scéimeanna ioncaim íosta i dtíortha AE;

392. á chur i bhfáth gur thuairiscigh thart ar 90 % de FBManna go raibh drochthionchar eacnamaíoch orthu sna chéad mhíonna den phaindéim, agus gurb seirbhísí an earnáil ba mheasa a bhí buailte, le titim idir 60 % agus 70 % ar a láimhdeachas; á thabhairt dá

[51] Innéacs Comhionannas Inscne 2021: Sláinte.
[52] Eurofound, Téarnamh ó COVID-19:Struchtúr athraitheach na fostaíochta san Aontas Eorpach.

haire, gurbh é earnáil an bhia ar an gcéad earnáil eile ba mheasa a bhí buailte agus drochthionchar idir 10 % agus 15 % ar a láimhdeachas; á chur i bhfios gur thuairiscigh 30 % de na FBManna uile gur bhain caillteanas 80 % ar a laghad dá láimhdeachas agus gurb í earnáil fáilteachais AE ba mheasa a bhí buailte, agus gur cailleadh os cionn 1.6 milliún post san earnáil sin idir an ceathrú ráithe de 2019 agus an ceathrú ráithe de 2020;

393. á thabhairt chun suntais go raibh formhór na dtíortha ag brath ar an turasóireacht[53] agus, dá bhrí sin, gur fhulaing roinnt tíortha suaitheadh i bhfad níos mó OTI mar thoradh ar dhianghlasálacha paindéime i gcomparáid le tíortha eile mar gheall ar chásanna eipidéimeolaíocha níos dúshlánaí agus dálaí socheacnamaíocha a bhí ann cheana, lena n-áirítear ceann de phríomhfhoinsí na gníomhaíochta eacnamaíche; á thabhairt dá haire, gur measa an easpa lucht saothair cháilithe nó leormhaith a bhí ann cheana mar gheall ar chailleadh post in earnálacha an fháilteachais agus na turasóireachta, rud a fhágann gur deacra fós tallann a choinneáil;

394. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na mBallstát cabhrú le FBManna le scéimeanna amhail ráthaíochtaí iasachta nó fóirdheontais mar bhearta eisceachtúla in aimsir géarchéime; á chur in iúl gur oth léi, áfach, na héagothromaíochtaí sna freagairtí eacnamaíocha náisiúnta ar an bpaindéim ó thaobh mhéid agus chineál na cabhrach arna chur ar fáil, go háirithe do FBManna, agus cásanna socheacnamaíocha éagsúla na mBallstát á n-aithint ag an am céanna; á thabhairt dá haire gur bhain FBManna i ngach tír Eorpach úsáid as an scéim dífhostaíochta gearrthéarmach chun a n-oibrithe agus a ngnólachtaí a chosaint agus gur chuir na Ballstáit fóirdheontais ioncaim chun feidhme freisin chun caillteanas ioncaim oibrithe féinfhostaithe a chumhdach; á chur in iúl gur geal léi an obair atá déanta ag EU-OSHA chun tacú le cosaint na sláinte ceirde le linn na géarchéime;

395. á chur i bhfáth go bhfuarthas amach i dtuarascáil speisialta EIS maidir leis an tionchar ar fhostaíocht don aos óg go raibh margadh saothair na hóige trí huaire níos measa as le linn na paindéime ná mar a bhí do dhaoine fásta;

396. á thabhairt dá haire go bhfuil tionchar fós ag iarmhairtí na paindéime ar mhargadh an tsaothair agus go raibh tionchar ag dúnadh agus teorainneacha fada ar fhormhór mór na n-oibrithe;

397. á chur i bhfios go láidir an tionchar ollmhór a bhí ag COVID-19 ar oibrithe cúraim sláinte, go díreach ó thaobh rioscaí sláinte, ionfhabhtuithe agus básanna de, agus freisin go hindíreach ar a ndálaí oibre, uaireanta oibre, brú agus strus; á mheabhrú gur mhéadaigh an phaindéim tuilleadh brú ar oibrithe cúraim sláinte trí cheangal a chur orthu uaireanta breise a oibriú agus fágadh gur nochtadh iad do bhrú fisiceach agus meabhrach nach bhfacthas a leithéid riamh; á chur i bhfáth gur diúltaíodh ceart oibrithe cúraim sláinte oibriú i dtimpeallacht shábháilte agus chosanta le linn na géarchéime; ag aithint thionchar COVID-19 ar na hearnálacha cúraim shóisialta agus sláinte go háirithe

---

[53] Bhí an tionscal turasóireachta, arb ionann é agus 10 % d'OTI an Aontais, ar cheann de na hearnálacha is mó a ndearna an phaindéim difear dóibh; á mheabhrú gur tháinig laghdú 51 % in 2020 ar líon na n-oícheanta aíochta i mbunaíochtaí turasóireachta san Aontas i gcomparáid le 2019 agus go raibh 71 % níos lú aerthaistil san Aontas in 2020 ná mar a bhí in 2019.

ó thaobh cistithe, foirne agus acmhainní eile;

398. ag tabhairt dá haire tionchar diúltach phaindéim COVID-19 ar mheabhairshláinte fiontraithe agus oibrithe a bhí ag streachailt leis an mbrú go mbeadh orthu poist a choinneáil agus a ngnólachtaí a choinneáil i mbun gnó; á thabhairt chun suntais an ról tábhachtach atá ag idirphlé sóisialta cuiditheach agus ag cómhargáil maidir le héifeachtaí díobhálacha na paindéime a mhaolú agus maidir le comhthoil a bhaint amach maidir le bearta spriocdhírithe chun na hoibrithe agus na fiontair sin is mó atá buailte ag an ngéarchéim a chosaint;

*b) Ionstraimí Maoinithe an Aontais (bearta EU4Health, Fís Eorpach, an Sásra um Chosaint Shibhialta, Cistí Comhtháthaithe, Ciste Téarnaimh, etc.)*

399. á thabhairt dá haire, gur fhreagair an tAontas go tapa don chúlú eacnamaíoch arb í an phaindéim ba chúis leis, trí rialacha maidir le Státchabhair a mhaolú, trí rialacha fioscacha a chur ar fionraí, an ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcCás Éigeandála (SURE) a thabhairt isteach agus NextGenerationEU a sheoladh agus infheistíocht a dhéanamh i maoiniú comhpháirteach vacsaíní; ag aithint go raibh na Ballstáit in ann, a bhuí le gníomhaíochtaí údaráis airgeadaíochta agus pholaitiúla AE, airgead a chaitheamh agus a fháil ar iasacht go héasca; ag aithint thionchair éagsúla na paindéime ar OTI na mBallstát, agus tíortha áirithe agus réigiúin oileánacha áirithe thíos le suaití níos mó mar gheall ar thosca amhail staid eipidéimeolaíoch níos measa, as a n-eascraíonn dianghlasálacha níos déine, agus struchtúir shocheacnamaíocha éagsúla a bhí ann cheana;

400. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Aontais bearta sealadacha eacnamaíocha a chur i bhfeidhm go tapa amhail an clár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime ón mBanc Ceannais Eorpach, spreagadh an chlásail éalaithe ghinearálta sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus gur ghlac an Coimisiún creat státchabhrach urghnách chun cabhrú leis na Ballstáit agus le gnólachtaí; á chur i bhfios go raibh na Ballstáit in ann freisin, a bhuí le gníomhaíochtaí údaráis airgeadaíochta agus pholaitiúla AE, airgead a chaitheamh agus a fháil ar iasacht go héasca;

401. á chur in iúl gur geal léi na bearta agus na hionstraimí a lean, le forbairt SURE, RRF agus NextGenerationEU, ar gheall an tAontas EUR 800 billiún do dheontais agus d’iasachtaí orthu; á chur i bhfios go láidir go raibh ról lárnach ag RRF agus SURE maidir le tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na paindéime a mhaolú maidir lenár saoránaigh a choinneáil i bpoist; á aithint, áfach, gur gá bogadh i dtreo bearta tacaíochta airgeadais struchtúracha san fhadtéarma, agus go háirithe a thábhachtaí atá ionstraim d’oibrithe dífhostaithe, amhail SURE, atá fós in úsáid ar feadh thréimhse na staide eisceachtúla reatha agus atá fós bunaithe ar iasachtaí agus a ghníomhachtaítear go tapa i gcás suaitheadh seachtrach airgeadais nó eacnamaíoch nua;

402. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle a áirithiú go leanfaidh ionstraim SURE de thacaíocht a thabhairt do scéimeanna oibre gearr-ama, d’ioncam oibrithe agus d’oibrithe a chuirfí as go sealadach mar gheall ar an staid eisceachtúil atá ann faoi láthair agus na hiarmhairtí a bheadh aici ina dhiaidh sin;

403. ag spreagadh na mBallstát leas iomlán a bhaint as acmhainneacht RRF, lena n-áirítear iasachtaí, chun dul i ngleic le héifeachtaí na paindéime agus leis na dúshláin a bheidh

amach romhainn; á chur i bhfáth go ndearna moilleanna maidir le pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a fhormheas ag na Ballstáit difear mór do chumas na n-údarás áitiúil agus réigiúnach aghaidh a thabhairt go leormhaith ar éifeachtaí na paindéime ar a bpobail, ar a ngnólachtaí agus ar a saoránaigh, go bhféadfadh sé go bhfuil an staid eacnamaíoch áitiúil agus réigiúnach ag dul in olcas san fhadtéarma mar thoradh air sin; i bhfianaise géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, á thabhairt dá haire gur gá athchóirithe a comhaontaíodh sna Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear cistí NextGenerationEU chun feidhme ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtaí, rud a chuirfeadh ar chumas na mBallstát cothrom iomaíochta a bhunú an athuair a bheadh ríthábhachtach chun tacú le téarnamh réigiúin agus bhardais an Aontais a bhfuil neamhchinnteacht eacnamaíoch ag bagairt orthu;

404. á chreidiúint gur ann do shaincheisteanna trédhearcachta maidir le dearadh agus cur chun feidhme shaoráid an Chiste Athléimneachta agus Téarnaimh, lena n-áirítear easpa oibleagáidí soiléire chun sonraí a fhoilsiú maidir le mionsonraí i ndáil le caiteachas na gcistí a fuarthas agus maidir leis an easpa comhchaighdeán maidir le comhroinnt sonraí, a bhfuil baol suntasach éillithe ag baint leo; á mholadh gur cheart do na Ballstáit tuilleadh iarrachta a dhéanamh chun sonraí maidir lena bpleananna téarnaimh náisiúnta a chomhroinnt agus sásraí náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a bharrfheabhsú le tacaíocht ón gCoimisiún; á chur in iúl gur geal léi rialachán REPowerEU lena gcuirtear oibleagáid ar na Ballstáit faisnéis a fhoilsiú maidir leis an 100 tairbhí is mó den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; á iarraidh ar na Ballstáit gealltanais shoiléire a thabhairt chun sonraí maidir le tairbhithe deiridh agus faisnéis maidir le ceann scríbe na gcistí a fhaightear a fhoilsiú; ag cur béim ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le héilliú agus caiteachas neamhéifeachtach;

405. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé faisnéis inrochtana a sholáthar faoi na hiasachtaí agus na deontais a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar fiú EUR 700 billiún iad; go háirithe, faisnéis ó na Ballstáit maidir le comhlíonadh aon choinníollacha a ghabhann le cistí AE agus bearta chun grinnscrúdú poiblí ar na garspriocanna atá bainte amach ag na Ballstáit a áirithiú;

406. á thabhairt dá haire gur cheart d'infheistíochtaí RRF san aistriú glas agus sa chlaochlú digiteach rannchuidiú le huathriail agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais a mhéadú, agus de réir an Choimisiúin, meastar go gcuirfidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta borradh mór faoi chur chun feidhme straitéis tionsclaíochta an Aontais agus, ar an gcaoi sin, go rannchuideoidh sí le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thionscail an Aontais;

407. ag aithint an rath a bhí ar an gcreat státchabhrach sealadach agus ar an infheistíocht maidir le go leor Ballstát AE a thabhairt ar ais chuig leibhéil OTI a bhí ann roimh an bpaindéim, fostaíocht a choinneáil, agus gnólachtaí a choinneáil ar bun;

408. á thabhairt chun suntais go bhfuil EUR 100 billiún de chúnamh airgeadais leithdháilte ag SURE ar fud 19 mBallstát go dtí seo, gur eisíocadh iasachtaí NextGenerationEU le seacht mBallstát agus go bhfuil leithdháileadh ar Bhallstáit eile ar siúl faoi láthair;

409. á thabhairt dá haire gur chabhraigh ionstraimí tacaíochta eacnamaíche AE ar fud na

hEorpa le 31 mhilliún duine a bpost a choinneáil agus go bhfuil 2.5 milliún gnólacht ag coinneáil a ngnó ar bun agus gur chabhraigh na hionstraimí tacaíochta sin, i gcomhar le scéimeanna sealadacha náisiúnta atá ann cheana, le laghdú 1.5 milliún a dhéanamh ar an dífhostaíocht san Eoraip;

410. ag aithint an róil thábhachtaigh atá ag roinnt údarás áitiúil agus réigiúnach maidir le tosaíocht a dhéanamh den tsláinte phoiblí a chosaint agus gníomhaíocht eacnamaíoch a choinneáil ar bun go rathúil ag an am céanna; á iarraidh go n-aithneofaí an ról atá ag gnólachtaí teaghlaigh, a mbíonn nasc láidir acu go minic leis an bpobal áitiúil a bhfuil siad ag feidhmiú ann, agus tús áite a thabhairt d'fhostaithe a choinneáil le linn na paindéime agus, ar an gcaoi sin, tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus le hoibrithe iompair ar áirithíodh soláthar earraí agus cógas ríthábhachtach lena n-iarrachtaí leanúnacha;

*c) Tionchar bhearta COVID-19, lena n-áirítear dianghlasálacha, ar mhná agus cailíní, ar dhaoine óga agus ar leanaí*

I) MNÁ AGUS CAILÍNÍ

411. á thabhairt chun suntais go raibh tionchar diúltach ag paindéim COVID-19 ar chomhionannas inscne; á aithint go soláthraíonn mná formhór an chúraim gan íocaíocht fós amhail obair tí, cúram leanaí agus obair a bhaineann le leanaí; á chur i bhfáth go bhfuil ról lárnach agus ró-ionadaíocht ag mná atá ag obair i ngairmeacha atá aicmithe mar 'bhun-riachtanach', amhail earnálacha sóisialta, cúraim, glantacháin, oideachais, sláinte agus miondíola a choinnigh ár sochaithe ar bun le linn ghéarchéim COVID-19 agus gur tharraing an phaindéim aird ar na neamhionannais agus ar na dúshláin struchtúracha atá os comhair na mban agus na gcailíní ina n-éagsúlacht uile, agus gur ghéaraigh sí iad, go háirithe iad siúd atá i mbaol go ndéanfar leithcheal trasnach orthu;

412. á thabhairt dá haire gur ann do thionchar diúltach eacnamaíoch níos láidre i measc na mban ná na bhfear, go bhfuil rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair in earnálacha áirithe marbhánta nó laghdaithe agus go bhféadfadh tionchar láidir a bheith aige sin ar phinsin na mban tríd an mbearna phinsin atá ann cheana a ghéarú agus trí bhaol na bochtaineachta agus an spleáchais eacnamaíoch a mhéadú;

413. á aithint gur cailleadh 3.6 % d'fhostaíocht na mban in 2020 i gcomparáid le 2.9 % d'fhostaíocht na bhfear, cé go raibh na caillteanais ba mhó i gCríocha Mheiriceá, agus ina dhiaidh sin an Áise-Aigéan Ciúin, an Eoraip agus an Áise Láir, agus an Afraic; á thabhairt dá haire go raibh 20 milliún níos lú ban fós ag obair in 2021 ná mar a bhí ann roimh an bpaindéim, i gcomparáid le 10 milliún níos lú fear; á chur i bhfios go láidir go raibh níos mó coinbhleachta oibre is saoil ag mná le linn dianghlasálacha agus gur dócha go mbeidh tionchar mór ag éifeachtaí fadtéarmacha na géarchéime seo ar mhná mar gheall ar an ról sóisialta inscneach i gcás obair chúraim; á thabhairt dá haire go raibh ró-ionadaíocht ag mná sna hearnálacha ba mhó a buaileadh, amhail earnáil an fháilteachais agus na seirbhísí bia, na monaraíochta, an chúraim agus na hearnála sláinte foirmiúla; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go raibh na daoine sin a chuireann cúram ar fáil ag croílár na paindéime; á thabhairt dá haire gur mná iad céatadán mór d'oibrithe i gcúram atá faoi réir pá éagothrom;

414. á thabhairt dá haire gur tháinig laghdú ar sheirbhísí cúraim agus méadú ar obair chúraim

gan íocaíocht a rinne mná le linn phaindéim COVID-19, lena n-áirítear mná a bheith ina bpríomhchúramóirí do dhaoine leochaileacha agus do dhaoine breoite ina dteaghlaigh chomh maith le hualach na ngníomhaíochtaí a bhaineann le scolaíocht bhaile a iompar, agus freastal ar a gcúraimí gairmiúla féin; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an neamhionannas inscne athbhunaithe agus treisithe sin agus ag léiriú iliomad fadhbanna struchtúracha atá suite i gcóras cúraim shóisialta na hEorpa, amhail saoráidí cúraim agus córais chúraim sláinte atá gann ar acmhainní nó easpa infheistíochta; á thabhairt dá haire go raibh iarmhairtí diúltacha suntasacha acu sin do mhná ó thaobh spleáchas eacnamaíoch de; á thabhairt chun suntais nach mór an ghné idirdhealaitheach inscne sin a chur san áireamh agus straitéisí agus beartais cúraim á ndearadh; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis cúraim a chur i dtoll a chéile chun aghaidh a thabhairt ar shaothar gan íocaíocht san earnáil cúraim; á thabhairt dá haire go raibh tionchar ag ró-ualú na gcóras sláinte náisiúnta ar sheirbhísí sláinte do mhná, le cur isteach suntasach ar scagthástáil ailse chomh maith le vacsaínithe agus cúram iarbhreithe agus réamhbhreithe;

415. á chur i bhfáth gur suíodh, go háirithe ag UNICEF, go bhfuil paindéim COVID-19 ag méadú an riosca maidir le ciorrú ball giniúna ban, agus é á thuar ag na Náisiúin Aontaithe go gcuirfear dhá mhilliún cailín breise faoi réir an chleachtais sna 10 mbliana amach romhainn, go deimhin, deir na Náisiúin Aontaithe go bhfuil tionchar díréireach ag COVID-19 ar chailíní agus ar mhná, rud a fhágann go bhfuil 'scáthphaindéim' ag iarraidh deireadh a chur le gach gnás díobhálach, lena n-áirítear ciorrú ball giniúna ban, go háirithe san Afraic;

II) DAOINE ÓGA AGUS LEANAÍ

416. á chur i bhfios go láidir nach amháin go raibh tionchar ag na bearta sriantacha sna Ballstáit ar oideachas agus fostaíocht don aos óg ach go raibh tionchar acu freisin ar mheabhairshláinte agus ar chaipiteal sóisialta daoine óga; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil fianaise láidir ann go bhfuil méadú ag teacht ar fhadhbanna meabhairshláinte, imní, siomptóim a bhaineann le dúlagar agus iompraíochtaí féinmharaithe; á thabhairt chun suntais gur dócha go raibh tionchar níos láidre ag iarmhairtí fadtéarmacha na paindéime ar an meabhairshláinte ar dhaoine óga leochaileacha agus ar dhaoine ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch nó ar phobail imeallaithe agus go bhfuil saincheisteanna eile níos measa acu; á thabhairt dá haire go raibh tionchar ag dianghlasálacha agus ag an easpa aclaíochta coirp dá mbarr ar shláinte agus ar fholláine daoine, agus gur léiríodh na fadhbanna sin go léir go háirithe i ngrúpaí leochaileacha ardriosca;

417. á thabhairt dá haire gur chuir dianghlasálacha cosc ar dhaoine óga atá ina gcónaí i staideanna leochaileacha rochtain a fháil ar sheirbhísí meabhairshláinte agus íoc astu; ag tathant ar na Ballstáit infheistíochtaí poiblí trasearnála a chur chun cinn chun dul i ngleic le neamhoird mheabhracha i measc leanaí agus daoine óga;

418. á thabhairt dá haire go raibh tionchar ag dúnadh scoileanna le linn phaindéim COVID-19 ar suas le 1.6 billiún leanbh ar fud an domhain[54]agus meastar go bhféadfadh 24 mhilliún dalta ar a laghad an scoil a fhágáil mar thoradh air sin; á chur in iúl gur cúis

[54] Barúlacha Stiúrthóir Feidhmiúcháin UNICEF Henrietta Fore ag preasagallamh maidir le treoir nua nuashonraithe maidir le bearta sláinte poiblí a bhaineann le scoileanna i gcomhthéacs COVID-19.

bhuartha di gur ghéaraigh paindéim COVID-19 na saincheisteanna socheacnamaíocha atá os comhair daoine óga, agus go bhfuil baol na bochtaineachta i measc daoine óga méadaithe mar thoradh ar an meascán de chaillteanais post agus d'obair gan phá nó obair ar phá íseal; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur chuir paindéim COVID-19 líon mór daoine óga i staideanna leochaileachta agus neamhchinnteachta a chuir cosc orthu rochtain a fháil ar bhunriachtanais;

419. ag tabhairt dá haire go raibh meath ar cháilíocht an oideachais do dhaltaí, agus laghdú ar a gcumas léitheoireachta, scríbhneoireachta agus foghlama matamaitice agus ar fhorbairt scileanna, rud a raibh tionchar diúltach fadtéarmach aige; á chur i bhfios go bhfuarthas go raibh an t-easnamh foghlama sin dhá uair an mhéid sin i measc mac léinn ó theaghlaigh ar ioncam íseal agus teaghlaigh bhochta ná mar a bhí in i measc na mac léinn sin ó theaghlaigh ar ioncam níos airde, rud a fhágann go bhfuil an bhearna idir leanaí ó theaghlaigh leochaileacha agus leanaí ó theaghlaigh atá athléimneach ó thaobh na socheacnamaíochta de tar éis leathnú;

420. á thabhairt dá haire go bhfuil difríochtaí ann idir na bearta a rinne na Ballstáit mar fhreagairt ar na staideanna eipidéimeolaíocha éagsúla i ngach Ballstát, chun srian a chur le leathadh an víris amhail dúnadh scoileanna agus an tionchar a bhí aige sin ar leanaí agus ar mhúinteoirí;

421. á chur i bhfáth freisin an ról lárnach atá ag múinteoirí maidir le hoiriúnú don teagasc ar líne agus é a chur ar fáil agus an ról atá acu maidir le rannchuidiú le tacaíocht shíceolaíoch agus forbairt leanaí agus daoine óga; i ndáil leis an méid sin, á aithint gur gá litearthacht mheabhairshláinte múinteoirí, agus gach pearsanra oideachais a chur chun cinn, chomh maith le hoibrithe don óige chun a áirithiú go mbeidh siad in ann tacú le leanaí agus iad féin le linn géarchéime; á thabhairt dá haire gur fhág géarchéim COVID-19 go raibh ar mhúinteoirí oiriúnú níos tapúla d'ionstraimí teagaisc ar líne agus d'ionstraimí tacaíochta oideachais ar líne le linn dhúnadh scoileanna;

422. á chur i bhfios go láidir gur fhág an digitiú go rabhthas in ann gníomhaíochtaí oideachais a atosú le linn dianghlasálacha, rud a d'éascaigh an fhoghlaim, ach gur nochtadh na laigí i gcórais scoile mar gheall ar easnaimh maidir le hinfhaighteacht na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, ábhar tacaíochta, rochtain ar sheirbhísí digiteacha, bonneagar oideachais eile agus an bhearna sa chomhtháthú; á aithint go ndearnadh difear díréireach do leanaí ó mhionlaigh eitneacha, amhail Romaigh agus iad siúd a mbaineann cúlra imirceach leo agus leanaí faoi mhíchumas;

423. á thuairisciú go raibh tionchar i gcónaí ag neamhionannais shóisialta ar fholláine mheabhrach leanaí ach gur saincheist thromchúiseach shóisialta é sin tar éis na paindéime; á thabhairt dá haire gur chuir an phaindéim leis an bhforéigean teaghlaigh agus leis an mí-úsáid i leith leanaí agus gur leathnaíodh na deighiltí oideachais agus digiteacha, go háirithe dóibh siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste; á chreidiúint go raibh dúnadh scoileanna ina chúis le cúrsaí a dhéanamh níos casta do leanaí faoi mhíbhuntáiste, rud a fhágann go bhfuil a seasamh níos fórbhásaí fós;

424. á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuair leanaí agus daoine óga atá ag fulaingt ó shaincheisteanna meabhairshláinte tacaíocht mheabhrach agus shíceolaíoch leordhóthanach le linn na paindéime agus go bhféadfadh sé sin fós a bheith ina

shaincheist leanúnach;

425. á chur i bhfáth gur fhulaing leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas nó atá ar speictream an uathachais go díréireach leis an gcruatan arbh í an phaindéim agus na dianghlasálacha ba chúis leis; á chur i bhfios go raibh go leor seirbhísí tacaíochta curtha ar fionraí le linn na paindéime agus gur fhág siad tuismitheoirí agus cúramóirí eile gan cúnamh bunriachtanach;

*d) Tionchar COVID-19 ar dhaoine scothaosta agus ar ghrúpaí leochaileacha/imeallaithe*

426. á mheas go raibh tionchar tubaisteach ag an bpaindéim agus na dianghlasálacha, cé go raibh siad dosheachanta mar gheall ar na hábhair imní maidir leis an tsláinte poiblí, ar dhaoine faoi mhíchumas; ag cur béim ar an bhfíoras gur thug daoine faoi mhíchumas aghaidh ar idirdhealú ó thaobh faisnéis leormhaith a fháil faoin bpaindéim agus rochtain a fháil ar chúram sláinte agus go raibh deacracht acu freisin TCP a fháil; ag tabhairt dá haire gur thug daoine faoi mhíchumas aghaidh ar rochtain theoranta ar sheirbhísí cúraim, oideachais agus athshlánúcháin (mar thoradh ar rochtain éagothrom ar uirlisí digiteacha); ag cur sonrú, agus é ina ábhar imní di, i líon ard na marbh i measc daoine faoi mhíchumas a bhí in institiúidí;

427. á chur i bhfáth go raibh tionchar mór ag na dianghlasálacha ar go leor daoine a bhí imeallaithe nó faoi mhíbhuntáiste cheana féin trína ndálaí sóisialta a ghéarú, trína ndeiseanna chun obair a aimsiú a laghdú, agus trína rannpháirtíocht sa tsochaí agus a gcearta mar shaoránaigh a theorannú; á mheabhrú gur ghéaraigh an phaindéim ar dheacrachtaí agus dúshláin shocheacnamaíocha a bhí ann cheana, rud a thug castachtaí breise dóibh siúd a d’fhulaing fadhbanna andúile agus meabhairshláinte, ach go ndearna sí difear freisin do theaghlaigh ar ioncam íseal, do mhná, do dhaoine scothaosta, do leanaí, d’imircigh, do dhídeanaithe, do dhaoine LGBTQIA+, do dhaoine gan dídean agus do dhaoine faoi mhíchumas; ag tabhairt dá haire nár comhlíonadh riachtanais na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste sóisialta i gcónaí le linn na ndianghlasálacha, agus gur gá aghaidh a thabhairt i gceart ar na ceachtanna a foghlaimíodh; á chur i bhfios nár measadh gur bonneagar criticiúil iad seirbhísí cúraim agus sóisialta, lena n-áirítear cúram baile agus seirbhísí cúraim neamhchónaithe agus nár aithníodh an ról tábhachtach atá ag tosca socheacnamaíocha i rioscaí sláinte;

428. ag tabhairt dá haire go ndearna iarmhairtí ráig phaindéim COVID-19 difear díréireach do na daoine is boichte, faoi mhíbhuntáiste, imeallaithe agus gan chosaint sa tsochaí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas fisiceach agus intleachta, daoine le riochtaí ainsealacha leighis, daoine le fadhbanna meabhairshláinte agus daoine scothaosta, nó na daoine sin a raibh rochtain theoranta acu cheana féin ar shláinteachas bunúsach nó ar chóireáil bhunúsach dá riachtanais cúraim sláinte, nó nach raibh rochtain acu cheana féin orthu, agus gur éirigh na grúpaí sin níos leochailí fós mar thoradh ar an bpaindéim;

429. á mheabhrú go raibh tionchar tragóideach ag COVID-19 ar shaoráidí cónaithe fadtéarmacha san Eoraip, agus á chur san áireamh gurb ionann básanna i dtithe cúraim agus níos mó ná 50 % de na básanna a bhain le COVID-19 i roinnt Ballstát; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go ndearnadh othair tí altranais a eisiamh ó chúram le linn bhuaic na paindéime, rud a d’fhág go raibh rátaí mortlaíochta scanrúla ann i measc daoine scothaosta; ag tabhairt dá haire gurbh ionann básanna i measc daoine scothaosta

agus cuid mhór de bhásanna mar thoradh COVID-19 agus ag meabhrú na staide suntasaí a d'fhulaing go leor acu i dtithe scoir agus i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh mar thoradh ar mhoilleanna agus bacainní ar a gcóireáil agus ar a gcúram;

430. á chur in iúl go raibh tionchar ollmhór ag an bpaindéim ar dhaoine scothaosta agus ar dhaoine a bhfuil néaltrú orthu de bharr a n-imeallaithe agus deiseanna laghdaithe le haghaidh idirghníomhaíocht shóisialta, chomh maith le stop a chur lena ngníomhaíochtaí laethúla; ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh sé freisin comharthaí dúlagair agus imní i measc daoine scothaosta agus a gcúramóirí, chomh maith le deacrachtaí airgeadais méadaithe do chúramóirí; á chur i bhfios gur rannchuidigh sé sin le dul chun cinn na siomptóm a bhaineann le néaltrú, agus go raibh deacrachtaí tromchúiseacha ag daoine fásta a raibh néaltrú agus COVID-19 orthu maidir le cúram agus cúnamh leighis iomchuí a fháil;

431. ag tabhairt dá haire gur nocht an phaindéim laigí in ullmhacht tithe altranais agus saoráidí cúraim fhadtéarmaigh d'éigeandálaí sláinte poiblí; á chur i bhfios go raibh ar go leor tithe altranais agus saoráidí cúraim fhadtéarmaigh aghaidh a thabhairt ar ghanntanais TCP, soláthairtí tástála, agus ball foirne le linn na paindéime; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag tithe cúraim agus ag a gcónaitheoirí ar chúram sláinte, lena n-áirítear atreoruithe leighis, trealamh cosanta, ábhair, pearsanra agus saineolas is gá chun paindéim a fhreagairt; á mholadh go ndéanfaí cigireachtaí rialta a leathnú trí chóras iniúchtaí seachtracha, neamhspleácha agus córais chigireachta speisialta a bhunú i dtithe cúraim le linn tréimhsí leithlisithe;

432. á thabhairt chun suntais gur ghéaraigh an phaindéim agus na bearta sriantacha ar éagothromaíochtaí a bhí ann cheana maidir le murtall agus sláinte mheitibileach, le méadú foriomlán ar mheáchan coirp, go háirithe i measc na mban, daoine ar bheagán oideachais agus ar phá níos ísle, áitritheoirí na réigiún is forimeallaí, agus othair shíciatracha; ag tabhairt dá haire gur minic a chuaigh cáilíocht aistí bia daoine in olcas, agus gur tháinig laghdú ar an ngníomhaíocht choirp nuair a bhí saoráidí spóirt agus áiteanna súgartha dúnta, rud a d'fhág go raibh méadú ar iompraíocht neamhghníomhach;

433. á iarraidh ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar scéimeanna bainistithe éigeandála a bhunú do bhonneagar spóirt chun teorainneacha oibríochtúla a chosc mar gheall ar theagmhais gan choinne amhail paindéim, chomh maith le treoirlínte sábháilteachta agus slándála a chur chun feidhme chun sábháilteacht úsáideoirí bonneagair spóirt a áirithiú;

434. ag tabhairt dá haire go raibh dúshláin roimh dhaoine gan dídean maidir le fanacht sábháilte ó ionfhabhtú, rud a mhéadaigh a riosca mortlaíochta, agus nach raibh dídean ag feidhmiú go leormhaith mar gheall ar líon níos lú oibrithe agus saorálaithe chomh maith le heaspa treoir tosaigh chuí agus tacaíocht airgeadais do sheirbhísí;

435. á chur i bhfáth go n-éilíonn an fhreagairt ar éigeandálaí sláinte cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus nach mór sábháilteacht grúpaí leochaileacha agus imeallaithe a áirithiú trína rochtain ar chúram sláinte a ráthú agus gan a saoirse gluaiseachta a shrianadh ag an am céanna, i gcomhréir le ECHR;

436. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cúram maolaitheach cuimsitheach,

ildisciplíneach a chur ar fáil d'othair le linn paindéimí agus géarchéimeanna sláinte; á iarraidh go mbeadh cleachtas feabhsaithe ann i gcúram maolaitheach baile agus ospidéil ar fud AE; á mholadh do na Ballstáit líon na n-aonad cúraim mhaolaithigh i ngach réigiún a uasmhéadú agus cistiú inbhuanaithe agus acmhainní daonna dea-oilte leordhóthanacha a áirithiú;

*(e) COVID-19 agus teacht chun cinn teicneolaíochtaí digiteacha do ghnólachtaí agus d'oibrithe: rioscaí agus deiseanna*

437. ag tabhairt dá haire gur bhog AE i dtreo cineálacha nua digitithe agus oibre solúbtha le linn na paindéime; á thabhairt chun suntais go bhféadfaidh úsáid iomchuí uirlisí digiteacha a bheith mar acmhainn d'fhostóirí agus d'oibrithe ó thaobh níos mó saoirse, neamhspleáchais agus solúbthachta a lamháil chun am oibre agus tascanna oibre a eagrú níos fearr, am ag taisteal chun na hoibre a laghdú, astaíochtaí a laghdú agus bainistiú oibleagáidí pearsanta agus teaghlaigh a dhéanamh níos éasca, agus ar an gcaoi sin cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a chruthú; ag tabhairt dá haire go bhfuil éagsúlacht mhór idir riachtanais oibrithe agus, dá bhrí sin, ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé creat soiléir a fhorbairt lena gcuirfear solúbthacht phearsanta chun cinn agus lena gcosnófar cearta oibrithe ag an am céanna;

438. á chur i bhfáth nár cheart go dtiocfadh meath ar chearta oibrithe ná ar dhálaí oibre mar thoradh ar dhigitiú na hoibre; ag aithint go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an digitiú i saol na hoibre ar dhálaí oibre, amhail nuair a bhíonn ar oibrithe uaireanta níos faide a oibriú nó nuair nach mór dóibh a áirithiú go mbeidh siad ar fáil lasmuigh d'uaireanta oibre; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá an ceart chun dícheangail; ag tabhairt dá haire go bhfuil éagsúlacht mhór idir riachtanais oibrithe agus ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé creat soiléir a fhorbairt lena gcuirfear solúbthacht phearsanta chun cinn agus lena gcosnófar cearta oibrithe ag an am céanna; á chur i bhfios gur mó an seans go ndéanfaidh mná teilea-obair mar gheall ar a bhfreagrachtaí cúraim, agus dá bhrí sin tá creat Eorpach don teilea-obair atá íogair ó thaobh inscne de fíorthábhachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí a chur ar aghaidh lena leagfar síos caighdeáin do dhálaí teilea-oibre ar fud an Aontais Eorpaigh, agus é mar aidhm leo dálaí oibre agus fostaíochta atá cothrom agus iomchuí a ráthú laistigh den gheilleagar digiteach;

439. ag tabhairt dá haire go mbaineann riosca freisin leis an digitiú i saol na hoibre ó thaobh bainistíochta agus an chirt chun príobháideachais de; á chur i bhfios go láidir nach mór athruithe ar dhálaí oibre a chaibidliú i gcónaí le ceardchumainn agus le hionadaithe oibrithe chun cinneadh comhthoiliúil a bhaint amach; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, comhaontú na gcomhpháirtithe sóisialta caibidlíocht a áireamh maidir le bearta atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun teilea-obair a rialáil agus an ceart chun dícheangail a áireamh ina gclár oibre d'idirphlé sóisialta 2022-2024;

440. á chur i bhfios gur mó an seans go ndéanfaidh mná teilea-obair mar gheall ar a bhfreagrachtaí cúraim; á iarraidh go ndéanfaí creat Eorpach don teilea-obair atá íogair ó thaobh inscne de a chur chun feidhme, lena ndéanfar róil inscne a mheas freisin i bhfianaise géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo agus béim shoiléir á leagan ar an saol oibre agus ar an saol príobháideach a thabhairt le chéile; á iarraidh go ndéanfaí an teilea-obair a chur chun feidhme le linn paindéimí amach anseo agus prionsabal an

chomhionannais inscne á urramú ag an am céanna agus i gcomhréir le prionsabal na comhfhreagrachta;

441. á chur i bhfios go láidir gur fhág úsáid iomchuí uirlisí digiteacha gur féidir, i gcás gairmeacha áirithe, teorainn a chur le líon na ndaoine nach bhfuil in ann obair a fháil;

*(f) Conclúidí*

(I) GNÓLACHTAÍ AGUS OIBRITHE

442. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun geilleagar sóisialta margaidh na hEorpa a chosaint, ar geilleagar é atá athléimneach agus a fhreagraíonn go tapa do ghéarchéimeanna agus a chothaíonn fíorthimpeallacht atá fabhrach do ghnó, ina mbeidh rochtain mhéadaithe ar chaipiteal, simpliú méadaithe ar nósanna imeachta agus níos lú maorlathais do chuideachtaí Eorpacha, go háirithe FBManna, ionas go mbeidh siad in ann freagairt go tapa, leanúint dá nuálaíocht ghnó agus fiontraíocht a spreagadh, agus cearta oibrithe laistigh de theorainneacha AE á gcosaint agus á bhforfheidhmiú ag an am céanna;

443. á chur i bhfáth gur cheart go mbainfeadh gnólachtaí in earnáil na turasóireachta tairbhe as oiliúint agus forbairt bhreise, as digitiú agus as samhail ghnó níos inbhuanaithe chun a bheith níos athléimní agus níos ullmhaithe i gcás géarchéim nua sláinte nó géarchéim eile; á chur i bhfáth go ndearna tionscnóirí turas, oibreoirí iompair agus idirghabhálaithe áirithinte ar líne sárú forleathan ar chearta paisinéirí agus tomhaltóirí le linn na paindéime;

444. á chur i bhfáth gur gá tacaíocht do bheartais slándála sóisialta AE agus na mBallstát a neartú agus urraim chuí á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta agus i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus leis na treoirlínte fostaíochta, ionas nach bhfágfar aon duine ar lár; á chur i bhfáth, thairis sin, gur gá rochtain chomhionann agus éifeachtach ar chosaint shóisialta leormhaith a bhaint amach, agus ar an gcaoi sin rochtain chomhionann agus chothrom ar sheirbhísí cúraim sláinte ardcháilíochta a ráthú, iarrachtaí a neartú chun leibhéil níos airde fostaíochta ardcháilíochta a bhaint amach agus, ag an am céanna, neamhionannais agus bearnaí inscne i ndáil le pá agus sochair a laghdú, an t-idirphlé sóisialta a threisiú tuilleadh agus, ag an am céanna, an bhearna dhigiteach a dhúnadh agus obair fhorbhásach nó neamhdhearbhaithe a chosc in earnáil an chúraim;

445. á iarraidh go mbeadh margadh saothair níos athléimní ann ina mbeidh idirphlé sóisialta neartaithe agus comhpháirtithe sóisialta a d'fhéadfadh páirt a ghlacadh i gcomhlachtaí rialachais ardleibhéil maidir le géarchéimeanna beartais; á chur i bhfáth go bhfuil gá le dálaí oibre níos cothroime agus níos córa do gach oibrí ar fud AE, lena n-áirítear na hoibrithe is leochailí agus, go háirithe, le linn géarchéime;

446. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú leis an margadh aonair, é a neartú agus a choimirciú, go háirithe saorghluaiseacht (daoine, earraí agus seirbhísí) i gcás paindéimí amach anseo agus ábhair imní maidir leis an tsláinte phoiblí agus an staid eipidéimeolaíoch á gcur san áireamh i gcónaí, agus ualach na doiciméadachta agus na reachtaíochta a íoslaghdú agus, dá bhrí sin, sláine an mhargaidh aonair a chaomhnú; ag cur béim ar an ngá atá le rialacha agus treoirlínte maidir le taisteal agus brath galar a

chomhchuibhiú idir na Ballstáit, agus riachtanais FBManna á gcur san áireamh; á mheabhrú go bhfuil saorghluaiseacht earraí bunriachtanach do shlabhraí luacha dea-fheidhmiúla, go háirithe le haghaidh vacsaíní agus frithbhearta leighis eile;

447. ag cur béim ar an bhfíoras go gcuidíonn an ionstraim le haghaidh Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a Mhaolú i gCás Éigeandála (SURE) le poist a chosaint, mar a dhéantar le cláir chomhchosúla eile i bhfoirm bearta dlúthpháirtíochta eacnamaíche agus sóisialta aonuaire san Eoraip, agus béim á leagan ag an am céanna gur cheart na cláir sin a bheith bunaithe ar iasachtaí, agus nár cheart iad a ghníomhachtú ach amháin i gcás mórshuaitheadh seachtrach airgeadais nó eacnamaíoch;

448. ag tabhairt dá haire gur mhol an Coimisiún go n-aithneodh na Ballstáit COVID-19 mar ghalar ceirde in earnálacha áirithe le linn paindéime;

449. á chur in iúl, cé gur fhulaing comhar AE fadhbanna tosaigh le linn na paindéime, go ndearna sé cúiteamh san am a cuireadh amú le roinnt príomhthionscnamh; ag tabhairt dá haire go raibh saorghluaiseacht earraí agus foireann sláinte chriticiúil indéanta trí chonairí glasa a bhunú; ag tabhairt dá haire go raibh ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) maidir le treoirlínte agus faisnéis a sholáthar do ghnólachtaí faoi bhearta coisctheacha COVID-19, agus gur léiríodh le deimhniú COVID-19 atá bunaithe ar chód QR go raibh AE in ann deimhniú digiteach comhchoiteann a chruthú chun dul chun tairbhe do lucht riaracháin, do chuideachtaí agus don phobal;

450. á mholadh gur cheart dianghlasálacha nó dianbhearta sábháilteachta eile a dhéanamh in idirphlé leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, leis na comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus leis an tsochaí shibhialta, chomh maith le heagraíochtaí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le cleachtais náisiúnta ag gach céim éagsúil d'éigeandáil atá ag titim amach, agus urraim á tabhairt do dhualgas agus do shaincheart na n-údarás poiblí bearta a dhéanamh chun sláinte agus sábháilteacht daoine a chosaint; á chur i bhfios go láidir gur cheart na bearta a theorannú don mhéid is gá agus is comhréireach;

451. á chur i bhfios go láidir gur aithin Ballstáit AE an ról ríthábhachtach a bhí ag FBManna ina ngeilleagair agus gur chuir siad bearta éagsúla chun feidhme chun a seasamh a neartú le linn na paindéime; á mheas gur cheart borradh breise a chur faoi bhearta chun poist a chaomhnú, lena n-áirítear poist FBManna, i gcás inar féidir trí scéimeanna tacaíochta, tacaíocht ioncaim leordhóthanach, uas-sciliú agus athsciliú oibrithe, oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil, agus tacaíocht threisithe do na hearnálacha féinfhostaithe is mó atá buailte;

452. á iarraidh ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as cistiú RRF, atá bunaithe ar an gcoincheap 'atógáil chun feabhais', trí chistí a chur chun feidhme go tráthúil agus go héifeachtach d'fhonn infheistíochtaí sóisialta a neartú, taighde agus nuálaíocht a threisiú agus borradh a chur faoin ngeilleagar trí athchóirithe agus infheistíochtaí uaillmhianacha, ag díriú go háirithe ar an aistriú glas agus digiteach, chun AE a dhéanamh níos athléimní go sóisialta; á chreidiúint, thairis sin, gur cheart, agus an t-athrú déimeagrafach á chur san áireamh, ár gcórais cúraim sláinte phoiblí a threisiú agus dul i ngleic le neamhionannais sláinte a bheith ar an tríú colún den aistriú sin;

453. á chreidiúint gur cheart do AE iarracht a dhéanamh dlúthpháirtíocht agus comhordú a

áirithiú idir na Ballstáit maidir leis an ngeilleagar chun iomaíochas AE a neartú, agus cuspóirí sóisialta agus aeráide á saothrú ag an am céanna, agus chun ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint;

454. á mholadh go gcuirfí tacaíocht d’earnálacha an chúraim shóisialta agus na sláinte ar áireamh in iarrachtaí ullmhachta paindéime amach anseo; á iarraidh ar na Ballstáit pleananna ullmhachta a fhorbairt le haghaidh géarchéimeanna sláinte amach anseo ina straitéisí náisiúnta sláinte agus sábháilteachta ceirde, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha uile; á chur i bhfios go láidir gur gá sásraí éifeachtacha a bhunú chun na pleananna sin a chomhordú ar leibhéal AE, agus tuairim an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair maidir le saincheisteanna paindéime agus saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte cheirde á gcur san áireamh; á mheas gur cheart cosaint agus cur chun cinn na meabhairshláinte a bheith mar chuid lárnach de na pleananna sláinte agus sábháilteachta ceirde sin le haghaidh géarchéimeanna sláinte amach anseo;

455. á chur i bhfáth gur gá bearta agus beartais shonracha a chur chun feidhme ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta chun oibrithe cúraim sláinte a chosaint agus chun tacú leo, chomh maith le hoibrithe bunriachtanacha eile, lena n-áirítear trí acmhainní iomchuí agus leordhóthanacha;

(II) MNÁ

456. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit foréigean inscnebhunaithe de gach cineál agus cibé áit a dtarlaíonn sé, cibé acu laistigh nó lasmuigh den bhaile nó san ionad oibre, a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, ach á iarraidh go bhfeabhsófaí an t-inneachar chun gach íospartach a chosaint ar bhealach níos fearr, go háirithe iad siúd atá i mbaol ilchineálacha idirdhealaithe;

457. á iarraidh go ndéanfaí athmheasúnú agus athmheastóireacht ar obair a dhéanann mná den chuid is mó go hiondúil agus go ndéanfaí uirlisí trasearnála meastóireachta poist atá neodrach ó thaobh inscne de a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar obair a dhéanann mná den chuid is mó agus chun luach saothair níos cothroime a thabhairt ina leith agus chun pá comhionann nó obair chomhionann agus obair ar comhionann a luach a áirithiú;

458. á mholadh gur cheart forbairt réiteach digiteach a chur chun cinn chun tacaíocht a chur ar fáil ar bhealach níos éasca agus níos sábháilte; á iarraidh go nglacfaí ionstraimí tacaíochta eacnamaíocha, sóisialta agus airgeadais do mhná atá ag scaradh óna gcomhpháirtithe tar éis dóibh foréigean a fhulaingt agus nach bhfuil aon acmhainní tacaíochta airgeadais acu; á mholadh go sainmhíneofaí mar sheirbhísí bunriachtanacha amach anseo seirbhísí lena gcabhraítear le híospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe;

459. á chreidiúint gur cheart feabhas a chur ar an gcomhar idir tíortha agus cúram á dhílárú chun go sroichfidh sé pobail iargúlta ar bhealach níos fearr; á chur in iúl go bhfuil sí suite de nach mór do phobail áitiúla, ról na mban agus comhionannas inscne feabhsaithe tuilleadh a bheith i gcroílár na réiteach; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach nuálaíocht agus digitiú a chothú laistigh de sheirbhísí sláinte, go háirithe i réimsí ina bhfuil an soláthar sláinte easnamhach, neamhleor nó tite ar gcúl, ós rud é go mbraitheann

seirbhísí sláinte ar shaineolas eagraíochtaí na sochaí sibhialta[55];

460. á iarraidh ar an gCoimisiún gach cineál de theacht i dtír gnéasach a choiriúlú ar bhealach comhchuibhithe chun leibhéal comhchosúil cosanta a chur ar fáil do mhná uile in AE gan beann ar an áit a bhfuil cónaí orthu; ag tacú le sainmhíniú ar fhoréigean gnéasach atá níos leithne ná an sainmhíniú ar éigniú a áireamh sa treoir, agus sainmhíniú ar ghnéaschiapadh i gcomhréir le treoracha frith-idirdhealaithe AE atá ann cheana agus de réir chaighdeáin Choinbhinsiún Iostanbúl;

461. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí gné na hinscne a phríomhshruthú i mbeartais uile AE agus i bpleananna téarnaimh náisiúnta uile; á chur i bhfáth go bhfuil príomhshruthú inscne i gcásanna géarchéime ríthábhachtach chun a áirithiú go n-aithnítear na heispéiris éagsúla a bhíonn ag mná agus ag fir agus go dtugtar aghaidh orthu ina leith sin;

462. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé oiliúint a chur ar bhaill foirne chun príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne a thuiscint agus a chur chun feidhme go héifeachtach; á thabhairt chun suntais gur cheart príomhshruthú inscne a bheith mar chuid de bheartais lena ndírítear ar chothromaíocht inscne a mhéadú san oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice, agus sa taighde agus sa nuálaíocht; á chur in iúl gur cúis imní di sciar ard na ndaoine a thuilleann pá íosta agus a thuilleann níos lú ná an pá íosta i measc gairmithe cúraim, ar mná iad formhór díobh, agus á chreidiúint gur cheart, le bearta AE, comhionannas inscne a chur chun cinn in earnáil an chúraim agus na seirbhísí sóisialta agus ar bhonn níos ginearálta i margadh an tsaothair;

(III) DAOINE ÓGA AGUS LEANAÍ

463. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit dlúthfhaireachán a dhéanamh ar úsáid chistí RRF agus ar a ról maidir le tacú le bearta do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh óga; á mheas gur cheart infheistíochtaí a dhéanamh i mbeartais chúiteacha, ag díriú ar dhaoine aonair a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu agus ar leanaí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, i gcláir chun easnaimh foghlama a chosc agus dul i ngleic leo, in oideachas fianaise-bhunaithe, in oiriúnú curaclaim, lena n-áirítear maidir leis an aistriú glas agus digiteach, agus sa teicneolaíocht, i mbonneagar scoile agus i bhforbairt ghairmiúil múinteoirí; á chur in iúl go bhfuil sí suite de go bhfuil gá le tuilleadh maoinithe ón Aontas maidir le taighde, oideachas agus cultúr i gcomhréir le straitéis AE maidir le cearta an linbh agus leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí; ag tabhairt dá haire gur cheart Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a úsáid freisin chun na héifeachtaí is measa a bhaineann le bochtaineacht leanaí de dheasca COVID-19 a threisiú agus ar éifeachtaí iad atá níos measa mar gheall ar an ngéarchéim maidir le costas maireachtála atá ann faoi láthair;

464. á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh faisnéise a bhailiú maidir le tionchar na paindéime ar chearta leanaí, amhail an ceart chun sláinte, na héifeachtaí ar fhorbairt shíceasóisialta mar gheall ar leithlisiú sóisialta mar thoradh ar choraintín, cumhachtú leanaí maidir lena

[55] Bunaithe ar thorthaí staidéar AE ó 2021 a d'fhoilsigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: Freagairt eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar phaindéim COVID-19 agus ar na bearta sriantacha a glacadh dá barr san Eoraip, https://www.eesc.europa.eu/sites/default/files/files/qe-02-21-011-en-n.pdf.

gcearta agus bearta éigeandála a bhaineann le leanaí a áireamh i mbeartas agus i reachtaíocht; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar AE agus ar na Ballstáit acmhainní iomchuí a leithdháileadh chun sonraí den sórt sin a fháil agus anailís a dhéanamh orthu;

465. á iarraidh, i ndáil leis sin, ar AE agus ar na Ballstáit borradh a chur faoi chistiú do thaighde AE ar leanaí agus daoine óga i gcoitinne, agus ar a sonraí; á thabhairt chun suntais gur gá díriú ar mheabhairshláinte daoine óga agus leanaí a fheabhsú tar éis na paindéime, lena n-áirítear trí bhearta arna ndéanamh ar leibhéal AE trí straitéis AE maidir leis an meabhairshláinte a ghlacadh;

466. á iarraidh ar na Ballstáit pleananna gníomhaíochta soiléire a fhorbairt do scoileanna chun dul i ngleic leis na héifeachtaí a bhí ag an bpaindéim ar an bhfoghlaim agus ar thorthaí foghlama; á mholadh go bhfanfaidh scoileanna agus saoráidí oideachais eile oscailte le linn géarchéimeanna sláinte amach anseo má lamháiltear é sin leis an staid eipidéimeolaíoch, agus sláinte agus sábháilteacht na mac léinn agus na múinteoirí á n-urramú i gcónaí agus tosaíocht á tabhairt do chosaint shláinte an phobail; á iarraidh go mbeadh beartas oideachais mar chuid den straitéis práinnfhreagartha, chomh maith le réitigh cúraim leanaí, idir réitigh chomhchoiteanna agus réitigh aonair;

467. á chur in iúl gur chruthaigh an t-aistriú chuig an ríomhfhoghlaim le linn COVID-19 roinnt dúshlán do mhic léinn, do mhúinteoirí agus d’institiúidí oideachais, go príomha mar gheall ar rochtain éagothrom ar theicneolaíocht agus ar nascacht idirlín, go háirithe do mhic léinn ó theaghlaigh ísealioncaim nó a bhí ina gcónaí i gceantair thuaithe, as a d’eascair éagothromaíochtaí i ndeiseanna oideachais; á thabhairt chun suntais gur féidir leis an ríomhfhoghlaim cur leis an oideachas ar an láthair; á chur i bhfáth gur cheart iarrachtaí a dhéanamh litearthacht dhigiteach a dhéanamh forleathan ar gach leibhéal den tsochaí trí úsáid chuí uirlisí digiteacha agus bonneagair dhigitigh a chumasú, agus gur cheart tacú le digitiú scoileanna agus é a fhorbairt go leanúnach; á mheas, i gcás ina dtugtar deacrachtaí faoi deara, gur cheart réitigh sholúbtha a thairiscint i gcás inar féidir;

468. á iarraidh ar na Ballstáit litearthacht dhigiteach a áireamh i gcuraclaim na n-institiúidí foghlama uile agus an oiliúint agus an trealamh is gá a sholáthar do mhúinteoirí agus d’oideoirí; ag athdhearbhú na forála sa Ráthaíocht do Leanaí lena moltar do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh atá ag aois scoile ar ghléas digiteach agus ar leictreachas agus ar idirlíon maith ina dtithe; á chreidiúint gur cheart bearta leormhaithe a thabhairt isteach chun na scileanna teicneolaíochta agus an t-eolas atá de dhíth orthu chun go mbeidh siad faoi bhláth sa ré dhigiteach a thabhairt do gach leanbh agus duine óg;

469. á thabhairt chun suntais acmhainneacht na n-ealaíon agus an chultúir mar phríomhghné den fhreagairt ar phaindéimí mar gheall ar chumas eagraíochtaí ealaíon agus cultúir aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna folláine, meabhairshláinte agus tacaíochta sóisialta, lena n-áirítear do ghrúpaí a d’fhéadfadh sé a bheith deacair teagmháil a dhéanamh leo murach sin; á mheabhrú go bhfuil na healaíona agus an cultúr ríthábhachtach chun féiniúlacht aonair leanaí agus daoine óga a fhorbairt, mar aon lena n-oideachas, lena n-áirítear a dtuiscint ar an tsochaí agus ar a ndea-bhail fhoriomlán; á chur in iúl gur cúis imní di an tionchar diúltach ar rochtain ar ealaín agus ar chultúr mar gheall ionaid chultúrtha a bheith dúnta de dheasca COVID; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, acmhainneacht na n-ealaíon agus an chultúir chun aghaidh a thabhairt ar

mheabhairshláinte agus ar fholláine shóisialta grúpaí agus daoine aonair a d'fhéadfadh sé a bheith deacair teagmháil a dhéanamh leo murach sin agus á iarraidh go ndéanfaí earnáil na n-ealaíon agus an chultúir a áireamh níos mó i straitéisí freagartha éigeandála;

470. ag spreagadh na mBallstát gan cur chuige a oireann do chách a chur i bhfeidhm nuair atá gá le bearta speisialta agus chun dul i gcomhairle le gairmithe sláinte agus sábháilteachta, scoileanna, múinteoirí, eagraíochtaí óige agus seirbhísí óige, chomh maith le tuismitheoirí, chun aird iomchuí a thabhairt ar riachtanais aoisghrúpaí éagsúla, grúpaí leochaileacha agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu, chomh maith le grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus imeallaithe;

471. á mholadh gur cheart treoir UNICEF maidir le Measúnú Tionchair ar Chearta Leanaí a chur i bhfeidhm maidir le ceapadh beartais, reachtaíocht agus bearta éigeandála chun iarmhairtí diúltacha ar leanaí a sheachaint;

472. á iarraidh ar na hinstitiúidí Eorpacha 'seiceáil óige' a dhéanamh do thograí reachtacha uile AE i gcomhréir leis na moltaí ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa;

473. á iarraidh ar na Ballstáit cláir foghlama bhreise a thabhairt isteach sa ghearrthéarma, amhail scoileanna samhraidh nó teagasc breise, chun an bhearna foghlama a laghdú agus chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh foghlama atá ann cheana, ag díriú, go háirithe, ar leanaí ó theaghlaigh leochaileacha;

(IV) DAOINE SCOTHAOSTA AGUS GRÚPAÍ LEOCHAILEACHA/IMEALLAITHE

474. á chur in iúl gur geal léi an páipéar glas maidir le haosú, an tuarascáil ar thionchar an athraithe dhéimeagrafaigh agus an straitéis Eorpach um chúram mar na chéad chéimeanna do straitéis fhoriomlán AE chun aghaidh a thabhairt ar aosú an daonra san Eoraip; á chur i bhfáth gur gá do AE agus do na Ballstáit gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sláinte agus chúraim a bhaineann le daonra Eorpach atá ag dul in aois, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar ghalair neamhtheagmhálacha trí aosú gníomhach agus sláintiúil a chur chun cinn i gcomhréir le Deich mBliana d'Aosú Folláin de chuid EDS;

475. ag tabhairt dá haire, de réir mar a thagann méadú ar an acmhainneacht fad saoil, go dtagann méadú freisin ar a thábhachtaí atá iompraíocht a bhaineann leis an tsláinte, amhail timpeallachtaí sláintiúla agus stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn, ag gach aois (lena n-áirítear meánaoiseanna agus aoiseanna níos sine); á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí taighde ar fhad saoil sláintiúil agus bearta chun cosc níos fearr a chur ar ghalair neamhtheagmhálacha agus feabhsuithe ar bhainistiú agus ar chúram galar neamhtheagmhálach á n-áirithiú ag an am céanna, chun tionchar galar teagmhálach a laghdú, chun an ilghalracht agus an ilpholaitíocht a chur san áireamh agus chun freagairt dóibh agus chun deis a dhéanamh den aosú seachas bac;

476. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh in uirlisí cuimsitheacha ar líne agus iad a fhorbairt, aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht dhigiteach agus cumhacht dhigiteach a thabhairt go háirithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine óga agus do ghrúpaí leochaileacha, tacú le seirbhísí agus institiúidí cúraim sláinte agus sóisialta ar líne ó thaobh airgeadais de agus bearta tacaíochta a fhorbairt do chúramóirí; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé bearta a chur

chun feidhme chun rochtain chomhionann ar an idirlíon agus ar an teicneolaíocht dhigiteach a áirithiú i ngach Ballstát agus i ngach foghrúpa den daonra;

477. á chur i bhfios go bhfuil daoine scothaosta ann a bhfuil deacrachtaí acu uirlisí teicneolaíochta a úsáid agus idirghníomhú leo agus go bhfágann an digitiú nach féidir leo idirghníomhú le seirbhísí bunúsacha agus le hinstitiúidí; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur cheart go mbeadh cúram sláinte ar líne comhlántach agus nár cheart go gcuirfí é in áit cúram aghaidh ar aghaidh, go háirithe don ghrúpa sin daoine a bhfuil an deighilt dhigiteach is soiléire ina leith; á mholadh gur cheart go mbeadh gá le cainéil analógacha chun freastal ar dhaoine scothaosta chun cosc a chur orthu mothú go bhfuil siad scoite amach ón tsochaí;

478. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur gá réitigh nuálacha a fhorbairt tuilleadh, ar réitigh iad a tháinig chun cinn le linn na paindéime, amhail modhanna nua oibre, digitithe agus rochtana do chách; á iarraidh go ndéanfaí oibrithe níos sine a athsciliú agus a uas-sciliú;

479. á mholadh do AE agus do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaí an ceart chun cúraim fhadtéarmaigh a chomhtháthú ina gcórais cosanta sóisialta agus infheistíocht a dhéanamh i bplean sláinte agus cúraim chun freastal ar riachtanais an daonra scothaosta atá ag dul i méid, lena n-áirítear saoráidí cúraim chónaithe, ar bhealach atá cóir go sóisialta;

480. á iarraidh ar gach teach cúraim do dhaoine scothaosta agus ionaid cúraim sláinte agus shóisialta eile plean teagmhasach a chur in oiriúint go sonrach dá gcás agus dá staid ina ndéanfar cur síos orthu agus ina ndéanfar athbhreithniú orthu ar bhealach córasach agus sceidealaithe, agus foireann a chruthú chun éigeandálaí agus ráigeanna ionfhabhtaíocha a bhainistiú, a bheidh comhdhéanta de ghairmithe sláinte agus foireann ón teach cúraim féin, chomh maith leis an oiliúint is gá a sholáthar i mbainistiú éigeandála agus géarchéime; á chur i bhfáth gur gá do dhaoine i saoráidí cúraim agus daoine scothaosta fanacht gníomhach ó thaobh sóisialta agus meabhrach de, mar shampla, trína chur ar a gcumas leanúint d’idirghníomhú lena dteaghlach, chun aonrú, baol an dúlagair agus bás a chosc;

481. á mholadh gur cheart do na Ballstáit meastóireacht chúramach a dhéanamh ar an sochair-riosca maidir le srianta ar ghníomhaíocht choirp sula gcuirfear chun feidhme iad; á mheas, le linn géarchéim sláinte, gur cheart do rialtais treoir a thabhairt agus aistí bia níos fearr agus gníomhaíocht choirp a spreagadh do dhaoine, agus béim speisialta a leagan ar ghrúpaí imeallaithe agus faoi mhíchumas, chun athléimneacht pobal sna Ballstáit a mhéadú i gcás paindéime amach anseo;

482.á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i bpróiseas coiscthe, ullmhachta agus freagartha maidir le géarchéim, ar próiséas é a bheadh cuimsitheach ó thaobh míchumais de, lena ndéanfaí iarmhairtí tubaisteacha géarchéimeanna amach anseo ar dhaoine faoi mhíchumas a thuar; á mheabhrú go bhfuil Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas daingnithe ag na Ballstáit uile agus á chur i bhfáth nach mór pleananna ullmhachta agus bearta paindéime a bheith i gcomhréir leis sin;

483. á iarraidh ar na Ballstáit beartais a chur chun cinn lena ndíreofaí ar chomhionannas

deiseanna trí ghnás a dhéanamh de bhailiú sonraí comhionannais i gcomhthéacs paindéime ar fud na n-earnálacha poiblí; á iarraidh, thairis sin, ar na Ballstáit comhoibriú leis an tsochaí shibhialta chun sonraí comhionannais a bhailiú agus a anailísiú;

484. á chur i bhfios go láidir an méid a rannchuidíonn daoine scothaosta leis an tsochaí agus á chur i bhfáth gur féidir le smaointe nuálacha le haghaidh tacaíocht shóisialta rannchuidiú lena gcosaint;

485. ag spreagadh na mBallstát sásra dlúthpháirtíochta idirghlúine a bhunú chun uaigneas a chomhrac, mar shampla, i bhfoirm seirbhís shibhialta, lena gcuirfí ar chumas daoine scothaosta idirghníomhú le daoine óga;

**4.** ***AE agus an domhan***

*(a) AE agus bainistiú na paindéime ar an leibhéal domhanda*

(I) CAIDREAMH LE EDT, LE EDS AGUS LEIS NA RIALACHÁIN SLÁINTE IDIRNÁISIÚNTA (IHR)

486. ag tabhairt dá haire, in ainneoin fás ollmhór i dtrádáil táirgí leighis, go raibh neamhéifeachtúlachtaí suntasacha ann maidir le rochtain a fháil ar threalamh cosanta pearsanta, cóireálacha, vacsaíní agus diagnóisic; ag tabhairt dá haire, ag buaic na paindéime, gur cuireadh isteach ar tháirgeadh agus go raibh praghsanna níos airde mar thoradh ar an iomaíocht i measc tíortha agus ar bhearta sriantacha maidir le rochtain ar fheistí leighis, ar threalamh cosanta pearsanta, ar scagthástáil agus ar vacsaíní;

487. á chur in iúl go gcuireann leochaileacht ard atá nasctha le droch-éagsúlú eacnamaíoch agus le spleáchas ard ar onnmhairí amhábhar béim ar an ngá atá le slabhraí soláthair reatha a ghiorrú;

488. á chur i bhfios go láidir gur léiríodh leis an bpaindéim leochaileacht na slabhraí soláthair domhanda agus an gá atá le slabhraí luacha réigiúnacha a thógáil agus borradh a chur faoin gcomhtháthú réigiúnach;

489. ag tabhairt dá haire nár urramaíodh prionsabal na dlúthpháirtíochta i gcónaí le linn na paindéime, gurb é freagracht na mBallstát dáileadh táirgí leighis a éascú agus gurb é ról EDT ina leith sin trádáil idirnáisiúnta a éascú trí chomhar rialála idirnáisiúnta chun borradh a chur faoi allmhairí earraí agus chun toirmisc nó srianta onnmhairiúcháin a laghdú atá díobhálach don rochtain ar tháirgí leighis;

490. á chur in iúl gur oth léi spleáchas AE ar fhoinsí seachtracha de threalamh cosanta pearsanta;

491. á thabhairt chun suntais go bhfuil rochtain dhomhanda theoranta ar vacsaíní mar thoradh ar thosca éagsúla agus á iarraidh an athuair ar EDT gníomhaíocht níos mó a dhéanamh chun saorshreabhadh slabhraí soláthair agus seachadtaí vacsaíní a áirithiú, go háirithe a mhéid a bhaineann le srianta ar onnmhairiú; á chur in iúl gur oth léi go ndeachaigh go leor tíortha, lena n-áirítear roinnt comhpháirtithe AE, i muinín bearta cosantacha i bhfoirm srianta ar onnmhairiú;

492. á iarraidh ar AE díriú ar uathriail straitéiseach oscailte, lena dtacófar le héagsúlú domhanda agus athléimneacht slabhraí soláthair, agus lena gcuirfear táirgeadh ar bun in AE an athuair i gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar spleáchas ard ar thríú tíortha trí bhíthin córas trádála iltaobhach, oscailte agus riailbhunaithe ag a croílár chun a áirithiú go mbeidh táirgí leighis ar fáil ar fud an domhain; ag spreagadh tíortha chun a bheith rannpháirteach i gComhaontú EDT maidir le Trádáil Táirgí Cógaisíochta agus á áitiú go leathnófaí a raon feidhme chuig gach táirge cógaisíochta agus íocshláinte; ag moladh go dtabharfaí tacaíocht do FBManna cógaisíochta Eorpacha a rannchuideodh le punann éagsúil vacsaíní a fhorbairt agus, ar an gcaoi sin, le huathriail straitéiseach AE in earnáil na sláinte, á chur i bhfios go láidir nach mór prionsabal na dlúthpháirtíochta a bheith mar threoir ag an bhfreagairt dhomhanda sláinte, ag féachaint ar an tsláinte mar leas poiblí agus gur cheart do AE oibriú i ndlúthchomhar le gníomhaithe iltaobhacha i dtíortha i mbéal forbartha chun athléimneacht agus ullmhacht na gcóras cúraim sláinte a fheabhsú do na daoine is leochailí;

493. ag tabhairt dá haire go ndreasaíonn an córas cosanta paitinne cuideachtaí infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht agus uirlisí leighis nua a tháirgeadh ar cheart dóibh a bheith ag fónamh do shaoránaigh agus leas an phobail a chur chun cinn; ag tabhairt dá haire, ag an am céanna, go bhféadfadh soláthar teoranta margaidh agus rochtain laghdaithe ar chógais leighis agus ar tháirgí cógaisíochta a bheith mar thoradh ar éifeacht eisiatach paitinní; á chur i bhfios go láidir gur cheart do na húdaráis phoiblí, tráth géarchéime, agus chun an tsláinte phoiblí agus beatha daoine a chosaint, a bheith in ann idirghabháil a dhéanamh maidir leis an gcóras sin agus leas a bhaint as na modhanna is gá chun rochtain a dheonú ar dhiagnóisic, ar chosc, ar chóireálacha agus ar chúram do chách;

494. ag cur sonrú sa chomhar idir AE agus EDS mar fhreagairt ar an bpaindéim; á chur i bhfios go láidir gur gá an comhar sin a threisiú tuilleadh le cur chuige níos comhordaithe, níos fadtéarmaí agus le córas na Náisiún Aontaithe a bheidh níos láidre, dea-mhaoinithe agus neamhspleách ag a chroílár; á mheabhrú, go háirithe, an ról tábhachtach atá ag oifig EDS don Eoraip maidir le faireachas agus meastóireacht a dhéanamh ar chláir sláinte Eorpacha; á iarraidh ar an Aontas Eorpach ról níos straitéisí, níos teanntásaí agus níos éifeachtaí a ghlacadh sa tsláinte dhomhanda; á chur i bhfáth gur gá do AE ról breathnóra fhoirmiúil ag EDS a ghlacadh chuige féin;

495. ag cur béim ar an bhfíoras go raibh EDS agus UNICEF ann in éineacht le tíortha ó thús go deireadh a straitéise vacsaíní, go dtí na céimeanna deireanacha sa seachadadh; ag tabhairt dá haire, áfach, go raibh moilleanna agus éiginnteachtaí sa soláthar agus nár tháinig feabhas ar an staid ach amháin nuair a bhí an soláthar domhanda ag freastal ar an éileamh domhanda den chuid is mó;

496. á chur i bhfios go láidir gur gá coimircí a thabhairt isteach maidir le hathonnmhairiú ionas go gcuirfí cosc ar thrádáil aindleathach agus ionas go seachnófaí borradh a chur faoi na margaí atá ann cheana le linn éigeandáil sláinte; á chur in iúl gur saoth léi teorainneacha a chur ar ghluaiseacht earraí sláinte le linn paindéimí in AE agus ar fud an domhain agus, i gcás éigeandáil dhaonnúil, go bhféadfadh tír nach bhfuil incháilithe ar dtús a bheith ina ceann scríbe;

497. á mheas go bhfuil freagairt iltaobhach, neamhspleách agus chomhordaithe ar fud an domhain atá bunaithe ar bhunúis eolaíocha agus ar phrionsabal an réamhchúraim, agus

ról na gcomhlachtaí réigiúnacha á chur san áireamh, ríthábhachtach chun athléimneacht dhomhanda a fhorbairt i gcoinne géarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo, agus gur gá tábhacht níos mó a thabhairt d'eagraíocht iltaobhach; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, nach mór eagraíochtaí iltaobhacha, go háirithe laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe, a threisiú chun go mbeidh siad in ann a sainordú a chomhlíonadh;

498. á chur i bhfios go láidir go bhfuil cur chuige na hAon Sláinte Amháin bunriachtanach agus gur cheart go leanfadh sé de bheith lárnach do EDS chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda sláinte poiblí; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór é a bheith ina threoirphrionsabal agus tagairt do bheartais phoiblí maidir leis an gcomhéadan idir ainmhithe agus daoine agus an cur chuige i gcoinne AMR; ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil moltaí tugtha cheana féin ag Painéal Aon Sláinte Amháin EDS, gur gá iad sin a léiriú níos fearr i mbeartais nithiúla agus iad a chur i ngníomh ar leibhéal AE, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach; á mholadh go leathnófaí EDS chun iarmhairtí a bhaineann le taighde a chosc trí mhaoirseacht a dhéanamh ar chláir thaighde maidir le pataiginí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach; á iarraidh ar AE atreisiú agus leathnú EDS a chur chun cinn trína bhuiséad foriomlán a mhéadú agus trína chuid oibre a threisiú maidir le bealaí nochta a d'fhéadfadh a bheith ann agus na timpeallachtaí is mó riosca i dtaca le tarchur galar zónóiseach; ag tabhairt dá haire, chun iarmhairtí nádúrtha a chosc, go mbeidh gá le comhar domhanda maidir le faireachas agus rialáil a dhéanamh ar thrádáil ainmhithe clóis agus ainmhithe fiáine, agus go mbeidh ról tábhachtach ag EDS chuige sin; á mholadh freisin go dtacódh AE le leathnú EDS chun iarmhairtí a bhaineann le taighde a chosc, trí mhaoirseacht a dhéanamh ar an mbithshábháilteacht, ar an mbithshlándáil agus ar bhainistiú bithriosca na gclár taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta atá i mbun pataiginí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach a bhailiú, a thástáil, agus a ionramháil go géiniteach;

499. á éileamh go gcuirfí ról na bparlaimintí san áireamh i bpléití idirnáisiúnta maidir leis an tsláinte dhomhanda chun comhar idirnáisiúnta sláinte AE a threisiú, chun urraim do phrionsabail dhaonlathacha a áirithiú agus chun dlisteanacht na bpléití sin a mhéadú, go háirithe trí mhalartuithe faisnéise ar an leibhéal idirnáisiúnta, lenar cheart go gcumhdófaí gach céim ón ullmhacht go dtí an fhreagairt, lena n-áirítear Aon Sláinte Amháin;

(II) RÓL I DTIONSCNAIMH AMHAIL COVAX

500. á thabhairt chun suntais gur cruthaíodh an tSaoráid um Rochtain Dhomhanda ar Vacsaín COVID-19 (COVAX) leis an aidhm vacsaíní a sheachadadh chuig tíortha ísealioncaim agus meánioncaim (LMIC), ach nár baineadh amach na hionchais arda a rabhthas ag súil leo, gur carnadh moilleanna agus nár comhlíonadh riachtanais LMIC; ag tabhairt dá haire go ndearna tíortha ísealioncaim agus meánioncaim margaí déthaobhacha le monaróirí i margadh an-iomaíoch, a raibh praghsáil éagórach agus clásail dliteanais neamhfhabhracha mar thoradh orthu; á chur in iúl gur cúis imní di nár léirigh COVAX caighdeáin thrédhearcacha maidir lena chomhaontuithe agus a oibríochtaí, rud a d'fhág go raibh easpa grinnscrúdú poiblí ar na próisis sin agus easpa cuimsithe de thíortha ísealioncaim agus meánioncaim; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit caighdeáin trédhearcachta agus cuimsithe a mholadh in ardáin idirnáisiúnta nua agus reatha maidir le rochtain ar theicneolaíochtaí sláinte;

501. á aithint go bhfuil iarracht shuntasach á déanamh ar an scála domhanda chun an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú, le tacaíocht ó úsáid mhór cistí poiblí; á chur in iúl gur geal léi gur éirigh AE a bheith ina eiseamláir maidir leis an ábhar sin agus ina infheisteoir mór ó thaobh infheistíochtaí brú (roimh fhorbairt) agus tarraingthe (comhaontuithe réamhcheannaigh), rud a d'fhág go raibh sé indéanta dóthain vacsaíní a áirithiú; á mheabhrú nach mór d'infheistíochtaí poiblí toradh poiblí a thabhairt ó thaobh inacmhainneacht, infhaighteacht agus inrochtaineacht na dtáirgí deiridh agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an easpa acmhainneachtaí táirgeachta agus an easpa aistrithe teicneolaíochta i dtreo tíortha ísealioncaim agus meánioncaim agus sásra domhanda a bhunú chun acmhainneachtaí táirgeachta a fheabhsú laistigh de AE agus ar scála domhanda araon;

502. á chur i bhfios go láidir go raibh an comhar poiblí-príobháideach le linn na paindéime cinntitheach ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus vacsaíní a sheachadadh; á mheabhrú go bhfuil an comhar poiblí-príobháideach le linn na héigeandála sláinte éagsúil ó thaobh struchtúir de leis an gcomhar faoi 'ghnáthchúinsí'; á mheabhrú go raibh ról lárnach ag méid mór cistithe phoiblí i dtimthriall forbartha an táirge (vacsaín), i gcomhar le comhaontuithe réamhcheannaigh roimh fhormheas rialála; ag cur béim ar an bhfíoras, i ngéarchéim sláinte, ina bhfuil i bhfad níos mó práinne agus éiginnteachta ann, go bhfuil ról níos mó fós ag cistiú poiblí; ag tabhairt dá haire nach féidir leis sin oibriú ach amháin má tá creataí domhanda dea-dhréachtaithe agus má tá dlúthchomhordú ann idir na gníomhaithe uile lena mbaineann;

(III) STRAITÉIS SLÁINTE DOMHANDA AE

503. ag tabhairt dá haire go raibh ról tábhachtach ag Tascfhórsa COVID-19 faoi Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna (AS GROW) de chuid an Choimisiúin i dtaobh uathriail straitéiseach oscailte agus athléimneacht AE a mhéadú in aghaidh na paindéime trí thacú le taighde agus nuálaíocht, trí shlabhraí soláthair a neartú agus trí chomhar agus comhordú níos fearr a spreagadh idir na Ballstáit;

504. á mheas go raibh sé indéanta aontacht mhargadh aonair AE agus úsáid a ghiarála eacnamaíche agus polaitiúla a choimirciú tríd an ngné sheachtrach d'uathriail oibríochtúil AE a fhorbairt trí bhíthin an tsásra údaraithe onnmhairiúcháin uile-AE; á aithint, áfach, nár dáileadh frithbhearta leighis go cothrom, rud a chuir, i measc tosca eile, le codarsnacht shuntasach idir rátaí vacsaínithe i dtíortha ardioncaim agus ísealioncaim;

505. á mheas, fiú leis an leibhéal suntasach cistiúcháin phoiblí do T&F chun vacsaíní a fhorbairt go tapa, go ndearnadh acmhainneachtaí monaraíochta in AE a mhéadú go ró-mhall chun freastal ar riachtanais; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, go bhfuil sé ríthábhachtach maoin intleachtúil agus fios gnó a chomhroinnt laistigh den chreat dlíthiúil chun táirgeadh ar mórscála agus infhaighteacht dhomhanda frithbheart leighis a áirithiú; á mheabhrú, ag an am céanna, go bhfuil gá le slabhra soláthair domhanda, inbhuanaithe agus athléimneach mar gheall ar chastacht vacsaíní a mhonarú agus castacht na n-amhábhar agus na gcomhpháirteanna eile is gá don táirgeadh a sholáthar; á mheas nach féidir le haon tír a bheith go hiomlán uathrialach maidir lena táirgeadh vacsaíní, rud a d'fhág go raibh sé deacair ar AE freastal ar an éileamh ard ar vacsaíní

lena acmhainneacht táirgeachta;

506. á iarraidh go gcuirfí uirlisí ar bun lena gcuirfear ar chumas an Choimisiúin beartais trádála chómhalartacha a chur chun feidhme nuair is gá (chun cur i gcoinne an Ghnímh um Tháirgeadh Cosanta, mar shampla), agus ar an gcaoi sin cothromaíocht chomhionann chumhachta agus cumas margála a choinneáil;

507. ag cur béim ar an bhfíoras go raibh ról tábhachtach ag AE sa fhreagairt dhomhanda agus sa dlúthpháirtíocht agus nach mór dó leanúint den ról sin trí iarracht níos mó a dhéanamh; á mheas nach mór do AE leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le dlúthpháirtíocht vacsaíní ar fud an domhain agus á athdhearbhú go bhfuil dlúthpháirtíocht vacsaíní mar chuid de chur chuige AE maidir leis an Aon Sláinte Amháin; á iarraidh ar na Ballstáit aird níos mó a thabhairt ar iarrachtaí comhordaithe a phleanáil, lasmuigh de thráthanna paindéime, maidir le dáileadh vacsaíní;

508. á chur i bhfios go láidir gur dócha go mbeidh ar an domhan aghaidh a thabhairt ar eipidéimí agus paindéimí nua amach anseo agus go bhfuil sé i gceist le cur chuige AE maidir leis an Aon Sláinte Amháin a bheith gníomhach in ullmhacht dhomhanda, go háirithe maidir le cuspóirí agus spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach, dlí comhshaoil AE a urramú, an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, an laghdú práinneach agus riachtanach ar astaíochtaí $CO_2$ agus cailliúint na bithéagsúlachta, ar tosca ar fad iad a spreagann paindéimí agus bagairtí sláinte poiblí eile, amhail bagairtí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha agus galair zónóiseacha, chomh maith le bearta a ghlacadh a chuireann le forbairt oibreán núíosach frithmhiocróbach agus lena n-infhaighteacht agus lena n-inacmhainneacht; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit tacú leis an gcomhphobal domhanda agus cabhrú leis maidir le héiceachórais shlána a chosaint agus deireadh a chur leis an trádáil tráchtála san fhiadhúlra lena chaitheamh ag an duine;

509. á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go rannchuideoidh beartas trádála AE le hathléimneacht AE agus le huathriail straitéiseach oscailte, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an mbosca uirlisí trádála ina iomláine; á chur i bhfáth go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith mar thoradh ar shrianta trádála tráth géarchéime, lena n-áirítear do thíortha i mbéal forbartha agus do thíortha comharsanachta; á chur in iúl go bhfuil sí suite de go bhfuil ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna ríthábhachtach chun éifeachtaí díobhálacha an tsuaite sa slabhra soláthair le linn géarchéime a mhaolú; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, an togra ón gCoimisiún maidir le hionstraim éigeandála le haghaidh an mhargaidh aonair lena gcaomhnaítear saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine agus infhaighteacht earraí agus seirbhísí i gcás éigeandálaí amach anseo, chun leasa saoránach agus gnólachtaí ar fud AE;

510. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, i bhfianaise na dóchúlachta go dtarlóidh eipidéimí agus paindéimí nua amach anseo agus i bhfianaise na staidéar éagsúil ar thionscnamh phaindéim COVID-19, roinn a bhunú chun taighde agus faireachán a dhéanamh ar straitéisí sláinte poiblí tíortha nach tíortha de chuid AE iad, go háirithe iad siúd a bhfuil acmhainneacht shuntasach acu maidir le leathadh trasteorann;

(IV) COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AGUS FONDÚIREACHTAÍ DOMHANDA

511. ag cur sonrú sa dlúthchomhar idir an Chomhghuaillíocht um Nuálaíochtaí maidir le hUllmhacht d’Eipidéime (CEPI) agus an Chomhghuaillíocht Dhomhanda um Vacsaíní agus Imdhíonadh (Gavi), faoi choimirce EDS agus UNICEF, as ar tháinig cruthú COVAX, arb é is aidhm dó dlús a chur le forbairt agus monarú vacsaíní COVID-19 agus rochtain dhomhanda chothrom ar vacsaíní a áirithiú; á chur i bhfáth gur gá na tionscnaimh sin a bheith buan agus seanbhunaithe faoi scáth chóras na Náisiún Aontaithe, lena mbaineann rialú agus grinnscrúdú daonlathach agus trí thrédhearcacht iomlán ina ngníomhaíochtaí a áirithiú;

512. ag tabhairt dá haire go ndearna Gavi Saoráid COVAX agus an tsásra domhanda um chomhroinnt riosca agus um sholáthar comhthiomsaithe de chuid COVAX a dhearadh agus a bhainistiú, agus dáileoga le haghaidh COVAX a áirithiú trí chomhaontuithe réamhcheannaigh agus tríd an tsásra um chomhroinnt dáileog de chuid COVAX, rud a threoraíonn soláthar domhanda agus seachadadh le haghaidh COVAX; ag tabhairt dá haire gur úsáid CEPI iasachtaí inghnóthaithe chun dáileoga a dhaingniú thar ceann shaoráidí COVAX; á chur i bhfios go láidir, cé go raibh roinnt réitigh cistiúcháin theagmhasaigh ag CEPI, go raibh air brath den chuid is mó ar thiomsú airgid; á chur i bhfios go láidir, cé go bhfuil torthaí dearfacha bainte amach ag an gcóras sin, gur gá acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe chun a áirithiú nach mbeidh siad ag brath ar thabhartais dheonacha amháin chun a sainordú a chomhlíonadh;

513. á chur in iúl gur geal léi gurb í rochtain chothrom ar vacsaíní príomhthosaíocht na bhfondúireachtaí domhanda, lena n-áirítear CEPI agus GAVI, agus go bhfuil CEPI ag cur an prionsabal neamhbhrabúis/neamhchaillteanais i ngníomh le haghaidh vacsaíní atá beartaithe do thíortha ísealioncaim agus meánioncaim; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil rátaí imdhíonta i bhfad níos ísle ag formhór na dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim ná mar atá ag tíortha ardioncaim; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le caighdeáin trédhearcachta agus cuimsithe in ardáin idirnáisiúnta agus a mbeartais agus a gcoinníollacha rochtana a nuashonrú chun an soláthar do thíortha ísealioncaim agus meánioncaim a bharrfheabhsú;

514. á mheas, cé go bhfuil deonú dáileog dearfach, nach mór na tabhartais sin a phleanáil go críochnúil chun a áirithiú go rannchuideoidh siad ar an mbealach is fearr le riachtanais, féidearthachtaí agus ceanglais straitéisí vacsaínithe na bhfaighteoirí; á chur i bhfios go láidir gur cheart do AE bearta a dhéanamh freisin chun a áirithiú go leanfaidh vacsaíní de bheith éifeachtach, chun tacú le hacmhainneacht na gcóras sláinte poiblí náisiúnta dáileoga a sheachadadh, chun glacadh vacsaíní a mhéadú agus chun cur i gcoinne na mífhaisnéise a spreagann drogall roimh an vacsaíniú;

515. á mheas go bhfuil forbairt, táirgeadh agus seachadadh vacsaíní inbhuanaithe ag brath ar shlabhraí soláthair láidre agus trédhearcacha; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, gur gá acmhainneachtaí monaraíochta a dháileadh ar bhonn níos leithne ar fud an domhain; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú ó thaobh airgeadais de le táirgeadh áitiúil agus réigiúnach vacsaíní a mhéadú agus an t-aistriú eolais agus teicneolaíochtaí agus táirgí sláinte bunriachtanacha eile a spreagadh i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim;

516. á iarraidh go mbunófaí acmhainneacht táirgeachta atá cothrom ar fud an domhain a

bheadh in ann oiriúnú go tapa d'aon vacsaín is gá a tháirgeadh; ag tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag mol aistrithe teicneolaíochta maidir le haigéad ribeanúicléasach teachtaire (mRNA), a fhaigheann tacaíocht ó EDS, agus ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát chun leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh den sórt sin; á mheas gur céimeanna tábhachtacha iad na gealltanais a thug AE le déanaí chun tacú le ceannasacht sláinte san Afraic agus a infheistíocht de EUR 1 bhilliún san acmhainneacht táirgeachta ar an ilchríoch sin; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil easpa soiléireachta sna comhaontuithe maidir le teicneolaíocht agus aistriú eolais, lena n-áirítear sonraí maidir le maoin intleachtúil agus tástáil; á iarraidh go ndéanfaí an comhar idir EMA agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Afracach, ailíniú rialála idirnáisiúnta trí Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta na nÚdarás Rialála Leigheasra agus dlúth-rannpháirtíocht EDS a neartú tuilleadh;

(v) ATHBHREITHNIÚ AR RIALACHÁIN SLÁINTE IDIRNÁISIÚNTA AGUS AR AN GCONRADH AR PHAINDÉIMÍ

517. á chur i bhfáth nach mór an fhreagairt ar COVID-19 a bheith iomlánaíoch agus nach féidir í a dhíriú ar an tsláinte amháin, ach nach mór breithnithe sóisialta agus eacnamaíocha a chur san áireamh ar an scála domhanda freisin; ag tabhairt dá haire go bhfuil cosc éifeachtach ar phaindéimí, ullmhacht dóibh agus freagairt orthu ag brath ar chomhroinnt thrédhearcach agus thráthúil faisnéise, sonraí agus gnéithe eile ar gach leibhéal; á iarraidh go mbeadh comhordú feabhsaithe ann maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt, lena n-áirítear dáileadh vacsaíní;

518. á iarraidh go ndéanfaí measúnú ar na creataí rialachais sláinte domhanda atá ann faoi láthair agus á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, an Conradh ar Phaindéimí; á iarraidh go ndéanfaí oibleagáidí agus in-fhorfheidhmitheacht Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta a neartú go comhuaineach, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na bearnaí (lena n-áirítear cistiú, cothromas agus rialachas domhanda) tríd an gConradh nua ar Phaindéimí; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit a ráthú go n-áireofar cosc ar phaindéimí sa chonradh agus a áirithiú gur tosaíocht sa chaibidlíocht é rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta agus na n-eolaithe a chumasú;

519. á chur in iúl gur geal léi ról ceannasach AE sa phlé ar an gConradh ar Phaindéimí; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé d'acmhainn ag an gConradh ar Phaindéimí athrú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an gnó cógaisíochta domhanda le linn géarchéime; á mheas gur cheart gurb iad cuspóirí an chonartha sin atá ceangailteach ó thaobh dlí de ná cur chuige na hAon Sláinte Amháin a chur chun cinn agus a chomhtháthú, athléimneacht ár gcóras sláinte a neartú, paindéimí a bheidh ann amach anseo a chosc agus ullmhú dóibh, freagairt chomhordaithe agus aontaithe ar ghéarchéimeanna a ráthú, rochtain uilíoch agus chothrom ar thástálacha, ar chógais leighis agus ar vacsaíní a áirithiú, an bhréagaisnéis a bhaineann an bonn go mór ó bhearta sláinte poiblí a chomhrac go héifeachtach, nuálaíocht a dhreasú, a chur chun cinn agus a fhorbairt chun freagairt do bhagairtí domhanda ar an tsláinte phoiblí agus slabhraí soláthair domhanda athléimneacha a éascú;

520. á chur i bhfios gur réamhriachtanais iad an déine, an chuntasacht agus an trédhearcacht maidir le rialacháin idirnáisiúnta sláinte le haghaidh comhordú ar an scála domhanda; á thabhairt chun suntais gur léirigh an Luasaire um Rochtain ar Uirlisí COVID-19 a

thábhachtaí atá an comhoibriú idirnáisiúnta, ós rud é gur chumasaigh sé mearfhreagairt agus comhordú nach bhfacthas riamh cheana i measc gníomhaireachtaí sláinte domhanda chun aghaidh a thabhairt ar an bpaindéim; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé ceachtanna ón tionscnamh sin a mheas agus a fhoghlaim; ag tabhairt dá haire gur gá feabhas a chur ar acmhainneachtaí rialála agus monaraíochta agus aistrithe agus oiliúint teicneolaíochta a éascú chun feabhas a chur ar inrochtaineacht ar chógais leighis i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, agus ag moladh thionscnaimh Fhoireann na hEorpa a rannchuidigh leis na cuspóirí sin;

(VI) CEART MAOINE INTLEACHTÚLA I GCOMHTHÉACS AN CHAIDRIMH IDIRNÁISIÚNTA

521. á mheas gur gá don Eoraip teacht ar réiteach cuiditheach maidir le cosaint maoine intleachtúla lena gcuirfear cinnteacht agus dreasachtaí leormhaithe ar fáil d'infheistíochtaí i T&D, agus gur cheart comhaontuithe ceadúnúcháin a áireamh inti chun an táirgeadh a mhéadú; ag tabhairt dá haire go bhfuil imní ann le fada an lá maidir le cearta maoine intleachtúla agus rochtain ar chógais leighis inacmhainne i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim agus is imní é atá ag méadú freisin i dtíortha ardioncaim; á chur i bhfios go láidir na solúbthachtaí i gComhaontú EDT maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS), a deimhníodh le Dearbhú Doha, mar bhearta beartais dlisteanacha ar féidir le rialtais iad a úsáid chun an tsláinte phoiblí a chosaint agus a chur chun cinn trí theorainneacha agus coimircí a chur i bhfeidhm maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú; á iarraidh ar fhorbróirí táirgí leighis a maoin intleachtúil, a n-eolas agus a bhfios gnó a chomhroinnt trí thionscnaimh dhomhanda amhail Díorma Rochtana ar Theicneolaíocht COVID-19 (C-TAP) de chuid EDS le linn paindéimí, eipidéimí agus galair eindéimeacha; ag moladh iarrachtaí EDS an ionstraim sin a chur ar bun mar ionad ilfhreastail d'fhorbairt, do cheadúnú agus do mhonarú teicneolaíochtaí sláinte; á chur in iúl gur geal léi tacaíocht na mBallstát don tionscnamh sin agus á iarraidh ar AE an earnáil phríobháideach a spreagadh chun rannchuidiú leis; á chur i bhfios go láidir nach réiteofar fadhb na rochtana trí dheireadh a chur le bacainní ar mhaoin intleachtúil amháin, nach bhfuil tairbhe le baint as paitinní gan aistriú teicneolaíochta agus fios gnó tionsclaíoch cuí, agus go raibh srianta ar onnmhairiú agus rochtain ar amhábhair ina mbacainní ar tháirgeadh táirgí leighis; á chur i bhfáth, áfach, go bhfuil sé ríthábhachtach maoin intleachtúil agus fios gnó a chomhroinnt laistigh den chreat dlíthiúil chun táirgeadh ar mórscála agus infhaighteacht dhomhanda frithbheart leighis a áirithiú le linn paindéimí, eipidéimí agus galair eindéimeacha;

522. á chur i bhfios go láidir nach n-áirithítear le ceadúnú éigeantach gur féidir le monaróirí tríú páirtí i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim cógaisíocht nó trealamh a tháirgeadh, ós rud é go bhfuil gá freisin le hinfheistíocht in acmhainneachtaí agus bonneagar réigiúnach agus áitiúil; ag tabhairt dá haire go bhfuil Foireann na hEorpa ag comhoibriú le tíortha na hAfraice i ndáil leis sin; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, go bhfuil gá le vacsaíní, cóireálacha agus diagnóisic nuálacha le haghaidh galair thógálacha agus neamhtheagmhálacha atá nua, forleathan nó a ndéantar siléig iontu agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé d'acmhainn ag cistiú ó Fís Eorpach, ón gComhpháirtíocht idir AE agus an Afraic maidir leis an tSláinte Domhanda agus ón gComhpháirtíocht maidir le Trialacha Cliniciúla Tíortha i mBéal Forbartha (EDCTP3) borradh a chur faoin taighde, acmhainneacht a fhothú agus an timpeallacht rialála san Afraic fho-Shahárach a neartú; ag tabhairt dá haire go n-oibríonn na comhpháirtíochtaí

sin i gcomhar leis an tionscal cógaisíochta agus go bhfuil gá le timpeallacht chumasúcháin chun leanúint de vacsaíní agus cógais leighis a fhorbairt agus a fheabhsú do na dúshláin atá ann faoi láthair agus do phaindéimí atá le teacht;

523. á mheabhrú go gceanglaítear le hAirteagal 66(2) de chomhaontú TRIPS ar thíortha forbartha ar baill iad ‘dreasachtaí a chur ar fáil d’fhiontair agus d’institiúidí ina gcríocha chun aistriú teicneolaíochta chuig na tíortha is lú forbairt a chur chun cinn agus a spreagadh chun cur ar a gcumas bonn teicneolaíoch fónta agus inmharthana a chruthú’ agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an ceanglas sin a chomhlíonadh mar thosaíocht; ag athdhearbhú thacaíocht Pharlaimint na hEorpa do tharscaoileadh TRIPS (IP/C/W/669) mar a moladh ar dtús ag EDT[56]; ag spreagadh an Choimisiúin chun oibriú le comhaltaí eile EDT chun cinneadh MC12 TRIPS a leathnú chuig teiripic agus diagnóisic;

524. á chreidiúint go bhfuil deacrachtaí ag go leor tíortha, go háirithe tíortha i mbéal forbartha, maidir le solúbthachtaí TRIPS a úsáid, go háirithe Airteagal 31a;

525. á mheabhrú gur cheart do AE páirt ghníomhach a ghlacadh i gcaibidlíocht téacsbhunaithe maidir le tarscaoileadh sealadach TRIPS;

526. á iarraidh, i ndáil leis sin, ar AE tacú le tarscaoileadh sealadach ó fhorálacha áirithe de Chomhaontú TRIPS a dheonú le haghaidh COVID-19, chun feabhas a chur ar rochtain thráthúil dhomhanda ar vacsaíní, teiripic agus diagnóisic inacmhainne in aghaidh COVID-19 trí aghaidh a thabhairt ar shrianta táirgthe domhanda agus ar ghanntanais soláthair dhomhanda;

527. á iarraidh go mbunófaí buanchoiste nua um thrádáil agus sláinte ag MC12 chun cúnamh a thabhairt do rialtais eisceachtaí reatha agus solúbthachtaí sa dlí trádála idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus an bealach a réiteach do cholún trádála don chaibidlíocht maidir le conradh idirnáisiúnta amach anseo maidir le freagairt ar phaindéimí;

528. á chur i bhfios go láidir gur gá cabhrú leis an Afraic táirgeadh don Afraic ionas nach mbeidh an Afraic ag brath chomh mór céanna ar chodanna eile den domhan;

*(b) Ról AE maidir le rochtain ar vacsaíní*

(I) ROCHTAIN CHOTHROM AR VACSAÍNÍ AGUS AR THÁIRGÍ LEIGHIS A SHOLÁTHAR DO THRÍÚ TÍORTHA AGUS MAOIRSEACHT A DHÉANAMH ORTHU

529. á thabhairt faoi deara nach féidir le tíortha éigeandáil dhomhanda a chomhrac ina n-aonar agus go bhfuil comhordú comhair idirnáisiúnta ríthábhachtach, go háirithe trí bhíthin eagraíochtaí iltaobhacha amhail na Náisiúin Aontaithe; ag tarraingt aird ar leith, sa chomhthéacs sin, ar an rannchuidiú tábhachtach sa chomhrac domhanda i gcoinne COVID-19 trí athraitheach Omicron a fhionnadh; ag tabhairt dá haire, ag buaic na paindéime, gur cuireadh isteach ar tháirgeadh agus go raibh praghsanna níos airde mar thoradh ar iomaíocht agus ar bhearta sriantacha idir tíortha maidir le rochtain ar fheistí leighis, ar threalamh cosanta pearsanta, ar scagadh agus ar vacsaíní, agus go bhfuil sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh an toil pholaitiúil ag tíortha a tháirgeann na

[56] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0283_GA.html.

táirgí leighis sin rialtais a spreagadh chun a áirithiú le chéile go bhfanfaidh slabhraí soláthair ar oscailt;

530. á chreidiúint go bhfuil luach straitéiseach geopholaitiúil ag baint leis an tsláinte, chomh maith le ceart an duine, agus go bhfuil sé d'acmhainn ag an Eoraip a bheith ina ceannaire domhanda sa réimse sin; ag tathant ar AE agus ar na Ballstáit freagairt do phaindéimí ar bhonn cur chuige eiticiúil cearta-bhunaithe agus cosaint saoráidí leighis a urramú i gcás coinbhleachta (CSNA 2286) agus gan srian a chur ar an tsaoirse gluaiseachta (Prionsabail Siracusa); á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir le gníomhaithe daonnúla neamhspleácha rochtain a fháil ar uirlisí amhail an Maolán Vacsaíní Daonnúil chun freastal orthu siúd atá fágtha ar lár nó nach féidir le rialtais teagmháil a dhéanamh leo, mar shampla i suíomhanna coinbhleachta;

531. ag tathant ar an Eoraip sábháilteacht a cuid saoránach a áirithiú i gcónaí ar bhealach uathrialach agus i gcomhar lenár gcomhghuaillithe traidisiúnta trí thacaíocht fhrithpháirteach;

532. ag tabhairt dá haire go raibh deacracht ag go leor tíortha ísealioncaim agus meánioncaim ar fud an domhain rochtain a fháil ar ábhair leighis amhail cógais leighis, trealamh cosanta agus dáileoga vacsaíne mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear easpa soláthair, go háirithe ag tús na géarchéime;

533. á chur i bhfios go láidir go raibh ról ollmhór ag AE i vacsaíniú domhanda, go raibh trí cinn as na chéad cheithre vacsaín shábháilte agus éifeachtacha lonnaithe ann agus gurbh é an chéad táirgeoir agus onnmhaireoir vacsaíní mRNA é; ag cur béim ar an bhfíoras go mbeadh sé sin dodhéanta gan cistiú poiblí uaillmhianach agus ag cur béim ar na freagrachtaí poiblí a eascraíonn as sin do gheallsealbhóirí príobháideacha;

534. á mheas go bhfuil líon iomarcach vacsaíní ag AE i ndáil leis an ngá atá ann, ar méid leordhóthanach é chun leanúint de bheith ag roinnt le tíortha a iarrann iad go sainráite i gcás borradh nua;

535. á mheas go bhfuil srianta ar onnmhairiú agus rochtain ar amhábhair ar chuid de na bacainní níos tromchúisí ar tháirgeadh, in éineacht le cosaint maoine intleachtúla agus easpa rochtana ar shaineolas monaraíochta;

536. á iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun rannpháirtíochta le tíortha a tháirgeann vacsaíní chun deireadh a chur go mear le bacainní ar onnmhairiú agus chun ceanglais trédhearcachta maidir le honnmhairiú a chur in ionad a shásra údaraithe onnmhairiúcháin féin, agus á áitiú go bhfaighidh sí rochtain thráthúil agus chuimsitheach ar na sonraí sin.

537. á chur i bhfios go láidir gur cheart go gcuimseofaí sa fhreagairt dhomhanda ar éigeandálaí sláinte cur chuige atá dírithe ar riachtanais ar thaobh an éilimh, lena soláthrófar maoiniú comhpháirteach agus réamhcheannacháin a bheidh comhordaithe ar fud an domhain, ar lámh amháin, agus straitéis chomhtháite ar thaobh an tsoláthair chun acmhainneacht táirgeachta a mhéadú ar fud an tslabhra luacha ina iomláine, ar an lámh eile; á mheas go bhfuil gá le méadú ar tháirgeadh domhanda vacsaíní, le comhordú níos fearr ar sholáthairtí agus le slabhraí luacha do vacsaíní atá neartaithe, éagsúlaithe agus athléimneach chun go ndáilfear vacsaíní ar fud an domhain. á chur i bhfios go láidir, san

fhadtéarma, nach mór táirgeadh domhanda vacsaíní a leathnú go práinneach chun freastal ar an éileamh domhanda, agus go bhfuil gá, dá bhrí sin, le hinfheistíocht i gcumais táirgthe na dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim chun iad a dhéanamh níos neamhthuilleamaíche. á chur i bhfios go bhfuil gá leis an aistriú éifeachtach teicneolaíochta agus feasa gnó chun é sin a bhaint amach. á aithint gur cheart go mbeadh comhaontuithe ceadúnúcháin deonacha agus teicneolaíocht dheonach do thíortha ina bhfuil tionscail táirgthe vacsaíní ann cheana ar an mbealach is tábhachtaí chun é sin a bhaint amach agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar thíortha den dearcadh céanna gníomhú i ndáil leis sin;

538. á iarraidh go méadófaí infheistíocht agus comhordú idirnáisiúnta go práinneach le haghaidh uas-scálú táirgthe ionchur criticiúil vacsaíní, amhail earraí aon uaire agus comhábhair ghníomhacha chógaisíochta, chun go réiteofar scrogaill ar fud slabhraí luacha vacsaíní;

(II) RÓL AN AONTAIS MAIDIR LENA CHINNTIÚ GO RAIBH VACSAÍNÍ AGUS SOLÁTHAIRTÍ LEIGHIS INACMHAINNE AGUS AR FÁIL DO THRÍÚ TÍORTHA (COSC A CHUR AR SCROGAILL A D'FHÉADFADH A BHEITH I SLABHRAÍ SOLÁTHAIR, BACAINNÍ TRÁDÁLA, ETC.)

539. á mheabhrú gur chomhthiomsaigh AE a acmhainní chun tionchar a fhreagartha ar phaindéim COVID-19 a uasmhéadú agus, ó thús phaindéim COVID-19, go bhfuil EUR 53.7 billiún geallta go dtí seo ag institiúidí AE, ag na Ballstáit agus ag institiúidí airgeadais na hEorpa, chomh maith le Foireann na hEorpa, chun tacú le 140 tír, lena gcumhdaítear an fhreagairt éigeandála ar riachtanais dhaonnúla, lena neartaítear na gcóras sláinte, uisce agus sláintíochta, agus lena maolaítear iarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha na paindéime;

540. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit a gcaidreamh le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim a neartú, go háirithe i réimse bagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn a chosc agus faireachán a dhéanamh orthu; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht leanúnach do chórais sláinte, d'ullmhacht paindéime agus do mhonarú áitiúil cógais leighis agus vacsaíní i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim; á thabhairt chun suntais go bhfuil méadú suntasach tagtha ar leochaileacht na mban agus na gcailíní de bharr na géarchéime, agus meastar go bhfuil 110 milliún cailín i mbaol an luathphósta faoi 2030, agus go bhfuil 10 milliún cailín sa breis i mbaol mar gheall ar chruatan airgeadais arb í an phaindéim is cúis leis;

541. á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun rochtain éasca agus inacmhainne ar vacsaíní, ar chógais leighis, ar dhiagnóisic agus ar chúram sláinte i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim a éascú trí thacú go gníomhach le timpeallacht lena bhféadfar acmhainneachtaí monaraíochta vacsaíní áitiúla a bhunú, ullmhacht a neartú, oiliúint a chur ar ghairmithe sláinte áitiúla agus acmhainneachtaí freagartha a mhéadú, agus tíortha a bhfuil córais cúraim sláinte leochaileacha acu a chumasú chun rochtain a fháil ar threalamh agus soláthairtí leighis; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, cláir shuaitheanta Global Gateway maidir le monarú sláinte agus rochtain ar vacsaíní, ar chógais leighis agus ar tháirgí teicneolaíochta sláinte sa tSeineagáil, i Ruanda, i nGána agus san Afraic Theas; ag aithint an róil lárnaigh a bhí ag saotharlanna na hAfraice, go háirithe san Afraic Theas, i seicheamhú an athraithigh Omicron de COVID-19; á iarraidh, dá bhrí sin, ar AE agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta an comhoibriú eolaíoch

leis an Afraic a neartú tuilleadh; á thabhairt chun suntais gur bunaíodh vacsaíní mRNA EDS;

542. á chur i bhfios go láidir gur uirlis fhéideartha é uathriail straitéiseach oscailte in earnáil na sláinte, bunaithe ar acmhainneachtaí taighde a fhorbairt sna Ballstáit, ar thacaíocht d'acmhainneachtaí táirgthe áitiúla AE agus ar chomhchuibhiú rialála, chun éiceachóras cógaisíochta AE a fheabhsú agus chun feabhas a chur ar shreabhadh na trádála i gcógais leighis, vacsaíní, feistí leighis agus earraí bunriachtanacha eile le linn géarchéime;

543. á thabhairt chun suntais go raibh deacrachtaí ag go leor Ballstát AE agus barrachas dáileog á dheonú acu don Domhan Theas, mar gheall, ar thaobh amháin, ar na coinníollacha a d'fhorchuir cuideachtaí cógaisíochta sna conarthaí vacsaíní, agus, ar an taobh eile, mar gheall ar an easpa éilimh ó thíortha an Domhain Theas, agus ag an am céanna go raibh an spéis i ndáileoga vacsaíní ag laghdú; ag tabhairt dá haire go raibh fadhbanna ag tíortha faighteora freisin maidir le tabhartais a ionsú mar gheall ar sheilfré ghearr na vacsaíní; ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le cumarsáid níos fearr idir an tAontas agus na rialtais lena mbaineann maidir leis an ábhar sin;

544. á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh AMR a bheith ar an gcéad ghéarchéim dhomhanda sláinte eile agus, dá bhrí sin, gur gá dlús a chur le cur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta reatha agus na sásraí domhanda sonracha maidir le faireachas, taighde agus nuálaíocht AMR agus maoirseacht ar fhrithmhiocróbáin; á thabhairt chun suntais gur gá tacú le hoibreáin núíosacha fhrithmhiocróbacha a fhorbairt, chomh maith lena n-infhaighteacht agus lena n-inacmhainneacht a áirithiú;

545. á mheas gur cheart do AE a bheith ina fhorbróir, ina tháirgeoir agus ina onnmhaireoir mór táirgí leighis i gcomhthéacs iomaíocht láidir idirnáisiúnta;

546. á thabhairt chun suntais gur gá díriú go háirithe ar chistiú a thabhairt d'fhorbairt frithbheart agus cóireálacha leighis chun déileáil leis an iomaíocht idirnáisiúnta; á chur i bhfios, ina leith sin, ról na gcomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha; ag aithint an chomhair rathúil idir cuideachtaí agus saotharlanna Eorpacha agus SAM i bhforbairt vacsaíní mRNA;

*(c) Conclúidí*

547. á chur in iúl gur geal léi bunú an Chiste Idirghabhálaigh Airgeadais le haghaidh Coisc, Ullmhachta agus Freagairt (PPR) de chuid an Bhainc Dhomhanda, nó bunú an Chiste Paindéimí; á iarraidh go ndéanfaí cistiú spriocdhírithe chun bearnaí criticiúla in acmhainneachtaí PPR a líonadh, i gcomhréir lena shainordú, ag tosú le bearnaí faireachais agus oiliúint éigeandála don fhórsa saothair;

548. á thabhairt chun suntais nach sroichfidh frithbhearta leighis an pobal mura nglacfaidh tairbhithe comhfhreagracht, mar shampla maidir le hinfheistíocht a dhéanamh ina bpríomhchórais sláinte; ag spreagadh tíortha ísealioncaim agus meánioncaim chun an sprioc a leagadh síos i nDearbhú Abuja 2001 de chuid an Aontais Afracaigh maidir le VEID/SEIF, Eitinn agus Galair Thógálacha Ghaolmhara Eile a chur chun feidhme chun '15 % ar a laghad den bhuiséad bliantúil a leithdháileadh chun an earnáil sláinte a fheabhsú' agus an spás fioscach is gá á chur san áireamh; ag meabhrú an róil atá ag AE maidir le rochtain dhomhanda ar vacsaíní a chur chun cinn agus tacú léi, amhail, mar

shampla, an Luasaire um Rochtain ar Uirlisí COVID-19 agus COVAX;

549. á chur i bhfios go láidir na tairbhí a bhaineann le cosaint maoine intleachtúla atá cothrom agus intuartha maidir le taighde, táirgeadh agus forbairt íocshláinte a chothú agus a chur chun cinn; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé don phobal comhroinnt maoine intleachtúla agus fios gnó frithbheart leighis a chur chun cinn, go háirithe le linn paindéimí, eipidéimí agus eindéimí; á chur i bhfáth nár cheart go gcuirfeadh sé sin bac ar sholúbthacht TRIPS a úsáid nuair is gá agus mar a fhoráiltear le comhaontú TRIPS; á aithint a thábhachtaí atá sé go bhfanfaidh an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le T&F agus trialacha cliniciúla agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí T&F laistigh den Aontas a athbheochan chun deiseanna fostaíochta a chruthú agus chun iomaíochas domhanda a fheabhsú; á chur i bhfáth gur féidir le cosaint maoine intleachtúla a bheith ina dreasacht don nuálaíocht agus don taighde ar fud an domhain; á thabhairt dá haire gur féidir leis an gcosaint sin a bheith mar bhonn do chomhaontuithe ceadúnúcháin deonacha agus d’aistriú feasa gnó agus, dá bhrí sin, gur féidir léi a bheith ina cumasóir infhaighteachta vacsaíní; ag cur béim ar na dúshláin a d’fhéadfadh a eascairt as tarscaoileadh chomhaontú TRIPS éiginnte do mhaoiniú taighde, go háirithe do thaighdeoirí, d’infheisteoirí, d’fhorbróirí agus do thrialacha cliniciúla; ag cur béim ar an bhfíoras gur oibleagáid bhunreachtúil de chuid an Aontais Eorpaigh agus de chuid na mBallstát é cearta maoine a chosaint, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, a thábhachtaí atá trédhearcacht agus á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, lena dtugtar le fios nach mór aon tacaíocht dhíreach airgeadais a fhaightear ó aon údarás poiblí nó ó aon chomhlacht a fhaigheann maoiniú poiblí i ndáil le haon ghníomhaíochtaí nó taighde agus forbairt an táirge íocshláinte a dhearbhú; á thabhairt chun suntais gur gá an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir nuálaíocht a spreagadh agus rochtain ar tháirgí leighis inacmhainne a chur ar fáil; á iarraidh gur gá tacú le samhlacha nuálaíochta lena soláthraítear rochtain ar tháirgí leighis inacmhainne i ngach Ballstát, gan bacainní tromchúiseacha ar rochtain agus ar inacmhainneacht a chruthú; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le tionscnaimh dhomhanda lena n-éascaítear comhroinnt maoine intleachtúla amhail comhthiomsú rochtana teicneolaíochta COVID-19;

550. á thabhairt chun suntais go ndéanann an Comhaontú atá ann cheana maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil creat a thairiscint cheana féin maidir le ceadúnú éigeantach, lena gceadaítear do rialtais leaganacha cineálacha de chóireálacha paitinnithe a sholáthar dá saoránaigh trí tháirgeadh intíre nó allmhairí eachtracha; ag aithint go bhféadfadh go mbeadh luach ag gabháil le ceadúnú éigeantach le linn paindéimí, eipidéimí agus eindéimí agus ag an am céanna á aithint go bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aige, amhail an bonn a bhaint ó chinnteacht chosaint maoine intleachtúla don nuálaíocht amach anseo, agus á thabhairt chun suntais go bhfuil ról dearfach ag comhaontuithe deonacha ceadúnúcháin maidir le táirgeadh agus rochtain ar vacsaíní COVID-19 a mhéadú, ach á chur in iúl gur oth léi úsáid theoranta na huirlise sin; á mheabhrú gur rannchuidigh 138 gcomhaontú ceadúnúcháin deonacha, agus comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí iltaobhacha, le rochtain dhomhanda ar theiripí COVID-19 trí mhodhanna eile seachas tarscaoiltí TRIPanna; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do chomhlíonadh an cheanglais in Airteagal 66(2) de chomhaontú TRIPS, lena dtugtar sainordú do chomhaltaí ó thíortha forbartha dreasachtaí a chur ar fáil chun aistriú teicneolaíochta chuig na tíortha is lú

forbairt a chur chun cinn agus a spreagadh, rud a chuirfidh ar a gcumas bonn teicneolaíoch fónta agus inmharthana a bhunú;

551 á aithint gur imthoisc eisceachtúil é COVID-19, a raibh réitigh eisceachtúla ag teastáil ina leith, amhail tarscaoileadh sealadach Chomhaontú EDT maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS), chomh maith le tús áite a thabhairt d'infhaighteacht agus inacmhainneacht táirgí sláinte a bhaineann le paindéimí; á chreidiúint go bhfuil deacrachtaí ag go leor tíortha, go háirithe tíortha atá i mbéal forbartha, maidir le solúbthachtaí TRIPS a úsáid, go háirithe Airteagal 31a;

552. á mheabhrú gur cheart do AE páirt ghníomhach a ghlacadh i gcaibidlíocht téacsbhunaithe maidir le tarscaoileadh sealadach TRIPS; á iarraidh, ina leith sin, ar AE tacú le tarscaoileadh sealadach ó fhorálacha áirithe de Chomhaontú TRIPS do COVID-19 a dheonú, chun feabhas a chur ar rochtain thráthúil dhomhanda ar vacsaíní, teiripeacha agus diagnóisic inacmhainne in aghaidh COVID-19 trí aghaidh a thabhairt ar shrianta táirgthe domhanda agus ar ghanntanais soláthair;

553. á chreidiúint go mbeadh bearta comhchosúla tairbheach i gcás paindéimí, eipidéimí agus eindéimí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. á chur i bhfios go láidir, san fhadtéarma, nach mór táirgeadh domhanda vacsaíní a leathnú go práinneach chun freastal ar an éileamh domhanda, agus go bhfuil gá, dá bhrí sin, le hinfheistíocht i gcumais táirgthe na dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim atá i mbéal forbartha chun iad a dhéanamh níos neamhthuilleamaíche. á chur i bhfios go bhfuil gá le haistriú éifeachtach teicneolaíochta agus feasa gnó chun é sin a bhaint amach. á aithint gur cheart gurb é an bealach is tábhachtaí chun é sin a bhaint amach ná comhaontuithe deonacha ceadúnúcháin, aistrithe deonacha teicneolaíochta agus feasa gnó chuig tíortha ina bhfuil tionscail táirgthe vacsaíní acu cheana a dhreasú; á mheas go bhféadfaí, le creat dlíthiúil iltaobhach maidir le cearta maoine intleachtúla, cosaintí agus dreasachtaí a chur ar fáil atá ríthábhachtach don ullmhacht i gcoinne paindéimí a bheidh ann amach anseo agus ag aithint an róil atá aige chun an comhar leathan, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, a éascú idir rialtais, institiúidí taighde agus cuideachtaí cógaisíochta;

554. á iarraidh go mbunófaí Coiste buan nua um Thrádáil agus Sláinte ag MC12 chun cúnamh a thabhairt do rialtais eisceachtaí agus solúbthachtaí atá ann cheana sa dlí trádála idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus an bealach a réiteach do cholún trádála don chaibidlíocht maidir le conradh idirnáisiúnta amach anseo maidir le freagairt ar phaindéimí;

### *Moltaí críochnaitheacha*

555. á mholadh do AE cur chuige iomlánaíoch a chur chun feidhme maidir le cosc, ullmhacht chun paindéimí agus freagairt dóibh, ionas go leanfaidh sé de bheith ina cheann feadhna domhanda ina leith sin agus i gcomhréir le Dearbhú na Róimhe G20 agus leis na prionsabail a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le gníomhaíocht chun paindéimí a chomhrac, chun ullmhú dóibh, chun iad a chosc agus chun freagairt dóibh;

556. á iarraidh ar an Aontas Eorpach lá cuimhneacháin Eorpach a bhunú d'íospartaigh COVID-19;

I) CUMAS COISCTHE

557. á mholadh go mbunófaí cláir thrasearnálacha um chur chun cinn agus um chosc na sláinte chun tosca riosca sláinte a laghdú agus stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn, agus cur chuige trasearnálach Eorpach maidir leis an tsláinte choisctheach a bhunú i ngach beartas lena gcomhtháthaítear táirgeadh talmhaíochta agus bia, an comhshaol, iompar, an earnáil fuinnimh, forbairt thionsclaíoch, oideachas agus seirbhísí sóisialta, chun malartú níos fearr eolais agus faisnéise a chumasú, chun dea-chleachtais a chur chun cinn, chun barainneachtaí inbhuanaithe scála a éascú agus chun acmhainneacht nuálaíochta a scaoileadh chun bheith ullmhaithe níos fearr d'aon bhagairt ar shláinte shaoránaigh na hEorpa agus chun freagairt d'aon bhagairt ar shláinte shaoránaigh na hEorpa; á chur i bhfáth gur cheart na cláir sin a fhorbairt laistigh d'ardáin thrasearnálacha, lena n-áirítear údaráis phoiblí ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta;

558. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an gComhairle agus ar na Ballstáit a dtiomantas chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide dhomhanda a threisiú agus a neartú tuilleadh, tuilleadh feabhais a chur ar a ngníomhaíocht chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, an comhshaol a chosaint, astaíochtaí a laghdú agus tuilleadh caillteanas bithéagsúlachta a chosc, ós rud é gur beartais chinntitheacha agus cuir chuige chinntitheacha iad sin chun paindéimí a chosc amach anseo;

559. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar ECDC pleananna faireachais a thabhairt isteach maidir le bagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear bailiú sonraí comhordaithe agus córasach agus taighde oibríochtúil agus iompraíochta, agus measúnuithe riosca a chur i gcrích ar na cúiseanna, na próisis agus na conairí le haghaidh teacht chun cinn, leathadh agus marthanacht galar zónóiseach, agus éiceachórais slána, athléimneacha agus sláintiúla a thréithriú agus a n-éifeacht ar ghalair a chosc, lena n-áirítear faireachas fiadhúlra, pataiginí a shainaithint agus tacú leis na Ballstáit i gcur chun feidhme;

560. á iarraidh ar an gCoimisiún anailísí eacnamaíocha a dhéanamh chun costais agus tairbhí na n-idirghabhálacha coisctheacha a chainníochtú chun freagairt don riosca ó ghalair zónóiseacha atá ag teacht chun cinn agus chun leas a bhaint as na torthaí chun tacú le maoiniú inbhuanaithe sna hidirghabhálacha sin;

561. á iarraidh go mbunófaí tascfhórsa trasghníomhaireachta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin' chun taighde trasdisciplíneach agus comhairle eolaíoch trasearnála a chur chun cinn;

562. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú, i gConradh Paindéime EDS, le tuarchórais faisnéise eipidéime chomhoibríocha a fhorbairt (ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda) chun comhéadain ardriosca agus teophointí le haghaidh iarmharta a shainaithint, lena n-ionchorpraítear sonraí ábhartha comhshaoil agus aeráide agus sonraí maidir le taiscumair agus speicis veicteora a bhunú i limistéir gheografacha nua;

563. á mholadh go ndéanfaí dul chun cinn i dtreo Aontas Sláinte Eorpach d'fhonn athléimneacht agus cáilíocht na gcóras cúraim sláinte sna Ballstáit a threisiú, dul i ngleic le neamhionannais sláinte in AE, sásra daingean a bhunú le haghaidh soláthar comhpháirteach le treoirlínte soiléire maidir le trédhearcacht agus cuntasacht

dhaonlathach, agus pleanáil stóinseach ullmhachta chun paindéimí agus córas faireachais níos comhtháite a fhorbairt trí infheistíocht a dhéanamh i mbailiú sonraí, digiteáil, comhroinnt agus anailís, an Spás Eorpach Sonraí Sláinte a chur chun feidhme, lena gcuirfear idir-inoibritheacht agus comhchuibhiú sonraí sláinte ar fáil ar fud na mBallstát, agus cosaint príobháideachais agus sonraí pearsanta á n-urramú ag an am céanna;

564. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit conarthaí soláthair chomhpháirtigh a áirithiú amach anseo ionas go leanfaidh monaróirí de bheith faoi dhliteanas i gcomhréir le reachtaíocht AE maidir le dliteanas táirgí;

565. á mholadh go mbunófaí ionstraimí agus cláir chistiúcháin i réimse na sláinte chun cibearbhagairtí, ionsaithe hibrideacha, bolscaireacht sheachtrach státurraithe agus trasnaíocht eachtrach a chomhrac;

566. á iarraidh ar na Ballstáit anailís inscne agus éagsúlacht atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh ar na bearta a glacadh mar fhreagairt don phaindéim agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméadacht ar thionchair inscne-shonracha agus éagsúlacht-shonracha na mbeart éigeandála ar chearta an duine chun bonn eolais a chur faoi phleananna ullmhachta agus freagartha le haghaidh éigeandálaí amach anseo; á mholadh go gcuirfí deiseanna ar fáil do chomhlachais, go háirithe grúpaí agus eagraíochtaí ban a dhéanann ionadaíocht ar leasanna daoine nó grúpaí atá faoi ghannionadaíocht, páirt a ghlacadh sa togra, i ndearadh, i bhformheas, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht ar fhreagairtí d'éigeandálaí sláinte poiblí;

567. á mholadh gur cheart seirbhísí géarchéime a eagrú trí bheolínte amach anseo chun tacaíocht a sholáthar do dhaoine nach bhfuil in ann aire a thabhairt dóibh féin; á mholadh go ndéanfaí gach beart atá ar fáil a fhógairt go forleathan agus a bheith inrochtana i dteangacha a shroichfidh an pobal ar fad;

### II) ULLMHACHT

568. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí agus ionstraimí a mholadh, agus ar na Ballstáit níos mó infheistíochta a dhéanamh i gcúram sláinte, lena n-áirítear trí RRF agus cistiú comhtháthaithe a úsáid chun éagothromaíochtaí cúraim sláinte a laghdú, córais náisiúnta sláinte poiblí agus cúraim shóisialta a neartú agus comhar sláinte trasteorann a fheabhsú chun dul i ngleic le bagairtí tromchúiseacha ar shláinte agus ar shábháilteacht san Aontas;

569. á iarraidh go mbeadh a dtionscnaimh reachtacha féin ann faoi Airteagal 225 CFAE chun inniúlacht AE sa tsláinte a mhéadú, chun feabhas a chur ar a uathriail straitéiseach oscailte, chun athléimneacht agus cáilíocht na gcóras agus na seirbhísí cúraim sláinte a fheabhsú, chun cúram leighis atá comhionann, uilíoch agus inacmhainne a áirithiú agus chun trédhearcacht a chothú maidir le cistiú poiblí le haghaidh taighde agus rialachas sláinte;

570. á iarraidh ar an gCoimisiún bearta rialála agus/nó reachtacha iomchuí maidir le slándáil sláinte a thíolacadh i gcomhréir le moltaí ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa arb é is aidhm dóibh:

- rochtain iontaofa, inbhuanaithe agus leanúnach a shaothrú ar chomhábhair ghníomhacha chógaisíochta (APInna) mar amhábhair chriticiúla, chun aon chur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann sa slabhra soláthair cógaisíochta a sheachaint, ganntanais cógas leighis a chosc agus rannchuidiú le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais i réimse na sláinte;

- córais sláinte na mBallstát a fheabhsú tuilleadh chun iad a chosaint ar chibearbhagairtí;

- a áirithiú go mbeidh líon leordhóthanach gairmithe cúraim sláinte dea-fheistithe agus oilte ar fáil sna Ballstáit, chomh maith leis na taighdeoirí is fearr atá fostaithe san Eoraip a choinneáil trí bheartais coinneála tallainne a bhunú;

- an tAontas Eorpach a dhéanamh níos tarraingtí d'infheistíochtaí domhanda i T&F i réimse na sláinte;

- coinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn eolaíoch atá déanta go han-tapa i dtáirgí agus cóireálacha nua íocshláinte, agus i dteicneolaíochtaí sláinte;

- ationsclú na hearnála sláinte a chur chun cinn san Aontas, i gcomhréir leis an aistriú digiteach agus glas;

571. á iarraidh go ndéanfaí an cur chuige 'sláinte i ngach beartas' atá leabaithe i Ráiteas Heilsincí a chur chun feidhme agus a phríomhshruthú ina iomláine, trí chur chuige trasearnála a ghlacadh maidir leis an mbeartas poiblí lena ndéanfar tionchar na gcinntí ar an tsláinte a mheas go córasach, lena gcuirfear sineirgí chun cinn agus lena seachnófar éifeachtaí díobhálacha sláinte chun sláinte an daonra agus cothromas sláinte a fheabhsú;

572. á mholadh go dtabharfaí aghaidh ar an deighilt dhigiteach, a bhfuil tionchar ar leith aici ar ghrúpaí imeallaithe daonra, litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus rochtain ar an idirlíon agus ar chrua-earraí a fheabhsú chun rochtain ar oideachas, ar sheirbhísí poiblí agus ar chúram sláinte a chumasú ar bhealach níos fearr;

573. á iarraidh go bhfeabhsófaí ról Pharlaimint na hEorpa sa phróiseas cinnteoireachta le linn bainistiú géarchéime agus go neartófaí rialú agus formhaoirseacht pharlaiminteach ar ionstraimí a chruthaítear mar fhreagairt d'éigeandálaí chun a ndlisteanacht a fheabhsú;

574. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhoibriú le hardáin na meán sóisialta chun cur i gcoinne mífhaisnéise agus bréagaisnéise go héifeachtach chun nach seolfar teachtaireachtaí contrártha chuig spriocghrúpaí sonracha, a bhféadfadh drogall roimh vacsaíní a bheith mar thoradh orthu ar deireadh;

575. á iarraidh ar an gCoimisiún grinnscrúdú a dhéanamh ar aon bhearta náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha le linn géarchéimeanna sláinte agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh an rialú ag teorainneacha inmheánacha sin reachtaíocht Schengen agus gur rogha dheiridh é, go bhfuil sé comhréireach agus go bhfuil tréimhse theoranta i gceist leis; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór gach rialú teorann inmheánaí agus gach srian ar ghluaiseacht a bheith eisceachtúil, agus i gcás géarchéimeanna sláinte amach anseo gur gá aon srianta taistil a d'fhéadfadh a bheith ann a bhunú i bprionsabal an chothromais agus an chuimsithe; ag

spreagadh comhchuibhiú a dhéanamh ar na srianta taistil a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar leibhéal AE trí nós imeachta reachtach AE le cur chuige comhordaithe in ionad moltaí neamhcheangailteacha ón gComhairle agus ón gCoimisiún;

576. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil d’oiliúint i litearthacht sna meáin i measc dhaonra AE, mar fhrithbheart i gcoinne na bréagaisnéise; ag tabhairt dá haire go bhfuil tacaíocht d’iolrachas na meán tábhachtach freisin agus á thabhairt chun suntais gur gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na creataí dlíthiúla atá ann; á chur i bhfáth gur gá infheistíocht a dhéanamh in oiliúint a chur ar iriseoirí agus ar eolaithe poiblí a bhfuil eolas acu ar chumarsáid géarchéime;

577. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chuige straitéiseach aontaithe a bhunú maidir le gníomhaithe neamh-AE atá ag iarraidh cur isteach ar phróisis dhaonlathacha in AE, le linn géarchéimeanna sláinte nó géarchéimeanna eile;

578. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de thacaíocht airgeadais agus theicniúil fhadtéarmach a sholáthar d’acmhainneacht táirgeachta atá dáilte, fíordhomhanda, agus inoiriúnaithe agus lenar féidir dáileoga vacsaíní (agus uirlisí eile) a dháileadh go tapa agus go cothrom i bpaindéim a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo;

579. á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht chomhchosúil d’acmhainneachtaí T&F atá ann cheana i réigiúin éagsúla, go háirithe cistiú ón gclár Fís Eorpach, ón Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch 2, ó EDCTP agus ó HERA;

580. á iarraidh ar an gCoimisiún struchtúir agus comhpháirtíochtaí a chruthú lena n-éascófar tosaíocht a thabhairt do thaighde san earnáil sláinte agus comhroinnt torthaí;

581. á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar píolótach a dhéanamh maidir le hinfheistíochtaí poiblí a ghiaráil i dtaighde agus forbairt sláinte san Aontas chun rochtain níos fearr ar tháirgí deiridh inacmhainne a áirithiú;

582. á iarraidh go ndéanfaí Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a threorú chun saol na milliún duine atá eisiata go sóisialta in AE a athrú, go háirithe iad siúd atá i mbaol níos airde bochtaineachta agus neamh-inrochtana ar chúram sláinte ardcháilíochta;

III) ATHLÉIMNEACHT

583. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil gá le hAontas Sláinte Eorpach, gur cheart go rannchuideodh cistí reatha NextGenerationEU leis agus gur cheart go mbeadh ról cinnteoireachta ag an bParlaimint le haghaidh na gclár sláinte sin; á chreidiúint, thairis sin, gur cheart na hionstraimí is gá a úsáid chun an t-aistriú aeráide agus digiteach a chumasú; á mholadh go gcuirfí an t-aistriú sin chun cinn trí dhlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus dúshláin an aistrithe a mhaolú tríd an bhfórsa saothair Eorpach a athsciliú agus a uas-sciliú, tríd an ngá atá le hinfheistíochtaí áirithe a ionchorprú agus airgeadas poiblí fónta a choinneáil san athbhreithniú atá ar na bacáin ar an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, agus trí fheabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú do ghnólachtaí agus gnólachtaí teicneolaíochta agus gnólachtaí nuálacha, glasa agus digiteacha, go háirithe FBManna;

584. á mholadh go ndéanfaí cumas institiúideach an Choimisiúin a neartú;

585. ag dréim le bheith ag obair leis an gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú ar reachtaíocht ghinearálta chógaisíochta an Aontais, ar cheart di leanúint de mhaoin intleachtúil a chosaint go leormhaith chun timpeallacht iomaíoch atá fabhrach don nuálaíocht a chruthú san Aontas agus chun rochtain chothrom ar chógais leighis atá sábháilte, éifeachtach agus inacmhainne a fheabhsú;

586. á iarraidh ar an gCoimisiún na straitéisí tionsclaíocha, maoine intleachtúla agus cógaisíochta a úsáid maidir le maoiniú poiblí i dtionscadail taighde agus forbartha a spreagadh chun cloí le prionsabal na heolaíochta oscailte agus chun an bhearna leanúnach i dtaighde agus i dtáirgeadh cógas leighis a dhúnadh trí chomhpháirtíochtaí forbartha táirgí, trí aistrithe teicneolaíochta agus trí ionaid oscailte taighde agus táirgthe a chruthú;

587. á iarraidh ar na Ballstáit tástálacha struis a thabhairt isteach chun athléimneacht agus cáilíocht a gcóras agus a seirbhísí cúraim sláinte a neartú, bunaithe ar thorthaí agus ar an lámhleabhar oiliúna atá á bhforbairt ag tionscadail arna gcistiú ag EU4Health i gcomhar le ECFE; á iarraidh ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht borrtha éigeandála agus i gcúram sláinte agus i bpearsanra cúraim sláinte agus feabhas a chur ar a ndálaí oibre agus ar a gcúiteamh airgeadais chun ganntanais lucht saothair a chomhrac;

588. á chur in iúl gur geal léi Rialachán (AE) 2022/2371 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE, arb ionann é agus céim i dtreo ‘Aontas Sláinte Eorpach’, le hoiriúnú inniúlachtaí AE i réimse na slándála sláinte agus ról treisithe Pharlaimint na hEorpa sa phróiseas cinnteoireachta faoi bhainistíocht géarchéime;

589. á mholadh go dtabharfaí níos mó neamhspleáchais do ECDC maidir le bailiú faisnéise agus go gcuirfí oibleagáid chórasach ar na Ballstáit sonraí intuigthe agus comparáideacha ECDC a sheoladh, go háirithe maidir le stoic trealaimh, acmhainneachtaí leapa agus othair isteach in aonaid dianchúraim, rátaí vacsaínithe agus infhaighteacht lucht saothair;

590. á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar na cleachtais agus ar na modhanna arna gcur chun feidhme ag Parlaimint na hEorpa, chomh maith le parlaimintí náisiúnta, chun a áirithiú nach gcuirfear an daonlathas parlaiminteach ná an smacht reachta ar feitheamh le linn géarchéimeanna; á mholadh go bhforbródh an Coimisiún, ar an leibhéal Eorpach, liosta de dhea-chleachtais pharlaiminteacha a bheidh le leanúint in aimsir géarchéime, bunaithe ar mheasúnú ar mhodhanna agus sásraí oibre parlaiminteacha nua;

591. á iarraidh ar institiúidí AE agus ar na Ballstáit prionsabail an dea-cheaptha beartais a chaomhnú, agus cearta bunúsacha agus an smacht reachta á n-urramú, lena n-áirítear tráth géarchéime; á athdhearbhú nach féidir cumhacht a fheidhmiú ach amháin laistigh de na srianta a leagtar amach sa dlí, agus nach mór aon idirghabhálacha a dhéantar a bheith inchosanta, comhréireach, neamh-idirdhealaitheach, intuartha agus faoi réir faireachán ag cúirteanna neamhspleácha neamhchlaonta;

592. á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[57] d'fhonn ról na Parlaiminte sa phróiseas cinnteoireachta le linn bainistiú géarchéime a mhéadú, lena n-áirítear úsáid Airteagal 122 CFAE agus go háirithe chun Parlaimint na hEorpa a chumhachtú chun reachtaíocht nua a mholadh le haghaidh gníomhaíochtaí práinnfhreagartha, agus chun feabhas a chur ar an ngnáthnós imeachta reachtach le haghaidh na n-ionstraimí éagsúla le haghaidh gníomhaíochtaí práinnfhreagartha, chun dlisteanacht gníomhaíochtaí práinnfhreagartha a neartú agus, dá bhrí sin, chun dlisteanacht dhaonlathach agus formhaoirseacht pharlaiminteach a fheabhsú;

593. á iarraidh ar an gCoimisiún a lámhleabhar praiticiúil teorann a nuashonrú le samplaí de dhea-chleachtais maidir le bainistiú teorainneacha inmheánacha chun comhordú a mhéadú i measc na mBallstát, tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na bearta a fhorchuirtear le haghaidh rialú ag teorainneacha inmheánacha le linn na paindéime agus ar a dtionchar;

IV) UATHRIAIL STRAITÉISEACH OSCAILTE

594. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá feidhmiú an mhargaidh aonair, go háirithe maidir le soláthar táirgí i gcás bagairtí sláinte; á mholadh go rachfaí i ngleic le teipeanna margaidh sa tsláinte agus an margadh aonair do tháirgí sláinte a chomhlánú;

595. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit a spleáchas ar chomhpháirtithe trádála tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a laghdú a mhéid a bhaineann le API, amhábhair, príomhchógais agus feistí leighis chun uathriail straitéiseach oscailte ar leibhéal AE a áirithiú; á athdhearbhú go gcreideann sí nach mór don Aontas feabhas a chur ar athléimneacht na slabhraí soláthair cógaisíochta agus a uathriail straitéiseach oscailte a fhorbairt san earnáil chógaisíochta trí shlabhraí táirgthe agus soláthair a éagsúlú, stoc-charnadh straitéiseach a chur chun cinn agus táirgeadh agus infheistíocht san Eoraip a mhéadú;

596. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé trealamh criticiúil agus cógais leighis chriticiúla a tháirgeadh san Aontas agus infheistíocht a dhéanamh in acmhainneachtaí táirgthe áitiúla agus tacú leo, agus á iarraidh go ndéanfaí éagsúlú i soláthróirí agus go mbreithneofaí an rannchuidiú is féidir le FBManna a dhéanamh ina leith sin;

597. á mholadh go spreagfaidh AE agus na Ballstáit comhroinnt sonraí níos fearr maidir le réamhaisnéisí soláthair agus éilimh idir geallsealbhóirí ábhartha, réamh-mheastacháin níos luaithe ar ghanntanais a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear tuairisciú caighdeánaithe rialta ón tionscal, agus trédhearcacht níos fearr sa slabhra táirgthe agus dáileacháin;

598. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannchuidiú le cur chun feidhme rún 2019 ó EDS maidir le trédhearcacht margaí cógas, vacsaíní agus táirgí sláinte eile a

[57] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

fheabhsú[58];

599. á iarraidh go mbunófaí liosta de chógais leighis agus cóireálacha bunriachtanacha, tosaíochta agus nuálacha atá bunaithe ar chógais leighis chriticiúla atá ag brath ar ghníomhaireachtaí Eorpacha atá ann cheana agus HERA chun a áirithiú go mbeidh siad ar fáil do shaoránaigh;

600. á thabhairt dá haire go ndearna AE cistiú éigeandála a chur ar fáil go mear le linn na paindéime faoi na cláir Fís 2020 agus Fís Eorpach chun dlús a chur le taighde ar mhaithe le leigheas ar COVID-19. ag tabhairt dá haire gur shlóg na Ballstáit cistiú freisin chun staidéar a dhéanamh ar chóireálacha a d'fhéadfadh a bheith ann do COVID-19, ach gurb é an toradh a bhí air sin go leor trialacha cliniciúla tearc-chumhachtaithe ar mionscála nach raibh torthaí inghníomhaithe orthu; á chur i bhfáth, chun go ndéanfaidh an Eoraip uathriail straitéiseach oscailte a dhaingniú, nach mór don Aontas agus do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht agus nach mór dóibh an infheistíocht sin a chomhordú ar bhealach níos fearr chun freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do phaindéimí; á thabhairt chun suntais gur gá an toradh poiblí a uasmhéadú trí chistiú a dhéanamh coinníollach ar infhaighteacht agus inacmhainneacht cógas agus teicneolaíochtaí sláinte eile, rud a chuirfidh ar chumas an Aontais a neamhspleáchas straitéiseach a chothú;

601. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bonneagar poiblí T&D sláinte Eorpach ar mórscála agus atá miseandírithe a chruthú, agus a fheidhmíonn ar mhaithe le leas an phobail chun c cógais íocshláinte a bhfuil tábhacht sláinte agus straitéiseach leo don chúram sláinte a mhonarú, in éagmais táirgeadh tionsclaíoch atá ann cheana, chun tacú leis an Aontas cliseadh margaidh a shárú, slándáil an tsoláthair a ráthú agus ganntanais fhéideartha cógas leighis a chosc, agus ag an am céanna rannchuidiú le hullmhacht níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus éigeandálaí nua sláinte;

602. á iarraidh go n-eagrófaí stoc-charnadh straitéiseach comhordaithe ar fud AE atá teoranta do chógais bhunriachtanacha agus tosaíochta chun an ghníomhaíocht chomhordaithe fhadtéarmach is gá a bhaint amach ar leibhéal AE, agus chun sláinte agus cúram sláinte a áireamh i measc na n-inniúlachtaí comhroinnte idir AE agus Ballstáit AE trí Airteagal 4 CFAE a leasú;

603. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá torthaí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, agus aird ar leith á tabhairt ar na moltaí chun inniúlacht níos mó a thabhairt do AE i réimse na sláinte poiblí agus chun freagairt láidir AE a thógáil ar ghéarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo;

604. á iarraidh ar an gComhairle coinbhinsiún a sheoladh chun na Conarthaí a mhodhnú, bunaithe ar chonclúidí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa agus ar an rún ó Pharlaimint na hEorpa lenar gníomhachtaíodh Airteagal 48 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);

605. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tiomantas domhanda a mholadh, i

[58] Comhthionól Domhanda Sláinte 72. (2019). Feabhas a chur ar thrédhearcacht na margaí le haghaidh cógas, vacsaíní agus táirgí sláinte eile. An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. https://apps.who.int/iris/handle/10665/329301.

gConradh Ullmhachta Paindéime EDS, arb é is aidhm dó maoiniú leordhóthanach a áirithiú do T&F bithleighis agus sásra in-fhorfheidhmithe agus éifeachtach rochtana agus comhroinnte tairbhí agus coinníollacha a chruthú chun T&F arna chistiú ag an rialtas a cheadúnú, aistriú teicneolaíochta a spreagadh, an mhaoin intleachtúil, na sonraí agus an t-eolas is gá chun táirgí a tháirgeadh agus a sholáthar a chomhroinnt agus caighdeáin agus nósanna imeachta rialála a chuíchóiriú chun frithbhearta leighis a mhargú;

606. á iarraidh go ndéanfaí measúnú ar na creataí rialachais sláinte domhanda atá ann faoi láthair agus á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an Conradh ar Ullmacht chun Paindéimí;

607. á iarraidh go ndéanfaí oibleagáidí agus in-fhorfheidhmitheacht IHR a neartú go comhuaineach agus aghaidh a thabhairt ar na bearnaí (lena n-áirítear i gcistiú, i gcothromas agus i rialachas domhanda) tríd an gConradh nua ar Phaindéimí;

608. á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar paindéimí a chosc agus rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta agus na n-eolaithe a chumasú, ar cheart a bheith ina dtosaíochtaí sa chaibidlíocht; á mheas gur cheart gurb iad cuspóirí an Chonartha ar Ullmhacht do Phaindéimí ná cur chuige na hAon Sláinte Amháin a chur chun cinn agus a chomhtháthú, athléimneacht ár gcóras sláinte a neartú, paindéimí a bheidh ann amach anseo a chosc agus ullmhú dóibh, freagairt chomhordaithe agus aontaithe do ghéarchéimeanna a ráthú, rochtain uilíoch agus chothrom ar thástálacha, ar chógais leighis agus ar vacsaíní a áirithiú, an bhréagaisnéis a bhaineann an bonn go mór ó bhearta sláinte poiblí a chomhrac go héifeachtach, nuálaíocht a dhreasú, a chur chun cinn agus a fhorbairt chun freagairt do bhagairtí domhanda ar an tsláinte phoiblí agus slabhraí soláthair domhanda athléimneacha a éascú;

609. á iarraidh go gcruthófaí sásra éifeachtach lena rialófar stoc-chairn straitéiseacha idirnáisiúnta lena n-áiritheofar rochtain do ghníomhaithe daonnúla chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais pobal leochaileach i dtíortha ina bhfuil córais sláinte leochaileacha agus i suíomhanna coinbhleachta;

610. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit treoirlínte comhpháirteacha agus dea-chleachtais a bhunú le haghaidh deonú vacsaíní bunaithe ar an taithí agus ar na dúshláin a bhí ann le linn phaindéim COVID-19;

611. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an easpa acmhainneachtaí táirgeachta agus an easpa aistrithe teicneolaíochta i dtreo tíortha ísealioncaim agus meánioncaim agus sásra domhanda a bhunú chun acmhainneachtaí táirgeachta a fheabhsú laistigh de AE agus ar scála domhanda araon;

612. á iarraidh ar na Ballstáit aird níos mó a thabhairt ar iarrachtaí comhordaithe a phleanáil, lasmuigh de thráthanna paindéime, maidir le dáileadh vacsaíní;

613. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú ó thaobh airgeadais de le táirgeadh áitiúil agus réigiúnach vacsaíní a mhéadú agus an t-aistriú eolais agus teicneolaíochtaí agus táirgí sláinte bunriachtanacha eile a spreagadh i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim;

614. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit a gcaidreamh le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim a neartú, go háirithe maidir le bagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn a chosc agus faireachán a dhéanamh orthu; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht leanúnach do chórais sláinte, d'ullmhacht chun paindéimí agus do chógais áitiúla agus do mhonarú vacsaíní i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí breise chun rochtain éasca agus inacmhainne ar vacsaíní, ar chógais, ar dhiagnóisic agus ar chúram sláinte a éascú i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim;

615. á chur i bhfios go láidir gur gá an comhar idir an tAontas agus EDS a threisiú tuilleadh mar fhreagairt don phaindéim le dearcadh níos comhordaithe, níos fadtéarmaí agus le córas na Náisiún Aontaithe a bheidh níos láidre, dea-chistithe agus neamhspleách i gcroílár na Náisiún Aontaithe; á iarraidh ar an Aontas Eorpach ról níos straitéisí, níos teanntásaí agus níos éifeachtaí a ghlacadh sa tsláinte dhomhanda; á chur i bhfáth gur gá do AE ról mar bhreathnóir foirmiúil ag EDS a ghlacadh chuige féin; á mholadh go ndéanfaí acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar chomhlachtaí agus ar ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe chun a áirithiú nach mbeidh siad ag brath ar thabhartais dheonacha amháin chun a sainordú a chomhlíonadh;

616. á iarraidh go neartófaí tuilleadh an comhar idir EMA agus Gníomhaireacht Leigheasra na hAfraice, le haghaidh ailíniú rialála idirnáisiúnta trí Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta na nÚdarás Rialála Leigheasra agus go mbeadh EDS rannpháirteach go dlúth; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá freagairt idirnáisiúnta a thabhairt ar bhagairtí sláinte trasteorann; á mholadh go mbeadh roghanna dlíthiúla agus airgeadais ag HERA, mar aon le stiúrthóireachtaí eile de chuid an Choimisiúin, chun aistrithe iomlána teicneolaíochta a spreagadh, lena n-áirítear chuig táirgeoirí i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim;

°

° °

617. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste Eorpach na Réigiún, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, chuig an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus chuig an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Le géarchéim COVID-19, tá an tsláinte níos airde anois ar chlár oibre an Aontais Eorpaigh, ach freisin ar liosta na n-ábhar is mó imní dár saoránaigh. Mar fhreagairt d'iarmhairtí na paindéime, chinn Parlaimint na hEorpa Coiste Speisialta um Covid-19 a chur ar bun, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar fhreagairt an Aontais Eorpaigh ar an bpaindéim, ag teacht ar chonclúidí agus moltaí a chur i bhfeidhm don todhchaí.

Áiríodh i sainordú an choiste faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart a rinne an tAontas agus a Bhallstáit mar fhreagairt ar an bpaindéim, agus meastóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht. Bhí an coiste freagrach freisin as aon bhearnaí nó laigí sa fhreagairt don ghéarchéim a shainaithint agus as moltaí sonracha agus spriocdhírithe a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu.

An 10 Márta 2022, bunaíodh an Coiste. Bhí 38 bhFeisire aige agus tháinig sé le chéile ar feadh cúig mhí dhéag. Bhain sé úsáid as modhanna éagsúla chun anailís a dhéanamh ar thionchar na paindéime agus ar an bhfreagairt di. I gceann dhá mhí dhéag, thionóil sí 17 n-éisteacht le breis agus 70 saineolaí, 8 Coimisinéirí CE, in éineacht le húdaráis an Aontais Eorpaigh agus údaráis rialtais an domhain, d'iarr sí doiciméid, d'iarr sí staidéir choimisiúnaithe agus thug sí faoi 6 mhisean.

Ba é an aidhm dheiridh a bhí ann ná an tuarascáil sin a chur isteach, ag féachaint go díograiseach agus go hionraic ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón ngéarchéim, agus tograí a dhéanamh chun feabhas a chur ar bhainistiú géarchéime agus ullmhacht an Aontais chun éigeandálaí amach anseo.

Léirítear sa tuarascáil seo ollstruchtúr an tsainordaithe, agus é ag iarraidh tionchar na paindéime a mheas de réir ceithre cholún: (1) Sláinte; (2) Cur chuige comhordaithe le hurraim don daonlathas agus do chearta bunúsacha; (3) Tionchar eacnamaíoch agus sóisialta; agus (4) an tAontas Eorpach agus an Domhan.

Ní raibh an tAontas, ná an chuid eile den domhan, réidh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim sláinte seo nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, ná an chaoi ar chuir sí sochaithe agus geilleagair trí chéile. Tugann an Rapóirtéir chun suntais go ndearna gach duine botúin ag tús na paindéime go háirithe, ach gur staid gan fasach a bhí ann. Tar éis tús mall, d'fhreagair an tAontas Eorpach leis na hionstraimí uile atá ar fáil dó, agus is léir go bhfuil a cheannaireacht ríthábhachtach chun na milliúin daoine a shábháil san Aontas agus níos faide i gcéin, go háirithe agus iarracht á déanamh an cuardach agus an fhorbairt ar vacsaíní a chur chun cinn, agus ag an am céanna comhordú a dhéanamh ar bhearta sláinte, eacnamaíocha agus sóisialta.

Bhí forbairt agus imscaradh vacsaíní COVID-19 agus Straitéis an Aontais um Vacsaíní ina siocair le hathrú ó bhonn a dhéanamh le linn na paindéime. Mar sin féin, iarrann an Rapóirtéir go gcuirfí feabhas ar thrédhearcacht fhorbairt, tháirgeadh agus sholáthar vacsaíní, chomh maith leis an gcumas coinníollacha níos fabhraí a chaibidliú i gconarthaí amach anseo le cuideachtaí cógaisíochta.

Tá an tAontas anois in ann foghlaim ó na botúin a rinneadh. Tríd an méid sin a dhéanamh, is

fearr is féidir leis é féin a ullmhú ionas gur féidir leis freagairt go héifeachtach do phaindéimí a bheidh ann amach anseo. Cuideoidh sé sin freisin leis an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le straitéisí téarnaimh a phleanáil agus a chur chun feidhme agus, ag an am céanna, comhpháirtíocht dhomhanda níos láidre agus níos éifeachtaí a thógáil i gcoinne éigeandálaí sláinte a bheidh ann amach anseo.

Chuir an Rapóirtéir roinnt moltaí faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát d'fhonn go bhforbrófaí plean iomlánaíoch agus láidir AE maidir lena ullmhacht chun paindéimí agus lena fhreagairt dóibh. Is ríthábhachtach an ní é Aontas láidir Sláinte Eorpach a bheith ann chun ár gcórais sláinte a neartú agus chun déileáil le géarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo.

Tá an Eoraip ar thús cadhnaíochta sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus i ngleic leis an bpláinéad, agus anois, tar éis COVID-19, tá an deis ann an Eoraip agus a córais sláinte poiblí náisiúnta a chur ar fáil lena gcuirtear rochtain uilíoch ar fáil dá saoránaigh, ceannairí domhanda i gcúram sláinte. I measc na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu, is gá príomhchláir choisctheacha trasearnála nuálacha a bhunú, tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i mbailiú sonraí, sa digiteáil, sa chomhroinnt agus san anailís, aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach, ról Pharlaimint na hEorpa sa phróiseas cinnteoireachta a threisiú, cur i gcoinne na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise, acmhainneacht institiúideach an Choimisiúin Eorpaigh a neartú, agus an margadh aonair do tháirgí sláinte a chomhlánú.

Iarrtar go ndéanfaí athbhreithniú ar an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr fiú. Tarraingítear aird leis sin ar mhórimpleachtaí na moltaí a leagtar amach sa tuarascáil. Go deimhin, éilíonn cuid acu athruithe suntasacha beartais.

Chuige sin, cheanglófaí ar Pharlaimint na hEorpa, faoina tionscnamh reachtach féin (Airteagal 225 CFAE), Aontas Eorpach na Sláinte a chur chun cinn, feabhas a chur ar athléimneacht agus ar cháilíocht na gcóras cúraim sláinte, chun cúram leighis atá comhionann, uilíoch agus inacmhainne a áirithiú, agus trédhearcacht an chistithe phoiblí le haghaidh taighde agus rialachais sláinte á háirithiú ag an am céanna. Ní raibh an taighde agus an nuálaíocht riamh níos tábhachtaí ná mar atá inniu ann. Tá sé ríthábhachtach tionscal sláinte Eorpach rathúil agus ardteicneolaíoch agus pobal taighde iomaíoch a bheith ann. Chuige sin, tá gá le creat rialála atá uaillmhianach, soiléir agus cothrom le dáta agus le córas dreasachtaí do chuideachtaí Eorpacha, chomh maith le hacmhainní tiomnaithe don eolaíocht agus don taighde sláinte.

Ní mór don Aontas córas láidir Eorpach maoine intleachtúla a choinneáil ar bun chun T&F agus monaraíocht in earnáil Sláinte an Aontais a spreagadh agus chun a áirithiú go leanfaidh an Eoraip de bheith nuálach agus ina ceannaire domhanda, agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna do thríú tíortha a saineolas teicniúil agus a n-acmhainneachtaí monaraíochta a fheabhsú.

Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir gur gá an margadh aonair do tháirgí sláinte a chomhlánú. Ní mór don Choimisiún Eorpach dul i ngleic le teipeanna margaidh i réimse na sláinte agus leanúint leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh aige margadh aonair a fhorbairt do tháirgí sláinte.

Tugann an margadh aonair an ceart do mhuintir na hEorpa gluaiseacht gan bhac laistigh de ach cuireadh srian mór ar na cearta sin agus iad ag iarraidh leathadh na paindéime a laghdú. Sa chomhthéacs sin, léirítear breisluach an Aontais a bhaineann le freagairt do COVID-19 trí chur

chuige na “Lánaí Glasa” agus Deimhniú Digiteach COVID an Aontais a sholáthar chun sláine an mhargaidh aonair a choinneáil ar bun, ach chun saorghluaiseacht daoine, earraí agus seirbhísí a urramú agus rialacha paindéime á n-urramú ag an am céanna.  Mar sin féin, beidh sé de dhualgas ar an gCoimisiún Eorpach grinnscrúdú a dhéanamh ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, agus treoir níos nithiúla a chur ar fáil maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a chur chun feidhme. Ní mór do na Ballstáit fianaise leordhóthanach a chur ar fáil gur bearta rogha deiridh iad na rialuithe, go bhfuil siad comhréireach agus go bhfuil siad teoranta.

Chuaigh an éigeandáil leighis i bhfeidhm ar shlándáil agus ar chobhsaíocht na ndálaí sóisialta agus eacnamaíocha, agus tionchar aici, go háirithe, ar shaol daoine leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus othair a bhfuil tinneas ainsealach orthu (mar shampla ailse), a raibh iarmhairtí acu a bhaineann le moilleanna agus le cur isteach ar dhiagnóisic agus ar chóireálacha. Cuireadh isteach go háirithe ar mheabhairshláinte oibrithe cúraim sláinte, leanaí agus daoine scothaosta agus níl a fhios againn go hiomlán fós iarmhairtí an tionchair sin. Ní féidir ligean dó sin tarlú arís.

Ar an leibhéal náisiúnta, iarrann an Rapóirtéir go dtabharfaí isteach tástálacha struis chun na córais cúraim sláinte agus a n-athléimneacht agus a gcáilíocht a neartú. Ba cheart é sin a dhéanamh bunaithe ar an lámhleabhar oiliúna atá á fhorbairt ag tionscadail atá á maoiniú ag EU4Health, i gcomhar leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE).

Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé níos mó poist ardcháilíochta a chruthú ar fud na hearnála cúraim sláinte ina hiomláine, agus infheistíocht a dhéanamh in oideachas agus oiliúint leanúnach don lucht saothair sláinte san Aontas Eorpach, agus coinneáil tallainne agus soghluaisteacht ar leibhéal an Aontais á héascú, le tacaíocht ó NextGenerationEU.

Thug an Rapóirtéir léargas freisin ar rialú parlaiminteach agus ar fhormhaoirseacht pharlaiminteach sa tuarascáil. Áitíonn sí nár cheart go ndéanfaí neamhshuim de Pharlaimint na hEorpa níos mó i bpróiseas cinnteoireachta AE um bainistíocht ghéarchéime. Ní mór an rialú parlaiminteach agus an mhaoirseacht pharlaiminteach ar roinnt ionstraimí AE a threisiú, chun dlisteanacht agus inchreidteacht gníomhaíochtaí práinnfhreagartha a fheabhsú.

Is léir ó na dúshláin iomadúla atá os comhair an Aontais faoi láthair gur gá neamhspleáchas straitéiseach an Aontais maidir leis an tSláinte a áirithiú, agus i gcoitinne. I gcomhthéacs na paindéime, cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir gur gá do AE teacht ar réitigh bhuana chun spleáchas ar thríú tíortha ar chógais, go háirithe comhábhair ghníomhacha agus feistí leighis, a sheachaint. Beidh ról ríthábhachtach ag HERA. Ní mór don Aontas a acmhainneacht táirgeachta a mhéadú trína thionscal a spreagadh, ach freisin trína shlabhra soláthair a éagsúlú agus comhordú níos fearr ar straitéisí sláinte náisiúnta a áirithiú.

Is gá trédhearcacht na slabhraí táirgthe agus soláthair a chosaint i gcás géarchéim sláinte.
Iarrann an Rapóirtéir ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit soláthar poiblí Eorpach níos comhpháirtí a chur chun cinn mar a rinneadh le haghaidh vacsaíní COVID-19 agus nósanna imeachta nuálacha soláthair lena n-ionchorpraítear critéir amhail: ‘Déanta san Eoraip’, seachadadh tráthúil, táirgeadh orgánach, slándáil agus leanúnachas an tsoláthair.

Dúshlán amháin eile is ea sciúradh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise. Níl aon amhras ach

go ndearna tríú páirtithe iarracht an tAontas a dhíchobhsú trí fheachtais mhífhaisnéise agus bréagaisnéise. Ní mór cosaint níos fearr a thabhairt don Aontas ar na bagairtí sin.

Sa lá atá inniu ann úsáideann formhór mór an daonra na meáin shóisialta chun nuacht a úsáid agus eolas a fháil. Ach tá mionlach suntasach ann fós, nach bhfuil rochtain acu ar an idirlíon. Chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh, ní mór don Aontas aird chuí a thabhairt ar na grúpaí imeallaithe daoine, agus feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar an idirlíon, go háirithe i bhfianaise rochtain ar oideachas, ar sheirbhísí poiblí agus ar chúram sláinte.

Mar sin féin, bíonn éifeachtaí nach dearfach iad ag gabháil leis an aistriú digiteach gan costas. Is ar bhonn seachtainiúil, beagnach, a dhéantar cibirionsaithe ar ospidéil agus ar chórais sláinte, mar aon le bonneagar criticiúil eile, i roinnt áiteanna san Eoraip. Iarrann an Rapóirtéir ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chuige straitéiseach aontaithe a bhunú agus ionstraimí agus cláir chistiúcháin a chur ar bun chun cibearbhagairtí, cibearsceimhlitheoireacht agus bolscaireacht sheachtrach státurraithe stáit a chomhrac, toisc gur léir go gcuireann siad sin le drogall roimh an vacsaín freisin. Thairis sin, ba cheart don Aontas comhoibriú le hardáin dhigiteacha chun cur i gcoinne na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise go héifeachtach.

Ar deireadh, agus níos tábhachtaí fós, iarrann an Rapóirtéir go ndéanfaí cur chuige iomlánaíoch maidir le cosc agus freagairt do phaindéimí a chur chun feidhme go pras. Ba cheart don Aontas Dearbhú na Róimhe G20 a ghlacadh agus cláir choisctheacha thrasearnála nuálacha a bhunú chun tosca riosca a laghdú agus stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn. Ní mór don Aontas a áirithiú gur beartais choisctheacha iad na beartais atá aige ar fud réimse leathan earnálacha, lena gcomhtháthaítear cur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ agus ‘Cúrsaí Sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais’, ar fud na talmhaíochta agus an táirgthe bia, an iompair, na hearnála fuinnimh, na forbartha tionsclaíche, an oideachais agus na seirbhísí sóisialta, agus infheistíocht á déanamh ag an am céanna i mbailiú sonraí, sa digiteáil, agus sa chomhroinnt agus anailís sonraí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith leis an Rapóirtéir go ndéanfaí an tuarascáil a mheas mar dhoiciméad lárnach i gcás géarchéimeanna éigeandála sláinte a bheidh ann amach anseo, lena gcuirfí treoir dhaingean ar fáil bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó fhíorphaindéim. Molann an Rapóirtéir leas a bhaint as an tuarascáil trí ghníomhaíochtaí a thabhairt ar aghaidh ón tuarascáil, rud a chuideoidh le hAontas Eorpach na Sláinte a thógáil, geilleagar agus sochaí Eorpach i bhfad níos athléimní, a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ní hamháin ar an tsláinte, ach ar an tslándáil freisin, agus samhail leasa agus stíl mhaireachtála shaoránaigh na hEorpa a chosaint ag an am céanna.

Níl aon teorainneacha ag paindéim, agus ní féidir le haon tír amháin aghaidh a thabhairt uirthi ina haonar. Ní bheidh an Eoraip in ann teacht slán ó phaindéimí amach anseo ach amháin má sheasann muintir na hEorpa le chéile i ndlúthpháirtíocht agus má ghlacann siad freagracht le chéile, agus ní féidir léi leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le comhar domhanda na n-éigeandálaí sláinte, agus leas iomlán a bhaint as a cumas chun comhordú níos fearr a dhéanamh agus a bhreisluach a thabhairt do rialtais an Aontais agus dá saoránaigh.

Léiríonn torthaí na tuarascála seo go bhfuil gá le toil pholaitiúil níos láidre i measc na rialtas náisiúnta agus iad ag cumarsáid agus ag obair le chéile faoi chomhordú an Choimisiúin Eorpaigh agus na Parlaiminte. Más mian leis an Aontas maoirseacht na chéad phaindéime eile a sheasamh, ní mór dó a bheith ullmhaithe le hinfheistíochtaí airgeadais, le hionstraimí nua dlí,

agus le comhar níos comhtháite idir na Ballstáit, institiúidí Eorpacha agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta.

**IARSCRÍBHINN I: Liosta de na heintitis nó na daoine óna bhfuair an Rapóirtéir ionchur**

Déantar an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú [na dréacht-tuarascála / na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í]:

| **Eintiteas** |
|---|
| 1. PFIZER |
| 2. MODERNA |
| 3. ASTRAZENECA |
| 4. NOVAVAX |
| 5. CUREVAC |
| 6. JOHNSSON & JOHNSSON |
| 7. HIPRA |
| 8. VACCINES EUROPE |
| 9. European Society of Cardiology |
| 10. EFPIA, European Federation of Pharmaceutical Industry Associations |
| 11. MEDICINES FOR EUROPE, European Association of generic medicines |
| 12. EURORDIS, European Association of Rare Diseases Patients |
| 13. EUROPEAN CANCER ORGANIZATION |
| 14. GIRP, European Healthcare Distribution Association |
| 15. FARMAINDUSTRIA, Spanish Association of Pharmaceutical Industry |
| 16. GILEAD |
| 17. GSK |
| 18. MSD |
| 19. MERCK |
| 20. NOVARTIS |
| 21. FRESENIUS KABI |
| 22. Horizon Therapeutics |
| 23. COPA COGECA, European Farming Associations |
| |

## IARSCRÍBHINN II CRUINNITHE CHOISTE SPEISIALTA COVI, SEIRBHÍSÍ & MISIN

Week 16

Tuesday, 19 April pm (constitutive)

Election of the Chair; Election of the first Vice-Chair; Election of the second Vice-Chair; Election of the third Vice-Chair; Election of the fourth Vice-Chair

Week 19

Thursday, 12 May am

Exchange of views with Stella Kyriakides - Commissioner for Health and Food Safety

Week 21 - Ad hoc delegation to WHO, Geneva, Switzerland - COVI Chair

Week 25

Monday, 20 June 2022 pm

Exchange of views with Thierry Breton - Commissioner for Internal Market

Tuesday, 21 June 2022 am/pm

Exchange of views with Věra Jourová, Vice-President of the European Commission for Values and Transparency

Exchange of views with European Commission representatives on COVI related issues on the outcome of the 12th ministerial conference of the World Trade Organisation (MC12)

Week 28

Wednesday, 13 July 2022 am/pm

Exchange of views with Dr Andrea Ammon, Director of the European Centre for Disease Prevention and Control (ECDC) *

Exchange of views with Mr Pierre Delsaux, Director-General of the Health Emergency Preparedness and Response Authority (HERA) on COVID-19 pandemic *

Report on ongoing inter-institutional negotiations *

Information on the outcome of the inter-institutional negotiations on the Proposal for a regulation of the European Parliament and of the Council on serious cross-border threats to health, repealing Decision No 1082/2013/EU (COM(2020)0727) - Rapporteur: Véronique Trillet-Lenoir (Renew Europe)

Exchange of views with Chief Epidemiologists from EU Member States *

Professor Dr Sotirios Tsiodras, Chief strategic advisor to the Hellenic Government on the COVID-19 pandemic in Greece

Professor Dr Erika Vlieghe, Chair of the COVID-19 Management Strategy Expert Group (GEMS) in Belgium

Dr Katharina Reich, Chair of the COVID-19 crisis coordination cell (GECKO) in Austria

Professor Jérôme Salomon, Director General of Health, in France

Dr Rui Portugal, Deputy-Director General of Health, in Portugal

* ENVI Committee invited

Week 35

Tuesday, 30 August 2022 pm (15:30-18:30)

Exchange of views with the European Commission

Sandra Gallina, Director-General for Health and Food Safety, European Commission

Exchange of views with Health Ministers from the EU

Aki Lindén, Minister of Family Affairs and Social Services, Finland

Professor Alexandru Rafila, Minister of Health, Romania

Professor Frank Vandenbroucke, Deputy Prime Minister and Minister of Health and Social Affairs, Belgium

Week 36

Monday, 5 September 2022 pm

Public Hearing with CEOs of pharmaceutical companies producing vaccines and treatments for COVID-19 (first hearing) *

Exchange of views with Dr Rudolf Ertl, Senior Vice-President Commercial Operations, Gilead Sciences;

Exchange of views with Thomas Triomphe, Executive Vice-President of Vaccines, Sanofi

Exchange of views with Iskra Reic, Executive Vice-President of Vaccines and Immune Therapies, AstraZeneca

Exchange of views with Stéphane Bancel, Chief Executive Officer, Moderna

* ENVI Committee invited

Wednesday, 7 September 2022 pm

Public Hearing with experts on contracts for pharmaceutical companies producing vaccines and treatments for COVID-19

Exchange of views with Dr Rosa Castro, Senior Policy Manager for Healthcare Delivery & EPHA (European Public Health Alliance) Networks Coordinator

Exchange of views with Ancel·la Santos, Senior Health Policy Officer BEUC (The European Consumer Organisation)

Exchange of views with the European Ombudsman

Exchange of views with Emily O'Reilly, European Ombudsman

Week 38 - Nine (9) Member Mission of the COVI Special Committee to the European Medicines Agency, Amsterdam (the Netherlands), 20 September 2022, and BioNTech, Mainz (Germany), 21 September 2022)

Week 40 - Question for oral answer O-000024/2022 to the Commission, Rule 136 by Kathleen Van Brempt on behalf of the Special Committee on the COVID-19 pandemic: lessons learned and recommendations for the future and Pascal Canfin on behalf of the Committee on the Environment, Public Health and Food Safety, (2022/2735(RSP))

Week 41

Monday, 10 October 2022 pm

Public Hearing with CEOs of pharmaceutical companies producing vaccines and treatments for COVID-19 (second hearing) *

Exchange of views with Janine Small, President of International Developed Markets, Pfizer

Exchange of views with Dr Franz-Werner Haas, Chief Executive Officer, Curevac

Exchange of views with Stanley Erck, Chief Executive Officer, Novavax

Exchange of views with Roger Connor, President Global Vaccines, Glaxo Smith Kline

Exchange of views with Carlos Montañés, Executive Vice-President, HIPRA

* ENVI Committee invited

Thursday, 13 October 2022 am

Public Hearing focusing on Global South and WHO pandemic treaty

Exchange of views with Dr Seth Berkley, CEO of Gavi (Global Alliance for Vaccines and Immunizations) / DEVE Committee invited

Exchange of views with Roland Driece, co-chair of the Intergovernmental Negotiating Body (INB) to draft and negotiate a WHO convention, agreement, or other international instrument on pandemic prevention, preparedness and response / ENVI Committee invited

Joint presentation with the Committee on Budgetary Control (CONT)

ECA Special report 19/2022: EU COVID-19 vaccine procurement – Sufficient doses secured after initial challenges, but performance of the process not sufficiently assessed

Presentation of the special report by reporting ECA Member Joëlle Elvinger.

Week 43

Wednesday, 26 October 2022 am/pm

Public Hearing with the Director-Generals of the WHO and WTO, focusing on WHO pandemic treaty, the inclusion of non-WHO-members, trade barriers and the WTO TRIPS waiver, with ministers from the global south, including the performance of COVAX (first hearing)

Exchange of views with European Commission Vice-President Margaritis Schinas, Promoting our European Way of Life

Exchange of views with Dr Ciro Ugarte, Director of Health Emergencies Department, Pan-American Health Organisation (PAHO) and Dr Suerie Moon, Co-Director, Global Health Centre, Graduate Institute of International and Development Studies

Exchange of views with Mr Dimitri Eynikel, senior policy analyst, Médecins Sans Frontières (MSF).

Thursday, 27 October am

Public Hearing with the Director-Generals of the WHO and WTO, focusing on WHO pandemic treaty, the inclusion of non-WHO-members, trade barriers and the WTO TRIPS waiver, with ministers from the global south, including the performance of COVAX (second hearing)

Exchange of views with Samia Saad, Executive Director Resource Mobilisation and Investor Relations, Coalition for Epidemic Preparedness Innovations (CEPI)

Exchange of views with Dr Sibongiseni Dhlomo, Deputy Health Minister, South Africa

Exchange of views with Anabel González, Deputy Director-General, World Trade Organisation (WTO)

Exchange of views with Dr Michael Ryan, Executive Director, Health Emergencies Programme, World Health Organisation (WHO).

Week 46

Monday, 14 November 2022 pm

Public Hearing on Impact on the labour market and working conditions (pm)*

Exchange of views with Lieve Verboven, International Labour Organization

Exchange of views with Jan Willem Goudriaan, European Federation of Public Service Unions and Claes-Mikael Ståhl, European Trade Union Confederation

Exchange of views with Christina Sode Haslund, Confederation of Danish Employers and Véronique Willems, SMEunited

* EMPL Committee invited

Week 48

Public hearings on the Socio-economic impact (3rd pillar)

Monday, 28 November pm

Public hearing on the Socio-economic impact on vulnerable people*

Session I - Exchange of views with:

Dr Kirsten Rennie, Senior Research Associate, University of Cambridge School of Clinical Medicine

Ms Kahina Rabahi, Policy and Advocacy Coordinator, European Anti-Poverty Network

Dr Ion Beratis, Supervisor, Alzheimer Centre of the "Nestor" Psychogeriatric Society

Session II - Exchange of views with:

Dr Eleni Skouteli, President, the Hellenic Society for the Protection and Rehabilitation of Disabled Persons

Mr Pascal Garel, Chief Executive, European Hospital and Healthcare Federation

Ms Nadia Hadad, Member of the Executive Committee, European Disability Forum

Ms Kira West, Chair, The Danish Council on Socially Disadvantaged Adults

Tuesday, 29 November 2023 am

Public hearing on the Gender dimension of the pandemic**

Session I - Exchange of views with:

Ms Sarah Benson, CEO, Women's Aid Ireland

Ms Réka Sáfrány, President, European Women’s Lobby

Session II - Exchange of views with:

Ms Diana Ongiti, Global COVID-19 Appeal Manager, International Federation of Red Cross and Red Crescent Societies (IFRC)

Dr Lina Salanauskaite, Research coordinator, European Institute for Gender Equality (EIGE)

Session III - Exchange of views with:

Ms Helena Dalli, Commissioner for Equality

*EMPL Committee invited

** FEMM Committee invited

Tuesday, 29 November 2022 pm

Hearing on the Evaluation of the Performance of EU Support Instruments

Session I - Exchange of views with:

Paolo Gentiloni, Commissioner for Economy and Monetary Affairs

Session II - Exchange of views with:

Professor Melinda Mills, Oxford University

Professor André Sapir, Université Libre de Bruxelles

Session III - Exchange of views with:

Ms Ditte Maria Brasso Sorensøn and Mr Rasmus Foss, Think Tank EUROPA

Mr Krzysztof Izdebski, Open Spending EU Coalition

* BUDG/ECON and CONT Committees invited

Week 49

Thursday, 8 December 2022 am

Public Hearing on 'Socio-economic impact and the effects of the COVID-19 on children'*

Session I - Exchange of views with:

Drs K.E. Illy, Head of the Dutch Organisation of Paediatricians

Professor Dr. Kristof de Witte, Catholic University of Leuven

Session II - Exchange of views with:

Dr Ally Dunhill, Head of Advocacy, Eurochild

Theoni Koufonikolakou, Chairperson, European Network of Ombudsmen for Children (ENOC), Deputy Ombudswoman for Children's Rights in Greece

* EMPL Committee invited

2023

Week 4

Tuesday, 24 January 2023 am

CONT/COVI Joint Committee presentation of 24 January 2023

Joint presentation of the Committee on Budgetary Control (CONT) and the Special Committee on Covid-19 pandemic: lessons learned and recommendations for the future (COVI) on the ECA Special Report 18/2022 - EU institutions and COVID-19 - Responded rapidly, challenges still ahead to make the best of the crisis-led innovation and flexibility

Week 5

Monday, 30 January 2023

Public Hearing on 'The impact of disinformation, misinformation and propaganda on democracy during the pandemic' - with INGE 2 Chair Mr Glucksmann participation

Session I - Exchanges of views with:

Professor Dimitra Dimitrakopoulou, Research Scientist, Center for Constructive Communication, Massachusetts Institute of Technology (MIT)

Mr Edward Lucas, Senior Fellow at the Center for European Policy Analysis (CEPA)

Session II - Presentation of the study 'The effect of communication and disinformation during the COVID-19 pandemic' by the authors:

Dr. Audra Diers-Lawson, Associate Professor at the School of Communication, Leadership, and Marketing, Kristiania University College, Oslo

Ms Cécile Jacob, Senior Consultant, Valdani Vicari & Associati, (VVA Brussel).

Tuesday, 31 January 2023 am

Public Hearing on 'Impact of the Pandemic on EU Democracies' - with AFCO participation

Session I - Presentation of EPRS Study: Parliamentary oversight of governments' response to the COVID-19 pandemic: literature review

Dr Mihail Chiru, University of Oxford

Session II - Exchange of views with:

Professor Spyridon Vlachopoulos, University of Athens

Sophia Russack, Researcher, Centre for European Studies

Julie Majerczak, Head of Brussels Office, Reporters Without Borders

COVID-19 pandemic: lessons learned and recommendations for the future: Exchange of views without document- Presentation by Dolors Montserrat (EPP), Rapporteur

Tuesday, 31 January 2023 pm

Public Hearing on 'The impact of the pandemic in fundamental rights'

Session 1 - Exchange of views with Michael O'Flaherty, Director, European Fundamental Rights Agency

Session 2 - Exchange of views with:

Professor Dr Morten Kjaerum, Director, Raoul Wallenberg Institute of Human Rights and Humanitarian Law

Karolina Iwanska, Digital Civic Space Advisor, European Center for Not-For-Profit Law

Session 3 - Exchange of views with:

Ana Peláez Narváez, Executive Vice-president, Spanish Committee of Representatives of People with Disabilities

Maciej Kucharczyk, Secretary-General, AGE Platform Europe

Week 6

Monday, 6 February 2023 pm

Public Hearing on 'The resilience of (international) supply chains of vaccines and critical medical goods, and the question of health-related 'EU strategic autonomy'

Session I - Exchanges of views with:

Mr Matthias Bauer, European Centre for International Political Economy (ECIPE)

Mr Chad Bown, Reginald Jones Senior Fellow at Peterson Institute for International Economics

Session II - Exchanges of views with:

Ms Sibilia Quilici, Executive Director Vaccines Europe

Professor Massimo Florio, Department of Economics, Management and Quantitative Methods, University of Milan

Week 8

20-24 February 2023

COVI ad hoc delegation to Cape Town, South Africa, combined with Addis Ababa, Ethiopia

Week 9

Monday, 27 February 2023 pm

Exchange of views with Jutta Urpilainen, Commissioner for International Partnerships

Exchange of views with Valdis Dombrovskis, Executive Vice President of the European Commission, Commissioner for Trade

Tuesday, 28 February 2023 am

Public Hearing on one Health

Session I - Exchanges of views with:

Dr Franck Verdonck, Head of Unit, Biological Hazards & Animal Health and Welfare, European Food Safety Authority (EFSA)

Professor Dr Carlos Gonçalo das Neves, Chief Scientist, Executive Director Office, EFSA

Dr Chadia Wannous, One Health Global Coordinator, World Organisation for Animal Health (WOAH)

Session II

Professor Dr Adolfo García-Sastre, Director of the Global Health and Emerging Pathogens Institute, and Professor in both the Department of Microbiology and the Department of Medicine (Division of Infectious Diseases) at the Icahn School of Medicine at Mount Sinai

Professor Dr Henrique Cyrne Carvalho, Director, School of Medicine and Biomedical Sciences Abel Salazar (ICBAS)

Dr Benjamin Roche, Research Director, French National Research Institute for sustainable development (IRD)

Session III

Professor Marion Koopmans, Head of the department of Viroscience, Erasmus Medical Center

Dr Susanne Wagner, Managing Director, MSL-Management Wagner

Tuesday, 28 February 2023 pm

Presentation of the study 'The European public health response to the COVID-19 pandemic: lessons for future cross-border health threats' by the authors:

Dr. Mike Beke, Ecorys – Principal Consultan

Timothy Yu-Cheong Yeung, CEPS – Research Fellow

Exchange of views with the Rapporteur Ms Montserrat on the draft report COVID-19 pandemic: lessons learned and recommendations for the future (COVI/9/09469 2022/2076(INI))

Wednesday, 8 March 2023, pm

Workshop 'EU crisis preparedness and response', organised by the POLDEP A, DG IPOL

*Session I* **-** *Exchange of views with*

*Dr Andrea Ammon, Director of the European Centre for Disease Prevention and Control (ECDC)*

*PHIRI: harnessing health information to improve pandemic preparedness:*

*Dr Petronille Bogaert, Sciensano, Belgium*

*Session II* **-** *Exchange of views with*

*Professor Marion Koopmans, Erasmus MC* Rotterdam*; Scientific Advisory Group World Health Organisation (WHO); formerly member of the COVID-19 Advisory Panel of the European Commission*

*Coordinative Europeanisation: The EU Institutional Architecture in the COVID-19 Response:*

*Dr Stella Ladi, Queen Mary University of London*

*Governance of the European pandemic response mechanism: review and prospects:*

*Professor Claude Blumann, University Paris-Panthéon-Assas*

Thursday, 9 March 2023, am

Workshop 'Long Covid' organised by the POLDEP A, DG IPOL

*Session I* **-** *Long COVID definition, epidemiology and symptoms - Exchange of views with:*

*Professor Peter Piot***,** *London School of Hygiene & Tropical Medicine, Commission's*

*advisory panel on COVID-19*

*Professor Dominique Salmon, President of the Working Group on Long COVID, French Health High Authority)*

*Potential underlying mechanisms, diagnostics and treatment*

*Professor Dr. Clara Lehmann, German Center for Infection Research, University of Cologne*

*Session II - Long COVID and post-vaccination syndrome - Exchange of views with:*

*Professor Dr. Bernhard Schieffer, Philips University Clinic Marburg*

*Myalgic encephalomyelitis or chronic fatigue syndrome (ME-CFS) as part of Long COVID:*

*Professor Dr. Carmen Scheibenbogen, Charité University Hospital Berlin*

*Long COVID patients' assessment of the current situation and needs*

*Ms Ann Li (Long COVID Europe)*

Week 12

<u>24 March 2023, pm</u>

Presentation of the DG IPOL study 'Mapping of long-term public and private investments in the development of COVID-19 vaccines', organised by the POLDEP A, DG IPOL.

*Main findings of the study: who has taken the risk*

*Prof. Massimo Florio, University of Milan and CSIL*

*Tracking the data*

*Chiara Pancotti, CSIL*

*Future R&D needs and IPR issues*

*Simona Gamba, Assistant Professor, University of Milan*

Week 13

Monday, 27 March 2023 pm

Exchange of views with Commissioner Kyriakides

Exchange of views with Director-General Cooke, European Medicines Agency

2nd exchange of views with the Rapporteur Ms Montserrat on the draft report COVID-19 pandemic: lessons learned and recommendations for the future (2022/2076(INI))

**Week 17**

Tuesday, 25 April 2023 am

Draft report COVID-19 pandemic: lessons learned and recommendations for the future (2022/2076(INI))

Consideration of amendments

Exchange of views in the presence of the European Commission

**Week 24**

Monday, 12 June 2023 pm

Vote in committee on the Draft report COVID-19 pandemic: lessons learned and recommendations for the future (2022/2076(INI))

**Staidéir arna gcoimisiúnú arna n-iarraidh sin do Choiste Speisialta COVI**

A. Studies by Policy departments of DG IPOL

- **Meastóireacht thrasnach ar thionchar na paindéime ar ghrúpaí éagsúla (lena n-áirítear inscne, difríochtaí ó ghlúin go glúin agus grúpaí leochaileacha)**

  Intersections between COVID-19, mental health and socio-economic stressors in the lives of adolescent and young people;

  Impact of COVID-19 measures, including lockdowns, on children and vulnerable people: learning backlog, mental health, etc. Influence of social distance on mental health and health in general: fear, worry;

  An update reflecting the data of the last two years for a comprehensive and recent overview: Tackling violence against women and domestic violence in Europe - The added value of the Istanbul Convention and remaining challenges.

- **Iarmhairtí sóisialta-eacnamaíocha COVID-19 (agus staidéar Gentiloni ina dhúshraith acu)**

  The impact of COVID-19 measures, including lockdowns, on workers, especially front line workers, and their working conditions;

  Impact of the pandemic on the cultural and creative sectors;

  The effects of COVID-19 measures, including lockdowns, on businesses and industry, with special attention to SMEs;

  Temporary Framework for state aid support: the guidance from the Commission to

Member States to use state aid, the beneficiaries of these schemes (per country, sector and type of companies), the conditions member states attached to the aid, the impact of business models of companies and lessons learnt for the future;

Impact and different application by member states of the EU digital COVID certificate and Passenger Locator Forms.

- **Mapáil infheistíochtaí fadtéarmacha poiblí agus príobháideacha i bhforbairt vacsaíní COVID-19**

- **Tionchar bhearta COVID-19 ar an daonlathas agus ar chearta bunúsacha: dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh sna Ballstáit agus i dtríú tíortha**

- **Éifeacht na cumarsáide agus na bréagaisnéise le linn phaindéim COVID-19**

Communication by Member States and the European Commission on how to prevent and deal with COVID-19, how the communication affected the acceptance of measures by citizens and how they addressed misinformation (with recommendations for the future);

Disinformation during the pandemic.

B. Studies by DG EPRS

- **Straitéis chuimsitheach maidir le paindéim COVID-19 agus freagairt agus ullmhacht le haghaidh bagairtí sláinte trasteorann: ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí don todhchaí**

European Added Value, evaluation and implementation of the national strategies of vaccination and the need for a European Strategy of Vaccination;

Creating a more robust framework for coordination at Union level and European Added Value: rescEU, the Joint Procurement Agreement (JPA) and the EU Emergency Support Initiative (ESI) for procurement of PPE, medical equipment and vaccines, essential medical products and medicines, including active pharmaceutical ingredients (API);

Possible benefits of Treaty change for strengthening the EU’s resilience and preparedness for health threats;

Prevention, preparedness and public health response including the implementation of the One Health approach;

State of COVID-19 vaccination in the European Union (including information on dates of access to vaccination and vaccine distribution per category of population, as well as polling on vaccines support in Member States);

Transparency in the manufacturing of vaccines and Independent scientific evidence on vaccine effectiveness.

- **Léirbhreithniú ar an litríocht ar thuarascálacha ó pharlaimintí AE maidir leis an bpaindéim**

Issues identified, common conclusions and important divergences.

15.06.2023

## SEASAMH MIONLAIGH

de bhun Riail 55(4) de na Rialacha Nós Imeachta
Virginie Joron

- ag tabhairt dá haire nach raibh sé indéanta dul i gcomhairle leis na comhaontuithe ceannaithe vacsaíní neamhfholaithe;

- ag tabhairt dá haire nár roinn Uachtarán an Choimisiúin na teachtaireachtaí SMS a malartaíodh le POF Pfizer le Coiste COVI;

- ag tabhairt dá haire nár fhreagair POF Pfizer don chuireadh ón gcoiste mínithe iomchuí a chur ar fáil;

- á chur i bhfáth gur luaigh Uachtarán Pfizer ar na Margaí Idirnáisiúnta nach raibh a fhios ag Pfizer an ndearnadh tarchur an víris a chosc agus ar leor an t-imdhíonadh sular cuireadh a vacsaín ar an margadh;

- á chur i bhfáth gurbh ann do bhearta ollmhóra cinsireachta ó na meáin shóisialta i gcoinne ráitis chriticiúla maidir le bearta Covid, lena n-áirítear i gcoinne óráidí oifigiúla na bhFeisirí sa Seomra Tionóil;

- á chur i bhfios go láidir gurb ann don iliomad cásanna agus cásanna a bhaineann le hothair a bhfuil fo-éifeachtaí vacsaíní COVID-19 orthu;

- á iarraidh go dtabharfaí aitheantas don “siondróm iarvacsaínithe” a eascraíonn as vacsaíniú COVID;

- á iarraidh go mbeadh soláthraithe vacsaíní COVID go hiomlán faoi dhliteanas i leith aon fho-iarmhairtí;

- á iarraidh go mbeadh cúiteamh cothrom ann má dhéantar damáistí mar thoradh ar bhearta COVID agus vacsaíní;

- á iarraidh nach mbeidh aon sárú ar chearta bunúsacha i gceist le bainistiú paindéimí a bheidh ann amach anseo;

- ár iarraidh go ndéanfaí coiste fiosrúcháin a chur ar bun i gcomhréir le hAirteagal 208

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 12.6.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 23<br>–: 13<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | José Ramón Bauzá Díaz, Sara Cerdas, Tudor Ciuhodaru, Deirdre Clune, Nathalie Colin-Oesterlé, Josianne Cutajar, Esther de Lange, Martina Dlabajová, Andreas Glueck, Mircea-Gheorghe Hava, Virginie Joron, Ewa Kopacz, Sylvia Limmer, Karsten Lucke, Adriana Maldonado López, Marisa Matias, Liudas Mažylis, Tilly Metz, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Carina Ohlsson, Max Orville, Jutta Paulus, Michèle Rivasi, Robert Roos, Ivan Vilibor Sinčić, Tomislav Sokol, Véronique Trillet-Lenoir, Kathleen Van Brempt, Stefania Zambelli |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rosa D'Amato, Margarita de la Pisa Carrión, Francesca Donato, Claude Gruffat, Juozas Olekas, Günther Sidl, Cristian Terheş |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Benoît Biteau, Karen Melchior, Rob Rooken, Maria Walsh, Javier Zarzalejos, Juan Ignacio Zoido Álvarez |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 23 | + |
|---|---|
| PPE | Deirdre Clune, Nathalie Colin-Oesterlé, Mircea-Gheorghe Hava, Ewa Kopacz, Esther de Lange, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Tomislav Sokol, Maria Walsh, Javier Zarzalejos |
| Renew | José Ramón Bauzá Díaz, Martina Dlabajová, Andreas Glueck, Karen Melchior, Max Orville, Véronique Trillet-Lenoir |
| S&D | Sara Cerdas, Josianne Cutajar, Karsten Lucke, Adriana Maldonado López, Alessandra Moretti, Carina Ohlsson, Kathleen Van Brempt |

| 13 | - |
|---|---|
| ECR | Rob Rooken, Robert Roos, Cristian Terheş |
| ID | Virginie Joron, Sylvia Limmer |
| NI | Francesca Donato, Ivan Vilibor Sinčić |
| S&D | Tudor Ciuhodaru |
| The Left | Marisa Matias |
| Verts/ALE | Rosa D'Amato, Tilly Metz, Jutta Paulus, Michèle Rivasi |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Stefania Zambelli |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh